



Uimhir 8 de 2013

AN tACHT AIRGEADAIS, 2013

[An tiontú oifigiúil]

RIAR NA nALT

CUID 1

TOBHACH IONCAIM, MUIREAR SÓISIALACH UILÍOCH, CÁIN IONCAIM,
CÁIN CHORPARÁIDE AGUS CÁIN GHNÓCHAN CAIPITIÚIL

CAIBIDIL 1

Léiriú

Alt

1. Léiriú (*Cuid 1*).

CAIBIDIL 2

Muirear Sóisialach Uilíoch

2. Leasú ar alt 531AM (muirear sóisialach uilíoch a mhuirearú) den Phríomh-Acht.
3. Leasú ar alt 531AN (ráta muirir) den Phríomh-Acht.
4. Leasú ar alt 531AAA (feidhm forálacha a bhaineann le cáin ioncaim) den Phríomh-Acht.

CAIBIDIL 3

Cáin Ioncaim

5. Leasú ar alt 472D (faoiseamh d'fhostaithe ríthábhachtacha atá ag gabháil do ghníomhaíochtaí taighde agus forbartha) den Phríomh-Acht.
6. Leasú ar alt 71 (urrúis agus sealúchais choigríche) den Phríomh-Acht.
7. Leasú ar ailt 88A (asbhaint dhúbailte i leith díolaíochtaí áirithe) agus 472A (faoiseamh don lucht dífhostaithe fadtéarma) den Phríomh-Acht.
8. Leasú ar alt 126 (mar a dhéileálfar, ó thaobh cánach, le sochair áirithe is iníoctha faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh) den Phríomh-Acht.
9. Leasú ar alt 244 (faoiseamh i leith úis a íocadh ar iasachtaí áirithe tí cónaithe) den Phríomh-Acht.

10. Leasú ar alt 823A (asbhaint i leith ioncaim arna thuilleamh i stáit choigríche áirithe) den Phríomh-Acht.
11. Leasú ar alt 473A (faoiseamh i leith táillí arna n-íoc i leith oideachas tríú leibhéal) den Phríomh-Acht.
12. Mar a dhéileálfar, ó thaobh cánach, le hiasachtaí ó scéimeanna sochair fostaithe.
13. Sochar comhchineáil: leasuithe ilghnéitheacha.
14. Íocaíochtaí *ex gratia*: leasuithe ilghnéitheacha.
15. Leasú ar alt 470 (faoiseamh i leith árachais in aghaidh costas tinnis) den Phríomh-Acht.
16. Leasú ar alt 70 (Cás III: bonn measúnachta) den Phríomh-Acht.
17. Sochair scoir.
18. Forálacha a bhaineann le faoiseamh i leith cailteanais.

CAIBIDIL 4

Tobhach Ioncaim, Cáin Ioncaim, Cáin Chorporáide agus Cáin Ghnóchan Caipitiúil

19. Deonacháin do chomhlachtaí ceadaithe.
20. Cánachas feirme.
21. Leasú ar alt 481 (faoiseamh i leith infheistíochta i scannáin) den Phríomh-Acht.
22. Leasú ar Chuid 16 (faoiseamh ó cháin ioncaim i leith infheistíochta i dtrádálacha corpraithe — an dreasacht fostaíochta agus infheistíochta agus an scéim síolchaipítíl) den Phríomh-Acht.
23. Leasú ar Chuid 8 (íocaíochtaí bliantúla, muirir agus ús) den Phríomh-Acht.
24. Leasú ar alt 267N (léiriú) den Phríomh-Acht.
25. Leasú ar alt 1003A (cáin a íoc trí dheonachán maoiné oidhreachta a thabhairt d'iontaobhas oidhreachta Éireannach) den Phríomh-Acht.
26. Leasú ar Sceideal 24 (faoiseamh ó cháin ioncaim agus ó cháin chorporáide trí bhíthin creidmheasa i leith cánach coigríche) a ghabhann leis an bPríomh-Acht.
27. Leasú ar alt 79C (airgeadra coigríche a eisiámar mar shócmhainn de chuid cuideachtaí áirithe) den Phríomh-Acht.
28. Leasú ar alt 766 (creidmheas cánach le haghaidh caiteachais ar thaighde agus forbairt) den Phríomh-Acht.
29. Leasú ar alt 246 (íocaíochtaí uis ag cuideachtaí agus le neamhchónaitheoirí) den Phríomh-Acht.
30. Tionscnamh na Cathrach Beo.

[2013.] *An tAcht Airgeadais, 2013.* [Uimh. 8.]

31. Dreasachtaí le haghaidh saoráidí seirbhísí eitleoireachta áirithe.
32. Leasú ar Chaibidil 3 (oibleagáidí agus tuairisceáin eile) de Chuid 38 den Phríomh-Acht.

CAIBIDIL 5

Cáin Chorparáide

33. Leasú ar fhormhuirir ar ioncam infheistíochta agus eastáit neamhdháilte agus ar ioncam neamhdháilte de chuid cuideachtaí seirbhíse.
34. Leasú ar alt 486C (faoiseamh ó cháin do chuideachtaí nuathionscanta áirithe) den Phríomh-Acht.
35. Leasú ar alt 288 (liúntais chothromaíochta agus muirir chothromaíochta) den Phríomh-Acht.
36. Leasú ar alt 226 (deontais fostaíochta agus fóirdheontais earcaíochta áirithe) den Phríomh-Acht agus ar Sceideal 4 (comhlachtaí stát-tionscanta neamhthráchtála sonraithe a dhíolmhú ó fhorálacha áirithe cánach) a ghabhann leis.
37. Leasú ar alt 396B (faoiseamh i leith cailteanas trádála áirithe ar bhonn luacha) den Phríomh-Acht.
38. Leasú ar alt 411 (géilleadh faoisimh idir comhaltaí grúpaí agus comheagras) den Phríomh-Acht.
39. An ráta cánach cuí do chuideachtaí.
40. Polasaithe árachais saoil agus cistí infheistíochta.
41. Iontaobhais IER.
42. Mar a dhéileálfar, ó thaobh cánach, le comhpháirtíochtaí teoranta infheistíochta.

CAIBIDIL 6

Cáin Ghnóchan Caipitiúil

43. Gnóchain chaipitiúla: an ráta muirir.
44. Leasú ar thagairtí do “airgeadra Éireannach” i bhforálacha áirithe den Phríomh-Acht.
45. Leasú ar alt 29 (daoine inmhuirearaithe) den Phríomh-Acht.
46. Leasú ar alt 541C (mar a dhéileálfar ó thaobh cánach le bainisteoirí ciste fiontair áirithe) den Phríomh-Acht.
47. Leasú ar alt 599 (gnó nó feirm a dhiúscairt laistigh de theaghlach) den Phríomh-Acht.
48. Faoiseamh i leith athstruchtúrú feirme.

CUID 2

MÁL

49. Rátaí cánach táirgí tobac.

[Uimh. 8.] *An tAcht Airgeadais, 2013.* [2013.]

50. Leasú ar Chaibidil 1 (cáin ola mianra) de Chuid 2 den Acht Airgeadais, 1999.
51. Faoiseamh d'oibritheoirí cáilitheacha iompair de bhóthar.
52. Leasú ar Chaibidil 1 (léiriú, dliteanas agus íocaíocht) de Chuid 2 den Acht Airgeadais, 2001.
53. Leasú ar alt 109B (léiriú (Caibidil 2A)) den Acht Airgeadais, 2001.
54. Leasú ar Chaibidil 4 (cumhachtaí oifigeach) de Chuid 2 den Acht Airgeadais, 2001.
55. Leasú ar Chaibidil 5 (ilghnéitheach) de Chuid 2 den Acht Airgeadais, 2001.
56. Leasú ar Chaibidil 3 (cáin táirgí tobac) de Chuid 2 den Acht Airgeadais, 2005.
57. Leasú ar Chaibidil 1 (dleacht gealltóireachta) de Chuid 2 den Acht Airgeadais, 2002.
58. Rátaí cánach táirgí alcóil.
59. Leasú ar Chaibidil 1 (cáin leictreachais) de Chuid 2 den Acht Airgeadais, 2008.
60. Leasú ar Chaibidil 2 (cáin charbóin gáis nádúrtha) de Chuid 3 den Acht Airgeadais, 2010.
61. Leasú ar Chaibidil 3 (cáin charbóin bhreosla sholadaigh) de Chuid 3 den Acht Airgeadais, 2010.
62. Leasú ar alt 130 (léiriú) den Acht Airgeadais, 1992.
63. Leasú ar alt 132 (dleacht mháil a mhuirearú) den Acht Airgeadais, 1992.
64. Leasú ar alt 135C (loghadh nó aisíoc i leith cánach cláraithe feithiclí, etc.) den Acht Airgeadais, 1992.
65. Leasú ar alt 135D (méideanna cánach cláraithe feithiclí a aisíoc ar fheithiclí áirithe a onnmhairiú) den Acht Airgeadais, 1992.
66. Leasú ar alt 136 (monaróirí, dáileoirí agus déileálaithe a údarú agus íoc tréimhsiúil dleachta) den Acht Airgeadais, 1992.

CUID 3

CÁIN BHREISLUACHA

67. Léiriú (*Cuid 3*).
68. Glacadóirí agus leachtaitheoirí.
69. Leasú ar alt 43 (dearbháin, etc.) den Phríomh-Acht.
70. Leasú ar alt 59 (asbhaint i leith cáin a iompraíodh nó a íocadh) den Phríomh-Acht.

[2013.] *An tAcht Airgeadais, 2013.* [Uimh. 8.]

71. Leasú ar alt 64 (scéim earraí caipitiúla) den Phríomh-Acht.
72. Leasú ar alt 80 (cáin atá dlite ar bhonn airgid a fuarthas) den Phríomh-Acht.
73. Leasú ar alt 86 (forálacha speisialta i leith cánach arna sonrasc ag feirmeoirí cothromráta) den Phríomh-Acht.
74. Leasú ar alt 120 (rialacháin) den Phríomh-Acht.
75. Leasú ar Sceideal 1 (gníomhaíochtaí díolmhaithe) agus ar Sceideal 3 (earraí agus seirbhísí is innhuirearaithe de réir an ráta laghdaithe) a ghabhann leis an bPríomh-Acht.

CUID 4

DLEACHTANNA STAMPA

76. Léiriú (*Cuid 4*).
77. Leasuithe a bhaineann le forálacha féinmheasúnachta.
78. Talamh: forálacha speisialta.
79. Leasú ar alt 81AA (aistrithe chuig feirmeoirí óga oilte) den Phríomh-Acht.
80. Leasú ar alt 85 (caipiteal iasachta áirithe agus urrúis áirithe) den Phríomh-Acht.
81. Leasú ar alt 88 (stoic áirithe agus urrúis inmhargaidh áirithe) agus alt 90 (ionstraimí seirbhísí airgeadais áirithe) den Phríomh-Acht.
82. Leasú ar alt 123B (cártaí airgid, comhchártaí agus cártaí dochair) den Phríomh-Acht.
83. Leasú ar alt 125A (tobhach ar árachóirí údaraithe) den Phríomh-Acht.

CUID 5

CÁIN FHÁLTAS CAIPITIÚIL

84. Léiriú (*Cuid 5*).
85. Leasú ar Sceideal 2 (cáin a ríomh) a ghabhann leis an bPríomh-Acht.
86. Leasú ar alt 51 (cáin agus ús ar cháin a íoc) den Phríomh-Acht.
87. Leasú ar alt 57 (ró-íoc cánach) den Phríomh-Acht.
88. Leasú ar alt 74 (polasaithe árachais áirithe a dhíolmhú) den Phríomh-Acht.
89. Leasú ar alt 75 (eintitis infheistíochta áirithe a dhíolmhú) den Phríomh-Acht.
90. Leasú ar alt 85 (díolúine a bhaineann le sochair scoir) den Phríomh-Acht.

CUID 6

ILGHNÉITHEACH

91. Léiriú (*Cuid 6*).
92. Rialacha measúnachta le haghaidh cánacha díreacha.
93. Cáin iarchoimeádta seirbhísí gairmiúla.
94. Deimhnithe imréitigh cánach.
95. Tuairisceáin ar ioncam, tuairisceáin chomhpháirtíochta agus tuairisceáin ar bhrabúis: ceanglais a bhaineann le faisnéis maidir le cuntais.
96. Leasú ar alt 960E (cáin a bhailiú, éilimh a eisiúint, etc.) den Phríomh-Acht.
97. Leasú ar Chuid 33 (frithsheachaint) den Phríomh-Acht.
98. Leasú ar alt 886 (oibleagáid taifid áirithe a choinneáil) den Phríomh-Acht.
99. Forálacha a bhaineann le faisnéis a mhalartú le húdaráis cánach i gcríocha áirithe eile.
100. An tAcht um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012: leasuithe iarmhartacha a bhaineann le cáin.
101. Leasú ar alt 911 (luacháil sócmhainní) den Phríomh-Acht.
102. Leasú ar alt 851A (rúndacht faisnéise i dtaobh cáiníocóirí) den Phríomh-Acht.
103. Leasuithe ilghnéitheacha: páirtnéirí sibhialta.
104. Leasú ar Sceideal 24A (comhshocraíochtaí arna ndéanamh ag an Rialtas le rialtas aon chríche lasmuigh den Stát i ndáil le faoiseamh ó chánachas dúbailte a thabhairt agus faisnéis a mhalartú i ndáil le cáin) a ghabhann leis an bPríomh-Acht.
105. Leasuithe teicniúla ilghnéitheacha i ndáil le cáin.
106. An Cuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla.
107. Cúram agus bainistiú cánacha agus dleachtanna.
108. Gearrtheideal, forléiriú agus tosach feidhme.

SCEIDEAL 1

LEASÚ AR RIALACHA MEASÚNACHTA LENA NÁIRÍTEAR RIALACHA LE HAGHAIDH FÉINMHEASÚNACHTA

CUID 1

LEASÚ AR CHUID 41A DEN ACHT COMHDHLÚITE CÁNACHA, 1997

CUID 2

LEASUITHE EILE AR AN ACHT COMHDHLÚITE CÁNACHA, 1997

[2013.] *An tAcht Airgeadais, 2013.* [Uimh. 8.]

SCEIDEAL 2

LEASUITHE TEICNIÚLA ILGHNÉITHEACHA I NDÁIL LE CÁIN

[Uimh. 8.] *An tAcht Airgeadais, 2013.* [2013.]

NA hACHTANNA DÁ dTAGRAÍTEAR

An tAcht Craolacháin, 2009	2009, Uimh. 18
An tAcht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil, 2003	2003, Uimh. 1
An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí, 2010	2010, Uimh. 24
An tAcht um Nós Imeachta Coiriúil, 1967	1967, Uimh. 12
<i>Deeds of Arrangement Act 1887</i>	50 & 51 Vict., c. 57
An tAcht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath, 2008	2008, Uimh. 15
An tAcht Airgeadais, 1950	1950, Uimh. 18
An tAcht Airgeadais, 1992	1992, Uimh. 9
An tAcht Airgeadais, 1993	1993, Uimh. 13
An tAcht Airgeadais, 1999	1999, Uimh. 2
An tAcht Airgeadais, 2001	2001, Uimh. 7
An tAcht Airgeadais, 2002	2002, Uimh. 5
An tAcht Airgeadais, 2003	2003, Uimh. 3
An tAcht Airgeadais, 2005	2005, Uimh. 5
An tAcht Airgeadais, 2008	2008, Uimh. 3
An tAcht Airgeadais, 2010	2010, Uimh. 5
An tAcht Airgeadais, 2011	2011, Uimh. 6
An tAcht Airgeadais, 2012	2012, Uimh. 9
An tAcht Airgeadais (Uimh. 2), 2008	2008, Uimh. 25
An tAcht Árachais Sláinte, 1994	1994, Uimh. 16
Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 1979	1979, Uimh. 27
An tAcht um Chomhpháirtíochtaí Teoranta Infheistíochta, 1994	1994, Uimh. 24
An tAcht Rialtais Áitiúil, 2001	2001, Uimh. 37
An tAcht fán nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní, 2009	2009, Uimh. 34
Acht na bPinsean, 1990	1990, Uimh. 25
An tAcht um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012	2012, Uimh. 44
An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000	2000, Uimh. 30
Na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000 go 2010	
<i>Post Office Savings Bank Act 1861</i>	24 & 25 Vict., c. 14
An tAcht um Rialáil Iompair Phoiblí, 2009	2009, Uimh. 37
An tAcht um Thrácht ar Bhóithre agus Iompar, 2006	2006, Uimh. 28
An tAcht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999	1999, Uimh. 31
An tAcht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005	2005, Uimh. 26
An tAcht Comhdhlúite Cánacha, 1997	1997, Uimh. 39
An tAcht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010	2010, Uimh. 31



Uimhir 8 de 2013

AN tACHT AIRGEADAIS, 2013

[An tiontú oifigiúil]

ACHT DO DHÉANAMH SOCRÚ MAIDIR LE FORCHUR, AISGHAIRM, LOGHADH, ATHRÚ AGUS RIALÁIL CÁNACHAIS, DLEACHTANNA STAMPA AGUS DLEACHTANNA A BHAINNEANN LE MÁL AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ EILE THAIRIS SIN I dTAOBH AIRGEADAIS LENA nÁIRÍTEAR RIALÁIL CUSTAM.
[27 Márta 2013]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

CUID 1

TOBHACH IONCAIM, MUIREAR SÓISIALACH UILÍOCH, CÁIN IONCAIM, CÁIN CHORPARÁIDE AGUS CÁIN GHNÓCHAN CAIPITIÚIL

CAIBIDIL 1

Léiriú

1.—Sa Chuid seo, ciallaíonn “Príomh-Acht” an tAcht Léiriú (*Cuid 1*).
Comhdhlúite Cánacha, 1997.

CAIBIDIL 2

Muirear Sóisialach Uilíoch

2.—Leasaítear alt 531AM den Phríomh-Acht sa Tábla a ghabhann le fo-alt (1)—

(a) i mír (a), trí “agus” a scriosadh i bhfomhír (III) agus trí “Sceideal 3, agus” a chur in ionad “Sceideal 3.” i bhfomhír (IV),

(b) i mír (a), tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (IV):

“(V) aon mhéid a aistríonn riarthóir faoi alt 782A(3).”,

(c) i mír (b)(ii), trí “i bhfomhíreanna (I) go (V)” a chur in ionad “i gclásail (I) go (IV)”,

Leasú ar alt 531AM (muirear sóisialach uilíoch a mhuirearú) den Phríomh-Acht.

(d) i mír (b), trí “riamh,” a chur in ionad “riamh, agus” i bhfomhír (I) agus trí “(de réir bhrí an ailt sin), agus” a chur in ionad “(de réir bhrí an ailt sin).” i gclásal (E) d’fhomhír (II), agus

(e) i mír (b), tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (II):

“(III) lena n-áirítear muirear cothromaíochta i leith aon mhéid a d’asbhainfí de bhua fhomhír (vii).”.

Leasú ar alt 531AN (ráta muirir) den Phríomh-Acht.

3.—Leasaítear alt 531AN den Phríomh-Acht don bhliain mheasúnachta 2013 agus do gach bliain mheasúnachta dá héis—

(a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) Do gach bliain chánach, déanfar muirear sóisialach uilíoch a mhuirearú ar ioncam comhiomlán pearsan aonair don bhliain chánach—

(a) de réir an ráta a shonraítear i gcolún (2) den Tábla a ghabhann leis an alt seo agus a fhreagraíonn don chuid den ioncam comhiomlán a shonraítear i gcolún (1) den Tábla sin más rud é, maidir leis an bpearsa aonair—

(i) go bhfuil sé nó sí faoi bhun 70 bliain d’aois, nó

(ii) go bhfuil sé nó sí 70 bliain d’aois nó os a chionn aon tráth le linn na bliana cánach agus go bhfuil ioncam comhiomlán is mó ná €60,000 aige nó aici,

nó

(b) de réir an ráta a shonraítear i gcolún (3) den Tábla a ghabhann leis an alt seo agus a fhreagraíonn don chuid den ioncam comhiomlán a shonraítear i gcolún (1) den Tábla sin i gcás go bhfuil an phearsa aonair 70 bliana d’aois nó os a chionn aon tráth le linn na bliana cánach agus go bhfuil ioncam comhiomlán nach mó ná €60,000 aige nó aici.”,

(b) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

“(2) D’ainneoin fho-alt (1) agus an Tábla a ghabhann leis an alt seo, i gcás go bhfuil ioncam iomchuí is mó ná €100,000 ag pearsa aonair, in ionad an phearsa aonair a mhuirearú i leith muirear sóisialach uilíoch ar mhéid an bharrachais de réir an ráta dá bhforáiltear i gcolún (2) den Tábla sin, déanfar é nó í a mhuirearú ar mhéid an bharrachais sin de réir ráta 10 faoin gcéad.”,

(c) i bhfo-alt (3), trí “D’ainneoin fho-alt (1) agus an Tábla a ghabhann leis an alt seo, i gcás go bhfuil ioncam comhiomlán nach mó ná €60,000 á fháil ag pearsa aonair agus go bhfuil sé nó sí faoi bhun 70 bliain d’aois” a chur in ionad “D’ainneoin fho-alt (1) agus an Tábla a

ghabhann leis an alt seo, don bhliain chánach 2011 agus do gach bliain chánach dá héis i gcás go bhfuil pearsa aonair faoi bhun 70 bliain d’aois”, agus

- (d) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an Tábla a ghabhann leis an alt sin:

“AN TÁBLA

An chuid den ioncam comhiomlán	An ráta muirir shóisialaigh uilíoch	An ráta muirir shóisialaigh uilíoch
(1)	(2)	(3)
An chéad €10,036	2%	2%
An chéad €5,980 eile	4%	4%
An fülleach	7%	4%

”.

4.—Leasaítear 531AAA den Phríomh-Acht—

Leasú ar alt 531AAA (feidhm forálacha a bhaineann le cáin ioncaim) den Phríomh-Acht.

- (a) i mír (a), trí “ag forálacha Chaibidil 3 den Chuid sin, i ndáil leis an oibleagáid chun taifid a choimeád, agus ag forálacha Chaibidil 4” a chur in ionad “agus ag forálacha Chaibidil 4”,
- (b) i mír (b), trí “ar cháin ioncaim agus i ndáil le ceart oifigigh Ioncaim chun fiosruithe a dhéanamh” a chur in ionad “ar cháin ioncaim”, agus
- (c) i mír (d), trí “Chaibidilí 1 agus 4” a chur in ionad “Chaibidil 1”.

CAIBIDIL 3

Cáin Ioncaim

5.—Leasaítear alt 472D den Phríomh-Acht—

Leasú ar alt 472D (faoiseamh d’fhostaithe ríthábhachtacha atá ag gabháil do ghníomhaíochtaí taighde agus forbartha) den Phríomh-Acht.

- (a) i bhfo-alt (1), sa mhíniú ar “fostaí ríthábhachtach”, trí “50 faoin gcéad” a chur in ionad “75 faoin gcéad” gach áit, agus
- (b) i bhfo-alt (8), trí “fo-alt (7)” a chur in ionad “fo-alt (6)”.

6.—Leasaítear alt 71 den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3A):

Leasú ar alt 71 (urrúis agus sealúchais choigríche) den Phríomh-Acht.

- “(3B) (a) Beidh feidhm ag an bhfo-alt seo i gcás go ndéanann duine dá dtagraítear i bhfo-alt (2) aon ioncam a eascraíonn as urrúis nó sealúchais in aon áit lasmuigh den Stát a chur chun feidhme, lasmuigh den Stát, le linn iasacht a thabhairt, nó le linn airgead a aistriú chuig céile nó páirtneir sibhialta an duine sin, nó le linn aon mhaoin a fháil a aistrítear chuig céile nó páirtneir sibhialta an duine sin ina dhiaidh sin.

(b) I gcás go bhfuil feidhm ag an bhfo-alt seo, maidir le haon suimeanna a fhaightear sa Stát an 13 Feabhra 2013 nó dá éis—

(i) ó sheoltáin is iníoctha sa Stát,

(ii) ó mhaoin a allmhairíodh,

(iii) ó airgead nó luach a thig as maoin nár allmhairíodh, nó

(iv) ó airgead nó luach a fuarthas amhlaidh ar creidmheas nó ar cuntas i leith na seoltán, na maoin, an airgid nó an luacha sin,

agus a dhíorthaíonn ón iasacht, nó ón aistriú airgid nó maoin dá dtagraítear i mír (a), déileálfar leo, chun críche fho-alt (3), amhail is dá mba rud é go ndearna an duine dá dtagraítear i bhfo-alt (2) na suimeanna a fuarthas sa Stát a thabhairt isteach sa Stát.”.

Leasú ar ailt 88A (asbhaint dhúbailte i leith díolaíochtaí áirithe) agus 472A (faoiseamh don lucht dífhostaithe fadtéarma) den Phríomh-Acht.

7.—(1) Leasaítear alt 88A den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(3) Scoirfidh an t-alt seo d’éifeacht a bheith leis i leith gach éilimh—

(a) a bhaineann le díolaíochtaí is iníoctha i leith fostaíocht dar tosach cibé lá, nó tar éis cibé lá, a cheapfaidh an tAire Airgeadais le hordú, agus

(b) a bhaineann le ranníoc an fhostóra leis an gCiste Árachais Shóisialaigh is iníoctha, i leith na ndíolaíochtaí sin, faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh.”.

(2) Leasaítear alt 472A den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (1)(a), sa mhíniú ar “fostaíocht cháilitheach”, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fhomhír (i):

“(i) a thosaíonn an 6 Aibreán 1998, nó dá éis, agus roimh cibé lá a cheapfaidh an tAire Airgeadais le hordú,”

agus

(b) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (6):

“(7) Scoirfidh an t-alt seo d’éifeacht a bheith leis i leith gach éilimh a bhaineann le díolaíochtaí ó fhostaíocht dar tosach cibé lá, nó tar éis cibé lá, a cheapfaidh an tAire Airgeadais le hordú.”.

8.—Leasaítear alt 126 den Phríomh-Acht—

Leasú ar alt 126 (mar a dhéileálfar, ó thaobh cánach, le sochair áirithe is infíoitha faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh) den Phríomh-Acht.

- (a) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(2A) (a) Beidh feidhm ag an bhfo-alt seo maidir leis na sochair seo a leanas is infíoitha an 1 Iúil 2013 nó dá éis faoi na hAchtanna—

- (i) sochar máithreachais,
- (ii) sochar uchtaíoch, agus
- (iii) sochar sláinte agus sábháilteachta.

- (b) Aon mhéideanna a bheidh le híoc ar scór na sochar lena mbaineann an fo-alt seo, measfar—

- (i) gur brabúis nó gnóchain iad a eascraíonn nó a fhabhraíonn ó fhostaíocht (agus, dá réir sin, muirearófar cáin faoi Sceideal E ar gach duine a bhfuil aon sochar den sórt sin infíoitha leis nó léi i leith méideanna a bheidh le híoc ar scór sochair den sórt sin, agus déanfar aon cháin is inmhuirearaithe amhlaidh a ríomh faoi alt 112(1)), agus
- (ii) gur díolaíochtaí iad lena mbaineann Caibidil 4 de Chuid 42.”,

agus

- (b) i bhfo-alt (7), trí “lena mbaineann fo-ailt (2A) agus (3)” a chur in ionad “lena mbaineann fo-alt (3)” gach áit.

9.—Leasaítear alt 244 den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (6):

Leasú ar alt 244 (faoiseamh i leith úis a íocadh ar iasachtaí áirithe tí cónaithe) den Phríomh-Acht.

“(7) Beidh feidhm ag an bhfo-alt seo maidir le hiasacht a ghlacann agus a úsáideann pearsa aonair—

- (a) an 1 Eanáir 2012 nó dá éis, agus an 31 Nollaig 2012 nó roimhe, d’aontoisc chun airgead a íoc a úsáidtear chun eastát nó leas sa talamh dá dtagraítear i mír (b) agus a bhfuil feidhm ag an gcead i bhfo-alt (10) ina leith a cheannach, ach sin sa chás amháin go ndéantar áitreabh cónaithe, ar áit cónaithe cháilitheach é i ndáil leis an bpearsa aonair sin, a fhoirgníú ar an talamh sin, nó
- (b) an 1 Eanáir 2012 nó dá éis, agus an 31 Nollaig 2013 nó roimhe, d’aontoisc chun airgead a íoc a úsáidtear chun áitreabh cónaithe, ar áit cónaithe cháilitheach é i ndáil leis an bpearsa aonair sin, a fhoirgníú ar thalamh—
 - (i) a bhfuair sé nó sí eastát nó leas ina leith an 1 Eanáir 2012 nó dá éis, agus an 31 Nollaig 2012 nó roimhe, agus
 - (ii) ar maoiníodh a fháil leis an iasacht dá dtagraítear i mír (a).

(8) Beidh feidhm ag an bhfo-alt seo i gcás iasacht ar ina leith a bhí comhaontú arna fhianú i scríbhinn i bhfeidhm an 1 Eanáir 2012 nó dá éis, agus an 31 Nollaig 2012 nó roimhe, chun an iasacht sin a thabhairt do phearsa aonair agus—

(a) go n-úsáideann an phearsa aonair sin cuid den iasacht sin sa tréimhse idir an 1 Eanáir 2012 agus an 31 Nollaig 2012, agus

(b) go n-úsáideann an phearsa aonair sin iarmhéid na hiasachta sin sa tréimhse idir an 1 Eanáir 2013 agus an 31 Nollaig 2013,

d'aontoisc chun airgead a íoc a úsáidtear chun áitreabh cónaithe, ar áit cónaithe cháilitheach é i ndáil leis an bpearsa aonair sin, a dheisiú, a fhorbairt nó a fheabhsú.

(9) Maidir le haon iasacht lena mbaineann fo-alt (7) nó (8)(b) measfar, chun críocha an ailt seo, gur iasacht cháilitheach í a glacadh an 1 Eanáir 2012 nó dá éis agus an 31 Nollaig 2012 nó roimhe.

(10) Ní dheonófar faoiseamh i leith ús a íocadh ar aon iasacht lena mbaineann fo-alt (7) nó (8) mura rud é gur deonaíodh aon chead is gá faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 an 31 Nollaig 2012 nó roimhe i leith an fhoirgnithe, an deisithe, na forbartha nó an fheabhsaithe sin, de réir mar is cuí, agus nár scoir an cead sin de bheith ar marthain.”.

Leasú ar alt 823A (asbhaint i leith ioncaim arna thuilleamh i stáit choigríche áirithe) den Phríomh-Acht.

10.—Leasaítear alt 823A den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (1), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “stát iomchuí”:

“ciallaíonn ‘stát iomchuí’ Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle, Cónaidhm na Rúise, Poblacht na hIndia, Daon-Phoblacht na Síne nó Poblacht na hAfraice Theas, agus, maidir leis na blianta measúnachta 2013 agus 2014, folóidh sé Poblacht Arabach na hÉigipte, Daon-Phoblacht Dhaonlathach na hAilgéire, Poblacht na Seineagáile, Poblacht Aontaithe na Tansáine, Poblacht na Céinia, Poblacht Chónaidhme na Nigéire, Poblacht Ghána nó Poblacht Dhaonlathach an Chongó;”.

Leasú ar alt 473A (faoiseamh i leith táillí arna n-íoc i leith oideachas tríú leibhéal) den Phríomh-Acht.

11.—Leasaítear alt 473A den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (4A):

“(4A) In aon éileamh nó éilimh ar fhaoiseamh faoin alt seo a dhéanfaidh pearsa aonair i leith táillí cáilitheacha—

(a) i gcás go mbaineann na táillí cáilitheacha, nó cuid de na táillí cáilitheacha, is ábhar don éileamh nó do na héilimh lena mbaineann le cúrsa lánaimseartha nó le cúrsaí lánaimseartha—

(i) don bhliain mheasúnachta 2013, tabharfar neamhaird ar an gcéad €2,500 de na táillí sin nó ar mhéid iomlán na dtáillí sin, cibé acu is lú,

(ii) don bhliain mheasúnachta 2014, tabharfar neamhaird ar an gcéad €2,750 de na táillí sin nó ar mhéid iomlán na dtáillí sin, cibé acu is lú, agus

- (iii) don bhliain mheasúnachta 2015 agus do gach bliain mheasúnachta dá héis, tabharfar neamhaird ar an gcéad €3,000 de na táillí sin nó ar mhéid iomlán na dtáillí sin, cibé acu is lú,
- (b) i gcás nach mbaineann na táillí cáilitheacha go léir is ábhar don éileamh nó do na héilimh lena mbaineann ach amháin le cúrsa páirtaimseartha nó le cúrsaí páirtaimseartha—
 - (i) don bhliain mheasúnachta 2013, tabharfar neamhaird ar an gcéad €1,250 de na táillí sin nó ar mhéid iomlán na dtáillí sin, cibé acu is lú,
 - (ii) don bhliain mheasúnachta 2014, tabharfar neamhaird ar an gcéad €1,375 de na táillí sin nó ar mhéid iomlán na dtáillí sin, cibé acu is lú, agus
 - (iii) don bhliain mheasúnachta 2015 agus do gach bliain mheasúnachta dá héis, tabharfar neamhaird ar an gcéad €1,500 de na táillí sin nó ar mhéid iomlán na dtáillí sin, cibé acu is lú.”.

12.—Leasaítear an Príomh-Acht i gCaibidil 2 de Chuid 33 tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 811A:

Mar a dhéileálfar, ó thaobh cánach, le hiasachtaí ó scéimeanna sochair fostaithe.

“811B.—(1) San alt seo—

ciallaíonn ‘scéim sochair’, faoi réir fho-alt (2)(c), iontaobhas, scéim nó socrú eile agus foláíonn sé aon socraíocht, diúscairt, cúnant, comhaontú, aistriú airgid nó aistriú ar mhaoin eile nó ar aon cheart chun airgid nó ar aon cheart chun maoin eile;

foláíonn ‘fostaí’ sealbhóir oifige agus aon duine is fostaí de réir an mhínithe ar ‘fostaí’ in alt 983;

foláíonn ‘fostóir’ aon duine atá bainteach le fostóir agus aon duine is fostóir de réir an mhínithe ar ‘fostóir’ in alt 983 nó atá bainteach le fostóir den sórt sin;

ciallaíonn ‘iasacht’ aon iasacht nó airleacan nó aon chineál creidmheasa;

ciallaíonn ‘ráta sonraithe’ an ráta a shonraítear i mír (iii) den mhíniú ar ‘an ráta sonraithe’ in alt 122.

(2) Chun críocha an ailt seo—

- (a) déanfar aon cheist i dtaobh duine a bheith bainteach le duine eile a chinneadh de réir alt 10 (mar atá feidhm aige chun críocha na nAchtanna Cánach),
- (b) measfar gurb ionann sócmhainn a thabhairt ar iasacht, nó úsáid sócmhainne a sholáthar, agus iasacht atá ar cóimhéid le luach na sócmhainne sin an tráth a thugtar an iasacht sin nó an tráth a sholáthraítear an tsócmhainn sin, agus
- (c) maidir le socrú nó comhaontú faoina ndéanann fostóir iasacht a thabhairt, nó sochar a sholáthar nó sócmhainn a thabhairt ar iasacht, nó úsáid

sócmhainne a sholáthar, dá fhostaí nó dá fostaí, ní socrú nó comhaontú é de réir na brí atá le scéim sochair i gcás go bhfuil feidhm ag forálacha alt 118, 118A, 121, 121A nó 122 maidir le hiasacht den sórt sin, maidir le sochar den sórt sin a sholáthar nó maidir le sócmhainn den sórt sin a thabhairt ar iasacht nó a sholáthar.

(3) Más rud é, sa bhliain mheasúnachta 2013 nó in aon bhliain mheasúnachta dá héis, maidir le fostaí nó iarfhostaí a shealbhaíonn nó a shealbhaigh oifig nó fostaíocht a bhfuil nó a raibh na brabúis nó na gnóchain uaithi inmhuirearaithe i leith cánach faoi Sceideal E nó faoi Chás III de Sceideal D nó maidir le haon duine atá bainteach leis an bhfostaí sin nó leis an iarfhostaí sin, go bhfaigheann sé nó sí, go díreach nó go neamhdhíreach, ó scéim sochair—

- (a) íocaíocht (lena n-áirítear iasacht),
- (b) sochar, nó
- (c) sócmhainn (lena n-áirítear iasacht sócmhainne nó soláthar úsáide sócmhainne),

agus go ndearna fostóir nó iarfhostóir an fhostaí sin an scéim sin a sholáthar nó a mhaoiniú, suibscríobh ina leith nó í a chur ar fáil thairis sin, go díreach nó go neamhdhíreach, ansin—

- (i) maidir le méid na híocaíochta sin,
- (ii) maidir leis an gcostas a ghabhann leis an sochar sin a sholáthar nó maidir le luach an tsochair sin dáta an tsoláthair (cibé acu is mó), nó
- (iii) maidir le luach na sócmhainne sin,

measfar, a mhéid nach bhfuil sé inmhuirearaithe i leith cáin ioncain thairis sin, gur ioncam de chuid an fhostaí sin é don bhliain mheasúnachta sin atá inmhuirearaithe i leith cáin ioncain faoi Chás IV de Sceideal D.

(4) Más rud é, sa bhliain mheasúnachta 2013 nó in aon bhliain mheasúnachta dá héis, maidir le pearsa aonair nó aon duine atá bainteach leis an bpearsa aonair sin, go bhfaigheann sé nó sí, go díreach nó go neamhdhíreach, ó scéim sochair—

- (a) íocaíocht (lena n-áirítear iasacht),
- (b) sochar, nó
- (c) sócmhainn (lena n-áirítear iasacht sócmhainne nó soláthar úsáide sócmhainne),

agus go ndearna duine a thiocfaidh dá éis sin chun bheith ina fhostóir nó ina fostóir de chuid na pearsan aonair sin an scéim sin a sholáthar, a mhaoiniú nó a chur ar fáil thairis sin, go díreach nó go neamhdhíreach, ansin, don bhliain mheasúnachta ina sealbhaíonn an pearsa aonair oifig nó fostaíocht leis an bhfostóir sin den chéad uair a bhfuil na brabúis nó na gnóchain uaithi inmhuirearaithe i leith cánach faoi Sceideal E nó faoi Chás III de Sceideal D—

- (i) maidir le méid na híocaíochta sin,

(ii) maidir leis an gcostas a ghabhann leis an sochar sin a sholáthar nó maidir le luach an tsochair sin dáta an tsoláthair (cibé acu is mó), nó

(iii) maidir le luach na sócmhainne sin,

measfar, a mhéid nach bhfuil sé inmhuirearaithe i leith cáin ioncaim thairis sin nó nach bhfuil dliteanas ann ina leith i gcríoch a bhfuil socruithe i bhfeidhm lena rialtas de thuras na huairde de bhua alt 826(1) (nó i gcríoch a ndearnadh socruithe lena rialtas a mbeidh feidhm dlí acu ar na nósanna imeachta a leagtar amach in alt 826(1) a chríochnú), i leith cáin atá ar aon dul le cáin ioncaim, gur ioncam de chuid na pearsan aonair sin é atá inmhuirearaithe i leith cáin ioncaim faoi Chás IV de Sceideal D.

(5) Chun críche fho-ailt (3) agus (4), tá feidhm ag an alt seo maidir le híocaíocht (lena n-áirítear iasacht), sochar nó sócmhainn (lena n-áirítear iasacht sócmhainne nó soláthar úsáide sócmhainne) a fháil, go díreach nó go neamhdhíreach, ó scéim sochair an 13 Feabhra 2013 nó dá éis.

(6) (a) Más rud é gur íoc pearsa aonair an cháin go léir atá dlite de bhua fho-alt (3) nó (4) agus—

(i) go ndéanann an phearsa aonair sin iasacht iomlán nó cuid d'iasacht a aisíoc,

(ii) go scoireann an phearsa aonair sin, ar feadh tréimhse 12 mhí ar a laghad, d'úsáid sócmhainne a bheith aige nó aici, nó

(iii) go scoireann an phearsa aonair sin, ar feadh tréimhse 12 mhí ar a laghad, d'úsáid sochair a bheith aige nó aici,

a raibh feidhm ag na fo-ailt sin ina leith, ansin, ar scór éileamh i scríbhinn ón bpearsa aonair sin, tabharfar faoiseamh trí mhéid a fhritháireamh nó a aisíoc a bheidh comhionann leis an difríocht eatarthu seo a leanas—

(I) i gcás go ndearnadh iasacht a aisíoc go hiomlán nó i gcás gur scoireadh den tsócmhainn nó den sochar a úsáid—

(A) an cháin a íocadh de bhua fho-alt (3) nó (4), agus

(B) an cháin ab iníoctha ag an bpearsa aonair amhail is dá mbeadh feidhm ag alt 118, 118A, 121, 121A nó 122, de réir mar is cuí, maidir leis an iasacht sin nó maidir leis an tsócmhainn nó an sochar sin a sholáthar anuas go dtí an dáta a dhéantar an iasacht sin a aisíoc nó go dtí an dáta a scoireann an tsócmhainn sin nó an sochar sin de bheith ar fáil don phearsa aonair sin, de réir mar a bheidh,

nó

(II) i gcás nach ndearnadh iasacht a aisíoc go hiomlán—

- (A) an méid den cháin sin a íocadh de bhua fho-alt (3) nó (4) agus is inchurtha i leith an mhéid den iasacht sin a aisíocadh, agus
- (B) an cháin ab iníoctha amhail is dá mbeadh feidhm ag alt 122 i leith an mhéid den iasacht a aisíocadh anuas go dtí an dáta a aisíoctar an méid sin.
- (b) Ní bheidh feidhm ag an bhfaoiseamh dá dtagraítear i mír (a) más rud é, maidir leis an iasacht, nó maidir leis an gcuid den iasacht, dá dtagraítear sa mhír sin—
- (i) go ndéanann an phearsa aonair dá dtagraítear sa mhír sin í a aisíoc, go díreach nó go neamhdhíreach, as íocaíocht (lena n-áirítear iasacht) leis an bpearsa aonair sin, nó le duine atá bainteach leis an bpearsa aonair sin, nó aistriú sócmhainne chuig an bpearsa aonair sin, nó chuig duine atá bainteach leis an bpearsa aonair sin, ó scéim sochair a ndearna fostóir nó iarfhóistóir na pearsan aonair í a sholáthar nó a mhaoiniú nó suibscríobh ina leith nó í a chur ar fáil thairis sin, go díreach nó go neamhdhíreach, nó
- (ii) go ndéantar iasacht eile a chur ina hionad, go díreach nó go neamhdhíreach, ar iasacht í a ndéanann fostóir nó iarfhóistóir na pearsan aonair í a sholáthar nó a mhaoiniú nó suibscríobh ina leith nó í a chur ar fáil thairis sin, go díreach nó go neamhdhíreach.
- (c) D'ainneoin aon teorainn in alt 865(4) leis an tréimhse ama ar laistigh di a cheanglaítear éileamh ar aisíoc cánach a dhéanamh nó d'ainneoin na bhforálacha a bhaineann le cáin a fhritháireamh in alt 865B, déanfar éileamh ar an bhfritháireamh nó an aisíocaíocht dá dtagraítear i mír (a) laistigh de 4 bliana ó dheireadh na bliana measúnachta ina n-aisíoctar an iasacht, nó an chuid den iasacht, nó ina scoirtear den sochar nó den tsócmhainn, de réir mar a bheidh, a úsáid.
- (7) (a) Tá feidhm ag an bhfo-alt seo maidir leis an mbliain mheasúnachta 2013 agus le gach bliain mheasúnachta dá héis más rud é—
- (i) roimh an 13 Feabhra 2013, maidir le fostaí nó iarfhóistáí a shealbhaíonn nó a shealbhaigh oifig nó fostaíocht a bhfuil nó a raibh na brabúis nó na gnóchain uaithi inmhuirearaithe i leith cánach faoi Sceideal E nó faoi Chás III de Sceideal D nó maidir le haon duine atá bainteach leis an bhfostaí sin nó leis an iarfhóistáí sin, go bhfuair sé nó sí, go díreach nó go neamhdhíreach, ó scéim sochair—
- (I) iasacht, nó
- (II) iasacht sócmhainne nó soláthar úsáide sócmhainne,

agus go ndearna fostóir nó iarfhóir an fhóir sin an scéim sin a sholáthar nó a mhaoiniú nó suibscríobh ina leith nó í a chur ar fáil thairis sin, go díreach nó go neamhdhíreach, agus

(ii) aon tráth sa bhliain mheasúnachta—

(I) go bhfuil an iasacht dá dtagraítear i bhfómhír (i)(I), nó aon chuid di, fós gan íoc, nó

(II) go bhfuil an tsócmhainn dá dtagraítear i bhfómhír (i)(II) fós ar iasacht ag an bhfóir nó ag an iarfhóir nó go bhfuil úsáid na sócmhainne sin fós aige nó aici.

(b) I gcás go bhfuil feidhm ag an bhfo-alt seo d'aon bhliain mheasúnachta, ansin, i ndáil le hiasacht dá dtagraítear i mír (a)(i)(I), maidir le méid atá comhionann—

(i) mura n-íoctar aon ús, leis an méid úis ab iníoctha an bhliain mheasúnachta sin dá mba rud é go raibh ús iníoctha de réir ráta atá comhionann leis an ráta sonraithe, nó

(ii) má íoctar ús de réir ráta is lú ná an ráta sonraithe, leis an difríocht idir an méid comhiomlán úis a íocadh an bhliain mheasúnachta sin agus an méid úis ab iníoctha an bhliain sin dá mba rud é go raibh ús iníoctha de réir ráta atá comhionann leis an ráta sonraithe,

measfar, mura bhfuil sé inmhuirearaithe thairis sin i leith cáin ioncaim, gur ioncam é de chuid an fhóir sin nó an iarfhóir sin don bhliain mheasúnachta sin atá inmhuirearaithe i leith cáin ioncaim faoi Chás IV de Sceideal D agus ní fholaíonn aon tagairt d'ús arna íoc i bhfómhír (i) nó (ii) méadú ar an iarmhéid ar an iasacht nó ar na hiasachtaí atá gan íoc ná ús arna íoc as iasacht bhreise nó as airleacan breise a thugtar, go díreach nó go neamhdhíreach, ó scéim sochair nó ag fostóir dá dtagraítear i mír (a)(i).

(c) I gcás go bhfuil feidhm ag an bhfo-alt seo d'aon bhliain mheasúnachta, ansin, i ndáil le soláthar iasachta sócmhainne dá dtagraítear i mír (a)(i)(II) nó maidir le soláthar úsáid na sócmhainne sin, maidir le méid atá comhionann le méid a measfaí, dá mbeadh feidhm ag alt 118, 118A, 119, 121, 121A nó 122 i leith iasacht na sócmhainne sin nó soláthar úsáid na sócmhainne sin, gur caiteachas, díolaíocht nó peircis é is inmhuirearaithe i leith cánach faoi Sceideal E de bhua na n-alt sin, measfar, mura bhfuil sé inmhuirearaithe thairis sin i leith cáin ioncaim, gur ioncam é de chuid an fhóir sin nó an iarfhóir sin don bhliain mheasúnachta sin atá inmhuirearaithe i leith cáin ioncaim faoi Chás IV de Sceideal D.

(8) Ní bheidh feidhm ag an alt seo maidir le scéim arna ceadú chun críocha Chuid 17 nó 30.”.

Sochar
comhchineáil:
leasuithe
ilghnéitheacha.

13.—Leasaítear an Príomh-Acht, maidir leis an mbliain mheasúnachta 2013 agus le blianta measúnachta dá héis—

- (a) in alt 116(1), tríd an míniú seo a leanas a chur isteach—
“folaíonn ‘fostaí’ sealbhóir oifige;”,
- (b) in alt 118(5A)(a), tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh “nó thar a gceann”:
“agus nach mór a bheith ina phas le haghaidh seirbhís a bhfuil conradh nó ceadúnas ag an soláthróir iompair ceadaithe ina leith”,
- (c) in alt 118(5A), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (b):
“(b) San fho-alt seo, ciallaíonn ‘soláthróir iompair ceadaithe’—
(i) oibritheoir iompair phoiblí de réir bhrí alt 2 den Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath, 2008,
(ii) sealbhóir ar cheadúnas i leith seirbhís bus phoiblí do phaisinéirí faoi Chuid 2 den Acht um Rialáil Iompair Phoiblí, 2009, nó
(iii) duine a sholáthraíonn seirbhís farantóireachta laistigh den Stát, agus soitheach á oibriú ag a bhfuil—
(I) deimhniú reatha bailí um shábháilteacht loinge paisinéirí,
(II) ceadúnas reatha bailí báid paisinéirí, nó
(III) deimhniú reatha bailí um shábháilteacht árthaigh ardluais,
arna eisiúint ag an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.”
- (d) in alt 118B(2)(b), trí “íoc díolaíochtaí ag fostóir” a chur in ionad “díolaíocht de chuid na pearsan aonair”,
- (e) in alt 118B(3), trí “íoc díolaíochtaí ag fostóir” a chur in ionad “díolaíocht de chuid na pearsan aonair”,
- (f) in alt 118B(4), trí “mar íoc díolaíochtaí ag fostóir” a chur in ionad “mar dhíolaíocht de chuid na pearsan aonair”,
- (g) in alt 118B(5), trí “mar íoc díolaíochtaí ag fostóir” a chur in ionad “mar dhíolaíocht de chuid na pearsan aonair”,
- (h) in alt 120(1), trí “, comhlachtaí poiblí” a chur isteach i ndiaidh “cumainn neamhchorpraithe”,
- (i) in alt 120, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

“(4) (a) Tá feidhm ag an bhfo-alt seo i gcás go dtabhaíonn comhlacht poiblí caiteachas, a bheadh ina chaiteachas den chineál a luaitear i bhfo-alt 118(1)(a) dá mba rud é gur comhlacht corpraithe a thabhaigh é, i ndáil le duine a shealbhaíonn oifig nó a fheidhmíonn fostaíocht sa chomhlacht poiblí sin nó i gcomhlacht poiblí eile.

(b) I gcás go bhfuil feidhm ag an bhfo-alt seo, déileálfar leis an gcaiteachas chun críocha na Caibidle seo amhail is dá mba rud é gur thabhaigh an comhlacht poiblí ina sealbhaítear an oifig nó ina bhfeidhmítear an fostaíocht é agus amhail is dá mba chomhlacht corpraithe an comhlacht poiblí sin.

(5) Chun críocha an ailt seo, ciallaíonn ‘comhlacht poiblí’—

(a) Státseirbhís an Rialtais agus Státseirbhís an Stáit,

(b) an Garda Síochána, nó

(c) na Buan-Óglaigh.”,

agus

(j) in alt 122(1)(a), sa mhíniú ar “an ráta sonraithe”—

(i) trí “4 faoin gcéad” a chur in ionad “5 faoin gcéad” gach áit, agus

(ii) trí “13.5 faoin gcéad” a chur in ionad “12.5 faoin gcéad”.

14.—(1) Leasaítear an Príomh-Acht—

Íocaíochtaí *ex gratia*: leasuithe ilghnéitheacha.

(a) in alt 201, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

“(2) (a) Ní mhuirearófar cáin ioncaim de bhua alt 123 i leith na n-íocaíochtaí seo a leanas:

(i) méid nach mó ná €200,000 d’aon íocaíocht a dhéantar—

(I) i dtaca le seilbh oifige nó fostaíochta a fhoirceannadh mar gheall ar bhás an tsealbhóra, nó

(II) mar gheall ar dhíobháil a bhain do shealbhóir oifige nó fostaíochta nó mar gheall ar é nó í a bheith faoi mhíchumas;

(ii) aon suim is inmhuirearaithe i leith cánach faoi alt 127;

(iii) sochar a sholáthraítear de bhun aon scéim sochar scoir más rud é, faoi alt 777, go

raibh an fostaí (de réir bhrí an ailt sin) inmhuirearaithe i leith cánach i leith suimeanna a íocadh, nó suimeanna a ndéileáiltear leo mar shuimeanna a íocadh, d'fhonn an sochar a sholáthar;

(iv) sochar a íoctar de bhun aon scéim nó ciste a thuairiscítear in alt 778(1).

(b) I gcás go bhfuil feidhm ag mír (a)(i) maidir le haon íocaíocht, nó le haon chuid d'íocaíocht—

(i) ní bheidh feidhm ag na díolúintí ó cháin ioncaim a thugtar de bhua aon fhoráil eile den alt seo (seachas fo-alt (1A)) agus Sceideal 3, ná

(ii) ní bheidh feidhm ag aon asbhaint le linn an muirear i leith cáin ioncaim a ríomh faoi mhír 6 de Sceideal 3,

maidir le barrachas aon íocaíochta den sórt sin.

(c) (i) D'ainneoin fhomhír (i) de mhír (a), déanfar an méid €200,000 dá dtagraítear san fhomhír sin a laghdú de mhéid atá comhionann le comhiomlán na n-íocaíochtaí go léir atá díolmhaithe ó cháin ioncaim de bhua na fomhíre sin agus a íocadh sula ndearnadh an íocaíocht, nó an tráth céanna a rinneadh an íocaíocht, dá dtagraítear san fhomhír sin.

(ii) I gcás go ndéantar dhá íocaíocht lena mbaineann fhomhír (i) de mhír (a) nó níos mó leis an duine céanna nó i leith an duine chéanna i leith na hoifige nó na fostaíochta céanna, nó i leith oifigí nó fostaíochtaí éagsúla, chun críocha na fomhíre sin, beidh feidhm ag an bhfomhír seo amháil is dá mba íocaíocht aonair ar mhéid comhiomlán na n-íocaíochtaí sin go léir na híocaíochtaí sin, agus beidh feidhm dá réir sin ag forálacha fhomhír (i) de mhír (a) maidir leis an íocaíocht aonair sin.”

(b) in alt 201(2A), trí “, nó aon chuid d'íocaíocht,” a chur isteach i ndiaidh “I gcás nach mbeidh íocaíocht”,

(c) in alt 201(2A)(d), trí “, nó an chuid den íocaíocht,” a chur isteach i ndiaidh “an íocaíocht”,

(d) in alt 201, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4):

“(4A) Scoireann fo-alt (4) d'éifeacht a bheith leis maidir le híocaíochtaí arna ndéanamh ar dháta rite an Achta seo nó dá éis.”

(e) i Sceideal 3, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i gCuid 2 i ndiaidh mhír 9:

“9A. Scoireann mír 9 d’éifeacht a bheith léi maidir le híocaíochtaí arna ndéanamh ar dháta rite an Achta seo nó dá éis.”,

agus

(f) i Sceideal 3, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i gCuid 3 i ndiaidh mhír 12:

“13. (a) D’ainneoin alt 201, scoirfidh mír 10 d’fheidhm a bheith aici maidir le haon íocaíocht €200,000 nó níos mó arna déanamh an 1 Eanáir 2013 nó dá éis agus is inmhuirearaithe i leith cáin ioncaim faoi alt 123.

(b) Beidh feidhm ag míreanna 11 agus 12 chun críocha na míre seo.”.

(2) Beidh feidhm ag míreanna (a), (b) agus (c) d’fho-alt (1) maidir le híocaíochtaí arna ndéanamh ar dháta rite an Achta seo nó dá éis.

15.—Maidir leis an mbliain mheasúnachta 2013 agus le blianta measúnachta dá héis, leasaítear alt 470 den Phríomh-Acht i bhfo-alt (1), sa mhíniú ar “méid infhaoisimh”, trí “agus an chreidmheasa atá dlíte (más ann) faoi scéim um chothromú fiontar (de réir bhrí an Achta Árachais Sláinte, 1994)” a chur isteach i ndiaidh “alt 470B(4)” gach áit a bhfuil sé.

Leasú ar alt 470 (faoiseamh i leith árachais in aghaidh costas tinnis) den Phríomh-Acht.

16.—Leasaítear alt 70 den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

Leasú ar alt 70 (Cás III: bonn measúnachta) den Phríomh-Acht.

“(1A) (a) San fho-alt seo, ciallaíonn ‘méid eisiata’ méid an easnaimh más rud é—

(i) go bhfuil ríomh ioncaim a éiríonn i leith seilbh lasmuigh den Stát ina bhun le heasnamh, agus

(ii) go mbeadh ioncam a éiríonn i leith na seilbhe sin inmhuirearaithe faoi Chás V de Sceideal D dá mba rud é gur sa Stát a bhí an tseilbh.

(b) Ní fhorléireofar aon ní i bhfo-alt (1) mar ní a chiallaíonn gur féidir méid eisiata a chur i gcuntas le linn an t-ioncam nó na brabúis is inmhuirearaithe faoi Chás III de Sceideal D a ríomh.”.

17.—(1) Leasaítear Caibidil 1 de Chuid 30 den Phríomh-Acht— Sochair scoir.

(a) in alt 770(3), trí “Sceidil 23 agus 23C” a chur in ionad “Sceideal 23”,

(b) in alt 772, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3H):

“(3I) Ní scoirfidh scéim sochar scoir de bheith ina scéim cheadaithe más rud é, d’ainneoin aon ní atá i rialacha na scéime arna ceadú, go gceadaíonn iontaobhaithe na scéime do chomhalta nó, de réir mar a bheidh, i gcás go bhfuil an scéim faoi réir ordú coigeartaithe pinsean, do chéile nó d’iarchéile nó do pháirtneir sibhialta nó d’iarpáirtneir

sibhialta an chomhalta, leas a bhaint as rogha de réir alt 782A.”,

agus

(c) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 782:

“Rochtain réamhscoir ar ranníocaí saorálacha breise.

782A.—(1) (a) San alt seo—

ciallaíonn ‘luach carnaithe’, i ndáil le ranníocaí saorálacha breise iomchuí—

(i) i gcás gur ranníocaí de chineál dá dtagraítear i mír (i) den mhíniú ar ‘ranníocaí saorálacha breise iomchuí’ na ranníocaí, an méid a gcinnfidh an riarthóir ina leith go bhfuil sé comhionann le luach inréadaithe na coda d’acmhainní na scéime atá, de réir rialacha na scéime, in ionannas na ranníocaí sin, lúide méid an oiread sin de chaiteachais na scéime atá, faoi rialacha na scéime, le hóc as an gcuid sin, agus

(ii) i gcás gur ranníocaí de chineál dá dtagraítear i mír (ii) den mhíniú ar ‘ranníocaí saorálacha breise iomchuí’ na ranníocaí, an méid a gcinnfidh an riarthóir CCSP ina leith go bhfuil sé comhionann le luach inréadaithe acmhainní an chonartha CCSP atá, de réir théarmaí an chonartha, in ionannas na ranníocaí sin, lúide an méid de chaiteachais an chonartha atá, faoi théarmaí an chonartha, le hóc as an luach inréadaithe;

ciallaíonn ‘riarthóir’, i ndáil le ciste ranníocaí saorálacha breise, an duine nó na daoine ag a bhfuil bainistiú na scéime lena ndearnadh na ranníocaí saorálacha breise iomchuí arb iad an ciste ranníocaí saorálacha breise iad nó, de réir mar a bheidh, an riarthóir CCSP;

ciallaíonn ‘ciste ranníocaí saorálacha breise’ luach carnaithe ranníocaí saorálacha breise iomchuí arna ndéanamh ag comhalta, seachas luach

carnaithe ranníocaí saorálacha breise iomchuí de chineál dá dtagraítear i mír (ii) den mhíniú ar an téarma sin i gcás gur tháinig sochair chun bheith iníoctha leis an gcomhalta faoin bpríomhscéim;

tá le ‘sochar ainmnithe’ agus ‘ordú coigeartaithe pinsin’ na bríonna a shanntar dóibh in alt 787O(5)(a);

ciallaíonn ‘comhalta’, i ndáil le scéim, aon duine a leanann, tar éis é nó í a bheith glactha mar chomhalta faoi rialacha na scéime, de bheith i dteideal aon sochair faoin scéim;

tá le ‘riarthóir CCSP’ an bhrí a shanntar dó in alt 787A(1);

ciallaíonn ‘ranníocaí saorálacha breise iomchuí’—

- (i) ranníocaí saorálacha breise de réir bhrí alt 770(1), agus
- (ii) ranníocaí CCSP saorálacha breise de réir bhrí alt 787A(1),

arna ndéanamh d’fhonn sochair iomchuí a sholáthar ar scor agus folaíonn siad cibé ranníocaí saorálacha breise atá in ionannas d’aistriú ranníocaí saorálacha breise ó scéim sochar scoir nó ó CCSP, de réir mar a bheidh, ach ní fholóidh siad na ranníocaí saorálacha breise sin arna ndéanamh faoi scéim um sheirbhís bharúlach a cheannach;

ciallaíonn ‘pearsa aonair iomchuí’ comhalta de scéim ag a bhfuil ciste ranníocaí saorálacha breise agus, de réir mar a bheidh, i gcás go bhfuil an ciste ranníocaí saorálacha breise faoi réir ordú coigeartaithe pinsin, folaíonn sé céile nó iarchéile nó páirtneir sibhialta nó iarpháirtneir sibhialta an chomhalta;

ciallaíonn ‘scéim’ scéim cheadaithe nó scéim reachtúil;

ciallaíonn ‘tréimhse shonraithe’ an tréimhse 3 bliana ó dháta rite an *Achta Airgeadais, 2013*.

(b) Chun críocha an ailt seo, i gcás go bhfuil ciste ranníocaí saorálacha breise faoi réir ordú coigeartaithe pinsin, measfar go bhfuil ciste ranníocaí saorálacha breise ar leithligh ag gach pearsa aonair iomchuí a gcinnfear a luach amháin is dá mba rud é go raibh an sochar ainmnithe de bhun an ordaithe iníoctha tráth an aistrithe dá bhforáiltear i bhfo-alt (3).

(c) Chun críocha an ailt seo, ní fholóidh ranníocaí saorálacha breise iomchuí—

(i) aon suim a íocfaidh fostóir (de réir bhrí alt 787A) aon tráth le scéim nó le CCSP trí ranníoc, cibé tuairisc a bheidh air,

(ii) ranníocaí (nach ranníocaí saorálacha) a dhéanfaidh comhalta le scéim aon tráth de réir an ráta nó na rátaí a shonraítear le haghaidh ranníocaí comhalta i rialacha na scéime nó thairis sin, nó

(iii) ranníocaí (nach ranníocaí saorálacha breise de chineál dá dtagraítear i bhfomhír (ii) den mhíniú ar ‘ranníocaí saorálacha breise iomchuí’) a dhéanfaidh comhalta aon tráth le CCSP.

(2) D’ainneoin alt 32 d’Acht na bPinsean, 1990 nó forálacha ordaithe coigeartaithe pinsin arna dhéanamh i ndáil le pearsa aonair iomchuí, féadfaidh pearsa aonair iomchuí, le linn na tréimhse sonraithe, treoir i scríbhinn a thabhairt go neamhinchúlghairthe do riarthóir a chiste ranníocaí saorálacha breise nó a ciste ranníocaí saorálacha breise an rogha (dá ngairtear an ‘rogha maidir le rochtain réamhscoir’ san alt seo) dá bhforáiltear i bhfo-alt (3) a fheidhmiú ar aon ócáid amháin.

(3) Is é atá sa rogha maidir le rochtain réamhscoir an riarthóir d’aistriú méid nach mó ná 30 faoin gcéad den luach a bheidh, tráth an aistrithe, ar chiste ranníocaí saorálacha breise na pearsan aonair iomchuí chuig an bpearsa aonair iomchuí roimh scor dó nó di.

(4) (a) D’ainneoin alt 780, déileálfar leis an méid a aistroidh riarthóir chuig pearsa aonair iomchuí de réir fho-alt (3) mar íocaíocht díolaíochtaí lena mbaineann Sceideal E leis an bpearsa aonair agus beidh feidhm dá réir sin ag forálacha Chaibidil 4 de Chuid 42 maidir le haon íocaíocht den sórt sin, agus

(b) déanfaidh an riarthóir cáin a asbhaint as an méid a aistreofar de réir an ráta is airde don bhliain mheasúnachta ina ndéanfar an íocaíocht mura bhfuair an riarthóir ó na Coimisinéirí Ioncaim deimhniú i leith creidmheasanna cánach agus scoithphointe ráta chaighdeánaigh nó cárta asbhainte cánach don bhliain sin i leith na pearsan aonair.

(5) I gcás go bhfaighidh riarthóir treoir neamhinchúlghairthe dá dtagraítear i bhfo-alt (2), déanfaidh an riarthóir gach treoir den sórt sin a choinneáil agus a choimeád ar feadh tréimhse 6 bliana agus, ar cheangal a chur air nó uirthi trí fhógra i scríbhinn a thabharfaidh oifigeach do na Coimisinéirí Ioncaim don riarthóir, déanfaidh an riarthóir cibé teoracha a cheanglófar leis an bhfógra a chur ar fáil laistigh den tréimhse ama a shonrófar san fhógra.

(6) I gcás go bhfeidhmeofar rogha maidir le rochtain réamhscoir i leith pearsa aonair iomchuí de réir fho-alt (3), ní bheidh an méid a aistreofar ina theagmhas criostalaithe sochair (de réir bhrí alt 787O(1)) chun críocha Chaibidil 2C agus Sceideal 23B.”.

(2) Leasaítear Caibidil 2 de Chuid 30 den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (2) d’alt 784C, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad na bhfocal go léir ó “agus is é cibé méid díobh seo a leanas is lú é”, agus na focail sin san áireamh, go dtí deireadh an fho-ailt sin:

“agus is é cibé méid díobh seo a leanas is lú é—

- (i) an méid dá ngairtear A san fhoirmle sin, agus
- (ii) €63,500.”,

(b) in alt 784C(3), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (b):

“(b) €63,500.”,

agus

(c) in alt 784C(4), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

“(a) Más rud é, ar an dáta a fheidhmítear rogha faoi alt 784(2A), go mbeidh ioncam sonraithe €12,700 san iomlán in aghaidh na bliana á fháil ag an bpearsa aonair a fheidhmíonn an rogha, is é nialas an méid dá ngairtear B san fhoirmle san alt sin.”.

(3) Leasaítear Caibidil 2A de Chuid 30 den Phríomh-Acht, in alt 787K, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2B):

“(2C) Ní scoirfidh táirge CCSP (de réir bhrí Chuid X d’Acht na bPinsean, 1990), arna cheadú faoi alt 94 den Acht sin, de bheith ina tháirge ceadaithe más rud é, d’ainneoin aon ní atá i dtéarmaí an táirge arna cheadú, go gcuireann an riarthóir CCSP méid ar fáil ó na sócmhainní CCSP don ranníocóir CCSP nó, de réir mar a bheidh, i gcás go bhfuil an CCSP faoi réir ordú coigeartaithe pinsean, do chéile nó d’iarchéile nó do pháirtneír sibhialta nó d’iarpháirtneír sibhialta an ranníocóra CCSP (dá ngairtear ‘an phearsa aonair iomchuí’ san fho-alt seo) ar scór an phearsa aonair iomchuí do bhaint leas as rogha de réir alt 782A.”.

(4) (a) Leasaítear Sceideal 23 den Phríomh-Acht, i gCuid 1, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír 2B:

“Faisnéis atá le soláthar i leith rochtain réamhscoir ar ranníocaí saorálacha breise

2C.—(1) Déanfaidh riarthóir (de réir bhrí alt 782A(1)(a)), laistigh de 15 lá oibre tar éis dheireadh gach ráithe, ag tosú leis an ráithe dar críoch an 30 Meitheamh 2013, an fhaisnéis seo a leanas i leith méideanna a aistríodh faoi alt 782A le linn na ráithe a sheachadadh ar na Coimisinéirí Ioncaim, trí cibé meán leictreonach a cheanglóidh nó a cheadóidh na Coimisinéirí—

(a) an líon aistrithe a rinneadh,

(b) luach comhiomlán na n-aistrithe a rinneadh, agus

(c) an cháin a asbhaineadh as luach comhiomlán na n-aistrithe a rinneadh.

(2) Sa mhír seo, ciallaíonn ‘ráithe’ tréimhse 3 mhí chomhleanúnacha dar críoch an 31 Márta, an 30 Meitheamh, an 30 Meán Fómhair nó an 31 Nollaig.”.

(b) Leasaítear an Príomh-Acht tríd an Sceideal seo a leanas a chur isteach i ndiaidh Sceideal 23B:

*“Cuid 30,
Caibidil 1*

SCEIDEAL 23C

ROCHTAIN RÉAMHSOIR AR RANNÍOCAÍ SAORÁLACHA BREISE CCSP

*Faisnéis atá le soláthar i leith rochtain
réamhscoir ar ranníocaí CCSP saorálacha
breise*

1. Déanfaidh riarthóir (de réir bhrí alt 782A(1)(a)), is riarthóir CCSP (de réir bhrí

na forála sin), laistigh de 15 lá oibre tar éis dheireadh gach ráithe ag tosú leis an ráithe dar críoch an 30 Meitheamh 2013, an fhaisnéis seo a leanas i leith méideanna a aistríodh faoi alt 782A le linn na ráithe a sheachadadh ar na Coimisinéirí Ioncaim, trí cibé meán leictreonach a cheanglóidh nó a cheadóidh na Coimisinéirí—

- (a) an líon aistrithe a rinneadh,
- (b) luach comhiomlán na n-aistrithe a rinneadh, agus
- (c) an cháin a asbhaineadh as luach comhiomlán na n-aistrithe a rinneadh.

2. Sa Sceideal seo, ciallaíonn ‘ráithe’ tréimhse 3 mhí chomhleanúnacha dar críoch an 31 Márta, an 30 Meitheamh, an 30 Meán Fómhair nó an 31 Nollaig.”.

(5) Measfar go raibh éifeacht le mír (f) d’fho-alt (2) d’alt 19 den Acht Airgeadais, 2011 ar an agus ón 6 Feabhra 2011 amhail is nach raibh feidhm ag mír (c) d’alt 19(7) den Acht sin maidir leis an mír sin (f) riamh.

(6) (a) San fho-alt seo—

tá le “ciste scoir íosta ceadaithe” an bhrí a shanntar dó le halt 784C(1) den Phríomh-Acht;

ciallaíonn “méid neamhimfhálaithe”, i ndáil le CCSP dílsithe, méid nó luach sócmhainní atá sa CCSP dílsithe is féidir leis an riarthóir CCSP a chur ar fáil don ranníocóir CCSP nó d’aon duine eile nó a íoc leis an ranníocóir CCSP nó le haon duine eile;

tá le “Cuntas Coigiltis Scoir Pearsanta”, “ranníocóir” agus “riarthóir CCSP” na bríonna a shanntar dóibh le halt 787A(1) den Phríomh-Acht;

ciallaíonn “rogha iomchuí” rogha a fheidhmítear de réir alt 772(3A)(a), 784(2A) nó 787H(1) den Phríomh-Acht;

ciallaíonn “méid imfhálaithe”, i ndáil le CCSP dílsithe, méid a choinníonn an riarthóir CCSP laistigh den CCSP dílsithe agus atá comhionann leis an méid a mbeadh ar an riarthóir CCSP, dá bhfeidhmeofaí rogha de réir alt 787H(1) den Phríomh-Acht, a aistriú chuig ciste scoir íosta ceadaithe de réir alt 784C agus de bhua alt 787H(3) den Acht sin;

tá le “ioncam sonraithe” an bhrí a shanntar dó le halt 784C(4)(b) den Phríomh-Acht;

ciallaíonn “CCSP dílsithe” Cuntas Coigiltis Scoir Pearsanta ar ina leith a chuir an riarthóir CCSP sócmhainní ar fáil don ranníocóir, nó a d’íoc an riarthóir CCSP sócmhainní leis an ranníocóir, den chéad uair an 6 Feabhra 2011 nó dá éis, agus forléireofar an téarma “dílsiú CCSP” dá réir sin.

- (b) Más rud é, an 6 Feabhra 2011 nó dá éis agus roimh dháta rite an Achta seo, go bhfeidhmíonn pearsa aonair rogha iomchuí amháin nó níos mó ná sin, nó go bhfuil CCSP dílsithe amháin nó níos mó ná sin ag pearsa aonair, agus i bhfeidhmiú na rogha nó na roghanna iomchuí nó i ndílsiú an CCSP nó na CCSPanna, go ndéantar méid nó luach sócmhainní a aistriú chuig ciste scoir íosta ceadaithe (trí aistriú amháin nó níos mó ná sin) nó, de réir mar a bheidh, gur méid imfhálaithe é (dá ngairtear an “méid iomchuí” sa mhír seo, agus i gcás go n-úsáidtear an téarma sin i gcomhthéacs méid imfhálaithe, déanfar é a fhorléiriú, i gcás go bhfuil níos mó ná méid imfhálaithe amháin ann, mar théarma a chiallaíonn comhiomlán na méideanna imfhálaithe), ansin, más rud é—
- (i) go bhfuil ioncam sonraithe ag an bpearsa aonair nach lú ná €12,700 ar dháta rite an Achta seo nó dá éis—
- (I) tiocfaidh an ciste scoir íosta ceadaithe air sin chun bheith ina chiste scoir ceadaithe (a mbeidh feidhm ag alt 784A agus ag fo-ailt (1) agus (5) d’alt 784B den Phríomh-Acht ina leith dá réir sin), nó
- (II) tiocfaidh an méid imfhálaithe nó, de réir mar a bheidh, gach méid imfhálaithe air sin chun bheith ina mhéid neamhimfhálaithe,
- nó
- (ii) go bhfuil ioncam sonraithe ag an bpearsa aonair is lú ná €12,700 ar dháta rite an Achta seo in imthosca inar mó an méid iomchuí ná €63,500—
- (I) tiocfaidh an ciste scoir íosta ceadaithe air sin, go feadh mhéid an bharrachais ar an méid iomchuí is mó ná €63,500, chun bheith ina chiste scoir ceadaithe (a mbeidh feidhm ag alt 784A agus ag fo-ailt (1) agus (5) d’alt 784B den Phríomh-Acht ina leith dá réir sin), nó
- (II) tiocfaidh an méid imfhálaithe nó, de réir mar a bheidh, an oiread sin de gach méid imfhálaithe arna chinneadh de réir *mhír (c)* air sin, go feadh mhéid an bharrachais ar an méid iomchuí is mó ná €63,500, chun bheith ina mhéid neamhimfhálaithe.
- (c) Chun éifeacht a thabhairt do *mhír (b)(ii)(II)*, i gcás go bhfuil méid imfhálaithe ag níos mó ná CCSP dílsithe amháin, cinnfidh an pearsa aonair cén méid de gach méid imfhálaithe a thiocfaidh chun bheith ina mhéid neamhimfhálaithe.
- (7) (a) Tá éifeacht le *fo-ailt (1), (3), (4), (5)* agus *(6)* ó dháta rite an Achta seo.
- (b) Beidh feidhm ag *fo-alt (2)* i leith rogha a fheidhmiú de réir alt 772(3A)(a), 784(2A) nó 787H(1) den Phríomh-Acht ar dháta rite an Achta seo nó dá éis.

18.—(1) Leasaítear an Príomh-Acht—

Forálacha a bhaineann le faoiseamh i leith caillteanais.

- (a) i gCaibidil 6 de Chuid 4, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 87:

“Fiacha a fhuascailt i dtrádálacha áirithe.

87B.—(1) San alt seo—

ciallaíonn ‘fiach sonraithe’ aon fhiach a thabhaíonn pearsa aonair i leith airgead a fuarthas ar iasacht agus a caitheadh ar cheannach nó ar fhorbairt talún a shealbhaítear mar stoc trádála (de réir bhrí alt 89) de chuid trádála sonraithe;

ciallaíonn ‘trádáil shonraithe’ trádáil, nó gnó a meastar gur trádáil é de bhua alt 640(2)(a), arb é atá inti nó a n-áirítear inti déileáil i dtalamh lena mbaineann Caibidil 1 de Chuid 22 nó forbairt talún den sórt sin;

ciallaíonn ‘bliain chánach’ bliain mheasúnachta.

(2) I gcás go ndéantar iomlán féich shonraithe pearsan aonair atá ag gabháil do thrádáil shonraithe nó cuid den chéanna a fhuascailt aon tráth, déileálfar leis an méid a fhuasclaítear mar fháltas de chuid na trádála sonraithe a éiríonn sa bhliain chánach ina ndéantar an fhuascailt.

(3) Más rud é, in aon chás dá dtagraítear i bhfo-alt (2), gur scoireadh go buan den trádáil shonraithe nó go ndéileáiltear léi chun críocha cánach amhail is dá mba rud é gur scoireadh di amhlaidh, i mbliain chánach sula ndearnadh an fhuascailt, beidh feidhm ag alt 91 amhail is dá mba shuim a fuarthas tar éis an scoir an méid a fuasclaíodh.

(4) Chun críocha an ailt seo, déileáiltear le fuascailt iomlán féich shonraithe nó cuid den fhiach mar fhuascailt a rinneadh ar an dáta is luaithe díobh seo a leanas—

- (a) an dáta a dhaingnigh an t-iasachtóir an fhuascailt sin leis an iasachtaí,
- (b) an dáta a tháinig an t-iasachtóir agus an t-iasachtaí ar chomhaontú (foirmiúil nó neamhfoirmiúil) den chéad uair nach gceanglaítear a thuilleadh an fiach nó an chuid den fhiach a aisíoc,
- (c) i gcás go bhfuil foráil sa chomhaontú faoina bhfuarthas an t-airgead ar iasacht maidir le haon fhuascailt nó neamhbhailiú i leith an fhéich

nó an chuid den fhiach, an dáta a dhéantar na coinníollacha is gá le haghaidh na fuascailte sin nó an neamhbhailithe sin a chomhlíonadh den chéad uair, nó

(d) i gcás go ndéantar an fhuascailt—

(i) mar thoradh ar urscaoileadh ó fhéimheacht, nó

(ii) mar thoradh ar urscaoileadh ó fhiach faoi fhorálacha an Achta um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012,

dáta an urscaoilte sin.”

(b) in alt 91(4), trí “nó 87B” a chur isteach i ndiaidh “de bhua alt 87”,

(c) in alt 381(1), trí “agus alt 381A” a chur isteach i ndiaidh “Faoi réir an ailt seo”, agus

(d) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 381:

“Srian le faoiseamh i leith caillteanais i gcásanna áirithe.

381A.—(1) San alt seo—

tá le ‘ioncam comhiomlán don bhliain chánach’ an bhrí chéanna atá leis in alt 531AL;

ciallaíonn ‘caillteanas sonraithe’, i ndáil le bliain chánach agus le trádáil shonraithe, aon chaillteanas a fhulaingítear i gcúrsa na trádála sonraithe, atá inchurtha i leith asbhaint a lamháiltear le linn brabúis nó gnóchain na trádála a ríomh, i leith aon cheann nó gach ceann díobh seo a leanas—

(a) ús ar airgead a fuarthas ar iasacht agus a caitheadh ar cheannach nó ar fhorbairt talún a shealbhaítear mar stoc trádála (de réir bhrí alt 89) de chuid na trádála, agus

(b) aon laghdú ar luach talún a shealbhaítear mar stoc trádála (de réir bhrí alt 89) de chuid na trádála;

ciallaíonn ‘trádáil shonraithe’ trádáil, nó gnó a meastar gur trádáil é de bhua alt 640(2)(a), arb é atá inti nó ar a n-áirítear déileáil i dtalamh lena mbaineann Caibidil 1 de Chuid 22 nó forbairt talún den sórt sin;

ciallaíonn ‘trádálaí sonraithe’, i ndáil le trádáil shonraithe agus bliain chánach, pearsa aonair ar lú ina leith an chuid sin

den mhéid iomlán d'ioncam comhiomlán na pearsan aonair don bhliain chánach agus don 2 bhliain chánach díreach roimhe sin a fhaightear ón trádáil shonraithe ná 50 faoin gcéad den mhéid iomlán, do na 3 bliana cánach sin, d'ioncam comhiomlán na pearsan aonair don bhliain chánach;

ciallaíonn 'bliain chánach' bliain mheasúnachta.

(2) Faoi réir fho-alt (3), ní fhéadfar éileamh ar aisíoc cánach ioncaim faoi alt 381 a dhéanamh maidir le caillteanas sonraithe a fhulaingíonn trádálaí sonraithe i mbliain chánach más rud é, maidir leis an gcaillteanas sonraithe—

- (a) gur caillteanas é i leith úis, murar íocadh an t-ús, nó
- (b) gur caillteanas é i leith laghdú ar luach talún, murar réadaíodh an caillteanas tríd an talamh a dhiúscairt,

sula ndéantar an t-éileamh.

(3) Ní bheidh feidhm ag alt 381 maidir le haon chaillteanas sonraithe i gcás go ndéantar an talamh dá dtagraítear i bhfo-alt (2)(b) a dhiúscairt chuig duine bainteach (de réir bhrí alt 10).

(4) Chun méid aon úis a chinneadh a íocadh agus is inchurtha i leith caillteanas sonraithe a fhulaingítear in aon bhliain chánach áirithe, déileáiltear le hús mar ús a íocadh i leith bliain chánach is luaithe i dtosaíocht ar bhliain chánach is déanaí.

(5) Chun méid caillteanais shonraithe a chinneadh a fhulaingítear in aon bhliain chánach áirithe agus atá inchurtha i leith asbhaint a lamháiltear i leith úis nó i leith laghdú ar luach talún—

- (a) déileáiltear leis an asbhaint a lamháiltear i leith úis mar asbhaint a dhéantar tar éis gach asbhaint eile, agus
- (b) déileáiltear leis an asbhaint a lamháiltear i leith laghdú ar luach talún mar asbhaint a dhéantar díreach roimh an asbhaint a lamháiltear i leith úis.”.

(2) Tagann fo-alt (1) i ngníomh—

- (a) maidir le míreanna (a) agus (b), i leith aon fhiach sonraithe (de réir bhrí alt 87B (a) chuirtear isteach le mír (a)) den

Phríomh-Acht) a fhuasclaítear an 13 Feabhra 2013 nó dá éis, agus

- (b) maidir le *míreanna* (c) agus (d), i leith ús a thagann chun bheith iníoctha nó i leith laghdú ar luach talún a shealbhaítear mar stoc trádála (de réir bhrí alt 89 den Phríomh-Acht) a tharlaíonn an 13 Feabhra 2013 nó dá éis.

CAIBIDIL 4

Tobhach Ioncaim, Cáin Ioncaim, Cáin Chorporáide agus Cáin Ghnóchan Caipitiúil

Deonacháin do chomhlachtaí ceadaithe.

19.—(1) Leasaítear an Príomh-Acht in alt 848A—

- (a) i bhfo-alt (1)(a), tríd an míniú ar “deimhniú cú” a scriosadh,

- (b) i bhfo-alt (1)(a), trí na mínithe seo a leanas a chur isteach:

“ciallaíonn ‘deimhniú bliantúil’, i ndáil le deonachán iomchuí do chomhlacht ceadaithe ó dheontóir is pearsa aonair, deimhniú atá i cibé foirm a fhorordóidh na Coimisinéirí Ioncaim agus ina bhfuil—

- (i) ráitis á rá—

(I) go gcomhlíonann an deonachán ceanglais fho-alt (3),

(II) gur íoc nó go n-íocfaidh an deontóir méid cánach ioncaim leis na Coimisinéirí Ioncaim atá comhionann le cáin ioncaim de réir an ráta shonraithe don bhliain mheasúnachta iomchuí ar mhéid comhiomlánaithe an deonacháin, ach—

(A) nach cáin ioncaim í a bhfuil an deontóir i dteideal í a mhuirearú i gcoinne aon duine eile nó a asbhaint, a choimeád siar nó a shásamh as aon íocaíocht a dhlíonn an deontóir a dhéanamh le haon duine eile, nó

(B) nach cáin chúí í de réir bhrí Chaibidil 4 de Chuid 8,

agus

(III) go n-admhaíonn an deontóir go bhfuil feidhm ag forálacha fho-alt (9B) maidir le haisíoc cánach le comhlacht ceadaithe,

agus

- (ii) uimhir phearsanta seirbhíse poiblí an deontóra,

agus folaíonn sé deimhniú a rinne an deontóir a athnuachan leis an gcomhlacht ceadaithe ar mhodh a cheadaigh na Coimisinéirí Ioncaim don bhliain mheasúnachta ina dhiaidh sin;

ciallaíonn ‘deimhniú marthanach’, i ndáil le deonachán iomchuí do chomhlacht ceadaithe ó dheontóir is pearsa aonair, deimhniú atá i cibé foirm a fhorordóidh na Coimisinéirí Ioncaim agus ina bhfuil—

(i) an bhliain mheasúnachta óna bhfuil feidhm ag an deimhniú,

(ii) ráitis á rá gurb eol don deontóir—

(I) go gcaithfidh deonachán a dhéantar le linn na tréimhse sonraithe (dá ngairtear ‘an chéad tréimhse shonraithe’ sa mhíniú seo) ceanglais fho-alt (3) a chomhlíonadh,

(II) go ndearnadh nó go ndéanfar méid cánach ioncaim atá combhionann le cáin ioncaim de réir an ráta shonraithe don bhliain mheasúnachta iomchuí ar mhéid comhiomlánaithe deonacháin a íoc leis na Coimisinéirí Ioncaim, ach—

(A) nach cáin ioncaim í a bhfuil an deontóir i dteideal í a mhuirearú i gcoinne aon duine eile, nó í a asbhaint, a choimeád siar nó a shásamh as aon íocaíocht a dhlíonn an deontóir a dhéanamh le haon duine eile, nó

(B) nach cáin chuí í de réir bhrí Chaibidil 4 de Chuid 8,

agus

(III) go n-admhaíonn an deontóir go bhfuil feidhm ag forálacha fho-alt (9B) maidir le haisíoc cánach le comhlacht ceadaithe,

agus

(iii) uimhir phearsanta seirbhíse poiblí an deontóra,

agus folaíonn sé deimhniú a rinne an deontóir a athnuachan leis an gcomhlacht ceadaithe ar mhodh a cheadaigh na Coimisinéirí Ioncaim don tréimhse shonraithe díreach i ndiaidh na chéad tréimhse sonraithe;

tá le ‘uimhir phearsanta seirbhíse poiblí’ an bhrí chéanna atá leis in alt 262 den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005;

ciallaíonn ‘tréimhse shonraithe’, i ndáil le deimhniú marthanach, an bhliain mheasúnachta óna bhfuil feidhm ag an deimhniú agus gach ceann de na 4 bliana measúnachta díreach ina dhiaidh sin;

ciallaíonn ‘ráta sonraithe’ 31 faoin gcéad;”,

(c) i bhfo-alt (1), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (b):

“(b) Chun críocha an ailt seo agus i ndáil le deonachán ó dheontóir is pearsa aonair, maidir le tagairtí don mhéid comhiomlánaithe, is tagairtí iad don mhéid lena bhfágtar méid an deonacháin tar éis cáin ioncaim a asbhaint de réir an ráta shonraithe don bhliain mheasúnachta iomchuí.”,

(d) i bhfo-alt (1), tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (b):

“(ba) Maidir le deimhniú bliantúil a rinne deontóir a athnuachan ar an modh dá dtagraítear sa mhíniú ar ‘deimhniú bliantúil’, measfar go bhfuil na ráitis dá dtagraítear i mír (i) den mhíniú sin ann.

(bb) Maidir le deimhniú marthanach a rinne deontóir a athnuachan ar an modh dá dtagraítear sa mhíniú ar ‘deimhniú marthanach’, measfar go bhfuil na ráitis dá dtagraítear i mír (ii) den mhíniú sin ann.”,

(e) i bhfo-alt (2), trí “ag forálacha fho-alt (4) nó (9),” a chur in ionad “ag forálacha fho-alt (4), fho-alt (7) nó fho-alt (9),”,

(f) i bhfo-alt (3)(e), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fhomhíreanna (ii) agus (iii):

“(ii) go ndearna sé nó sí deimhniú bliantúil nó, de réir mar a bheidh, deimhniú marthanach i ndáil leis an deonachán a thabhairt don chomhlacht ceadaithe, agus

(iii) go ndearna sé nó sí an cháin dá dtagraítear sa deimhniú bliantúil sin nó sa deimhniú marthanach sin, de réir mar a bheidh, a íoc don bhliain mheasúnachta iomchuí, agus nach bhfuil sé nó sí i dteideal aisíoc a éileamh i leith na cánach sin nó aon chuid di.”,

(g) i bhfo-alt (3A), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

“(a) D’ainneoin aon fhoráil eile den alt seo, más rud é—

(i) gur mó ná €1,000,000 comhiomlán mhéideanna na ndeonachán go léir a thug pearsa aonair in aon bhliain mheasúnachta do chomhlacht ceadaithe nó do chomhlachtaí ceadaithe, nó

(ii) gur mó comhiomlán mhéideanna na ndeonachán go léir a thug pearsa aonair in aon bhliain mheasúnachta do chomhlacht ceadaithe nó do chomhlachtaí ceadaithe lena bhfuil an phearsa aonair sin i gcomhlachas ná 10 faoin gcéad d’ioncam iomlán na pearsan aonair don bhliain mheasúnachta sin,

ní dhéileálfar le méid an bharrachais i ngach cás mar dheonachán iomchuí chun críocha an ailt seo.”.

(h) i bhfo-alt (6)—

(i) trí “nó i mbliain mheasúnachta” a scriosadh, agus

(ii) trí “an méid” a chur in ionad “na méideanna”,

(i) trí fho-ailt (7) agus (8) a scriosadh,

(j) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (9):

“(9) I gcás gurb é atá i ndeonachán deonachán iomchuí a thugann deontóir is pearsa aonair do chomhlacht ceadaithe, beidh feidhm ag na hAchtanna Cánach i ndáil leis an gcomhlacht ceadaithe amhail is—

(a) dá mba é a bhí i méid comhiomlánaithe an deonacháin íocaíocht bhliantúil arbh éard í ioncam an chomhlachta cheadaithe a fuair sé faoi asbhaint cánach sa mhéid agus de réir an ráta shonraithe cánach don bhliain mheasúnachta iomchuí, agus

(b) dá mbeadh feidhm ag forálacha na nAchtanna sin, a bhfuil feidhm acu i ndáil le héileamh ar aisíoc cánach, i ndáil le haon éileamh ar aisíoc na cánach sin ag comhlacht ceadaithe;

ach, i gcás nach n-íoctar méid iomlán na cánach dá dtagraítear i mír (i) den mhíniú ar ‘deimhniú bliantúil’ nó i mír (ii) den mhíniú ar ‘deimhniú marthanach’, de réir mar a bheidh, ní mó méid aon aisíocaíochta a dhéanfaí le comhlacht ceadaithe de réir an ailt seo thairis sin ná an méid cánach a íocann an deontóir iarbhír.”.

(k) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (9A):

“(9B) I gcás go ndearnadh aisíoc cánach le comhlacht ceadaithe de réir an ailt seo, maidir leis an méid cánach a aisíocadh amhlaidh, ní mheasfar gur cáin í a d’íoc an deontóir chun críocha aisíoc cánach leis an deontóir sin faoi alt 865 nó faoi aon fhoráil eile de na hAchtanna Cánach Ioncaim.”.

(l) i bhfo-alt (10), trí “i ndeimhniú bliantúil nó i ndeimhniú marthanach, de réir mar a bheidh,” a chur in ionad “i ndeimhniú cúí”, agus

(m) i bhfo-alt (11), trí “i ndeimhniú bliantúil nó i ndeimhniú marthanach, de réir mar a bheidh,” a chur in ionad “i ndeimhniú cúí”.

(2) Leasaítear Sceideal 25B a ghabhann leis an bPríomh-Acht trí “Uimhir Thagartha 52” a scriosadh agus tríd an ní a leagtar amach os coinne na huimhreach tagartha sin a scriosadh.

(3) Beidh feidhm ag an alt seo maidir le deonachán iomchuí (de réir bhrí alt 848A den Phríomh-Acht) a dhéantar an 1 Eanáir 2013 nó dá éis.

Cánachas feirme.

20.—(1) Leasaítear Caibidil 2 de Chuid 23 den Phríomh-Acht—

(a) in alt 666(4)—

(i) i mír (a), trí “31 Nollaig 2015” a chur in ionad “31 Nollaig 2012”, agus

(ii) i mír (b), trí “an bhliain 2015” a chur in ionad “an bhliain 2012”,

(b) in alt 667B, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) San alt seo, ciallaíonn ‘feirmeoir cáilitheach’ pearsa aonair—

(a) (i) a cháilíonn den chéad uair, sa bhliain mheasúnachta 2007 nó in aon bhliain mheasúnachta dá héis, le haghaidh cúnaimh deontais faoin scéim um Chúnamh Suiteála le haghaidh Feirmeoirí Óga a oibríonn an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara faoi Rialachán (CEE) Uimh. 797/85 an 12 Márta 1985 ón gComhairle¹ nó faoin Rialachán sin arna athleasú ó am go ham, nó

(ii) is pearsa aonair—

(I) a thagann chun bheith inmhuirearaithe den chéad uair i leith cáin ioncaim faoi Chás I de Sceideal D maidir le brabúis nó gnóchain ó thrádáil na feirmeoireachta don bhliain mheasúnachta 2007 nó d’aon bhliain mheasúnachta dá héis,

(II) nach bhfuil 35 bliana d’aois slánaithe aige nó aici ag tús na bliana measúnachta dá dtagraítear i gclásal (I), agus

(III) a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach i bhfo-alt (2) nó (3) aon tráth sa bhliain mheasúnachta dá dtagraítear amhlaidh,

agus

(b) is pearsa aonair, i gcás go gcomhlíontar ceanglais fhomhír (i) nó (ii) de mhír (a) den chéad uair sa bhliain mheasúnachta 2012 nó in aon bhliain mheasúnachta dá héis (dá ngairtear ‘an chéad bhliain mheasúnachta’ sa mhír seo), a dhéanann plean gnó—

(i) a chur faoi bhráid Theagaisc, chun críocha an ailt seo, nó

¹IO Uimh. L93, 30.3.1985, lch.6

- (ii) a chur faoi bhráid Theagaisc nó an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, chun aon chríche eile,

an 31 Deireadh Fómhair, nó roimhe, sa bhliain tar éis na chéad bhliana measúnachta.”,

- (c) in alt 667B(5)(b), trí “31 Nollaig 2015” a chur in ionad “31 Nollaig 2012”,

- (d) in alt 667B, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (5):

“(5A) (a) San fho-alt seo—

ciallaíonn ‘tréimhse cháilitheach’, i ndáil le feirmeoir cáilitheach, an bhliain mheasúnachta ina dtagann pearsa aonair chun bheith ina fheirmeoir cáilitheach nó ina feirmeoir cáilitheach agus gach bliain de na 3 bliana measúnachta díreach ina dhiaidh sin;

ciallaíonn ‘cáin iomchuí’ aon cháin ioncaim nó muirear sóisialach uilíoch;

ciallaíonn ‘faoiseamh’ méid is combhionann le méid a chinnfear de réir na foirmle—

A — B

i gcás—

gurb é A an méid cánach iomchuí ab iníoctha ag feirmeoir cáilitheach do bhliain mheasúnachta atá laistigh den tréimhse cháilitheach arna ríomh amhail is nár achtaíodh fo-alt (5), agus

gurb é B an méid cánach iomchuí is iníoctha ag an bhfeirmeoir cáilitheach don bhliain mheasúnachta sin.

- (b) I gcás go dtosaíonn tréimhse cháilitheach sa bhliain mheasúnachta 2012 nó in aon bhliain mheasúnachta dá héis, beidh an feirmeoir cáilitheach i dteideal faoiseamh i leith asbhaintí faoi alt 666(1), de bhua fho-alt (5), nach mó a mhéid ná—

- (i) €70,000 sa chomhiomlán sa tréimhse cháilitheach, agus

- (ii) €40,000 in aon bhliain mheasúnachta amháin atá laistigh den tréimhse cháilitheach.”,

- (e) in alt 667B(6), trí “i mír (a)(ii)(III) den mhíniú ar ‘feirmeoir cáilitheach’ i bhfo-alt (1)” a chur in ionad “i mír (b)(iii) den mhíniú ar ‘feirmeoir cáilitheach’ i bhfo-alt (1)”,

- (f) in alt 667B, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (6):

“(7) Beidh feidhm ag an alt seo maidir le feirmeoir cáilitheach a thagann faoi réim an mhínithe ar ‘fiontair bheaga agus mheánmhéide’ in Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 1857/2006 an 15 Nollaig 2006 ón gCoimisiún², agus lena mbaineann fo-alt (5) don bhliain mheasúnachta 2012 nó d’aon bhliain mheasúnachta dá héis.”,

- (g) in alt 667C(1), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar ‘comhpháirtíocht feirme chláráithe’:

“ciallaíonn ‘comhpháirtíocht feirme chláráithe’—

- (a) comhpháirtíocht táirgthe bainne de réir bhrí Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cuóta Bainne), 2008 (I.R. Uimh. 227 de 2008), agus
- (b) comhpháirtíocht feirme atá ar áireamh i gclár de chomhpháirtíochtaí feirme arna bhunú le rialacháin arna ndéanamh faoi fho-alt (4A).”,

agus

- (h) in alt 667C, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4):

“(4A) (a) Féadfaidh an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara (dá ngairtear ‘an tAire’ san fho-alt seo), le rialacháin, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Airgeadais agus le ceadú an Aire Airgeadais, clár de chomhpháirtíochtaí feirme (dá ngairtear an ‘clár’ san fho-alt seo) a bhunú agus a chothabháil agus féadfar foráil a dhéanamh leis na rialacháin sin maidir leis na nithe seo a leanas—

- (i) an fhoirm ina ndéanfar, agus an modh ar a ndéanfar, comhpháirtíocht feirme a chlárú ar an gclár,
- (ii) na coinníollacha a gcomhlíonfaidh comhpháirtíocht feirme iad,
- (iii) an líon íosta agus uasta daoine a fhéadfaidh a bheith rannpháirteach i gcomhpháirtíocht feirme,
- (iv) aitheantóir uathúil a shannadh do chomhpháirtíocht feirme atá ar áireamh ar an gclár,
- (v) nósanna imeachta chun aghaidh a thabhairt ar neamhchomhlíonadh na gcoinníollacha dá dtagraítear i bhfomhír (ii), agus
- (vi) cibé nithe forlíontacha agus teagmhasacha is dealraitheach don Aire a bheith riachtanach agus cuí.

- (b) Gach rialachán a dhéanfar faoin bhfo-alt seo, leagfar é faoi bhráid Dháil Éireann a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus, má dhéanann Dáil

²IO Uimh. L358, 16.12.2006, lch.7

Éireann, laistigh den 21 lá a shuífídh Dáil Éireann tar éis an rialachán a leagan faoina bráid, rún a rith ag neamhniú an rialacháin, beidh an rialachán ar neamhniú dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin rialachán.”.

- (2) (a) Tagann míreanna (a) go (f) d’fho-alt (1) i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire Airgeadais le hordú nó le horduithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.
- (b) Tá éifeacht le míreanna (g) agus (h) d’fho-alt (1) ó dháta rite an Achta seo.

21.—(1) Leasaítear an Príomh-Acht in alt 481—

Leasú ar alt 481 (faoiseamh i leith infheistiúcháin i scannáin) den Phríomh-Acht.

- (a) i bhfo-alt (1), tríd an míniú ar “cuideachta infheistiúcháin incheadaithe” a scriosadh,
- (b) i bhfo-alt (1), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “scannán”:

“ciallaíonn ‘scannán’—

- (a) scannán de chineál atá ar áireamh sna hearnálacha scannán atá incháilithe lena ndeimhniú ag na Coimisinéirí Ioncaim faoi fho-alt (2A), de réir mar a shonraítear i rialacháin arna ndéanamh faoi fho-alt (2E), agus
- (b) maidir le gach scannán, scannán a léirítear—
- (i) ar bhonn tráchtála agus le hionchas brabús a réadú, agus
- (ii) go hiomlán nó go formhór lena thaispeáint don phobal i bpictiúrlanna nó trí chraoladh,

ach ní fholaíonn sé scannán a dhéantar lena thaispeáint mar chlár fógraíochta nó mar chraolfhógrán;”,

- (c) i bhfo-alt (1), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “an tAire”:

“ciallaíonn ‘an tAire’ an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta;”,

- (d) i bhfo-alt (1), tríd an míniú ar “pearsa aonair cháilitheach” a scriosadh,

- (e) i bhfo-alt (1), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “tréimhse cháilitheach”:

“ciallaíonn ‘tréimhse cháilitheach’, i ndáil le creidmheas cánach corparáide scannáin a shonraítear i ndeimhniú scannáin—

- (a) tréimhse chuntasaíochta na cuideachta is léiritheoir, ar ina leith atá an dáta tuairisceáin sonraithe don tréimhse inmhuirearaithe, de

réir bhrí alt 959A, díreach roimh an dáta a rinneadh an t-iarratas dá dtagraítear i bhfo-alt (2A)(a), nó

- (b) más tréimhse is giorra ná 12 mhí an tréimhse chuntasaíochta dá dtagraítear i mír (a), an tréimhse—
 - (i) dar tosach an dáta a thosaíonn an tréimhse chuntasaíochta is déanaí a thosaigh, ar tréimhse í a thosaíonn ar an dáta, nó roimh an dáta, atá 12 mhí roimh dheireadh na tréimhse cuntasaíochta dá dtagraítear i mír (a), agus
 - (ii) dar críoch an dáta a thagann deireadh leis an tréimhse chuntasaíochta dá dtagraítear i mír (a),

agus déanfar tagairtí i bhfo-alt (3) do cháin chorparáide agus do cháin chorparáide arna híoc a fhorléiriú dá réir sin;”,

- (f) i bhfo-alt (1), tríd an míniú ar “asbhaint iomchuí” a scriosadh,
- (g) i bhfo-alt (1), tríd an míniú ar “infheistíocht iomchuí” a scriosadh,
- (h) i bhfo-alt (1), tríd an míniú ar “duine iomchuí sonraithe” a scriosadh,
- (i) i bhfo-alt (1), trí na mínithe seo a leanas a chur isteach:

“tá le ‘craoladh’ agus ‘craoltóir’ na bríonna a shanntar dóibh le halt 2 den Acht Craolacháin, 2009;

ciallaíonn ‘creidmheas cánach corparáide scannáin’, i ndáil le scannán cáilitheach, méid atá comhionann le 32 faoin gcéad den mhéid is lú díobh seo a leanas—

- (a) an méid caiteachais incháilithe,
- (b) 80 faoin gcéad den chostas iomlán a ghabhann le léiriú an scannáin, agus
- (c) €50,000,000;

ciallaíonn ‘cuideachta is léiritheoir’, i ndáil le creidmheas cánach corparáide scannáin a shonraítear i ndeimhniú scannáin, cuideachta—

- (a) a bhfuil cónaí uirthi sa Stát, nó a bhfuil cónaí uirthi i Stát de chuid LEE seachas an Stát agus a sheolann gnó sa Stát trí bhrainse nó trí ghníomhaireacht,
- (b) ag tosú tráth nach déanaí ná an tráth a thosaíonn an tréimhse cháilitheach, a sheolann trádáil arb é atá inti scannáin a léiriú—
 - (i) ar bhonn tráchtála le hionchas brabús a réadú, agus

(ii) ar scannáin lena dtaispeáint don phobal i bpictiúrlanna nó trí chraoladh atá iontu go hiomlán nó go príomha,

(c) nach cuideachta, ná cuideachta atá bainteach le cuideachta—

(i) is craoltóir, nó

(ii) i gcás—

(I) cuideachta, arb éard atá ina gnó, go hiomlán nó go príomha, nó

(II) cuideachta atá bainteach le cuideachta eile, i gcás gurb é atá i gcomhiomlán na ngníomhaíochtaí a sheolann an chuideachta agus gach cuideachta lena bhfuil sí bainteach, go hiomlán nó go príomha,

scannáin a tharchur ar an idirlíon,

(d) a shealbhaíonn na scaireanna go léir sa chuideachta cháilitheach, agus

(e) a rinne tuairisceán, de réir alt 959I, a sheachadadh ar an Ard-Bhailitheoir, ar an dáta tuairisceáin sonraithe nó roimhe, ar tuairisceán é—

(i) maidir leis an tréimhse chuntasaíochta dá dtagraítear i mír (a) den mhíniú ar ‘tréimhse cháilitheach’, nó

(ii) maidir le gach tréimhse chuntasaíochta a chríochnaíonn sa tréimhse chuntasaíochta, dá dtagraítear i mír (b) den mhíniú sin,

de réir mar a bheidh;

tá le ‘méid sonraithe’ an bhrí a thugtar dó le fo-alt (3)(b);

ciallaíonn ‘duine iomchuí sonraithe’ duine is stiúrthóir nó rúnaí ar an gcuideachta is léiritheoir aon tráth le linn na tréimhse dar tosach an tráth a thosaíonn an tréimhse cháilitheach agus dar críoch 12 mhí tar éis an dáta a sholáthraítear an tuarascáil maidir le comhlíonadh dá dtagraítear i bhfomhír (iii) d’fho-alt (2C)(d)(iii) do na Coimisinéirí Ioncaim;”,

(j) i bhfo-alt (2)—

(i) i mír (a), tríd an leagan cuí gramadaí de “cuideachta is léiritheoir” a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de “cuideachta cháilitheach” gach áit, agus

(ii) trí mhír (c) a scriosadh,

(k) i bhfo-alt (2A), tríd an leagan cuí gramadaí de “cuideachta is léiritheoir” a chur in ionad an leagain

chomhfhreagraigh de “cuideachta cháilitheach” gach áit a bhfuil sé i mír (a),

(l) i bhfo-alt (2A), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (b):

“(b) Ní eiseoidh na Coimisinéirí Ioncaim deimhniú faoi mhír (a) más rud é—

(i) nár thug an tAire údarú dóibh faoi fho-alt (2)(a) chun déanamh amhlaidh,

(ii) nach ndéanann an chuideachta is léiritheoir, an chuideachta cháilitheach agus gach duine is úinéir tairbhiúil ar bhreis is 15 faoin gcéad de ghnáthscairchaipiteal na cuideachta is léiritheoir nó na cuideachta cáilithí, de réir mar a bheidh, nó atá in ann, go díreach nó go neamhdhíreach, an céanna a rialú, na hoibleagáidí go léir a chomhlíonadh a fhorchuirtear leis na hAchtanna Cánach, leis na hAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil nó leis an Acht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010—

(I) i ndáil le híocaíochtaí nó seoltáin cánacha, úis nó pionós a cheanglaítear a íoc nó a chur ar aghaidh faoi na hAchtanna sin,

(II) i ndáil le tuairisceáin a sheachadadh, agus

(III) i ndáil le hiarrataí chun cuntais aon ghnó, nó faisnéis eile maidir le haon ghnó, a sheolann an chuideachta is léiritheoir, an chuideachta cháilitheach nó an duine, de réir mar a bheidh, a sholáthar do chigire,

nó

(iii) gur lú ná €200,000 an méid caiteachais incháilithe.”,

(m) i bhfo-alt (2A), tríd an leagan cuí gramadaí de “cuideachta is léiritheoir” a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de “cuideachta cháilitheach” gach áit a bhfuil sé i míreanna (c), (e) agus (f),

(n) i bhfo-alt (2A)(g), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fhomhír (i):

“(i) i ndáil le candam an mhéid shonraithe, agus an tráth a íocfar agus an modh ar a n-íocfar an méid sonraithe,”

(o) i bhfo-alt (2A)(g), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fhomhír (iii):

“(iii) i ndáil le méid an chreidmheasa cánach corparáide scannáin dá laghdófar cáin chorparáide na cuideachta is léiritheoir,”

- (p) i bhfo-alt (2A)(g), trí “(dá ngairtear an méid caiteachais incháilithe)” a chur isteach i ndiaidh “a léiriú” i bhfomhír (iv),
- (q) i bhfo-alt (2A), tríd an leagan cuí gramadaí de “cuideachta is léiritheoir” a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de “cuideachta cháilitheach” gach áit a bhfuil sé i mír (h),
- (r) i bhfo-alt (2B), tríd an leagan cuí gramadaí de “cuideachta is léiritheoir” a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de “cuideachta cháilitheach” gach áit,
- (s) i bhfo-alt (2C), tríd an leagan cuí gramadaí de “cuideachta is léiritheoir” a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de “cuideachta cháilitheach” gach áit (seachas i míreanna (b) agus (c)),
- (t) i bhfo-alt (2C)(b), trí “nó an chuideachta cháilitheach” a chur isteach i ndiaidh “an chuideachta”,
- (u) i bhfo-alt (2C)(c)—
- (i) trí “an chuideachta is léiritheoir,” a chur isteach roimh “an chuideachta cháilitheach” sa chéad áit a bhfuil sé,
- (ii) trí “an chuideachta is léiritheoir nó” a chur isteach roimh “an chuideachta cháilitheach” san áit dheireanach a bhfuil sé,
- (iii) trí “an chuideachta is léiritheoir nó an chuideachta cháilitheach” a chur in ionad “an chuideachta” i bhfomhír (i),
- (v) i bhfo-alt (2C), trí “agus” a scriosadh roimh mhír (e),
- (w) i bhfo-alt (2C), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (e):
- “(e) má scoireann an chuideachta den trádáil dá dtagraítear i mír (b) den mhíniú ar ‘cuideachta is léiritheoir’ a sheoladh, roimh thráth atá 12 mhí tar éis an dáta a sholáthraítear an tuarascáil maidir le comhlíonadh dá dtagraítear i bhfo-alt (2C)(d)(iii) do na Coimisinéirí Ioncaim,”
- (x) i bhfo-alt (2C), tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (e):
- “(f) má dhiúsraíonn an chuideachta a cuid scaireanna sa chuideachta cháilitheach roimh thráth atá 12 mhí tar éis an dáta a sholáthraítear an tuarascáil maidir le comhlíonadh dá dtagraítear i bhfo-alt (2C)(d)(iii) do na Coimisinéirí Ioncaim,
- (g) mura rud é, maidir leis an gcuideachta—

- (i) go ndéanann sí conradh leis an gcuideachta cháilitheach i ndáil leis an scannán cáilitheach a léiriú agus a dháileadh, agus
- (ii) go soláthraíonn sí méid nach lú ná an méid sonraithe don chuideachta cháilitheach, agus
- (h) mura gcaitheann an chuideachta cháilitheach méid nach lú ná an méid caiteachais incháilithe go hiomlán agus go heisiatach ar an scannán cáilitheach a léiriú de réir mar a shonraítear i gcoinníoll i ndeimhniú scannáin, de réir fho-alt (2A)(g)(iv).”,
- (y) i bhfo-alt (2CA)(b), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fhomhír (i):
 - “(i) go mbaineann na comhshocraíochtaí le cuid de scannán a scannánú i gcríoch seachas críoch dá dtagraítear i gclásal (I) nó (II) d’fho-alt (2C)(b)(i).”,
- (z) i bhfo-alt (2CA)(b), trí “an chuideachta is léiritheoir” a chur in ionad “an chuideachta cháilitheach” i bhfomhír (ii),
- (aa) i bhfo-alt (2CA)(b), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fhomhír (iii):
 - “(iii) go dtaispeánann an chuideachta is léiritheoir chun sástacht na gCoimisinéirí Ioncaim gur féidir léi, má iarrtar uirthi é, taifid leordhóthanacha a sholáthar chun a chumasú do na Coimisinéirí Ioncaim a fhíorú, i gcás scannánú i gcríoch, méid gach míre caiteachais a caitheadh sa chríoch ar léiriú an scannáin cháilitheach, cibé acu a chaith an chuideachta is léiritheoir nó aon duine eile é.”,
- (ab) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2D):
 - “(2D) I gcás go mainníonn an chuideachta is léiritheoir nó an chuideachta cháilitheach aon cheann d’fhorálacha an ailt seo a chomhlíonadh nó go mainníonn sí aon choinníoll a chomhlíonadh a shonraítear i ndeimhniú arna eisiúint chuig an gcuideachta is léiritheoir faoi mhír (a) d’fho-alt (2A), féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim an deimhniú a chúlghairm le fógra i scríbhinn.”,
- (ac) i bhfo-alt (2E)—
 - (i) trí “cuideachta is léiritheoir agus cuideachta cháilitheach” a chur in ionad “cuideachta cháilitheach” i mír (d),
 - (ii) trí “cuideachta is léiritheoir” a chur in ionad “cuideachta cháilitheach” gach áit a bhfuil sé i míreanna (f) agus (l),
 - (iii) trí “agus” a scriosadh i mír (m), agus

- (iv) trí “cháilithigh, agus” a chur in ionad “cháilithigh.” i mír (n),
- (ad) i bhfo-alt (2E), tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (n):
- “(o) lena rialófar cathain a fhéadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim an méid sonraithe a íoc leis an gcuideachta is léiritheoir.”,
- (ae) i bhfo-alt (2F), trí “cuideachta is léiritheoir” a chur in ionad “cuideachta cháilitheach”,
- (af) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

“(3) (a) I gcás go ndearna na Coimisinéirí Ioncaim—

- (i) deimhniú scannáin a eisiúint chuig cuideachta is léiritheoir, de réir fho-alt (2A)(a), agus
- (ii) méid creidmheasa cánach corparáide scannáin a shonrú sa deimhniú,

déanfar cáin chorparáide na cuideachta don tréimhse cháilitheach a laghdú, faoi réir fho-alt (2A)(g)(iii), den oiread sin de mhéid atá comhionann leis an gcreidmheas cánach corparáide scannáin a bheidh sonraithe sa deimhniú scannáin agus nach mó ná an cháin chorparáide sin agus, i gcás gur tréimhse dá dtagraítear i mír (b) den mhíniú ar ‘tréimhse cháilitheach’ an tréimhse cháilitheach, déanfar an cháin chorparáide a bhaineann le tréimhse chuntasaíochta is luaithe a laghdú i dtosaíocht ar an gcáin chorparáide a bhaineann le tréimhse chuntasaíochta is déanaí.

- (b) Faoi réir fho-alt (3C), i gcás go ndearna na Coimisinéirí Ioncaim creidmheas cánach corparáide scannáin a shonrú i ndeimhniú scannáin agus gur mó méid an chreidmheasa ná an cháin chorparáide a bhaineann leis an tréimhse cháilitheach, arna laghdú den cháin chorparáide a d’íoc an gcuideachta i leith na tréimhse sin ach roimh aon laghdú faoi mhír (a), déanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim an barrachas (dá ngairtear an ‘méid sonraithe’ san alt seo) a íoc leis an gcuideachta is léiritheoir.
- (c) Déanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim an méid sonraithe a íoc leis an gcuideachta is léiritheoir scannán tráth nach déanaí ná an dáta a bheidh sonraithe sa deimhniú scannáin arna eisiúint chuig an gcuideachta, ar dáta é nach luaithe ná an dáta a bheidh leagtha amach sna rialacháin arna ndéanamh faoi fho-alt (2E).”,
- (ag) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):
- “(3A) (a) Aon mhéid is iníoctha ag na Coimisinéirí Ioncaim leis an gcuideachta de bhua fho-alt

(3)(b), measfar gur ró-íocaíocht cánach corparáide é chun críocha alt 960H(2), agus chun na gcríoch sin amháin.

(b) Aon éileamh i leith méid sonraithe, measfar chun críocha alt 1077E gur éileamh é i dtaca le creidmheas agus, chun méid a chinneadh de réir alt 1077E(11) nó 1077E(12), déanfar tagairt do mhéid cánach a bheadh iníoctha do na tréimhsí iomchuí ag an duine lena mbaineann a léamh amhail is dá mba thagairt do mhéid sonraithe í.

(c) I gcás gur íoc na Coimisinéirí Ioncaim méid sonraithe le cuideachta is léiritheoir agus go bhfaightear amach ina dhiaidh sin nach méid mar a údaraítear leis an alt seo iomlán an mhéid nó cuid de (dá ngairtear an ‘méid neamhúdaraithé’ san alt seo), ansin féadfar—

(i) an chuideachta,

(ii) aon stiúrthóir ar an gcuideachta, nó

(iii) aon duine dá dtagraítear i bhfomhír (ii) de mhír (b) d’fho-alt (2A),

a mhuirearú i leith cánach faoi Chás IV de Sceideal D don tréimhse chuntasaíochta, nó don bhliain mheasúnachta, de réir mar a bheidh, ar ina leith a rinneadh an íocaíocht, i méid atá comhionann—

(I) i gcás cuideachta, le 4 oiread, agus

(II) i gcás pearsa aonair, le céad ceann de dhaichead aonuithe,

den oiread sin den mhéid sonraithe nach n-údaraítear amhlaidh.

(d) Beidh ar áireamh ar na himthosca ina n-éireoidh méid neamhúdaraithé aon imthosca inar íocadh an méid de réir mhír (b) d’fho-alt (3) agus—

(i) ina ndéanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim deimhniú arna eisiúint faoi fho-alt (2A)(a) a chúlghairm, nó

(ii) ina mainneoidh an chuideachta is léiritheoir nó an chuideachta cháilitheach—

(I) aon choinníoll nó oibleagáid a cheanglaítear leis an alt seo nó le rialacháin arna ndéanamh faoin alt seo a chomhlíonadh nó a chomhall,

(II) aon choinníoll nó oibleagáid a shonraítear i ndeimhniú scannáin a chomhlíonadh nó a chomhall, lena n-áirítear coinníoll maidir leis an scannán cáilitheach a chríochnú, a

sheachadadh, a thaispeáint nó a chur ar fáil lena thaispeáint faoi thráth a shonraítear i ndeimhniú scannáin, nó

- (III) aon am ag an tráth nó roimh an tráth dá dtagraítear i bhfo-alt (2C)(e), aon cheann de na hoibleagáidí dá dtagraítear i bhfo-alt (2A)(b)(ii) a chomhlíonadh.
- (e) Más rud é go ndéanann cigire measúnacht i leith méid sonraithe de réir mhír (c), measfar, chun críocha alt 1080, gur cáin atá dlite agus iníoctha an méid a mhuirearófar amhlaidh agus béarfaidh sé ús arna chinneadh de réir fho-alt (2)(c) d'alt 1080 amhail is dá mba rud é, maidir le tagairt don dáta a tháinig an cháin chun bheith dlite agus iníoctha, gur thagairt í don dáta a d'íoc na Coimisinéirí Ioncaim an méid.
- (3B) (a) Maidir leis an méid a sholáthraíonn an chuideachta is léiritheoir don chuideachta cháilitheach de réir fhomhír (ii) d'fho-alt (2C)(g)—
- (i) ní suim é a fhéadfar a asbhaint le linn na brabúis nó na gnóchain atá le muirearú i leith cánach faoi Chás I de Sceideal D a ríomh agus ní laghdófar leis thairis sin ioncam na cuideachta is léiritheoir,
- (ii) faoi réir fho-alt (3), ní laghdófar leis cáin chorparáide na cuideachta léiritheora,
- (iii) ní sholáthrófar é ar mhodh atá ann chun buntáiste cánach a áirithiú, nó i dtaca le buntáiste cánach a áirithiú, go hiomlán nó go páirteach, nó
- (iv) ní ioncam de chuid na cuideachta cáilithí é chun aon chríche cánach.
- (b) Maidir leis an gcuideachta cháilitheach do mhainneachtain aon chuid den mhéid dá dtagraítear i mír (a) a aisíoc leis an gcuideachta is táirgeoir, ní suim é a fhéadfar a asbhaint le linn brabúis nó gnóchain na cuideachta is táirgeoir atá le muirearú i leith cánach faoi Chás I de Sceideal D a ríomh agus ní laghdófar leis ioncam na cuideachta is táirgeoir thairis sin.
- (c) D'ainneoin ailt 411 agus 616, measfar nach comhaltaí den ghrúpa céanna cuideachtaí iad an chuideachta is léiritheoir agus an chuideachta cháilitheach—
- (i) chun críocha alt 411, nó
- (ii) ach amháin chun críocha alt 626, chun críocha alt 616.

- (d) Ní dhéileálfar le cailteanas, chun críocha alt 546, mar chailteanas a éiríonn ar an gcuideachta is léiritheoir do dhiúscairt scaireanna sa chuideachta cháilitheach.
- (e) Measfar nach bhfuil feidhm ag alt 626B maidir leis an gcuideachta is léiritheoir do dhiúscairt scaireanna sa chuideachta cháilitheach.
- (f) Chun críocha alt 538(2), ní bheidh luach na scaireanna a shealbhaíonn an chuideachta is léiritheoir sa chuideachta cháilitheach neamhbhríoch aon tráth.

(3C) Ní íocfaidh na Coimisinéirí Ioncaim méid sonraithe le cuideachta is táirgeoir i leith deimhniú scannáin a eiseofar tar éis an 31 Nollaig 2020.”

agus

(ah) trí fho-ailt (4) go (22) a scriosadh.

(2) Tiocfaidh an t-alt seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire Airgeadais le hordú nó le horduithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

Leasú ar Chuid 16 (faoiseamh ó cháin ioncaim i leith infheistíochta i dtrádálacha corpraithe — an dreasacht fostaíochta agus infheistíochta agus an scéim síolchaipítíl) den Phríomh-Acht.

22.—(1) Leasaítear Cuid 16 den Phríomh-Acht—

(a) in alt 488(1)—

(i) i mír (g) den mhíniú ar “gníomhaíochtaí trádála iomchuí”, trí “ach amháin i gcás gur gnóthas tráchta cuartaíochta oibriú nó bainistiú na n-óstán, na dtithe aíochta, na cóiríochta féinfhreastail nó na mbunachas inchomparáide sin, nó bainistiú maoiné a úsáidtear mar óstán, mar theach aíochta, mar chóiríocht féinfhreastail nó mar bhunachas inchomparáide,” i ndiaidh “mar bhunachas inchomparáide,” agus

(ii) i mír (a) den mhíniú ar “gnóthas tráchta cuartaíochta”, trí “seachas óstáin, tithe aíochta agus cóiríocht féinfhreastail,” a scriosadh,

(b) in alt 489(13), trí “31 Nollaig 2020” a chur in ionad “31 Nollaig 2013”, agus

(c) in alt 490(3)(b), trí “2020” a chur in ionad “2013”.

(2) (a) Tá éifeacht le mír (a) d’fho-alt (1) i leith scaireanna arna n-eisiúint an 1 Eanáir 2013 nó dá éis.

(b) Tagann míreanna (b) agus (c) d’fho-alt (1) i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire Airgeadais le hordú nó le horduithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

23.—(1) Leasaítear Cuid 8 den Phríomh-Acht—

Leasú ar Chuid 8
(íocaíochtaí
bliantúla, muirir
agus ús) den
Phríomh-Acht.

(a) in alt 256(1), sa mhíniú ar “cáin chuí”—

(i) i mír (a), trí “33 faoin gcéad” a chur in ionad “30 faoin gcéad”,

(ii) i mír (b), trí “33 faoin gcéad” a chur in ionad “30 faoin gcéad”, agus

(iii) i mír (c), trí “36 faoin gcéad” a chur in ionad “33 faoin gcéad”,

agus

(b) in alt 267B—

(i) i bhfo-alt (2)(b), trí “33 faoin gcéad” a chur in ionad “30 faoin gcéad”, agus

(ii) i bhfo-alt (3)(b), trí “33 faoin gcéad” a chur in ionad “30 faoin gcéad”.

(2) Tá feidhm ag an alt seo maidir le haon íoc nó creidiúnú úis iomchuí (de réir bhrí Chaibidil 4 de Chuid 8 den Phríomh-Acht) a dhéantar an 1 Eanáir 2013 nó dá éis.

24.—(1) Leasaítear alt 267N(1) den Phríomh-Acht—

Leasú ar alt 267N
(léiriú) den
Phríomh-Acht.

(a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (c) den mhíniú ar “deimhniú infheistíochta”—

“(c) a eisítear chuig duine nach duine sonraithe, agus”,

agus

(b) tríd an míniú seo a leanas a chur isteach—

“tá le ‘duine sonraithe’ an bhrí a shanntar dó le halt 110 amhail is dá mba rud é, maidir le tagairt sa mhíniú ar ‘duine sonraithe’ san alt sin—

(a) do chuideachta cháilitheach, gur fholraig sí tagairt do chuideachta cháilitheach de réir bhrí an ailt seo, agus

(b) do shócmhainní cáilitheacha, gur thagairt í do shócmhainní de réir bhrí an ailt seo;”.

(2) Tá feidhm ag an alt seo maidir le deimhniú infheistíochta (de réir bhrí alt 267N den Phríomh-Acht) a eisítear an 1 Eanáir 2013 nó dá éis.

Leasú ar alt 1003A
(cáin a íoc trí
dheonachán maoin
oidhreachta a
thabhairt
d'iontaobhas
oidhreachta
Éireannach) den
Phríomh-Acht.

25.—(1) Leasaítear alt 1003A den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (1), sa mhíniú ar “Aire”, trí “an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta” a chur in ionad “an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil”,

(b) i mír (a) d’fho-alt (2)—

(i) trí “ag Coimisinéirí na nOibreacha Poiblí in Éirinn.” a chur in ionad “ag Coimisinéirí na nOibreacha Poiblí in Éirinn,” i bhfomhír (iv), agus

(ii) trí na focail go léir ó “agus, chun críocha an ailt seo” go dtí deireadh na míre sin, agus na focail sin san áireamh, a scriosadh,

(c) i bhfo-alt (2), tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (a):

“(aa) Chun críocha an ailt seo—

(i) folaíonn tagairt do ‘foirgneamh’—

(I) aon fhoirgneamh seachtrach, clós nó talamh atá gaolmhar leis an bhfoirgneamh i gcás an talamh a bheith ar áitiú nó ar teachtadh leis an bhfoirgneamh mar chuid dá ghairdíní nó dá thírdhreach deartha agus i gcás go gcuireann sé leis an meas atá ar an bhfoirgneamh ina shuíomh, agus

(II) lánas an fhoirgnimh, agus

(III) talamh is gá chun rochtain ar an bhfoirgneamh a sholáthar nó chun saoráidí lochta a sholáthar do chuariteoirí ar an bhfoirgneamh,

(ii) folaíonn tagairt do ‘gairdín’—

(I) aon fhoirgneamh, foirgneamh seachtrach, clós nó talamh atá gaolmhar leis an ngairdín i gcás an talamh a bheith ar áitiú nó ar teachtadh leis an ngairdín agus i gcás go gcuireann sé leis an meas atá ar an ngairdín ina shuíomh,

(II) talamh is gá chun rochtain ar an ngairdín a sholáthar nó chun saoráidí lochta a sholáthar do chuariteoirí ar an ngairdín.

(ab) I gcás go ndeonaítear maoin oidhreachta faoin alt seo agus go measann an tIonataobhas nó, de réir mar is cuí, Coimisinéirí na nOibreacha Poiblí in Éirinn go bhfuil tailte nach bhfuil ar úinéireacht ag deontóir na maoin oidhreachta riachtanach chun rochtain ar an maoin oidhreachta a sholáthar nó chun saoráidí lochta a sholáthar do chuariteoirí ar an maoin oidhreachta, féadfar na tailte sin a dheonú

chun na críche sin don Iontaobhas nó, de réir mar is cuí, do Choimisinéirí na nOibreacha Poiblí in Éirinn faoi théarmaí an ailt seo agus measfar gur maoin oidhreachta chun críocha an ailt seo na tailte sin.”,

(d) i bhfo-alt (2), trí “ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe” a chur in ionad “ón Aire Airgeadais” agus trí “an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe” a chur in ionad “an tAire Airgeadais” i mír (f), agus

(e) i bhfo-alt (5), trí “de mhéid atá ar cóimhéis le 50 faoin gcéad de mhargadhluach” a chur in ionad “de mhéid atá ar cóimhéis le 80 faoin gcéad de mhargadhluach”.

(2) Tá feidhm ag *fo-alt (1)* maidir le haon chinneadh a dhéanfaidh an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta nó, de réir mar is cuí, Coimisinéirí na nOibreacha Poiblí in Éirinn, ar dháta rite an Achta seo nó dá éis, faoi alt 1003A(2)(a) den Phríomh-Acht.

26.—(1) Leasaítear Sceideal 24 a ghabhann leis an bPríomh-Acht—

(a) i mír 1, trí na mínithe seo a leanas a chur isteach:

“tá le ‘ioncam comhiomlán don bhliain chánach’ an bhrí chéanna atá leis in alt 531AL;

ciallaíonn ‘comhiomlán luach cánach an laghdaithe’ luach cánach ioncaim an mhéid ar dá réir a airítear an t-ioncam go léir a lamhálfar creidmheas le haghaidh cáin choigríche ina leith a bheith laghdaithe de réir fhomhír (3)(c) de mhír 7 arna dhéanamh amach tríd an gcáin ioncaim is inmhuirearaithe i leith na bliana measúnachta a bhaint ón gcáin ioncaim ab inmhuirearaithe mura ndéanfaí an t-ioncam go léir a lamhálfar creidmheas le haghaidh cáin choigríche ina leith a laghdú de réir fhomhír (3)(c) de mhír 7;”;

(b) i mír 2, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (2):

“(2A) I gcás aon ioncam atá laistigh de réim cánach ioncaim, úsáidfear an creidmheas i dtosach chun an cháin ioncaim is inmhuirearaithe i leith an ioncaim sin a laghdú.”;

(c) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír 5:

“Teorainn le creidmheas iomlán — muirear sóisialach uilíoch.

5A.—(1) Maidir le méid an chreidmheasa atá le lamháil i gcoinne muirear sóisialach uilíoch le haghaidh cáin choigríche i leith aon ioncaim—

(a) ní mó é ná an tsuim a gheofaí trí mhéid an ioncaim sin a ríomh de réir Chuid 18D, agus muirear sóisialach uilíoch a mhuirearú air ansin don bhliain mheasúnachta dá bhfuil an creidmheas le lamháil, ach sin de réir ráta arna dhéanamh amach tríd an muirear sóisialach

Leasú ar Sceideal 24 (faoiseamh ó cháin ioncaim agus ó cháin chorparáide trí bhíthin creidmheasa i leith cánach coigríche) a ghabhann leis an bPríomh-Acht.

uilíoch is infíochta ag an duine sin don bhliain sin a roinnt ar mhéid ioncam comhiomlán an duine sin don bhliain chánach sin, agus

- (b) cinnfear é (faoi réir chlásal (a)) de réir na foirmle—

$$(FT - C) - TV$$

i gcás—

gurb é FT an cháin choigríche, lena n-áirítear cáin choigríche nach bhfuil inmhuirearaithe go díreach, i leith an ioncaim,

gurb é C an creidmheas a lamháiltear i gcoinne cáin ioncaim le haghaidh cáin choigríche i leith an ioncaim, agus

gurb é TV an cion de chomhiomlán luach cánach an laghdaithe is inchurtha i leith an ioncaim arna chinneadh de réir na foirmle—

$$\frac{A \times B}{C}$$

i gcás—

gurb é A comhiomlán luach cánach an laghdaithe,

gurb é B an chuid den cháin choigríche ar dá réir a laghdaíodh an t-ioncam de réir fhomhír (3)(c) de mhír 7, agus

gurb é C comhiomlán na laghduithe ar dá réir a rinneadh an t-ioncam go léir a bhfuil creidmheas le lamháil le haghaidh cáin choigríche ina leith a laghdú de réir fhomhír (3)(c) de mhír 7.

(2) Faoi réir fhomhír (1), i gcás go measúnaítear pearsa aonair i leith cánach de réir alt 1017 nó 1031C agus go bhfuil gach céile nó páirtneir sibhialta le muirearú i leith muirear uilíoch sóisialach ar a scair den ioncam sin, ní mó méid an chreidmheasa atá le lamháil i gcoinne muirear sóisialach uilíoch i leith gach scaire den ioncam sin ná cibé cuid den chreidmheas a mbeidh idir í agus an creidmheas sin an chomhréir chéanna atá idir scair gach céile nó gach páirtneara shibhialta san ioncam sin agus an t-ioncam sin.”,

- (d) i mír 7, trí “i gcoinne cáin ioncaim nó cáin chorparáide” a chur in ionad “i gcoinne aon cheann de na cánacha Éireannacha” i bhfomhír (3)(c),

- (e) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír 7:

“An éifeacht a bheidh ag lamháil creidmheasa i gcoinne muirear sóisialach uilíoch ar ríomh ioncaim.

7A. (1) I gcás go bhfuil creidmheas i leith cáin choigríche le lamháil i gcoinne aon cheann de na cánacha Éireannacha i leith aon ioncaim, beidh feidhm ag an mír seo i ndáil le méid an ioncaim sin a ríomh chun críocha muirear sóisialach uilíoch.

(2) I gcás go mbraitheann an muirear sóisialach uilíoch is iníoctha ar an méid a fhaightear sa Stát, measfar go méadaítear an méid sin de mhéid an chreidmheasa is inlamháilte i gcoinne cáin ioncaim.

(3) I gcás nach bhfuil feidhm ag fomhír (2)—

(a) ní dhéanfar aon asbhaint i leith cáin choigríche (cibé acu i leith an ioncaim chéanna nó aon ioncam eile), agus

(b) i gcás go bhfuil díbhinn ar áireamh san ioncam agus, faoi na comhshocraíochtaí, go bhfuil cáin choigríche nach inmhuirearaithe, go díreach nó trí asbhaint, i leith na díbhinne, le cur i gcuntas nuair a bheifear á bhreithniú an bhfuil aon chreidmheas agus, má tá, cad é an chreidmheas atá, le lamháil i gcoinne na gcánacha Éireannacha i leith na díbhinne, measfar go méadaítear méid an ioncaim de mhéid an cánach coigríche nach inmhuirearaithe amhlaidh agus atá le cur i gcuntas le linn méid an chreidmheasa a ríomh.

(4) I ndáil le hioncam duine a ríomh chun críocha mhír 5A, beidh feidhm ag fomhíreanna (1) go (3) i ndáil leis an ioncam go léir ar ina chás atá creidmheas le lamháil i leith cáin choigríche faoi aon chomhshocraíochtaí.”,

(f) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír 9H:

“Díbhinní: creidmheas breise.

9I. (1) Sa mhír seo—

ciallaíonn ‘díbhinn eisiata’ díbhinn, nó aon chuid de dhíbhinn, a íocann cuideachta foinse le cuideachta iomchuí, sa mhéid go n-íoctar í as an oiread sin, más ann, de bhrabúis iomchuí cuideachta foinse—

(a) nach raibh faoi réir cánach, agus

(b) a fuarthas, ó chuideachta atá bainteach leis an gcuideachta iomchuí agus nach bhfuil cónaí uirthi i mBallstát iomchuí—

(i) go díreach trí dhíbhinn nó trí dháileadh eile brabús, is brabúis nach raibh faoi réir cánach, nó

(ii) go neamhdhíreach, ó na brabúis a luaitear i bhfochlásal (i), trí dhíbhinní a íoc, nó trí dháiltí eile a dhéanamh, ag cuideachta amháin nó níos mó, gan an t-ioncam nó na brabúis arbh ionannas dóibh aon cheann de na díbhinní nó na dáiltí sin a bheith faoi réir cánach;

ciallaíonn ‘cuideachta iomchuí’, i ndáil le díbhinn, cuideachta—

- (a) a bhfuil cónaí uirthi sa Stát, nó
- (b) a bhfuil, de bhua dlí Ballstáit iomchuí seachas an Stát, cónaí uirthi chun críocha cánach i mBallstát den sórt sin agus gur cuid de bhrabúis brainse nó gníomhaireachta sa Stát í an díbhinn;

ciallaíonn ‘díbhinn iomchuí’ an oiread sin de dhíbhinn—

- (a) nach díbhinn eisiata, ná
- (b) nach díbhinn nach bhfuil, de bhua alt 21B(4)(c), le cur i gcuntas chun ioncam a ríomh le haghaidh cáin chorparáide;

ciallaíonn ‘cuideachta foinse’ cuideachta—

- (a) nach bhfuil cónaí uirthi sa Stát, agus
- (b) a bhfuil, de bhua dlí Ballstáit seachas an Stát, cónaí uirthi chun críocha cánach i mBallstát den sórt sin;

ciallaíonn ‘cáin’, ach amháin i gcás cáin chorparáide sa Stát—

- (a) cáin a fhorchuirtear i dtír seachas an Stát agus a fhreagraíonn do cháin chorparáide den sórt sin, agus
- (b) cáin a fhreagraíonn do cháin ioncaim sa Stát agus a fhorchuirtear i dtír seachas an Stát trí asbhaint as díbhinní nó dáiltí eile brabús,

ach, chun críocha an mhíne ar ‘díbhinn eisiata’ san fhómhír seo, déanfar aon cháin a mhuirearófar faoi threoir díbhinne nó dáileadh eile brabús, sa mhéid go bhfuil an chuid is mó de luach na díbhinne sin nó an dáilte sin díolmhaithe ón muirear sin i leith cánach, a eisiadh ón míniú ar ‘cáin’.

(2) Chun críocha na míre seo, is iad brabúis iomchuí cuideachta foinse i ndáil le díbhinn—

- (a) más in aghaidh tréimhse shonraithe a íoctar an díbhinn, brabúis na tréimhse sin,
- (b) más rud é nach n-íoctar an díbhinn in aghaidh tréimhse shonraithe ach go n-íoctar í as brabúis shonraithe, na brabúis sin, nó
- (c) más rud é nach n-íoctar an díbhinn in aghaidh tréimhse shonraithe ná as brabúis shonraithe, brabúis na tréimhse deiridh dá ndearnadh suas cuntais de chuid an chomhlachta chorpraithe agus a chríochnaigh sular tháinig an díbhinn chun a bheith iníoctha,

ach, más rud é, i gcás a thagann faoi réim chlásal (a) nó (c), gur mó an díbhinn iomlán ná na brabúis de chuid na tréimhse a luaitear i gclásal (a) nó (c), de réir mar a bheidh, atá ar fáil lena ndáileadh, is iad na brabúis iomchuí brabúis na tréimhse sin mar aon leis an oiread sin de na brabúis de chuid tréimhsí roimhe sin atá ar fáil lena ndáileadh (seachas brabúis a dáileadh roimhe sin nó ar déileáladh leo roimhe sin mar bhrabúis iomchuí chun críocha na fomhíre seo) agus atá comhionann leis an mbarrachas, agus, chun na críche sin, déanfar brabúis na tréimhse deiridh is gaire don am i láthair a chur i gcuntas ar dtús, ansin brabúis na tréimhse deiridh díreach roimhe sin arís, agus mar sin de.

(3) I gcás go n-íocann cuideachta foinse díbhinn iomchuí le cuideachta iomchuí, ansin, chun creidmheas a lamháil i gcoinne cáin chorparáide le haghaidh cáin choigríche i leith na díbhinne sin, déanfar, faoi réir mhír 4, agus fhomhír (5), méid (dá ngairtear ‘creidmheas coigríche breise’ sa mhír seo) a chinnfear de réir fhomhír (4) a chur i gcuntas amhail is dá mba cháin í ab iníoctha i leith na díbhinne sin faoi dhlí na críche ina bhfuil cónaí ar chuideachta foinse.

(4) Is é a bheidh sa chreidmheas coigríche breise dá dtagraítear i bhfomhír (3) i leith díbhinn iomchuí—

- (a) i gcás go bhfuil an díbhinn iomchuí faoi réir cáin chorparáide de réir an ráta a shonraítear in alt 21(1), méid a chinnfear de réir na foirmle—

$$(A \times B) - C$$

i gcás—

gurb é A méid na díbhinne iomchuí a thugtar faoi réim cáin chorparáide sa Stát,

gurb é B an ráta is ísle díobh seo a leanas—

- (i) an ráta faoin gcéad a shonraítear in alt 21(1), nó

- (ii) an ráta cánach faoin gcéad a fhreagraíonn, sa Bhallstát iomchuí ina bhfuil cónaí ar an gcuideachta foinse chun críocha cánach, do cháin chorparáide sa Stát, agus is infheidhme maidir leis na brabúis iomchuí i ndáil leis an díbhinn iomchuí,

agus

gurb é C méid an chreidmheasa i leith cánach i gcoinne cáin chorparáide is inchurtha i leith na díbhinne iomchuí ab inlamháilte faoin Sceideal seo ar leith ón mír seo,

nó

- (b) i gcás go bhfuil cáin chorparáide inmhuirearaithe ar an díbhinn iomchuí faoi

Chás III de Sceideal D, an méid a chinnfear de réir na foirmle—

$$(A \times B) - C$$

i gcás—

gurb é A méid na díbhinne iomchuí a thugtar faoi réim cáin chorparáide sa Stát,

gurb é B an ceann is ísle díobh seo a leanas—

(i) 25 faoin gcéad, nó

(ii) an ráta cánach faoin gcéad a fhreagraíonn, sa Bhallstát iomchuí ina bhfuil cónaí ar an gcuideachta foinse chun críocha cánach, do cháin chorparáide sa Stát, agus is infheidhme maidir leis na brabúis iomchuí i ndáil leis an díbhinn iomchuí,

agus

gurb é C méid an chreidmheasa i leith cánach i gcoinne cáin chorparáide is inchurtha i leith na díbhinne iomchuí ab inlamháilte faoin Sceideal seo ar leith ón mír seo.

(5) Ní bheidh feidhm ag forálacha mhír 9E maidir le haon chreidmheas coigríche breise arna ríomh de réir na míre seo.

(6) Ní bheidh feidhm ag an mír seo maidir le díbhinní a íocfar in aon chás ina bhfuil feidhm ag mír 9H.”,

agus

(g) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír 13:

“14.—Beidh feidhm ag forálacha an Sceidil seo maidir le tobhach ioncaim mar atá feidhm acu maidir le muirear sóisialach uilíoch, fara aon mhodhnuithe is gá.”.

(2) Beidh éifeacht le *míreanna (a) go (e) d’fho-alt (1)* amhail is dá mba rud é gur tháinig siad i ngníomh don bhliain mheasúnachta (de réir bhrí alt 2 den Phríomh-Acht) 2011 agus do gach bliain mheasúnachta dá héis.

(3) Beidh feidhm ag *mír (f) d’fho-alt (1)* maidir le díbhinní arna n-íoc an 1 Eanáir 2013 nó dá éis.

(4) Beidh éifeacht le *mír (g) d’fho-alt (1)* amhail is dá mba rud é gur tháinig sí i ngníomh do na blianta measúnachta (de réir na brí a dúradh) 2009 agus 2010.

27.—(1) Leasaítear an Príomh-Acht in alt 79C—

Leasú ar alt 79C
(airgeadra coigríche
a eisiamh mar
shócmhainn de
chuid cuideachtaí
áirithe) den
Phríomh-Acht.

(a) i bhfo-alt (1), sa mhíniú ar “taisce bhainc iomchuí”, trí “airgeadra an Stáit” a chur in ionad “airgeadra Éireannach”, agus

(b) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

“(3) Maidir le méid a chinnfear de réir na foirmle—

$$\frac{A \times C}{B}$$

i gcás—

gurb é A an glanghnóchan malartaithe coigríche a chreidiúnaítear i gcuntas sochair agus dochair cuideachta sealbhaíochta iomchuí, arna laghdú den oiread sin d’aon chaillteanas faoi alt 383 is inchurtha síos do ghlancaillteanas malartaithe coigríche agus nár asbhaineadh as aon mhéid eile ioncaim,

gurb é B an ráta dá dtagraítear in alt 21A(3)(a), agus

gurb é C an ráta dá dtagraítear in alt 28(3),

is ioncam is inmhuirearaithe faoi Chás IV de Sceideal D é.”.

(2) Tá feidhm ag an alt seo maidir le tréimhsí cuntasafóchta dar críoch an 1 Eanáir 2013 nó dá éis.

28.—(1) Leasaítear alt 766 den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (1)(a), sa mhíniú ar “grúpchaiteachas cáilitheach ar thaighde agus forbairt”, trí “€200,000” a chur in ionad “€100,000”.

Leasú ar alt 766
(creidmheas cánach
le haghaidh
caiteachais ar
thaighde agus
forbairt) den
Phríomh-Acht.

(2) Beidh feidhm ag an alt seo maidir le tréimhsí cuntasafóchta dar tosach an 1 Eanáir 2013 nó dá éis.

29.—(1) Leasaítear alt 246 den Phríomh-Acht—

Leasú ar alt 246
(íocaíochtaí úis ag
cuideachtaí agus le
neamhchónaitheoirí)
den Phríomh-Acht.

(a) i bhfo-alt (3), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (c):

“(c) ús arna íoc le duine a bhfuil a ghnátháit chónaithe nó a gnátháit chónaithe lasmuigh den Stát—

(i) i leith urrús iomchuí, nó

(ii) ag gnóthas comhinfheistíochta sonraithe de réir bhrí alt 734,”

(b) i bhfo-alt (3), tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (f):

“(fa) ús arna íoc sa Stát le scéim cheadaithe dhíolmhaithe de réir bhrí alt 774,”,

agus

(c) trí fho-alt (4) a scriosadh.

(2) Beidh feidhm ag an alt seo maidir le hús arna íoc ar dháta rite an Achta seo nó dá éis.

Tionscnamh na Cathrach Beo.

30.—(1) Leasaítear an Príomh-Acht—

(a) i gCuid 10, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh Chaibidil 12:

“CAIBIDIL 13

Tionscnamh na Cathrach Beo

Léiriú
(Caibidil 13).

372AAA.—Sa Chaibidil seo—

ciallaíonn ‘teach Seoirseach’ foirgneamh, a foirgníodh sa tréimhse 1714 go 1830 lena úsáid mar theaghais, agus a bhfuil 2 stór ar a laghad ar áireamh ann, agus íoslach ag gabháil leis nó gan íoslach a bheith ag gabháil leis;

ciallaíonn ‘margadhluach’, i ndáil le foirgneamh, le déanamhas nó le teach, an praghas a gheofaí ar fheo simplí neamhualaithe an fhoirgnimh, an déanamhas nó an tí dá ndíolfaí ar an margadh oscailte é ar cibé modh agus faoi réir cibé coinníollacha ba dhóigh le réasún a tharraingeodh an praghas ab fhearr ar an bhfoirgneamh, ar an déanamhas nó ar an teach don díoltóir, lúide an chuid den phraghas sin ab inchurtha síos d’fháil na talún, nó d’fháil ceart sa talamh nó thar an talamh, ar a bhfuil an foirgneamh, an déanamhas nó an teach foirgnithe;

ciallaíonn ‘tréimhse cháilitheach’ an tréimhse dar tosach an dáta a thagann *alt 30 den Acht Airgeadais, 2013* i ngníomh agus dar críoch 5 bliana tar éis an dáta sin;

ciallaíonn ‘athfheistiú’, i ndáil le foirgneamh, le déanamhas nó le teach, aon obair foirgníochta, athfhoirgníochta, deisiúcháin nó athnuachana, lena n-áirítear saoráidí uisce, séarachais nó téacháin a chur ar fáil nó a fheabhsú, a dhéantar le linn an foirgneamh, an déanamhas nó an teach a dheisiú nó a athréiteach nó le linn cothabháil ar mhodh deisiúcháin nó athréitigh a dhéanamh ar an bhfoirgneamh, ar an déanamhas nó ar an teach;

ciallaíonn ‘limistéar athbheochana speisialta’ limistéar nó limistéir a

shonraítear mar limistéar athbheochana speisialta le hordú ón Aire Airgeadais.

Cóiríocht chónaithe: liúntas d'úinéirí-áititheoirí maidir le caiteachas cáilitheach arna thabhtú ar athchóiriú agus athfheistiú tithe Seoirseacha.

372AAB.—(1) San alt seo—

ciallaíonn ‘athchóiriú’ i ndáil le foirgneamh, le déanamhas nó le teach aon obair—

- (a) chun foirgneamh nó cuid d'fhoirgneamh a athchóiriú ina theach nó ina teach i gcás nach raibh an foirgneamh nó, de réir mar a bheidh, an chuid den foirgneamh, in úsáid mar theaghais díreach roimh an athchóiriú, agus
- (b) chun foirgneamh nó cuid d'fhoirgneamh a athchóiriú ina 2 theach nó ina 2 teach nó níos mó más rud é, roimh an athchóiriú, nach raibh an foirgneamh nó, de réir mar a bheidh, an chuid den foirgneamh, in úsáid mar theaghais díreach roimh an athchóiriú nó go raibh an foirgneamh, nó an chuid den foirgneamh, in úsáid mar theaghais aonair,

lena n-áirítear aon oibreacha riachtanacha foirgníochta, athfhoirgníochta, deisiúcháin nó athnuachana, agus saoráidí uisce, séarachais nó téacháin a chur ar fáil nó a fheabhsú i ndáil leis an bhfoirgneamh nó leis an gcuid den foirgneamh, de réir mar a bheidh;

folaíonn ‘teach’ aon foirgneamh nó cuid d'fhoirgneamh a úsáidtear nó atá oiriúnach lena úsáid nó lena húsáid mar theaghais agus aon fhotheach, clós, gairdín nó talamh eile a chomhghabhann nó a theachtar de ghnáth leis an bhfoirgneamh sin nó leis an gcuid sin d'fhoirgneamh;

ciallaíonn ‘litir dheimhniúcháin’ litir ón údarás áitiúil iomchuí á rá—

- (a) go ndearnadh cead pleanála, a mhéid is gá é, i leith na hoibre a rinneadh i gcúrsa an athfheistithe nó an athchóirithe a dheonú faoi na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000 go 2010,
- (b) nach lú ná 38 méadar chearnacha agus nach mó ná 210 méadar chearnacha achar urláir iomlán an tí,

- (c) go gcomhlíonann an teach lena mbaineann an litir cibé coinníollacha, más ann, a chinnfidh an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil ó am go ham chun críocha alt 5 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 1979, i ndáil le caighdeáin chun tithe a fheabhsú agus uisce, séarachas agus seirbhísí eile a chur ar fáil i dtithe, agus
- (d) gur dealraitheach, an tráth a eisítear an litir agus ar bhonn na faisnéise atá ar fáil an tráth sin, gur costas réasúnach an costas a ghabhann leis an athchóiriú ina theach nó, de réir mar a bheidh, leis an teach a athfheistiú;

ciallaíonn ‘caiteachas cáilitheach’ caiteachas a thabhaigh pearsa aonair, sa tréimhse cháilitheach, ar an athchóiriú ina áitreabh cáilitheach nó, de réir mar a bheidh, ar an áitreabh cáilitheach a athfheistiú, tar éis aon suim a asbhaint as an méid sin caiteachais i leith na nithe seo a leanas nó faoina dtreoir—

- (a) an caiteachas sin,
- (b) an t-áitreabh cáilitheach, nó
- (c) an obair athchóiriúcháin nó, de réir mar a bheidh, an obair athfheistiúcháin ar ina leith a tabhaíodh an caiteachas sin,

a fuair an phearsa aonair nó a bhfuil an phearsa aonair i dteideal é a fháil, go díreach nó go neamhdhíreach, ón Stát, ó aon bhord arna bhunú le reacht nó ó aon údarás poiblí nó áitiúil;

ciallaíonn ‘áitreabh cáilitheach’ teach Seoirseach—

- (a) a bhfuil a láithreán go hiomlán laistigh de limistéar athbheochana speisialta,
- (b) a úsáidtear d’aontoisc mar theaghais,
- (c) ar ina leith a eisíodh litir dheimhniúcháin, agus
- (d) a úsáideann an phearsa aonair den chéad uair, tar éis an caiteachas cáilitheach a thabhú, mar aon-áit nó mar phríomháit chónaithe dó féin nó di féin;

ciallaíonn ‘údarás áitiúil iomchuí’ an chomhairle contae, an chomhairle cathrach nó an chomhairle buirge nó, más cuí, an chomhairle baile, de réir bhrí an Achta Rialtais Áitiúil, 2001, ar ina limistéar feidhme atá an limistéar athnuachana speisialta;

ciallaíonn ‘achar urláir iomlán’ achar urláir iomlán tí arna thomhas ar an modh dá dtagraítear in alt 4(2)(b) d’Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 1979.

(2) I gcás go gcruthaíonn pearsa aonair, tar éis éileamh a dhéanamh go cuí, gur thabhaigh sé nó sí caiteachas cáilitheach ar áitreabh cáilitheach i mbliain mheasúnachta, tá an phearsa aonair i dteideal, don bhliain mheasúnachta agus d’aon bhliain de na 9 mbliana measúnachta dá éis sin inarb é an t-áitreabh cáilitheach aon-áit nó príomháit chónaithe na pearsan aonair, go ndéanfar asbhaint as a ioncam iomlán nó as a hioncam iomlán de mhéid is comhionann le 10 faoin gcéad de mhéid an chaiteachais sin.

(3) Más rud é, maidir leis an bpearsa aonair nó—

- (a) maidir le céile na pearsan aonair, go measúnaítear é nó í i leith cánach de réir alt 1017, nó
- (b) maidir le páirtneir sibhialta na pearsan aonair, go measúnaítear é nó í i leith cánach de réir alt 1031C,

ansin, ach amháin i gcás go bhfuil feidhm ag alt 1023 nó 1031H, de réir mar a bheidh, beidh an phearsa aonair i dteideal go ndéanfar an asbhaint, a bhfuil teideal aige nó aici chuici faoi fho-alt (2), as a ioncam iomlán nó as a hioncam iomlán agus as ioncam iomlán a chéile nó a céile nó a pháirtneara sibhialta nó a páirtneara sibhialta, de réir mar a bheidh, más ann.

(4) Chun a chinneadh cibé acu a thabhaítear nó nach dtabhaítear, agus a mhéid a thabhaítear, le linn na tréimhse cáilithí, caiteachas cáilitheach a thabhaítear ar áitreabh cáilitheach nó i ndáil le háitreabh cáilitheach, ní dhéileálfar ach amháin le cibé méid den chaiteachas sin is inchurtha síos go cuí d’obair ar an athchóiriú ina áitreabh cáilitheach nó ar athfheistiú an áitribh cháilithigh a rinneadh iarbhír le linn na tréimhse cáilithí mar chaiteachas a tabhaíodh sa tréimhse sin.

(5) I gcás go dtabhaíonn 2 dhuine nó níos mó caiteachas cáilitheach i ndáil le háitreabh cáilitheach, measfar gur thabhaigh gach duine de na daoine sin an caiteachas sna comhréireanna inar iompair siad an caiteachas iarbhír agus déanfar an caiteachas a chionroinnt dá réir sin.

(6) Beidh feidhm ag fo-ailt (6), (9) agus (10) d'alt 372AP, fara aon mhodhnuithe is gá, i ndáil leis na nithe seo a leanas—

- (a) caiteachais incháilithe (de réir bhrí alt 372AN) a tabhaíodh ar áitreabh cáilitheach nó i ndáil le háitreabh cáilitheach agus an costas iomchuí (de réir bhrí alt 372AP) i ndáil leis an áitreabh sin a chionroinnt, agus
- (b) an méid caiteachais incháilithe (de réir na brí a dúradh) a ndéileálfar leis mar chaiteachas a tabhaíodh sa tréimhse cháilitheach,

chun críocha an ailt seo, le linn cinneadh a dhéanamh i dtaobh na nithe seo a leanas—

- (i) an méid caiteachais cháilithigh a tabhaíodh ar áitreabh cáilitheach nó i ndáil le háitreabh cáilitheach, agus
- (ii) an méid caiteachais cháilithigh a ndéileálfar leis mar chaiteachas a tabhaíodh sa tréimhse cháilitheach,

mar atá feidhm acu chun críocha alt 372AP.

(7) Ní áireofar i gcaiteachas a mbeidh duine i dteideal faoiseamh faoin alt seo ina leith aon chaiteachas a bhfuil aon duine i dteideal asbhainte, faoisimh nó liúntais ina leith faoi aon fhoráil eile de na hAchtanna Cánach.

(8) Chun críocha an ailt seo, aon chaiteachas a thabhófar ar athchóiriú ina áitreabh cáilitheach nó, de réir mar a bheidh, ar áitreabh cáilitheach a athfheistiú, measfar gur tabhaíodh é an dáta ba luaithe tar éis an caiteachas a thabhú iarbhír ar a bhfuil an t-áitreabh á úsáid mar theaghais.

(9) Níl feidhm ag an alt seo más rud é, maidir le caiteachas cáilitheach a tabhaíodh, nach mó é ná 10 faoin gcéad de mhargadhluach an fhoirgnimh, an déanmhais nó an tí díreach sular tabhaíodh an caiteachas sin.

(10) Féadfar achomharc a dhéanamh chuig na Coimisinéirí Achomhairc maidir le haon cheist a éireoidh faoin alt seo ar an tslí chéanna ar a bhféadfaí achomharc a dhéanamh in aghaidh measúnacht i leith cáin ioncaim, agus beidh feidhm dá réir sin ag na forálacha de na hAchtanna Cánach a bhaineann le hachomhairc.

Liúntais chaipitiúla i ndáil le háitreabh tráchtála áirithe a athchóiriú nó a athfheistiú.

372AAC.—(1) San alt seo—

ciallaíonn ‘athchóiriú’, i ndáil le foirgneamh nó déanmhas, aon obair athchóiriúcháin, athfhoirgníochta nó athnuachana, ina fhoirgneamh atá oiriúnach lena úsáid chun earraí a mhiondíol nó seirbhísí a sholáthar laistigh den Stát, agus laistigh den Stát amháin, agus folaíonn sé soláthar nó feabhsú saoráidí uisce, séarachais nó téacháin a dhéantar, nó cothabháil ar mhodh deisiúcháin;

ciallaíonn ‘forbróir maoine’ duine a sheolann trádáil arb é atá inti, go hiomlán nó go formhór, foirgnimh nó déanmhais a fhoirgniú nó a athfheistiú d’fhonn iad a dhíol;

ciallaíonn ‘caiteachas cáilitheach’ caiteachas caipitiúil arna thabhu ar áitreabh cáilitheach a athchóiriú nó a athfheistiú;

ciallaíonn ‘áitreabh cáilitheach’ foirgneamh nó déanmhas (nó cuid d’fhoirgneamh nó de dhéanmhas) a bhfuil a láithreán go hiomlán laistigh de limistéar athnuachana speisialta, agus—

(a) ar leith ón alt seo, nach foirgneamh nó déanmhas tionscail é de réir bhrí alt 268, agus

(b) is foirgneamh nó déanmhas—

(i) atá á úsáid chun earraí a mhiondíol, nó

(ii) i gcás go bhfuil feidhm ag fo-alt (3), atá á úsáid chun earraí a mhiondíol nó seirbhísí a sholáthar laistigh den Stát, agus laistigh den Stát amháin, nó

(iii) arna ligean ar théarmaí tráchtála *bona fide* le haghaidh na húsáide sin dá dtagraítear i bhfomhír (i) nó, de réir mar a bheidh, i bhfomhír (ii) agus ar cibé comaoin a bhféadfaí a bheith ag súil leis go

n-íocfaí í i leith ligean an fhoirgnimh nó an déanmhais arna chaibidil ar bhonn neamhthuilleamaíoch,

ach ní fholáíonn sé aon chuid d'fhoirgneamh nó de dhéanmhais atá in úsáid mar theach cónaithe nó mar chuid de theach cónaithe.

(2) (a) Faoi réir mhír (b) agus fho-ailt (3) go (8), maidir leis na forálacha de na hAchtanna Cánach a bhaineann le liúntais a thabhairt nó muirir a ghearradh i leith caiteachas caipitiúil arna thabhu ar fhoirgniú nó ar athfheistiú foirgnimh nó déanmhais tionscail, beidh feidhm acu, d'ainneoin aon ní dá mhalairt sna forálacha sin, i ndáil le caiteachas cáilitheach ar áitreabh cáilitheach—

(i) amhail is dá mba é a bheadh san áitreabh cáilitheach, gach uile thráth ar áitreabh cáilitheach é, foirgneamh nó déanmhais a bhfuil liúntas le tabhairt ina leith chun críocha cáin ioncaim nó cáin chorparáide, de réir mar a bheidh, faoi Chaibidil 1 de Chuid 9 mar gheall ar é a úsáid chun na críche a shonraítear in alt 268(1)(a), agus

(ii) i gcás nach trádáil aon ghníomhaíocht a sheoltar san áitreabh cáilitheach, amhail is dá mba thrádáil í (chun liúntais a thabhairt agus muirir a ghearradh de bhua fhomhír (i) agus chun na gcríoch sin amháin).

(b) Ní thabharfar liúntas de bhua an fho-ailt seo i ndáil le haon chaiteachas cáilitheach ar áitreabh cáilitheach ach amháin a mhéid a thabhaítear an caiteachas sin sa tréimhse cháilitheach.

(3) I gcás áitreabh cáilitheach ar cuid de theach Seoirseach é, ní bheidh feidhm ag fo-alt (2) ach amháin más rud é gurb é atá san áitreabh cáilitheach urlár na talún nó an t-íoslach agus go dtabhaítear caiteachas

cáilitheach (de réir bhrí alt 372AAB) ar urlár uachtarach nó urláir uachtaracha an fhoirgnimh, agus ar ina leith a tugadh asbhaint, nó a thabharfaí asbhaint ar éileamh cuí a dhéanamh, faoin alt sin.

(4) I ndáil le caiteachas cáilitheach arna thabhu sa tréimhse cháilitheach ar áitreabh cáilitheach, beidh feidhm ag alt 272 amhail is dá mba rud é—

(a) i bhfo-alt (3)(a)(ii) den alt sin, gur thagairt do 15 faoin gcéad í an tagairt do 4 faoin gcéad, agus

(b) i bhfo-alt (4)(a) den alt sin, go gcuirfí an méid seo a leanas in ionad fhomhír (ii):

‘(ii) i gcás go dtabhaítear caiteachas caipitiúil ar athchóiriú nó ar athfheistiú an fhoirgnimh nó an déanmhais, den tréimhse 7 mbliana dar tosach an tráth a úsáideadh an foirgneamh nó an déanmhas den chéad uair tar éis an caiteachas sin a thabhu.’

(5) D’ainneoin alt 274(1), ní thabharfar aon liúntas cothromaíochta, ná ní ghearrfar aon mhuirear cothromaíochta, i ndáil le háitreabh cáilitheach mar gheall ar aon teagmhas dá dtagraítear san alt sin agus a tharlóidh níos mó 7 mbliana tar éis an t-áitreabh cáilitheach a úsáid den chéad uair tar éis an caiteachas cáilitheach a thabhu ar athchóiriú nó athfheistiú an áitribh cháilithigh.

(6) Ní bheidh feidhm ag an alt seo i gcás nach mó caiteachas cáilitheach a tabhaíodh ná 10 faoin gcéad de mhargadhluach an fhoirgnimh, an déanmhais nó an tí díreach sular tabhaíodh an caiteachas sin.

(7) Chun cinneadh a dhéanamh, agus chuige sin amháin, i ndáil le héileamh ar liúntas de bhua fho-alt (2), cibé acu a thabhaítear nó nach dtabhaítear, agus a mhéid a thabhaítear, sa tréimhse cháilitheach, caiteachas caipitiúil a thabhaítear ar athchóiriú nó ar athfheistiú áitribh cháilithigh, ní dhéileálfar (d’ainneoin aon fhoráil eile de na hAchtanna Cánach maidir leis an tráth a dhéileáiltear nó a dhéileálfar le haon chaiteachas caipitiúil mar chaiteachas a

tabhaíodh) ach amháin le cibé méid den chaiteachas caipitiúil sin is inchurtha síos go cuí d'obair ar athchóiriú nó ar athfheistiú an áitribh a rinneadh iarbhír le linn na tréimhse cáilithí mar chaiteachas a tabhaíodh sa tréimhse sin.

(8) D'ainneoin aon fhoráil eile den alt seo, ní bheidh feidhm ag an alt seo i leith caiteachas cáilitheach arna thabhu ar áitreabh cáilitheach más rud é—

(a) (i) go bhfuil teideal ag forbróir maoiné, nó ag duine atá bainteach (de réir bhrí alt 10) leis an bhforbróir maoiné, chun an úis iomchuí, de réir bhrí alt 269, i ndáil leis an gcaiteachas sin, agus

(ii) gur thabhaigh ceachtar de na daoine dá dtagraítear i bhfomhír (i) an caiteachas cáilitheach ar an áitreabh cáilitheach sin, nó gur thabhaigh aon duine eile atá bainteach (de réir bhrí alt 10) leis an bhforbróir maoiné an caiteachas sin,

nó

(b) go ndearnadh nó go ndéanfar aon chuid den chaiteachas sin a íoc, go díreach nó go neamhdhíreach, trí chúnaimh deontais nó trí aon chúnaimh eile a dheonaíonn an Stát, aon bhord arna bhunú le reacht, aon údarás áitiúil poiblí nó aon ghníomhaireacht eile de chuid an Stáit, nó a dheonaítear tríd an gcéanna.

(9) I gcás go dtugtar faoiseamh de bhua an ailt seo i ndáil le caiteachas caipitiúil a tabhaíodh ar athchóiriú nó athfheistiú foirgnimh nó déanmhais, ní thabharfar faoiseamh i leith an chaiteachais sin faoi aon fhoráil eile de na hAchtanna Cánach.”,

(b) in alt 409F(2), trí “372AC, 372AD nó 372AAC” a chur in ionad “372AC nó 372AD” i mír (a) den mhíniú ar “liúntas caipitiúil limistéarbhunaithe”,

- (c) in alt 531AAE(1), trí “372AC, 372AD nó 372AAC” a chur in ionad “372AC nó 372AD” i mír (a) den mhíniú ar “liúntas caipitiúil limistéarbhunaithe”, agus
- (d) i Sceideal 25B, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an ní a leagtar amach os coinne uimhir thagartha 38:

“

38A.	Alt 372AAC (liúntais chaipitiúla i ndáil le háitreabh tráchtála áirithe a athchóiriú nó a athfheistiú)	Méid atá comhionann— (a) le méid comhiomlán na liúntas (lena n-áirítear liúntais chothromaíochta) a rinneadh leis an bpearsa aonair faoi Chaibidil 1 de Chuid 9 mar a chuirtear an Chaibidil sin chun feidhme faoi alt 372AAC, lena n-áirítear aon liúntas den sórt sin, nó cuid d’aon liúntais, a rinneadh leis an bpearsa aonair do bhliain chánach roimhe sin agus a tugadh ar aghaidh ón mbliain chánach roimhe sin de réir Chuid 9, nó (b) i gcás nár tugadh éifeacht iomlán i leith an chomhiomláin sin don bhliain chánach sin, leis an gcuid den chomhiomlán sin dár tugadh éifeacht iomlán don bhliain chánach sin de réir alt 278 agus alt 304 nó 305, de réir mar a bheidh, nó de réir aon cheann de na hailt sin arna chur chun feidhme nó arna mhodhnú le haon fhoráil eile de na hAchtanna Cánach.
------	--	--

”.

(2) Tagann an t-alt seo i ngníomh cibé lá a cheapfaidh an tAire Airgeadais le hordú.

31.—(1) Leasaítear an Príomh-Acht—

Dreasachtaí le haghaidh saoráidí seirbhísí eitleoireachta áirithe.

- (a) in alt 268(1), trí “nó” a scriosadh san áit dheireanach a bhfuil sé i mír (l) agus trí “mhaolaithigh, nó” a chur in ionad “mhaolaithigh,” i mír (m),
- (b) in alt 268(1), tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (m):

“(n) chun críocha trádáil arb é atá inti—

- (i) cothabháil, deisiú nó imchóiriú aerárthaí a úsáidtear chun paisinéirí nó lasta a iompar ar fruilíú nó ar luaíocht, nó
- (ii) díchóimeáil aerárthaí den chineál dá dtagraítear i bhfomhír (i), chun páirteanna nó ábhair a tharrtháil nó a athchúrsáil,”

- (c) in alt 268, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1E):

“(1F) I gcás go sealbhaíonn forbróir maoinne (de réir bhrí alt 843A) nó duine atá bainteach leis an bhforbróir maoinne an leas iomchuí i ndáil le caiteachas caipitiúil arna thabhtú ar fhoirgníú foirgnimh nó déanmhais atá á úsáid chun na críoch a shonraítear i bhfo-alt (1)(n), i gcás gur thabhtáigh ceachtar de na daoine sin an caiteachas caipitiúil ar fhoirgníú an fhoirgnimh nó an déanmhais sin, nó gur thabhtáigh aon duine eile atá bainteach leis an bhforbróir maoinne an caiteachas sin, ansin, d’ainneoin an fho-alt sin, ní mheasfar gur foirgneamh nó déanmhas tionscail chun críocha na Coda seo an foirgneamh sin nó an déanmhas sin, maidir le héileamh ar aon liúntas faoin gCuid seo ó aon duine den sórt sin, is cuma cé acu a shealbhaíonn an duine an leas iomchuí sin i gcáil aonair nó i gcomhar nó i gcomhpháirtíocht le duine eile nó le daoine eile.”

- (d) in alt 268(9), trí “agus” a scriosadh san áit dheireanach a bhfuil sé i mír (i) agus trí “nó dá éis, agus” a chur in ionad “nó dá éis.” i mír (j),

- (e) in alt 268(9), tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (j):

“(k) faoi threoir mhír (n), maidir le caiteachas caipitiúil arna thabhtú sa tréimhse dar tosach an dáta a thagann alt 31 den Acht Airgeadais, 2013 i ngníomh agus dar críoch 5 bliana tar éis an dáta sin.”

- (f) in alt 272(3), trí “agus” a scriosadh ag deireadh mhír (i) agus trí “i bhfo-alt (2)(c), agus” a chur in ionad “i bhfo-alt (2)(c).” i mír (j),

- (g) in alt 272(3), tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (j):

“(k) i ndáil le foirgneamh nó déanmhas atá le háireamh mar fhoirgneamh nó déanmhas tionscail de réir bhrí mhír (n) d’alt 268(1), le 15 faoin gcéad den chaiteachas dá dtagraítear i bhfo-alt (2)(c).”

- (h) in alt 272(4), trí “agus” a scriosadh ag deireadh mhír (i) agus trí “a thabhtú, agus” a chur in ionad “a thabhtú.” i mír (j),

- (i) in alt 272(4), tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (j):

“(k) i ndáil le foirgneamh nó déanmhas atá le háireamh mar fhoirgneamh nó déanmhas tionscail de réir bhrí mhír (n) d’alt 268(1)—

- (i) 7 mbliana dar tosach an tráth a úsáideadh an foirgneamh nó an déanmhas den chéad uair, nó
 - (ii) i gcás go dtabhaítear caiteachas caipitiúil ar athfheistiú an fhoirgnimh nó an déanmhais, 7 mbliana dar tosach an tráth a úsáideadh an foirgneamh nó an déanmhas den chéad uair tar éis an caiteachas sin a thabhu.”,
- (j) in alt 274(1)(b), trí “agus” a scriosadh ag deireadh fhomhír (viii) agus trí “a thabhu, agus” a chur in ionad “a thabhu.” i bhfomhír (ix)(II),
- (k) in alt 274(1)(b), tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (ix):
- “(x) i ndáil le foirgneamh nó déanmhas atá le háireamh mar fhoirgneamh nó déanmhas tionscail de réir bhrí mhír (n) d’alt 268(1)—
- (I) 7 mbliana tar éis an foirgneamh nó an déanmhas a úsáid den chéad uair, nó
 - (II) i gcás go dtabhaítear caiteachas caipitiúil ar athfheistiú an fhoirgnimh nó an déanmhais, 7 mbliana tar éis an foirgneamh nó an déanmhas a úsáid den chéad uair tar éis an caiteachas sin a thabhu.”,
- (l) in alt 316(2C), trí “i mír (d), (f), (g), (i) nó (k) d’alt 268(9), caiteachas caipitiúil ar fhoirgniú nó ar athfheistiú foirgnimh nó déanmhais dá dtagraítear i mír (g), (i), (j), (l) nó (n) d’alt 268(1),” a chur in ionad “i míreanna (d), (f), (g) agus (i) d’alt 268(9), caiteachas caipitiúil ar fhoirgniú nó ar athfheistiú foirgnimh nó déanmhais dá dtagraítear i míreanna (g), (i), (j) nó (l) d’alt 268(1),”
- (m) i Sceideal 25B, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh chlásal (VII) de mhír (a)(i) den ní a leagtar amach os coinne uimhir thagartha 13:
- “(VIII) alt 268(1)(n) (arna chur isteach leis an *Acht Airgeadais, 2013*),”
- agus
- (n) i Sceideal 25B, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh chlásal (VII) de mhír (a)(i) den ní a leagtar amach os coinne uimhir thagartha 15:
- “(VIII) alt 268(1)(n) (arna chur isteach leis an *Acht Airgeadais, 2013*),”.
- (2) Tagann an t-alt seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire Airgeadais le hordú nó le horduithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

Leasú ar Chaibidil 3 (oibleagáidí agus tuairisceáin eile) de Chuid 38 den Phríomh-Acht.

32.—Leasaítear Caibidil 3 de Chuid 38 den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 891D:

“An tOrdú um an gComhaontú chun Comhlíontacht Cánach a Fheabhsú agus chun Socrú a Dhéanamh maidir le Tuairisciú agus Malartú Faisnéise a bhaineann le Cúrsaí Cánach (Stáit Aontaithe Mheiriceá), 2013 (I.R. Uimh. 33 de 2013) a chur i ngníomh.

(2) Chun críocha an ailt seo agus na rialachán arna ndéanamh faoin alt seo—

ciallaíonn ‘Comhaontú’ an Comhaontú idir Rialtas na hÉireann agus Rialtas Stáit Aontaithe Mheiriceá maidir le Comhlíontacht Idirnáisiúnta Cánach a Fheabhsú agus FATCA a Chur i nGníomh arna dhéanamh i mBaile Átha Cliath an 21 Nollaig 2012;

ciallaíonn ‘údarás inniúil’ Rúnaí Stáitchiste Stáit Aontaithe Mheiriceá nó a thoscaire nó a toscaire;

ciallaíonn ‘clárú’ clárú le cibé comhlacht daoine, gníomhaireacht nó údarás a shonraítear i rialacháin faoin alt seo chun na críche;

ciallaíonn ‘foras airgeadais cláraithe’ foras airgeadais a chláraigh de réir na rialachán;

ciallaíonn ‘uimhir thagartha cánach’ uimhir aitheantais cáiníocóra de chuid na Stát Aontaithe.

(3) Ach amháin mar a fhoráiltear a mhalairt leis an alt seo nó leis na rialacháin arna ndéanamh faoin alt seo, agus mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt, beidh le focal nó le habairt a úsáidtear san alt seo nó sna rialacháin (nó san alt agus sna rialacháin) agus a úsáidtear sa Chomhaontú an bhrí céanna atá leis nó léi sa Chomhaontú.

(4) Féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim, le toiliú an Aire Airgeadais, rialacháin a dhéanamh faoin alt seo—

(a) lena gceanglófar ar fhorais airgeadais clárú in imthosca a shonrófar sna rialacháin (cibé acu faoi threoir an foras lena mbaineann a bheith in earnáil a shonrófar sna rialacháin nó imthosca a bheith ann thairis sin ina gceanglófar leis na rialacháin ar an bhforas lena mbaineann clárú),

(b) maidir le foras airgeadais cláraithe do thabhairt tuairisceán faisnéise ar chuntais a shealbhaíonn, a bhainistíonn nó a riarann an foras airgeadais sin (is cuntais atá in earnáil a shonrófar sna rialacháin nó a shonrófar thairis sin sna rialacháin mar chuntais is ábhar do thuairisceán den sórt sin), agus

- (c) maidir le foras airgeadais cláraithe do thabhairt tuairisceán faisnéise ar íocaíochtaí arna ndéanamh le foras airgeadais neamhrannpháirteach (is íocaíochtaí atá in earnáil a shonrófar sna rialacháin nó a shonrófar thairis sin sna rialacháin mar íocaíochtaí is ábhar do thuairisceán den sórt sin).

(5) Gan dochar do ghinearáltacht fho-alt (4), féadfaidh forálacha a bheith i rialacháin faoin alt seo—

- (a) lena sonrófar na teorainneacha ama nach mór d'fhorais airgeadais clárú laistigh díobh,
- (b) lena gceanglófar ar fhorais airgeadais chláraithe tuairisceán faisnéise a thabhairt i ndáil le cuntais intuairiscithe i leith na Stát Aontaithe,
- (c) lena leagfar amach na himthosca nach gceanglaítear ar fhoras airgeadais cláraithe tuairisceán a thabhairt iontu,
- (d) lena leagfar amach na himthosca ina ndéileálfar le forais airgeadais mar fhorais airgeadais neamhrannpháirteacha,
- (e) lena gcinnfear an dáta faoina dtabharfar do na Coimisinéirí Ioncaim tuairisceán a cheanglófar a thabhairt,
- (f) lena bhforordófar an modh ar a dtabharfar tuairisceáin,
- (g) lena sonrófar na cuntais nach ndéileáiltear leo mar chuntais airgeadais,
- (h) lena sonrófar na cuntais airgeadais is cuntais intuairiscithe i leith na Stát Aontaithe,
- (i) lena sonrófar an fhaisnéis a thuairisceofar i dtuairisceán ón bhforas airgeadais cláraithe, do na Coimisinéirí Ioncaim, i ndáil le cuntais intuairiscithe i leith na Stát Aontaithe agus, i gcás gur gá faisnéis éagsúil a thuairisciú le haghaidh blianta éagsúla, lena sonrófar an fhaisnéis a thuairisceofar le haghaidh gach ceann de na blianta sin,
- (j) lena sonrófar—
- (i) an t-airgeadra a gceanglaítear ar an bhforas airgeadais cláraithe tuairisciú ann, agus

- (ii) na rialacha i dtaca le méideanna, a ainmnítear in airgeadra eile, a chomhshó san airgeadra, dá dtagraítear i bhfomhír (i), chun críocha tuairisceán faoi na rialacháin,
- (k) lena gceanglófar ar fhorais airgeadais na cuntais airgeadais a shealbhaíonn daoine as na Stáit Aontaithe a shainaithe, ar daoine iad atá in earnáil a shonrófar sna rialacháin nó ar daoine iad thairis sin a sonrófar leis na rialacháin go bhfuil na cuntais airgeadais a shealbhaíonn siad ina n-ábhar do shainaithe den sórt sin,
- (l) lena sonrófar na taifid agus na doiciméid nach mór don fhoras airgeadais a scrúdú nó a fháil chun a chumasú don fhoras na cuntais airgeadais a shealbhaíonn daoine as na Stáit Aontaithe a shainaithe, ar daoine iad atá in earnáil a shonrófar sna rialacháin nó ar daoine iad thairis sin a sonrófar leis na rialacháin gur daoine iad nach mór an gníomh roimhe sin sa mhír seo a dhéanamh ina leith, agus, i gcás nach mór taifid nó doiciméid éagsúla a scrúdú nó a fháil in imthosca éagsúla, lena sonrófar na himthosca sin,
- (m) lena sonrófar ceanglais bhreise i ndáil le cuntais ardluacha a shealbhaíonn daoine as na Stáit Aontaithe atá in earnáil a shonrófar sna rialacháin nó ar daoine iad thairis sin a sonrófar leis na rialacháin go bhfuil na cuntais ardluacha a shealbhaíonn siad ina n-ábhar do cheanglais bhreise den sórt sin,
- (n) lena sonrófar na taifid agus na doiciméid a úsáidtear chun sealbhóir cuntais intuairiscithe i leith na Stát Aontaithe a shainaithe agus nach mór don fhoras airgeadais cláraithe iad a choinneáil,
- (o) lena sonrófar na cuntais airgeadais ar ina leith nach gceanglaítear ar an bhforas airgeadais an sealbhóir cuntais a shainaithe,
- (p) lena leagfar amach na himthosca ina gceanglaítear ar fhoras airgeadais cláraithe cuntais airgeadais a shealbhaíonn an phearsa aonair chéanna nó an t-eintiteas céanna a chomhiomlánú d'fhonn faisnéis maidir leis na cuntais sin a thuairisciú,

- (q) lena sonrúfar na gníomhartha a bheidh le déanamh ag foras airgeadais cláraithe i gcás go bhfuil athrú ar na himthosca maidir le sealbhóir cuntais airgeadais,
- (r) lena leagfar amach na coinníollacha faoina bhféadfaidh foras airgeadais tríú páirtí a cheapadh mar ghníomhaire dó chun na dualgais agus na hoibleagáidí a fhorchuirtear air leis na rialacháin a chomhlíonadh,
- (s) lena leagfar amach na himthosca inar cuntas intuairiscithe i leith na Stát Aontaithe cuntas a shealbhaíonn NFFE,
- (t) lena leagfar amach na himthosca ina bhféadfaidh foras airgeadais cláraithe tuairisceán nialais a thabhairt,
- (u) lena sonrúfar an fhaisnéis a bheidh le tuairisciú ag an bhforas airgeadais cláraithe i ndáil le híocaíochtaí arna ndéanamh le forais airgeadais neamhrannpháirteacha,
- (v) lena bhforchuirfear oibleagáid—
- (i) ar fhoras airgeadais uimhir thagartha cánach a fháil ó dhaoine, is daoine atá in earnáil a shonrófar sna rialacháin nó a sonrúfar thairis sin leis na rialacháin gur daoine iad nach mór an gníomh roimhe sin sa mhír seo a dhéanamh i ndáil leo agus—
- (I) a ndéanann an foras gaol conarthach leo, nó
- (II) a ndéanann an foras aon idirbheart a ghabháil de lámh dóibh,
- ar dháta a shonrófar sna rialacháin nó dá éis, ar dáta é nach luaithe ná tosach feidhme na rialachán (agus gairtear ‘custaiméirí’ de dhaoine den sórt sin sa mhír seo) chun an uimhir sin a chur san áireamh i dtuairisceán faoi na rialacháin, agus
- (ii) ar chustaiméirí a n-uimhir thagartha cánach a sholáthar d’fhoras airgeadais ar iarraidh a fháil ón bhforas airgeadais más rud é, ar dháta a shonrófar sna rialacháin nó dá éis—

- (I) go ndéanann na custaiméirí sin gaol conarthach leis an bhforas airgeadais, nó
 - (II) go ndéanann an foras airgeadais aon idirbheart a ghabháil de lámh do na custaiméirí sin,
- arb é atá iontu, faoi seach—
- (A) gaol a bhfuil de thoradh air cuntas airgeadais a oscailt, a oibriú, a riaradh nó a bhainistiú, nó
 - (B) idirbheart a éiríonn i ndáil le cuntas airgeadais,
- (w) lena míneofar ‘leabhair’ agus ‘taifid’ chun críocha na rialachán,
- (x) i ndáil le haon cheann de na nithe a shonraítear sna míreanna sin roimhe seo, lena gcinnfear an modh ar a gcoimeádfar taifid agus lena socrófar an tréimhse dá gcoinneofar taifid a choimeádfar amhlaidh,
- (y) lena gcumasófar oifigigh Ioncaim a údarú—
- (i) chun go gceanglóidh na hoifigigh sin—
 - (I) leabhair, taifid nó doiciméid eile a thabhairt ar aird,
 - (II) faisnéis, mínithe agus sonraí a sholáthar, agus
 - (III) ar dhaoine an chabhair sin go léir a thabhairt a theastóidh le réasún agus a shonrófar sna rialacháin,

i ndáil le cuntais airgeadais laistigh de cibé tréimhse ama a shonrófar sna rialacháin, agus
 - (ii) chun go ndéanfaidh na hoifigigh sin sleachta a thógáil as leabhair, taifid nó doiciméid eile nó cóipeanna a dhéanamh díobh nó a cheangal cóipeanna de na leabhair, de na taifid agus de na doiciméid sin a chur ar fáil,
- agus
- (z) lena sonrófar cibé nithe forlíontacha agus teagmhasacha is dóigh leis na Coimisinéirí Ioncaim is gá—

- (i) chun a chumasú do dhaoine a gcuid oibleagáidí faoi na rialacháin a chomhlíonadh, nó
- (ii) chun na rialacháin a riaradh agus a chur i ngníomh i gcoitinne, lena n-áirítear—
 - (I) an t-údarás a tharmligean chuig oifigeach Ioncaim chun aon ghníomhartha a dhéanamh agus aon fheidhmeanna a chomhlíonadh a údaraítear do na Coimisinéirí Ioncaim leis an alt seo nó leis na rialacháin a dhéanamh nó a chomhlíonadh, agus
 - (II) na Coimisinéirí Ioncaim d'údarú oifigigh Ioncaim chun aon chumhachtaí a fheidhmiú, aon ghníomhartha a dhéanamh nó aon fheidhmeanna a chomhlíonadh a thugtar leis an alt seo nó leis na rialacháin.

(6) Leagfar gach rialachán a dhéanfar faoin alt seo faoi bhráid Dháil Éireann a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus, má dhéanann Dáil Éireann, laistigh den 21 lá a shuífidh Dáil Éireann tar éis an rialachán a leagan faoina bráid, rún a rith ag neamhniú an rialacháin, beidh an rialachán ar neamhniú dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin rialachán.

(7) Féadfaidh oifigeach Ioncaim a bheidh údaráithe chun críche rialacháin faoin alt seo dul isteach gach tráth réasúnach in aon áitreabh nó áit ghnó de chuid forais airgeadais—

(a) chun a chinneadh—

- (i) an faisnéis chruinn iomlán faisnéis a bhí ar áireamh i dtuairisceán a thug an foras airgeadais faoi na rialacháin, nó
- (ii) maidir le faisnéis nach raibh ar áireamh i dtuairisceán den sórt sin, ar cheart gan í a áireamh amhlaidh,

nó

(b) chun scrúdú a dhéanamh ar na nósanna imeachta a chuir an foras airgeadais ar bun chun a chinntiú go gcomhlíonfar oibleagáidí an fhorais sin faoi na rialacháin.

(8) (a) Beidh feidhm ag alt 898O—

(i) maidir le mainneachtain ag foras airgeadais tuairisceán a sheachadadh a cheanglófar faoi rialacháin faoin alt seo, agus

(ii) maidir le tuairisceán míchruinn nó neamhiomlán a thabhairt faoi na rialacháin sin,

mar atá feidhm aige maidir le mainneachtain tuairisceán a sheachadadh nó maidir le tuairisceán míchruinn nó neamhiomlán a thabhairt dá dtagraítear in alt 898O.

(b) Aon duine—

(i) nach gcomhlíonann ceanglais oifigigh Ioncaim i bhfeidhmiú nó i gcomhlíonadh chumhachtaí nó dhualgais an oifigigh faoin alt seo nó faoi rialacháin arna ndéanamh faoin alt seo, nó

(ii) a fhágann aon cheanglas de chuid rialachán den sórt sin gan chomhlíonadh,

dlífear pionós €1,265 a chur air nó uirthi.

(9) Ní bheidh feidhm ag alt 4 den *Post Office Savings Bank Act* 1861 maidir le nochtadh faisnéise a cheanglófar a áireamh i dtuairisceán a thabharfar faoi na rialacháin a dhéanfar faoin alt seo agus, dá réir sin, beidh feidhm ag an alt seo maidir le faisnéis a mbeadh feidhm ag an alt sin 4 maidir léi murach an fo-alt seo.

(10) (a) D'ainneoin alt 851A, údaraítear do na Coimisinéirí Ioncaim faisnéis, atá i dtuairisceán a cheanglaítear a thabhairt faoi rialacháin faoin alt seo, a chur in iúl don údarás inniúil.

(b) Déanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim an fhaisnéis dá dtagraítear i mír (a) a chur in iúl don údarás inniúil tráth nach déanaí ná dul in éag do thréimhse 9 mí tar éis dheireadh na bliana cánach ina bhfaightear an tuairisceán.

(11) I gcás go ndéanann aon duine comhshocraíochtaí agus gurb é an príomhchuspóir, nó gur ceann de na príomhchuspóirí, atá leis na comhshocraíochtaí, nó le haon chuid díobh, aon cheann de na hoibleagáidí a fhorchuirtear leis an alt seo nó le rialacháin faoin alt seo a sheachaint, ansin beidh feidhm ag an alt seo agus ag na rialacháin sin

amhail is nach ndearnadh na comhshocraíochtaí nó an chuid sin de na comhshocraíochtaí.”

CAIBIDIL 5

Cáin Chorparáide

33.—(1) Leasaítear alt 440(1) den Phríomh-Acht, i mír (b)(i), trí “€2,000” a chur in ionad “€635” gach áit.

Leasú ar fhorhúir ar ioncam infheistíochta agus eastáit neamhdháilte agus ar ioncam neamhdháilte de chuid cuideachtaí seirbhíse.

(2) Leasaítear alt 441 den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (4)(b)(i), trí “€2,000” a chur in ionad “€635” gach áit, agus

(b) i bhfo-alt (6)(b)(ii), trí “(5A)” a chur in ionad “(5)” gach áit.

(3) Tá éifeacht le fo-alt (1) agus le fo-alt (2)(a) i ndáil le tréimhsí cuntasaíochta dar críoch an 1 Eanáir 2013 nó dá éis.

34.—(1) Leasaítear alt 486C den Phríomh-Acht—

Leasú ar alt 486C (faoiseamh ó cháin do chuideachtaí nua-thionscanta áirithe) den Phríomh-Acht.

(a) i bhfo-alt (2)(a), trí “at any time” a chur in ionad “in at any time” sa leagan Béarla,

(b) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

“(3) I gcás go seolann cuideachta trádáil cháilitheach i dtréimhse chuntasaíochta a bhfuil cuid di laistigh den tréimhse iomchuí i ndáil leis an trádáil cháilitheach sin, ansin, chun críocha an ailt seo, is é an t-ioncam ón trádáil cháilitheach don tréimhse chuntasaíochta sin méid an ioncaim ón trádáil cháilitheach don chuid sin den tréimhse chuntasaíochta agus déileálfar leis an gcuid sin den tréimhse chuntasaíochta mar thréimhse chuntasaíochta ar leithligh.”,

(c) i bhfo-alt (4)(a), trí “go hiomlán nó go páirteach” a scriosadh,

(d) i bhfo-alt (4)(b), trí “go hiomlán nó go páirteach” a scriosadh,

(e) i bhfo-alt (4)(c), trí “Chun críocha an fho-ailt seo agus fho-alt (4A)” a chur in ionad “Chun críocha an fho-ailt seo”,

(f) i bhfo-alt (4)(d), trí “Chun críocha an fho-ailt seo agus fho-alt (4A)” a chur in ionad “Chun críocha an fho-ailt seo”,

(g) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4):

“(4A) (a) San fho-alt seo—

ciallaíonn ‘tréimhse chuntasaíochta i ndiaidh na tréimhse iomchuí’, i ndáil le cuideachta a sheolann trádáil cháilitheach, tréimhse chuntasaíochta dar tosach dáta atá tar éis dheireadh na tréimhse iomchuí i ndáil leis an trádáil cháilitheach;

ciallaíonn ‘cáin chorparáide is inchurtha i leith na trádála cáilithí’, i ndáil le tréimhse chuntasaíochta de chuid cuideachta, an cháin chorparáide is iníoctha ag an gcuideachta don tréimhse chuntasaíochta, a mhéid is inchurtha í—

- (i) i leith ioncam ón trádáil cháilitheach don tréimhse chuntasaíochta sin, agus
 - (ii) i leith gnóchain inmhuirearaithe ar dhiúscairt sócmhainní iomchuí i ndáil leis an trádáil sa tréimhse chuntasaíochta sin.
- (b) (i) Más rud é, do thréimhse chuntasaíochta de chuid cuideachta atá laistigh den tréimhse iomchuí i ndáil le trádáil cháilitheach a sheolann an chuideachta—
- (I) nach mó an cháin chorparáide iomlán is iníoctha ag an gcuideachta don tréimhse chuntasaíochta ná an t-uasmhéid iomchuí íochtarach, agus
 - (II) gur mó an ranníocaíocht iomlán don tréimhse chuntasaíochta ná an cháin chorparáide is inchurtha i leith na trádála cáilithí don tréimhse chuntasaíochta sin,

beidh an méid (dá ngairtear ‘an chéad mhéid iomchuí’ i mír (c)) a bheidh sa bhreis dá dtagraítear i gclásal (II) ar fáil chun an cháin chorparáide is inchurtha i leith na trádála cáilithí do thréimhse chuntasaíochta i ndiaidh na tréimhse iomchuí a laghdú de réir an fho-ailt seo.

- (ii) Más rud é, do thréimhse chuntasaíochta de chuid cuideachta atá laistigh den tréimhse iomchuí i ndáil le trádáil cháilitheach a sheolann cuideachta—
- (I) gur mó an cháin chorparáide iomlán is iníoctha ag an gcuideachta don tréimhse chuntasaíochta ná an t-uasmhéid iomchuí íochtarach ach nach mó í ná an t-uasmhéid iomchuí uachtarach, agus
 - (II) gur mó an ranníocaíocht iomlán don tréimhse chuntasaíochta ná an cháin chorparáide is inchurtha i leith na trádála cáilithí don tréimhse chuntasaíochta sin,

maidir le méid (dá ngairtear ‘an dara méid iomchuí’ i mír (c)) a chinnfear de réir na foirmle seo a leanas:

$$[C - (3 \times (T - M) \times C/T)] - R$$

i gcás—

gurb é C an ranníocaíocht iomlán don tréimhse chuntasáíochta,

gurb é T an cháin chorparáide iomlán is iníoctha ag an gcuideachta don tréimhse chuntasáíochta,

gurb é M an t-uasmhéid iomchuí íochtarach, agus

gurb é R an méid faoisimh a bhfuil an chuideachta ina theideal faoi fho-alt (4)(b) don tréimhse chuntasáíochta,

beidh sé ar fáil chun an cháin chorparáide is inchurtha i leith na trádála cáilithí do thréimhse chuntasáíochta i ndiaidh na tréimhse iomchuí a laghdú de réir an fho-ailt seo.

(c) Chun críocha an fho-ailt seo, gairfear ‘comhiomlán sonraithe’ de chomhiomlán na méideanna uile arb éard iad—

(i) an chéad mhéid iomchuí, nó

(ii) an dara méid iomchuí,

más ann, do gach tréimhse chuntasáíochta atá laistigh den tréimhse iomchuí.

(d) (i) Faoi réir mhíreanna (e) agus (f), i gcás go seolann cuideachta trádáil cháilitheach i dtréimhse chuntasáíochta i ndiaidh na tréimhse iomchuí, déanfar an cháin chorparáide is inchurtha i leith na trádála cáilithí don tréimhse chuntasáíochta sin a laghdú den chomhiomlán sonraithe.

(ii) Faoi réir mhíreanna (e) agus (f), i gcás go ndéantar laghdú ar an gcáin chorparáide do thréimhse chuntasáíochta i ndiaidh na tréimhse iomchuí de bhua fhomhír (i) agus gur mó an comhiomlán sonraithe ná méid an laghdaithe sin, déanfar an cháin chorparáide is inchurtha i leith na trádála cáilithí don chéad tréimhse chuntasáíochta eile a laghdú de mhéid na breise sin agus, maidir leis an oiread sin den bhreis sin nach n-úsáidtear chun an cháin chorparáide sin a laghdú, úsáidfídh an chuideachta é ina dhiaidh sin chun an cháin chorparáide is inchurtha i leith na trádála cáilithí don tréimhse chuntasáíochta ina dhiaidh sin a laghdú agus mar sin de do gach tréimhse chuntasáíochta ina dhiaidh sin.

(e) Maidir le trádáil cháilitheach a sheolann cuideachta, ní mó an méid dá bhféadfar an cháin chorparáide is inchurtha i leith na trádála cáilithí do thréimhse chuntasáíochta i ndiaidh

na tréimhse iomchuí a laghdú faoin bhfo-alt seo ná an méid is lú díobh seo a leanas—

(i) an cháin chorparáide sin, agus

(ii) an ranníocaíocht iomlán,

don tréimhse chuntasaíochta sin.

(f) Maidir leis an oiread sin de chomhiomlán sonraithe a úsáideann cuideachta chun cáin chorparáide a laghdú faoin bhfo-alt seo, ní úsáidfear amhlaidh é ach aon uair amháin.”

(h) i bhfo-alt (5), trí “i bhfo-ailt (4) agus (4A)” a chur in ionad “i bhfo-alt (4)”, agus

(i) i bhfo-alt (7), trí “faoi fho-ailt (4) agus (4A)” a chur in ionad “faoi fho-alt (4)”.

(2) Tá éifeacht le *míreanna (e)* go *(i) d’fho-alt (1)* maidir le haon chéad mhéid iomchuí nó maidir le haon dara méid iomchuí (iad araon de réir bhrí alt 486C den Phríomh-Acht (arna leasú le *fo-alt (1)*)) do thréimhsí cuntasafóchta dar críoch an 1 Eanáir 2013 nó dá éis.

Leasú ar alt 288 (líuntais chothromaíochta agus muirir chothromaíochta) den Phríomh-Acht.

35.—(1) Leasaítear alt 288 den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (3C), trí “5 bliana” a chur in ionad “10 mbliana”.

(2) Tá feidhm ag an alt seo maidir le caiteachas a thabhaíonn cuideachta tar éis an 13 Feabhra 2013.

Leasú ar alt 226 (deontais fostaíochta agus fóirdheontais earcaíochta áirithe) den Phríomh-Acht agus ar Sceideal 4 (comhlachtaí státionscanta neamhthráchtála sonraithe a dhíolmhú ó fhorálacha áirithe cánach) a ghabhann leis.

36.—(1) Leasaítear alt 226 den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (1)—

(a) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (d):

“(dd) maidir le deontais nó fóirdheontais arna n-íoc an 1ú lá de Mheán Fómhair 2005, faoin Scéim Fóirdheontais Pá, ar scéim í a riarann an Roinn Coimírce Sóisialaí,”

agus

(b) trí mhír (e) a scriosadh.

(2) Leasaítear Sceideal 4 a ghabhann leis an bPríomh-Acht—

(a) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír 83A:

“83B.—Cumann Cógaiseoirí na hÉireann.”

agus

(b) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír 91:

“91A.—Fondúireacht Eolaíochta Éireann.”

(3) (a) Meastar gur tháinig *mír (a) d’fho-alt (2)* i bhfeidhm agus go raibh éifeacht léi amhail ar an agus ón 22 Bealtaine 2007.

- (b) Meastar gur tháinig *mír (b) d'fho-alt (2)* i bhfeidhm agus go raibh éifeacht léi amhail ar an agus ón 25 Iúil 2003.

37.—(1) Leasaítear alt 396B den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (5)—

Leasú ar alt 396B (faoiseamh i leith cailteanas trádála áirithe ar bhonn luacha) den Phríomh-Acht.

- (a) trí “Faoi réir mhír (b), i gcás go ndéanann cuideachta” a chur in ionad “I gcás go ndéanann cuideachta”,
- (b) tríd an bhforáil láithreach a athuimhriú mar mhír (a) den fho-alt sin, agus
- (c) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (a):

“(b) (i) Sa mhír seo, ciallaíonn ‘méid iomchuí’ méid (nach méid é a thabhaigh cuideachta chun críocha trádáil a sheolann sí) is méid muirear ar ioncam, caiteachais bhainistíochta nó méid eile (nach liúntas é dá dtugtar éifeacht faoi alt 308(4)) is inasbhainte as brabúis de bhreis agus tuairisc amháin nó a bhféadfar déileáil leis mar mhéid a laghdaíonn brabúis den sórt sin.

(ii) Chun críocha mhír (a), más rud é, maidir le tréimhse chuntasaíochta de chuid cuideachta, go bhfuil méid iomchuí inasbhainte as brabúis de bhreis agus tuairisc amháin, nó go bhféadfar déileáil leis mar mhéid a laghdaíonn brabúis den sórt sin, measfar gurb é an méid dá laghdófar cáin chorparáide de bhua fho-alt (3) an méid dá laghdófaí é dá mba rud é nach raibh aon mhéid iomchuí inasbhainte amhlaidh nó nach ndéileálfaí leis amhlaidh.”.

(2) Tá feidhm ag an alt seo maidir le tréimhsí cuntasaíochta dar tosach an 1 Eanáir 2013 nó dá éis.

38.—(1) Leasaítear alt 411 den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (1), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (c):

Leasú ar alt 411 (géilleadh faoisimh idir comhaltaí grúpaí agus comheagras) den Phríomh-Acht.

“(c) Le linn cinneadh a dhéanamh, chun críocha an ailt seo agus na bhforálacha seo a leanas den Chaibidil seo, i dtaobh an fochuideachta 75 faoin gcéad de chuid cuideachta eile cuideachta áirithe (dá ngairtear ‘an chuideachta chéadluaite’ sa mhír seo)—

(i) déileálfar leis an gcuideachta eile mar chuideachta nach úinéir—

(I) ar aon scairchaipiteal atá ar úinéireacht aici go díreach i gcuideachta dá ndéileálfar le brabús ar na scaireanna a dhíol mar fháltas trádála de chuid a trádála,

(II) ar aon scairchaipiteal atá ar úinéireacht aici go neamhdhíreach agus atá ar úinéireacht go díreach ag cuideachta arbh fháltas

trádála di brabús ar na scaireanna a dhíol,
nó

- (III) ar aon scairchaipiteal atá ar úinéireacht aici go díreach nó go neamhdhíreach i gcuideachta nach cuideachta a bhfuil, de bhua dlí críche iomchuí, cónaí uirthi chun críocha cánach i gcríoch iomchuí den sórt sin,

agus

- (ii) ní dhéileálfar leis an gcuideachta chéadluaite mar fhochuideachta 75 faoin gcéad de chuid na cuideachta eile mura rud é—
- (I) go bhfuil, de bhua dlí críche iomchuí, cónaí ar an gcuideachta eile sin chun críocha cánach i gcríoch iomchuí den sórt sin, nó
- (II) go ndéantar príomhaicme scaireanna na cuideachta eile sin nó, i gcás gur fochuideachta 75 faoin gcéad de chuid cuideachta eile an chuideachta, go ndéantar príomhaicme scaireanna na cuideachta eile sin, a thrádáil go substaintiúil agus go rialta ar stocmhalartán sa Stát, ar stocmhalartán aitheanta amháin nó níos mó i gcríoch iomchuí nó i gcríocha iomchuí nó ar cibé stocmhalartán eile a cheadóidh an tAire Airgeadais chun críocha Chaibidil 8A de Chuid 6.”.
- (2) (a) Faoi réir *mhír (b)*, tá feidhm ag an alt seo maidir le tréimhsí cuntasáiochta dar críoch an 1 Eanáir 2013 nó dá éis.
- (b) Ní bheidh éifeacht leis an alt seo i ndáil le cinneadh a dhéanamh maidir leis an méid caillteanais nó leis an méid eile a bheidh ar fáil lena ghéilleadh faoi alt 411(2) den Phríomh-Acht do tréimhse chuntasáiochta a thosaíonn roimh an 1 Eanáir 2013 agus a chríochnaíonn tar éis an dáta sin a mhéid atá an caillteanas nó an méid eile inchurtha i leith an chuid den tréimhse chuntasáiochta atá ann roimh an 1 Eanáir 2013.
- (c) Aon chionroinnt is gá chun éifeacht a thabhairt do *mhír (b)*, déanfar í de réir alt 4(6) den Phríomh-Acht.

An ráta cánach cúí do chuideachtaí.

39.—(1) Leasaítear an Príomh-Acht in alt 730F—

- (a) i bhfo-alt (1), trí “Faoi réir fho-alt (1B), san alt seo” a chur in ionad “San alt seo”, agus
- (b) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1A):

“(1B) I gcás gur cuideachta an sealbhóir polasaí—

- (a) ní bheidh feidhm ag an ráta a shonraítear i bhfo-alt (1)(a)(i) mura ndearna an sealbhóir polasaí an dearbhú dá dtagraítear i mír (b), agus

(b) beidh feidhm ag an ráta a shonraítear i bhfo-alt (1)(a)(ii) mura bhfuil dearbhú ón sealbhóir polasaí i seilbh na cuideachta árachais saoil, díreach roimh an teagmhas inmhuirearaithe, á rá gur cuideachta an sealbhóir polasaí ar dearbhú é a bhfuil uimhir thagartha cánach (de réir bhrí alt 891B(1)) na cuideachta ar áireamh ann.”.

(2) Leasaítear an Príomh-Acht in alt 739D—

(a) i bhfo-alt (5A), trí “Faoi réir fho-alt (5AA), is é an méid” a chur in ionad “Is é an méid”, agus

(b) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (5A):

“(5AA) I gcás gur cuideachta an sealbhóir aonad—

(a) ní bheidh feidhm ag an bhfoirmle a shonraítear i bhfo-alt (5A)(a) mura ndearna an sealbhóir aonad an dearbhú dá dtagraítear i mír (b), agus

(b) beidh feidhm ag an bhfoirmle a shonraítear i bhfo-alt (5A)(b) mura bhfuil dearbhú ón sealbhóir aonad i seilbh an ghnóthais infheistíochta, díreach roimh an teagmhas inmhuirearaithe, á rá gur cuideachta an sealbhóir aonad ar dearbhú é a bhfuil uimhir thagartha cánach (de réir bhrí alt 891B(1)) na cuideachta ar áireamh ann.”.

(3) Leasaítear an Príomh-Acht in alt 739E—

(a) i bhfo-alt (1), trí “Faoi réir fho-alt (1B), san alt seo” a chur in ionad “San alt seo”, agus

(b) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1A):

“(1B) I gcás gur cuideachta an sealbhóir aonad—

(a) ní bheidh feidhm ag an ráta a shonraítear i mír (a)(i) nó i mír (b)(i), de réir mar a bheidh, d’fho-alt (1) mura ndearna an sealbhóir aonad an dearbhú dá dtagraítear i mír (b), agus

(b) beidh feidhm ag an ráta a shonraítear i mír (a)(ii) nó i mír (b)(ii), de réir mar a bheidh, d’fho-alt (1) mura bhfuil dearbhú ón sealbhóir aonad i seilbh an ghnóthais infheistíochta, díreach roimh an teagmhas inmhuirearaithe, á rá gur cuideachta an sealbhóir aonad ar dearbhú é a bhfuil uimhir thagartha cánach (de réir bhrí alt 891B(1)) na cuideachta ar áireamh ann.”.

40.—(1) Leasaítear an Príomh-Acht in alt 730F(1)—

(a) i mír (a)(ii), trí “36 faoin gcéad” a chur in ionad “33 faoin gcéad”, agus

Polasaithe árachais saoil agus cistí infheistíochta.

- (b) i mír (b), trí “(S + 36) faoin gcéad” a chur in ionad “(S + 33) faoin gcéad”.
- (2) Leasaítear an Príomh-Acht in alt 730J—
- (a) i mír (a)(i)(I), trí “33 faoin gcéad” a chur in ionad “30 faoin gcéad”,
- (b) i mír (a)(i)(II)(A), trí “(S + 36) faoin gcéad” a chur in ionad “(S + 33) faoin gcéad”.
- (c) i mír (a)(i)(II)(B), trí “36 faoin gcéad” a chur in ionad “33 faoin gcéad”, agus
- (d) i mír (a)(ii)(I), trí “(H + 33) faoin gcéad” a chur in ionad “(H + 30) faoin gcéad”.
- (3) Leasaítear an Príomh-Acht in alt 730K(1)—
- (a) i mír (a), trí “(S + 36) faoin gcéad” a chur in ionad “(S + 33) faoin gcéad”, agus
- (b) i mír (b), trí “36 faoin gcéad” a chur in ionad “33 faoin gcéad”.
- (4) Leasaítear an Príomh-Acht i gCaibidil 1A de Chuid 27—
- (a) in alt 739D(5A), san fhoirmle i mír (b), trí “(G x 36)” a chur in ionad “(G x 33)”, agus
- (b) in alt 739E(1)—
- (i) i mír (a)(ii), trí “33 faoin gcéad” a chur in ionad “30 faoin gcéad”,
- (ii) i mír (b)(ii), trí “36 faoin gcéad” a chur in ionad “33 faoin gcéad”, agus
- (iii) i mír (ba), trí “(S + 36) faoin gcéad” a chur in ionad “(S + 33) faoin gcéad”.
- (5) Leasaítear an Príomh-Acht i gCaibidil 4 de Chuid 27—
- (a) in alt 747D(a)(i)(I)—
- (i) i bhfochlásal (A), trí “(S + 36) faoin gcéad” a chur in ionad “(S + 33) faoin gcéad”, agus
- (ii) i bhfochlásal (B), trí “33 faoin gcéad” a chur in ionad “30 faoin gcéad”,
- (b) in alt 747D(a)(i)(II)—
- (i) i bhfochlásal (A), trí “(S + 36) faoin gcéad” a chur in ionad “(S + 33) faoin gcéad”, agus
- (ii) i bhfochlásal (B), trí “36 faoin gcéad” a chur in ionad “33 faoin gcéad”,
- (c) in alt 747D(a)(ii)(I), trí “(H + 33) faoin gcéad” a chur in ionad “(H + 30) faoin gcéad”, agus
- (d) in alt 747E(1)(b)—

- (i) i bhfomhír (i), trí “(S + 36) faoin gcéad” a chur in ionad “(S + 33) faoin gcéad”, agus
 - (ii) i bhfomhír (ii), trí “36 faoin gcéad” a chur in ionad “33 faoin gcéad”.
- (6) (a) Tá feidhm ag *fo-alt (1)*, agus tá éifeacht leis, maidir le teagmhas inmhuirearaithe do tharlú i ndáil le polasaí saoil (de réir bhrí Chaibidil 5 de Chuid 26 den Phríomh-Acht) an 1 Eanáir 2013 nó dá éis.
- (b) Tá feidhm ag *fo-alt (2)*, agus tá éifeacht leis, maidir le duine d’fháil íocaíocht i leith polasaí saoil coigríche (de réir bhrí Chaibidil 6 de Chuid 26 den Phríomh-Acht) an 1 Eanáir 2013 nó dá éis.
- (c) Tá feidhm ag *fo-alt (3)*, agus tá éifeacht leis, maidir le polasaí saoil coigríche (de réir bhrí Chaibidil 6 de Chuid 26 den Phríomh-Acht) a dhiúscairt go hiomlán nó go páirteach an 1 Eanáir 2013 nó dá éis.
- (d) Tá feidhm ag *fo-alt (4)*, agus tá éifeacht leis, maidir le teagmhas inmhuirearaithe do tharlú i ndáil le gnóthas infheistíochta (de réir bhrí alt 739B(1) den Phríomh-Acht) an 1 Eanáir 2013 nó dá éis.
- (e) Tá feidhm ag míreanna (a) go (c) *d’fho-alt (5)*, agus tá éifeacht leo, maidir le duine d’fháil íocaíocht i leith leas ábhartha i gciste eischósta (de réir bhrí Chaibidil 4 de Chuid 27 den Phríomh-Acht) an 1 Eanáir 2013 nó dá éis.
- (f) Tá feidhm ag *mír (d) d’fho-alt (5)*, agus tá éifeacht léi, maidir le duine do dhiúscairt leas ábhartha i gciste eischósta (de réir bhrí Chaibidil 4 de Chuid 27 den Phríomh-Acht) go hiomlán nó go páirteach an 1 Eanáir 2013 nó dá éis.

41.—Leasaítear an Príomh-Acht—

Iontaobhais IER.

- (a) in alt 153, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh *fho-alt (4)*:
- “(4A) Ní bheidh feidhm ag *fo-alt (4)* maidir le díbhinn ioncaim maoinne (de réir bhrí alt 705A).”,
- (b) in alt 172D, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh *fho-alt (3A)*:
- “(3B) Ní bheidh feidhm ag *fo-ailt (2)* ná (3) maidir le díbhinn ioncaim maoinne (de réir bhrí alt 705A).”,
- agus
- (c) tríd an gCuid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh Chuid 25:

“CUID 25A

IONTAOBHAIS INFHEISTÍOCHTA EASTÁIT RÉADAIGH

Léiriú agus feidhm.

705A.—Sa Chuid seo—

ciallaíonn ‘ioncam comhiomlán’, i ndáil le cuideachta nó grúpa, brabúis chomhiomlána na cuideachta nó an ghrúpa, de réir mar a bheidh—

- (a) arna laghdú de ghlánghnóchain chomhiomlána na cuideachta nó an ghrúpa, de réir mar a bheidh, i gcás go n-éiríonn glánghnóchain chomhiomlána, nó
- (b) arna méadú de ghlancaillteanais na cuideachta nó an ghrúpa, de réir mar a bheidh, i gcás go n-éiríonn glancaillteanais chomhiomlána;

ciallaíonn ‘glánghnóchain chomhiomlána’, i ndáil le cuideachta nó grúpa, an méid dar mó comhshuim na ngnóchain a aithnítear le linn brabúis chomhiomlána na cuideachta nó an ghrúpa, de réir mar a bheidh, a ríomh ar gnóchain iad a éiríonn ar mhaoin infheistíochta nó sócmhainní neamhreacha eile a athluacháil nó a dhiúscairt, ná comhshuim na gcaillteanas a aithnítear amhlaidh, ar caillteanas iad a éiríonn ar an athluacháil sin nó ar an diúscairt sin;

ciallaíonn ‘glancaillteanais chomhiomlána’, i ndáil le cuideachta nó grúpa, an méid dar mó comhshuim na gcaillteanas a aithnítear le linn brabúis chomhiomlána na cuideachta nó an ghrúpa, de réir mar a bheidh, a ríomh ar caillteanas iad a éiríonn ar mhaoin infheistíochta nó sócmhainní neamhreacha eile a athluacháil nó a dhiúscairt, ná comhshuim na ngnóchain a aithnítear amhlaidh, ar gnóchain iad a éiríonn ar an athluacháil sin nó ar an diúscairt sin;

ciallaíonn ‘brabúis chomhiomlána’, i ndáil le cuideachta nó grúpa, an brabús a luaitear i gcuntais na cuideachta nó i gcuntais chomhdhlúite an ghrúpa, de réir mar a bheidh, ar cuntais iad arna ndéanamh suas de réir caighdeán chuntasafóchta iomchuí, nó, i gcás nach ndearnadh suas na cuntais sin nó na cuntais chomhdhlúite sin, de réir mar a bheidh, na brabúis a luafaí amhlaidh dá ndéanfaí suas na cuntais sin nó na cuntais chomhdhlúite sin, de réir mar a bheidh, de réir na gcaighdeán sin;

ciallaíonn ‘oifigeach údaraithe’ oifigeach do na Coimisinéirí Ioncaim atá údaraithe acu i

scríbhinn chun na cumhachtaí a thugtar leis an gCuid seo a fheidhmiú;

forléireofar ‘rialú’ de réir alt 432;

tá le ‘dáileadh’ an bhrí chéanna atá leis sna hAchtanna Cánach Corparáide;

ciallaíonn ‘grúpa’ grúpa cuideachtaí arb é atá ann cuideachta shealbhaíochta agus na fochuideachtaí atá ar lánúinéireacht aici agus déanfar tagairt do chomhalta den ghrúpa a fhorléiriú mar thagairt d’aon chuideachta sa ghrúpa;

ciallaíonn ‘Grúpiontaobhas Infheistíochta Eastáit Réadaigh’ grúpa, i gcás—

(a) maidir le príomhchuideachta an ghrúpa sin:

(i) gur thug sí fógra faoi alt 705E, agus

(ii) go gcomhlíonann sí na coinníollacha atá in alt 705B(1)(a),

agus

(b) go gcomhlíonann an grúpa na coinníollacha atá in alt 705B(1)(b),

agus forléireofar aon tagairtí do ‘Grúpiontaobhas IER’ dá réir sin;

ciallaíonn ‘cuideachta shealbhaíochta’ cuideachta a shealbhaíonn cuideachta eile mar fochuideachta atá ar lánúinéireacht aici agus, chun críche an mhíne seo agus chun críche an mhíne díreach roimhe seo, beidh cuideachta ina fochuideachta atá ar lánúinéireacht ag cuideachta eile más rud é go bhfuil, agus fad atá, 100 faoin gcéad dá gnáthscairchaipiteal ar úinéireacht go díreach ag an gcuideachta eile sin;

forléireofar ‘margadhluach’ de réir alt 548;

ciallaíonn ‘príomhchuideachta’ an chuideachta laistigh de ghrúpa a thugann fógra do na Coimisinéirí Ioncaim faoi alt 705E(2);

ciallaíonn ‘ioncam maoine’, i ndáil le cuideachta nó grúpa, brabúis mhaoine na cuideachta nó an ghrúpa, de réir mar a bheidh—

(a) arna laghdú de ghlánghnóchain mhaoine na cuideachta nó an ghrúpa, de réir mar a bheidh, i gcás go n-éiríonn glánghnóchain mhaoine, nó

- (b) arna méadú de ghlanchailteanais mhaoine na cuideachta nó an ghrúpa, de réir mar a bheidh, i gcás go n-éiríonn glanchailteanais mhaoine;

ciallaíonn ‘díbhinn ioncain maoine’ díbhinn a íocann Iontaobhas IER nó príomhchuideachta Grúpiontaobhais IER, de réir mar a bheidh, as a ioncam maoine nó as a hioncam maoine;

ciallaíonn ‘glanhnóchain mhaoine’, i ndáil le cuideachta nó grúpa, an méid dar mó comhshuim na ngnóchan a aithnítear le linn brabúis chomhiomlána na cuideachta nó an ghrúpa, de réir mar a bheidh, a ríomh ar gnóchain iad a éiríonn ar athluacháil nó ar dhiúscairt maoine infheistíochta nó sócmhainní neamhreacha eile is sócmhainní de chuid an ghnó cíosa maoine, ná comhshuim na gcaillteanas a aithnítear amhlaidh, ar caillteanais iad a éiríonn ar an athluacháil sin nó ar an diúscairt sin;

ciallaíonn ‘glanchailteanais mhaoine’, i ndáil le cuideachta nó grúpa, an méid dar mó comhshuim na gcaillteanas a aithnítear le linn brabúis chomhiomlána na cuideachta nó an ghrúpa, de réir mar a bheidh, a ríomh ar caillteanais iad a éiríonn ar athluacháil nó ar dhiúscairt maoine infheistíochta nó sócmhainní neamhreacha eile is sócmhainní de chuid an ghnó cíosa maoine, ná comhshuim na ngnóchan a aithnítear amhlaidh, ar gnóchain iad a éiríonn ar an athluacháil sin nó ar an diúscairt sin;

ciallaíonn ‘brabúis mhaoine’, i ndáil le cuideachta nó grúpa, méid arb é an méid is lú díobh seo a leanas é—

- (a) an méid arb é éard é brabúis chomhiomlána na cuideachta nó an ghrúpa, de réir mar a bheidh, dá dtabharfaí neamhaird ar an ngnó iarmhair, más ann, atá ag an gcuideachta nó ag an ngrúpa, de réir mar a bheidh, agus
- (b) brabúis chomhiomlána na cuideachta sin nó an ghrúpa sin, de réir mar a bheidh;

ciallaíonn ‘gnó cíosa maoine’ gnó a sheolann Iontaobhas IER nó Grúpiontaobhas IER, de réir mar a bheidh, chun ioncam maoine a ghiniúint sa Stát nó lasmuigh den Stát, agus chun na críche sin amháin, agus, chun críche an mhínithe seo, déileálfar le gnóthaí den sórt sin de chuid grúpa mar aon ghnó amháin;

ciallaíonn ‘infheisteoir cáilitheach’ i ndáil le hIontaobhas IER nó Grúpiontaobhas IER, de réir mar a bheidh—

(a) gnóthas infheistíochta de réir bhrí alt 739B(1), nó

(b) duine dá dtagraítear i mír (a), (b), (f) nó (ka) d’alt 739D(6);

ciallaíonn ‘Iontaobhas Infheistíochta Eastáit Réadaigh’ cuideachta—

(a) a thug fógra faoi alt 705E, agus

(b) a chomhlíonann na coinníollacha atá in alt 705B(1),

agus forléireofar aon tagairtí do ‘Iontaobhas IER’ dá réir sin;

ciallaíonn ‘stocmhalartán aitheanta’ stocmhalartán i mBallstát, ar stocmhalartán é—

(a) a ndéanann údarás rialála cuí an Bhallstáit sin é a rialáil, agus

(b) seachas i gcás Stocmhalartán na hÉireann, ag a bhfuil an t-aitheantas céanna, go substaintiúil, sa Bhallstát sin atá ag Stocmhalartán na hÉireann sa Stát;

tá le ‘caighdeáin chuntasaíochta iomchuí’ an bhrí a shanntar dó i Sceideal 17A;

ciallaíonn ‘ioncam cíosa’ aon mhuirear cíosa nó íocaíocht ar mhodh cíosa i leith na nithe seo a leanas—

(a) áitreabh cónaithe de réir bhrí alt 96(1), agus

(a) aon fhoirgneamh seachas áitreabh cónaithe den sórt sin;

ciallaíonn ‘gnó iarmhair’, i ndáil le hIontaobhas IER nó Grúpiontaobhas IER, aon ghnó a sheolann an tIontaobhas IER nó an Grúpiontaobhas IER, de réir mar a bheidh, nach gnó cíosa maoine é;

ciallaíonn ‘tréimhse chuntasaíochta shonraithe’ an tréimhse chuntasaíochta ina ndéanann an chuideachta nó an phríomhchuideachta, de réir mar a bheidh, fógra a thabhairt faoi alt 705E;

ciallaíonn ‘fiach sonraithe’ aon fhiach a thabhaíonn Iontaobhas IER nó Grúpiontaobhas IER i leith airgead a fhaigheann an tIontaobhas IER nó an

Grúpiontaobhas IER, de réir mar a bheidh, ar iasacht nó i leith airgead arna airleacan chuig an Iontaobhas IER nó chuig an nGrúpiontaobhas IER, de réir mar a bheidh;

tá le ‘dáta tuairisceáin sonraithe don tréimhse chuntasaíochta’ an bhrí chéanna atá leis in alt 959A;

ciallaíonn ‘na hAchtanna’ na hAchtanna Cánach agus na hAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil.

Coinníollacha maidir le fógra faoi alt 705E.

705B.—(1) Faoi réir fho-ailt (2) agus (3), beidh ráiteas san fhógra dá dtagraítear in alt 705E á rá—

- (a) go gcomhlíonfar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas, i ndáil le hIontaobhas IER nó príomhchuideachta Grúpiontaobhais IER, de réir mar a bheidh, i gcaitheamh na tréimhse cuntasaíochta sonraithe, eadhon—
 - (i) go bhfuil cónaí air nó uirthi sa Stát agus nach bhfuil cónaí air nó uirthi i gcríoch eile,
 - (ii) go bhfuil sé nó sí corpraithe faoi Achtanna na gCuideachtaí,
 - (iii) go bhfuil a scaireanna liostaithe ar phríomh-mhargadh stocmhalartáin aitheanta i mBallstát, agus
 - (iv) nach dlúthchuideachta de réir bhrí Chaibidil 1 de Chuid 13 é nó í,

agus

- (b) go bhfuil ionchas réasúnach ann go gcomhlíonfar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas, i ndáil le hIontaobhas IER nó Grúpiontaobhas IER, de réir mar a bheidh, ag deireadh na tréimhse cuntasaíochta sonraithe, eadhon—
 - (i) go bhfaighfear 75 faoin gcéad ar a laghad d’ioncam comhiomlán an Iontaobhais IER nó an Ghrúpiontaobhais IER as gnó cíosa maoiné a sheoladh,

- (ii) go seolfaidh sé gnó cíosa maoiné ina bhfuil trí mhaoín ar a laghad nach mó margadhluach aon cheann díobh ná 40 faoin gcéad de mhargadhluach iomlán na maoiné arb iad an gnó cíosa maoiné iad,
- (iii) go gcoimeádfaidh sé cóimheas costas maoinithe maoiné (de réir bhrí alt 705H(1)) 1.25:1 ar a laghad,
- (iv) go mbainfidh 75 faoin gcéad ar a laghad de mhargadhluach comhiomlán shócmhainní an Iontaobhais IER nó an Ghrúpiontaobhais IER le sócmhainní de chuid gnó cíosa maoiné an Iontaobhais IER nó an Ghrúpiontaobhais IER, de réir mar a bheidh,
- (v) go gcinnteoidh sé nach mó comhiomlán an fhéich shonraithe ná méid atá comhionann le 50 faoin gcéad de mhargadhluach comhiomlán shócmhainní ghnó nó ghnóthaí an Iontaobhais IER nó an Ghrúpiontaobhais IER, de réir mar a bheidh, agus
- (vi) faoi réir cúlchistí indáilte leordhóthanacha a bheith aige, go ndáilfidh sé ar scairshealbhóirí an Iontaobhais IER nó ar scairshealbhóirí príomhchuideachta an Ghrúpiontaobhais IER, de réir mar a bheidh, 85 faoin gcéad ar a laghad den ioncam maoiné do gach tréimhse chuntasaíochta de chuid an Iontaobhais IER nó an Ghrúpiontaobhais IER, de réir mar a bheidh, mar dhíbhinn ioncaim maoiné, ar an dáta tuairisceáin sonraithe don tréimhse chuntasaíochta i ndáil leis an Iontaobhas IER nó i ndáil le príomhchuideachta an Ghrúpiontaobhais IER, de réir mar a bheidh, nó roimhe.

(2) Measfar gur comhlíonadh gach ceann de na coinníollacha atá i bhfomhíreanna (iii) agus (iv) d'fho-alt (1)(a) i rith na tréimhse cuntasáíochta sonraithe má chomhlíontar an coinníoll sin laistigh den tréimhse trí bliana dar tosach an dáta a thagann an chuideachta nó an grúpa chun bheith ina hIontaobhas IER, nó ina Ghrúpiontaobhas IER, de réir mar a bheidh.

(3) Measfar gur comhlíonadh an coinníoll atá i bhfomhír (ii) d'fho-alt (1)(b) ag deireadh na tréimhse cuntasáíochta sonraithe má chomhlíontar an coinníoll sin laistigh den tréimhse trí bliana dar tosach an dáta a thagann an chuideachta nó an grúpa chun bheith ina hIontaobhas IER, nó ina Ghrúpiontaobhas IER, de réir mar a bheidh.

(4) Ní bheidh feidhm ag fomhír (iv) d'fho-alt (1)(a) maidir le hIontaobhas IER nó Grúpiontaobhas IER, de réir mar a bheidh, atá faoi rialú daoine is infheisteoirí cáilitheacha.

Coinníollacha
maidir le
scaireanna.

705C.—(1) San alt seo—

ciallaíonn ‘gnáthscaireanna’ scaireanna seachas scaireanna tosaíochta;

ciallaíonn ‘scaireanna tosaíochta’ scaireanna nach ngabhann aon cheart chun díbhinní leo seachas díbhinní de réir ráta faoin gcéad de luach ainmniúil na scaireanna atá socraithe, agus a ngabhann cearta leo i leith díbhinní agus caipitil atá inchoimparáide leis na cearta is gnách i gcás scaireanna dochtdíbhinne a luaitear ar stocmhalartán sa Stát.

(2) Beidh gach scair a eiseoidh Iontaobhas IER nó príomhchuideachta Grúpiontaobhais IER, de réir mar a bheidh—

(a) ina cuid dá ghnáthscairchaipiteal nó dá ghnáthscairchaipiteal, nó

(b) ina scair tosaíochta gan aon chearta vótála ag gabháil léi.

(3) Ní eiseoidh Iontaobhas IER nó príomhchuideachta Grúpiontaobhais IER, de réir mar a bheidh, níos mó ná aicme amháin gnáthscaire.

Coinníollacha
maidir le
tréimhse
chuntasáíochta.

705D.—Faoi réir fho-ailt (2) agus (3) d'alt 705B, más rud é—

(a) gur thug cuideachta fógra faoi alt 705E, ní mór don chuideachta

sin leanúint de na coinníollacha go léir atá in alt 705B(1) a chomhlíonadh do gach tréimhse chuntasaíochta i ndiaidh na tréimhse cuntasaíochta sonraithe go dtí go mbeidh fógra eisithe de réir alt 705O,

(b) gur thug príomhchuideachta i leith grúpa fógra faoi alt 705E, ní mór don phríomhchuideachta sin leanúint de na coinníollacha atá in alt 705B(1)(a) a chomhlíonadh do gach tréimhse chuntasaíochta i ndiaidh na tréimhse cuntasaíochta sonraithe go dtí go mbeidh fógra eisithe de réir alt 705O, agus

(c) gur thug príomhchuideachta i leith grúpa fógra faoi alt 705E, ní mór don ghrúpa sin leanúint de na coinníollacha atá in alt 705B(1)(b) a chomhlíonadh do gach tréimhse chuntasaíochta i ndiaidh na tréimhse cuntasaíochta sonraithe go dtí go mbeidh fógra eisithe de réir alt 705O.

Fógra maidir le cuideachta do theacht chun bheith ina hIontaobhas Infheistíochta Eastáit Réadaigh.

705E.—(1) Ní bheidh cuideachta ina hIontaobhas IER mura dtabharfaidh sí fógra do na Coimisinéirí Ioncaim faoin alt seo.

(2) Ní bheidh grúpa ina Ghrúpiontaobhas IER mura dtabharfaidh cuideachta (dá ngairtear ‘an phríomhchuideachta’ sa Chuid seo) is comhalta den ghrúpa sin fógra do na Coimisinéirí Ioncaim faoin alt seo.

(3) (a) Is éard é fógra faoin alt seo fógra i scríbhinn ina sonrófar dáta arb é an 1 Eanáir 2013 é nó dáta dá éis—

(i) óna mbeidh an chuideachta ina hIontaobhas IER, nó

(ii) óna mbeidh an grúpa ina Ghrúpiontaobhas IER,

ar dáta é nach luaithe ná dáta an fhógra a thabharfar faoi fho-alt (1) nó faoi fho-alt (2), de réir mar a bheidh, agus

(b) déanfar, i gcás Grúpiontaobhas IER, comhaltaí uile an ghrúpa a liostú san fhógra agus beidh feidhm ag an ainmniú

Grúpiontaobhas IER maidir le gach comhalta díobh.

(4) Is é an dáta óna mbeidh cuideachta nó grúpa ina hIontaobhas IER nó ina Ghrúpiontaobhas IER, de réir mar a bheidh, an dáta—

(a) arb é an 1 Eanáir 2013 é nó dáta dá éis, de réir mar a shonrófar i bhfógra faoi fho-alt (3), agus

(b) óna gcomhlíonfaidh, nó óna measfar gur chomhlíon, an cuideachta nó an grúpa, de réir mar a bheidh, coinníollacha alt 705B.

Ré Iontaobhais Infheistíochta Eastáit Réadaigh.

705F.—Ní bheidh cuideachta nó grúpa ina hIontaobhas IER nó ina Ghrúpiontaobhas IER, de réir mar a bheidh, tar éis an dáta a shonrófar i bhfógra a eiseofar de réir alt 705O chuig an gcuideachta nó chuig an ngrúpa, de réir mar a bheidh.

Muirear i leith cánach.

705G.—(1) D'ainneoin aon ní sna hAchtanna, ach faoi réir fhorálacha na Coda seo, ní bheidh cuideachta is Iontaobhas IER nó is comhalta de chuid Grúpiontaobhais IER inmhuirearaithe i leith cánach—

(a) maidir le hioncam óna gnó cíosa maoine, nó

(b) maidir le gnóchain inmhuirearaithe a fhabhróidh ar shócmhainní an ghnó cíosa maoine sin a dhiúscairt.

(2) Más rud é go bhfaigheann cuideachta nó grúpa sócmhainn, ar cuideachta í nó grúpa é atá, nó a thiocfaidh chun bheith, ina hIontaobhas IER nó ina Ghrúpiontaobhas IER, de réir mar a bheidh, tar éis na fála sin, ar sócmhainn í a úsáidtear, nó a úsáidtear tar éis na fála sin, chun críocha a gnó cíosa maoine nó a ghnó cíosa maoine, agus tar éis na fála sin—

(a) go ndéanfar an tsócmhainn a fhorbairt agus gur mó an costas a ghabhann leis an tsócmhainn a fhorbairt amhlaidh ná 30 faoin gcéad de mhargadhluach na sócmhainne ar dháta tosaithe na forbartha, agus

(b) go ndéanfar an tsócmhainn a dhiúscairt laistigh den tréimhse trí bliana dar tosach an tráth a chríochnófar an fhorbairt,

ansin, d'ainneoin fhorálacha fho-alt (1), beidh na brabúis a eascróidh as an méid sin, arna ríomh de réir na nAchtanna Cánach, inmhuirearaithe i leith cáin chorparáide de réir an ráta a shonraítear in alt 21A.

Brabús:
cóimheas
costais
maoinithe.

705H.—(1) San alt seo—

ciallaíonn ‘costais maoinithe maoinithe’ costais, ar costais maoinithe fiachais nó léasanna airgeadais iad chun críocha gnó cíosa maoinithe, a chuirtear i gcuntas le linn brabúis chomhiomlána a ríomh, lena n-áirítear méideanna i leith na nithe seo a leanas—

- (a) ús, lascaíní, préimheanna, nó glanchostais babhtála nó fálaíthe, agus
- (b) táillí nó caiteachais eile a bhaineann le maoiniú fiachais a chruinniú nó le léasanna airgeadais a shocrú;

ciallaíonn ‘cóimheas costas maoinithe maoinithe’ an cóimheas atá idir comhshuim ioncain maoinithe agus costas maoinithe maoinithe de chuid cuideachta nó grúpa agus costais maoinithe maoinithe na cuideachta nó an ghrúpa, de réir mar a bheidh.

(2) Tá feidhm ag an alt seo maidir le hIontaobhas IER nó Grúpiontaobhas IER má tá cóimheas costas maoinithe maoinithe an Iontaobhais IER nó an Ghrúpiontaobhais IER, de réir mar a bheidh, níos lú ná 1.25:1 do thréimhse chuntasaíochta.

- (3) (a) Faoi réir mhír (b), déanfar cáin chorparáide faoi Chás IV de Sceideal D a mhuirearú ar an Iontaobhas IER nó ar phríomhchuideachta an Ghrúpiontaobhais IER, de réir mar a bheidh, don thréimhse chuntasaíochta i leith an mhéid dá gcaithfí costais maoinithe maoinithe an Iontaobhais IER nó an Ghrúpiontaobhais IER, de réir mar a bheidh, a laghdú chun go mbeadh an cóimheas costas maoinithe maoinithe comhionann le 1.25:1 don thréimhse chuntasaíochta sin.
- (b) Ní mó an méid a luaitear i mír (a) ná 20 faoin gcéad d'ioncam maoinithe an Iontaobhais IER nó an Ghrúpiontaobhais IER, de réir mar a bheidh.

(4) Ní fhéadfar aon chailteanas, easnamh, caiteachas nó liúntas a fhritháireamh i gcoinne an chéad mhéid a luaitear i bhfo-alt (3)(a) le linn an méid sin a mhuirearú i leith cáin chorparáide.

Cistí atá ag feitheamh lena n-athinfheistiú.

705I.—(1) Tá feidhm ag an alt seo más rud é—

- (a) go ndéanann Iontaobhas IER nó Grúpiontaobhas IER maoin de chuid a ghnó cíosa maoin a dhiúscairt, nó
- (b) go ndéanann Iontaobhas IER nó príomhchuideachta, i gcás Grúpiontaobhas IER, airgead tirim a chruinniú trí ghnáthscairchaipiteal a eisiúint,

agus go bhfuil na fáltais ar seilbh ag an Iontaobhas IER nó ag an nGrúpiontaobhas IER, de réir mar a bheidh.

- (2) (a) Maidir le brabúis a eascróidh as fáltais den sórt sin a infheistiú, seachas i maoin le haghaidh an ghnó cíosa maoin, déileálfar leo mar bhrabúis mhaoine le linn na tréimhse 24 mhí dar tosach—
 - (i) an dáta diúscairthe, i gcás go bhfuil feidhm ag fo-alt (1)(a), nó
 - (ii) an dáta a eiseofar gnáthscairchaipiteal, i gcás go bhfuil feidhm ag fo-alt (1)(b),

agus ní dhéileálfar leo mar bhrabúis mhaoine ina dhiaidh sin.

- (b) Is de réir alt 4(6) a dhéanfar aon chionroinnt ar bhrabúis chun críche mhír (a).

(3) I gcás go sealbhaítear na fáltais aon tráth tar éis an dáta a chríochnaíonn an tréimhse dá dtagraítear i bhfo-alt (2), déileálfar leis na fáltais mar shócmhainní de chuid an ghnó iarmhair tar éis an dáta sin.

Cánachas ar scairshealbhóir.

705J.—(1) Tá feidhm ag an alt seo i gcás go n-íocann Iontaobhas IER nó Grúpiontaobhas IER, de réir mar a bheidh, díbhinn ioncaim maoin.

(2) Faoi réir fho-alt (3), beidh scairshealbhóir a thagann faoi réim cáin chorparáide inmhuirearaithe i leith cáin

chorparáide faoi Chás IV de Sceideal D maidir le dáileadh dá dtagraítear i bhfo-alt (1), d'ainneoin aon fhoráil eile de chuid na nAchtanna Cánach.

(3) Ní bheidh díbhinn ioncaim maoinne a gheobhaidh cuideachta is comhalta de chuid Grúpiontaobhais IER ó chuideachta is comhalta den Ghrúpiontaobhas IER céanna inmhuirearaithe i leith cáin chorparáide agus ní chuirfear an díbhinn ioncaim maoinne i gcuntas le linn ioncam na cuideachta céadluaite a ríomh chun críocha cáin chorparáide.

(4) D'ainneoin fhorálacha fho-alt (2), agus faoi réir fho-alt (3), beidh scairshealbhóir a thagann faoi réim an mhínte ar 'cuideachta cháilitheach' in alt 110(1) inmhuirearaithe i leith cáin chorparáide faoi Chás III de Sceideal D maidir le dáileadh dá dtagraítear i bhfo-alt (1).

(5) Dá mba rud é, murach fo-alt (2) agus alt 129, gurbh ioncam de chuid cuideachta is ioncam is inmhuirearaithe i leith cánach faoi Chás I de Sceideal D díbhinn ioncaim maoinne, beidh sí inmhuirearaithe amhlaidh d'ainneoin na bhforálacha sin.

Cánachas ar scairshealbhóirí áirithe.

705K.—(1) San alt seo, agus faoi réir fho-alt (2), ciallaíonn 'sealbhóir ar chearta iomarcacha' duine, seachas infheisteoir cáilitheach—

- (a) a bhfuil teideal tairbhiúil aige nó aici, go díreach nó go neamhdhíreach, chuig 10 faoin gcéad ar a laghad den dáileadh dá dtagraítear in alt 705B(1)(b)(iv),
- (b) a bhfuil teideal tairbhiúil aige nó aici chuig na nithe seo a leanas, nó a dhéanann iad a rialú go díreach nó go neamhdhíreach—
 - (i) 10 faoin gcéad ar a laghad de scairchaipiteal an Iontaobhais IER nó de na cearta vótála san Iontaobhas IER, nó
 - (ii) i gcás Grúpiontaobhas IER, 10 faoin gcéad ar a laghad de scairchaipiteal na príomhchuideachta nó de na cearta vótála sa phríomhchuideachta.

(2) I gcás go dtagann scairshealbhóir chun bheith ina shealbhóir nó ina sealbhóir

ar chearta iomarcacha i gcuideachta mar thoradh ar an gcuideachta sin do theacht chun bheith ina hIontaobhas IER nó ina príomhchuideachta de chuid Grúpiontaobhais IER, ansin ní bheidh feidhm ag forálacha fho-alt (3) ar feadh tréimhse trí bliana dar tosach an dáta a shonróidh an chuideachta sin de réir alt 705E(4).

(3) I gcás go ndéanfaidh Iontaobhas IER nó Grúpiontaobhas IER dáileadh ar shealbhóir ar chearta iomarcacha agus nach ndearna an tIontaobhas IER nó an Grúpiontaobhas IER, de réir mar a bheidh, bearta réasúnacha chun cosc a chur leis an dáileadh ar dhuine den sórt sin a dhéanamh, measfar, d'ainneoin fhorálacha alt 705G, go bhfuair an tIontaobhas IER nó príomhchuideachta an Ghrúpiontaobhais IER, de réir mar a bheidh, méid ioncain atá comhionann le méid an dáilte.

(4) Beidh an méid ioncain dá dtagraítear i bhfo-alt (3) inmhuirearaithe i leith cáin chorparáide faoi Chás IV de Sceideal D agus déileálfar leis mar ioncam—

- (a) a eascraíonn sa tréimhse chuntasaíochta ina ndéantar an dáileadh, agus
- (b) nach bhféadfar aon chailteanas, easnamh, caiteachas nó liúntas a fhritháireamh ina choinne.

Sócmhainní a aistriú.

705L.—(1) I gcás go dtagann cuideachta chun bheith ina hIontaobhas IER, maidir le sócmhainní na cuideachta sula dtagann sí chun bheith ina hIontaobhas IER, measfar, chun críocha na nAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil—

- (a) gur dhíol an chuideachta iad díreach sular tháinig sí chun bheith ina hIontaobhas IER, agus
- (b) go ndearna an chuideachta iad a athfháil láithreach ar theacht chun bheith ina hIontaobhas IER,

agus déileálfar leis an díol measta sin agus leis an athfháil mheasta sin mar dhíol agus athfháil ar chomaoin atá comhionann le margadhluach na sócmhainní an dáta a shonróidh an chuideachta, de réir alt 705E(3)(a), i bhfógra faoin alt sin.

(2) I gcás go dtagann grúpa chun bheith ina Ghrúpiontaobhas IER, maidir le

sócmhainní gach comhalta den ghrúpa sula dtagann an grúpa chun bheith ina Ghrúpiontaobhas IER, measfar, chun críocha na nAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil—

- (a) gur dhíol an comhalta sin den ghrúpa iad díreach sular tháinig an grúpa chun bheith ina Grúpiontaobhas IER, agus
- (b) go ndearna an comhalta sin den ghrúpa iad a athfháil láithreach ar an ngrúpa do theacht chun bheith ina Ghrúpiontaobhas IER,

agus déileálfar leis an díol measta sin agus leis an athfháil mheasta sin mar dhíol agus athfháil ar chomaoin atá combhionann le margadhluach na sócmhainní an dáta a shonróidh príomhchuideachta an ghrúpa, de réir alt 705E(3)(a), i bhfógra faoin alt sin.

(3) Más rud é, maidir le sócmhainn de chuid Iontaobhais IER nó Grúpiontaobhais IER, de réir mar a bheidh, a úsáidtear chun críocha ghnó cíosa maoine an Iontaobhais IER nó an Ghrúpiontaobhais IER, de réir mar a bheidh, go scoirfead dá húsáid chun na gcríoch sin agus go dtosófar á húsáid chun críocha ghnó iarmhair an Iontaobhais IER nó an Ghrúpiontaobhais IER, de réir mar a bheidh, measfar, chun críocha na nAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil—

- (a) go ndearna an tIontaobhas IER, nó an comhalta iomchuí den Ghrúpiontaobhas IER, de réir mar a bheidh, í a dhíol le haghaidh an ghnó cíosa maoine sin, agus
- (b) go ndearna an tIontaobhas IER, nó an comhalta iomchuí den Ghrúpiontaobhas IER, de réir mar a bheidh, í a fháil le haghaidh an ghnó iarmhair sin,

an dáta ar a scoirtear dá húsáid amhlaidh.

(4) Déileálfar leis an díol measta agus leis an bhfáil mheasta i bhfo-alt (3) mar dhíol agus fáil ar chomaoin atá combhionann le margadhluach na sócmhainne an dáta dá dtagraítear i bhfo-alt (3). D'ainneoin fhorálacha alt 705G, is gnóchan inmhuirearaithe chun críocha na nAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil gnóchan a fhabhraíonn chuig an ngnó cíosa maoine mar thoradh ar fho-alt (3).

(5) Más rud é, maidir le sócmhainn de chuid Iontaobhais IER nó Grúpiontaobhais IER, de réir mar a bheidh, a úsáidtear chun críocha an ghnó iarmhair, go scoirfead dá húsáid chun na gcríoch sin agus go dtosófar á húsáid chun críocha an ghnó cíosa maoin, measfar, chun críocha na nAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil—

- (a) go ndearna an tIontaobhas IER, nó an comhalta nó na comhaltaí iomchuí den Ghrúpiontaobhas IER, de réir mar a bheidh, í a dhíol le haghaidh an ghnó iarmhair sin, agus
- (b) go ndearna an tIontaobhas IER, nó an comhalta nó na comhaltaí iomchuí den Ghrúpiontaobhas IER, de réir mar a bheidh, í a fháil le haghaidh an ghnó iarmhair sin,

an dáta a scoirtear dá húsáid amhlaidh, ar chomaoin atá comhionann le margadhluach na sócmhainne an dáta sin.

Ráiteas bliantúil do na Coimisinéirí Ioncaim.

705M.—(1) Déanfaidh gach Iontaobhas IER, nó gach príomhchuideachta i leith Grúpiontaobhas IER, maidir le gach tréimhse chuntasaíochta, ráiteas a thabhairt do na Coimisinéirí Ioncaim, faoin 28 Feabhra an bhliain tar éis na bliana ina dtagann deireadh leis an tréimhse chuntasaíochta, i bhformáid leictreonach a bheidh ceadaithe acu, ar ráiteas é ina ndaingneofar gur comhlíonadh na coinníollacha atá in alt 705D i ndáil leis an Iontaobhas IER nó leis an nGrúpiontaobhas IER, de réir mar a bheidh, i rith na tréimhse cuntasaíochta a shonrófar sa ráiteas.

(2) I gcás nach féidir le hIontaobhas IER nó le príomhchuideachta i leith Grúpiontaobhas IER, de réir mar a bheidh, an ráiteas dá dtagraítear i bhfo-alt (1) a thabhairt, tabharfaidh sé nó sí fógra d'oifigeach údaraithe na gCoimisinéirí Ioncaim agus—

- (a) luafar san fhógra sin an dáta nó na dátaí a scoireadh den chéad uair den choinníoll nó de na coinníollacha a chomhlíonadh agus an dáta nó na dátaí (más ann) a comhlíonadh an coinníoll nó na coinníollacha arís,
- (b) tabharfar tuairisc san fhógra sin ar na slite inar comhlíonadh nó

nár comhlíonadh an coinníoll
nó na coinníollacha, agus

- (c) tabharfar mionsonraí san fhógra sin maidir leis na bearta (más ann) a rinneadh chun nach dtarlódh sé arís nach gcomhlíonfar an coinníoll nó na coinníollacha.

(3) Más rud é, maidir le hIontaobhas IER, nó le príomhchuideachta i leith Grúpiontaobhas IER—

- (a) go mainníonn sé nó sí, laistigh de thréimhse ama réasúnach a chinnfidh an t-oifigeach údaraithe, a áirithiú go gcomhlíontar coinníoll dá dtagraítear i bhfo-alt (2), nó
- (b) go mainníonn sé nó sí ráiteas a thabhairt a cheanglaítear faoi fho-alt (1),

ansin, féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim déileáil leis an Iontaobhas IER nó leis an nGrúpiontaobhas IER, de réir mar a bheidh, mar Iontaobhas IER nó mar Ghrúpiontaobhas IER a scoir de bheith ina Iontaobhas IER nó ina Ghrúpiontaobhas IER ag deireadh na tréimhse cuntasafóchta díreach roimh an tréimhse chuntasafóchta inar thosaigh an mhainneachtain an coinníoll a chomhlíonadh, nó an ráiteas a cheanglaítear a thabhairt, agus féadfaidh siad forálacha alt 705O a chur chun feidhme.

(4) Más rud é, maidir le hIontaobhas IER, nó le príomhchuideachta i leith Grúpiontaobhas IER—

- (a) go dtugann sé nó sí ráiteas mícheart nó neamhiomlán faoi fho-alt (1), nó
- (b) go mainníonn sé nó sí, gan leithscéal réasúnach, ráiteas a thabhairt faoi bhfo-alt sin,

ansin, dlífear pionós €3,000 a chur ar an Iontaobhas IER, nó ar an bpríomhchuideachta i leith Grúpiontaobhas IER, de réir mar a bheidh. D'fhonn pionós faoin bhfo-alt seo a ghnóthú, beidh feidhm ag alt 1061 ar an gcaoi chéanna a bhfuil feidhm aige d'fhonn pionós faoi aon cheann de na hailt dá dtagraítear san alt sin a ghnóthú.

Coinníollacha
maidir le dáiltí
a shárú.

705N.—I gcás nach gcomhlíonfaidh Iontaobhas IER nó Grúpiontaobhas IER forálacha alt 705B(1)(b)(iv) do thréimhse

chuntasáochta maidir leis an gceanglas 85 faoin gcéad ar a laghad dá ioncam maoinne a dháileadh—

- (a) muirearófar cáin chorparáide ar an Iontaobhas IER nó ar phríomhchuideachta an Ghrúpiontaobhais IER, de réir mar a bheidh, faoi Chás IV de Sceideal D i leith méid arna ríomh tríd an méid ioncaim maoinne a dáileadh i leith na tréimhse cuntasáochta sin a dhealú ón méid atá comhionann le 85 faoin gcéad d'ioncam maoinne na tréimhse cuntasáochta sin, agus
- (b) ní fhéadfar aon chaillteanas, easnamh, caiteachas nó liúntas a fhritháireamh i gcoinne an chéad mhéid a luaitear i mír (a) le linn an méid sin a mhuirearú i leith cáin chorparáide,

ach, i gcás go bhfuil srian ar chuideachta dáileadh a dhéanamh mar gheall ar aon fhoráil d'Achtanna na gCuideachtaí, tabharfar aird ar an srian sin le linn an méid, más ann, is inmhuirearaithe i leith cánach de bhua mhír (a) a chinneadh.

Fógra Scoir.

705O.—(1) Beidh feidhm ag fo-alt (2) má dhéanann Iontaobhas IER nó Grúpiontaobhas IER fógra i scríbhinn a thabhairt do na Coimisinéirí Ioncaim ina sonrúfar dáta óna scoirfidh sé de bheith ina Iontaobhas IER nó ina Ghrúpiontaobhas IER, de réir mar a bheidh.

(2) Scoirfidh an chuideachta nó an grúpa de bheith ina hIontaobhas IER nó ina Ghrúpiontaobhas IER, de réir mar a bheidh, ar an dáta a shonrófar san fhógra dá dtagraítear i bhfo-alt (1).

(3) Is é an dáta sonraithe dáta an fhógra dá dtagraítear i bhfo-alt (1) nó dáta dá éis.

(4) De réir alt 705M(3), féadfaidh an t-oifigeach údaraithe, trí fhógra i scríbhinn, a rá go scoirfidh aon chuideachta nó grúpa de bheith ina hIontaobhas IER nó ina Ghrúpiontaobhas IER, de réir mar a bheidh.

(5) Is é an dáta a scoirfidh an chuideachta nó an grúpa de bheith ina hIontaobhas IER nó ina Ghrúpiontaobhas IER, de réir mar a bheidh, dáta a shonróidh an t-oifigeach údaraithe san fhógra dá dtagraítear i bhfo-alt (4).

(6) I gcás go dtabharfar fógra faoi fhó-alt (4), féadfaidh an tIontaobhas IER nó an Grúpiontaobhas IER dá dtabharfar an fógra achomharc a dhéanamh chun na gCoimisinéirí Achomhairc, laistigh de 30 lá ó dháta an fhógra sin, agus éistfidh na Coimisinéirí Achomhairc an t-achomharc ar gach slí amhail is dá mba achomharc i gcoinne measúnachta é.

(7) Déanfar an fógra achomhairc dá dtagraítear i bhfo-alt (6) a thabhairt i scríbhinn don oifigeach údaraithe.

Éifeacht scoir.

705P.—(1) I gcás go dtabharfar fógra faoi ailt 705O(1) nó (4), déileálfar, chun críocha cáin chorparáide, le cuideachta nó le grúpa a scoir de bheith ina hIontaobhas IER nó ina Ghrúpiontaobhas IER, de réir mar a bheidh, mar chuideachta nó grúpa a scoir de bheith ina hIontaobhas IER nó ina Ghrúpiontaobhas IER an dáta a shonrófar san fhógra scoir.

(2) I gcás go dtabharfar fógra faoi ailt 705O(1) nó (4), measfar go ndearna an tIontaobhas IER nó comhaltaí an Ghrúpiontaobhais IER, de réir mar a bheidh, sócmhainní an Iontaobhais IER nó an Ghrúpiontaobhais IER, de réir mar a bheidh, a dhiúscairt díreach roimh an dáta scoir agus go ndearna an chuideachta iarscoir nó comhaltaí iarscoir an ghrúpa, de réir mar a bheidh, iad a athfháil díreach tar éis an dáta scoir, ar an margadhluach an dáta scoir sin.

Foráil maidir le frithsheachaint.

705Q.—(1) Ní bheidh feidhm ag an gCuid seo maidir le haon idirbheart arna dhéanamh ag Iontaobhas IER nó Grúpiontaobhas IER, nó thar ceann Iontaobhas IER nó Grúpiontaobhas IER, nó ar páirtí ann Iontaobhas IER nó Grúpiontaobhas IER, go díreach nó go neamhdhíreach, mura rud é go ndearnadh an t-idirbheart sin ar chúiseanna tráchtála *bona fide* agus nach cuid é d'aon socrú nó scéim arb é an príomhchuspóir, nó ar ceann de na príomhchuspóirí, atá leis nó léi dliteanas i leith cánach a sheachaint.

(2) Más cuí, folaíonn tagairt i bhfo-alt (1) d'Iontaobhas IER nó do Ghrúpiontaobhas IER tagairt do chuideachta nó do ghrúpa sular tháinig sí nó sé chun bheith ina hIontaobhas IER nó ina Ghrúpiontaobhas IER, nó tar éis di nó dó scor de bheith ina hIontaobhas IER nó ina Ghrúpiontaobhas IER agus, i gcás Grúpiontaobhas IER, do chuideachta sular tháinig sí chun bheith ina comhalta de chuid Grúpiontaobhais IER, nó tar éis di scor de bheith ina comhalta de chuid Grúpiontaobhais IER.”.

Mar a dhéileálfar, ó thaobh cánach, le comhpháirtíochtaí teoranta infheistíochta.

42.—(1) Leasaítear an Príomh-Acht—

- (a) in alt 246(1), sa mhíniú ar “gnóthas infheistíochta”, trí “nó” a scriosadh i mír (c), trí “(arna chur isteach leis an Acht Airgeadais, 2005), nó” a chur in ionad “(arna chur isteach leis an Acht Airgeadais 2005);” i mír (d), agus tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (d):

“(e) comhpháirtíocht teoranta infheistíochta de réir bhrí alt 739J;”,

- (b) in alt 734(1)(a), sa mhíniú ar “gnóthas comhinfeistíochta”, trí “(iii) comhpháirtíocht teoranta (seachas comhpháirtíocht teoranta infheistíochta de réir bhrí an Achta um Chomhpháirtíochtaí Teoranta Infheistíochta, 1994)—” a chur in ionad “(iii) comhpháirtíocht teoranta—”,

- (c) in alt 739B(1), sa mhíniú ar “gnóthas infheistíochta”—

(i) i mír (b), trí “agus” a chur isteach i ndiaidh “arna eisiúint de bhun na Rialachán iomchuí,”

(ii) trí “agus” a scriosadh roimh mhír (d), agus

(iii) trí mhír (d) a scriosadh,

- (d) in alt 739D(6), tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (c):

“(cc) gur comhpháirtíocht teoranta infheistíochta de réir bhrí alt 739J é a rinne dearbhú don ghnóthas infheistíochta de réir mhír 4A de Sceideal 2B,”

- (e) tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 739I:

“Comhpháirtíochtaí teoranta infheistíochta.

739J.—(1) (a) San alt seo, ciallaíonn ‘comhpháirtíocht teoranta infheistíochta’ comhpháirtíocht teoranta infheistíochta de réir bhrí an Achta um Chomhpháirtíochtaí Teoranta Infheistíochta, 1994.

(b) Chun críocha an ailt seo, beidh feidhm ag na mínithe ar ‘gnóchain iomchuí’, ‘ioncam iomchuí’, ‘íocaíocht iomchuí’, ‘brabúis iomchuí’, ‘aonad’ agus ‘sealbhóir aonad’, fara aon mhodhnuithe is gá, maidir le comhpháirtíocht teoranta infheistíochta mar atá feidhm acu maidir le gnóthas infheistíochta.

(2) (a) D’ainneoin aon ní sna hAchtanna agus faoi réir fho-alt (3), ní bheidh comhpháirtíocht teoranta infheistíochta

inmhuirearaithe i leith cánach maidir le brabúis iomchuí.

- (b) Chun críocha na nAchtanna, déileálfar le hioncam iomchuí agus gnóchain iomchuí i ndáil le comhpháirtíocht theoranta infheistíochta mar ioncam agus gnóchain a eascraíonn nó, de réir mar a bheidh, a fhabhraíonn chuig gach sealbhóir aonad de chuid na comhpháirtíochta theoranta infheistíochta i gcomhréir le luach na n-aonad atá ar úinéireacht thairbhiúil ag an sealbhóir aonad, amhail is dá mba rud é gur eascair nó, de réir mar a bheidh, gur fhabhraigh an t-ioncam iomchuí agus na gnóchain iomchuí chuig na sealbhóirí aonad sa chomhpháirtíocht theoranta infheistíochta gan gabháil trí lámha na comhpháirtíochta theoranta infheistíochta.

(3) Déanfaidh gach comhpháirtíocht theoranta infheistíochta, an 28 Feabhra nó roimhe sa bhliain i ndiaidh na bliana measúnachta, i leith gach bliana measúnachta, ráiteas a thabhairt do na Coimisinéirí Ioncaim (lena n-áirítear ráiteas faoi mhéid nialais, más amhlaidh atá) i bhformáid leictreonach a cheadóidh siad, agus déanfar sa ráiteas sin i leith gach bliana measúnachta—

- (a) an méid iomlán brabús iomchuí a shonrú a eascraíonn chuig an gcomhpháirtíocht theoranta infheistíochta i leith aonaid sa chomhpháirtíocht theoranta infheistíochta, agus
- (b) na nithe seo a leanas a shonrú i leith gach duine is sealbhóir aonad—
- (i) ainm agus seoladh an duine,
- (ii) méid na mbrabús iomchuí a bhfuil an duine ina dteideal, agus
- (iii) cibé faisnéis eile a cheanglóidh na Coimisinéirí Ioncaim a thabhairt dóibh.

(4) D'ainneoin Chaibidil 4 de Chuid 8, beidh feidhm ag an gCaibidil sin maidir le taise (de réir bhrí na Caibidle sin) a bhfuil

comhpháirtíocht theoranta infheistíochta ina teideal de thuras na huaire amhail is nár thaisce iomchuí de réir bhrí na Caibidle sin taisce den sórt sin.”,

(f) in alt 891C(1)(a), trí “de réir bhrí alt 739I ná comhpháirtíocht theoranta infheistíochta de réir bhrí alt 739J” a chur in ionad “de réir bhrí alt 739I”, agus

(g) i Sceideal 2B, tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír 4:

“4A.—Is é atá sa dearbhú dá dtagraítear in alt 739D(6)(cc) dearbhú i scríbhinn don ghnóthas infheistíochta—

(a) a dhéanann an duine (dá ngairtear an ‘dearbhoir’ sa mhír seo) a shealbhaíonn na haonaid a ndéantar an dearbhú ina leith,

(b) atá sínithe ag an dearbhóir,

(c) a dhéantar i cibé foirm a fhorordóidh nó a údaróidh na Coimisinéirí Ioncaim,

(d) lena ndearbhaítear gurb é atá i sealbhóir na n-aonad, an tráth a dhéantar an dearbhú, comhpháirtí ginearálta ag gníomhú dó nó di thar ceann na comhpháirtíochta theoranta infheistíochta,

(e) ina bhfuil ainm agus uimhir thagartha cánach na comhpháirtíochta theoranta infheistíochta, agus

(f) ina bhfuil cibé faisnéis eile a theastóidh le réasún ó na Coimisinéirí Ioncaim chun críocha Chaibidil 1A de Chuid 27.”.

(2) Beidh feidhm ag an alt seo maidir le comhpháirtíocht theoranta infheistíochta ar deonáidh údarú di faoi alt 8 den Acht um Chomhpháirtíochtaí Teoranta Infheistíochta, 1994 an 13 Feabhra 2013 nó dá éis.

CAIBIDIL 6

Cáin Ghnóchan Caipitiúil

Gnóchain
chaipitiúla: an ráta
muirir.

43.—(1) Leasaítear an Príomh-Acht—

(a) in alt 28(3), trí “33 faoin gcéad” a chur in ionad “30 faoin gcéad”, agus

(b) in alt 649A(1), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (b):

“(b) i gcás diúscairt iomchuí arna déanamh an 6 Nollaig 2012 nó dá éis, 33 faoin gcéad.”.

(2) Tá feidhm ag an alt seo maidir le diúscairtí arna ndéanamh an 6 Nollaig 2012 nó dá éis.

44.—Leasaítear an Príomh-Acht tríd an leagan cuí gramadaí de “airgeadra an Stáit” a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de “airgeadra Éireannach” gach áit a bhfuil sé sna forálacha seo a leanas:

Leasú ar thagairtí do “airgeadra Éireannach” i bhforálacha áirithe den Phríomh-Acht.

(a) alt 532(b);

(b) fo-ailt (1)(a) agus (6) d’alt 541;

(c) alt 541A(1).

45.—Leasaítear alt 29 den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (5):

Leasú ar alt 29 (daoine inmhuirearaithe) den Phríomh-Acht.

“(5A) (a) Beidh feidhm ag an bhfo-alt seo i gcás go ndéanann pearsa aonair dá dtagraítear i bhfo-alt (4) aon ghnóchain inmhuirearaithe dá dtagraítear san fho-alt sin a aistriú, lasmuigh den Stát, chuig a chéile nó a céile nó chuig a pháirtneir sibhialta nó a páirtneir sibhialta.

(b) I gcás go bhfuil feidhm ag an bhfo-alt seo, maidir le haon mhéideanna a fhaightear sa Stát an 13 Feabhra 2013 nó dá éis agus a dhíorthaíonn ó aistriú gnóchan inmhuirearaithe dá dtagraítear i mír (a), déileálfar leo, chun críocha fho-alt (4), amhail is go bhfuair an pearsa aonair dá dtagraítear san fho-alt sin iad sa Stát.”.

46.—Leasaítear alt 541C den Phríomh-Acht—

Leasú ar alt 541C (mar a dhéileálfar ó thaobh cánach le bainisteoirí ciste fiontair áirithe) den Phríomh-Acht.

(a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) San alt seo—

ciallaíonn ‘ús iompartha’, i ndáil le ciste caipitil fiontair cáilitheach, an scair de na brabúis (i gcás gur comhaontaíodh an cóimheas scaireanna i dtosach an chiste caipitil fiontair cháilithigh) dá dtagraítear i mír (b) den mhíniú ar ‘brabúis iomlána’ a fhaigheann cuideachta, comhpháirtíocht nó pearsa aonair i leith an ciste caipitil fiontair cáilitheach a bhainistiú;

ciallaíonn ‘ús iompartha lena mbaineann an t-alt seo’, i ndáil le ciste caipitil fiontair cáilitheach, méid úis iompartha nach mó ná 20 faoin gcéad de bhrabúis iomlána ciste caipitil fiontair cháilithigh agus is cion d’ús iompartha a dhíorthaíonn ón infheistíocht iomchuí;

ciallaíonn ‘Comhaontú LEE’ an Comhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch a síníodh in Oporto an 2 Bealtaine 1992, arna choigeartú leis na leasuithe go léir ina dhiaidh sin ar an gComhaontú sin;

ciallaíonn ‘Stát de chuid LEE’ stát is páirtí conarthach i gComhaontú LEE;

ciallaíonn ‘gníomhaíochtaí nuálaíochta’ forbairt próiseas nua teicneolaíochta, teileachumarsáide, eolaíochta nó gnó;

ciallaíonn ‘infheisteoir’, i ndáil le hinfheistíocht iomchuí, duine seachas duine atá i dteideal ús iompartha nó duine atá bainteach leis an duine sin;

ciallaíonn ‘cion d’ús iompartha a dhíorthaíonn ón infheistíocht iomchuí’ méid úis iompartha arna chinneadh de réir na foirmle—

$$\frac{A \times B}{C}$$

i gcás—

gurb é atá in A ná ús iompartha,

gurb é B luach na n-infheistíochtaí iomchuí uile in aon Stát de chuid LEE (lena n-áirítear an Stát) atá ag an gciste caipitil fiontar cáilitheach, agus

gurb é C luach infheistíochtaí iomchuí uile an chiste caipitil fiontair cháilithigh;

ciallaíonn ‘ciste caipitil fiontair cáilitheach’ eintiteas atá struchtúrtha i bhfoirm comhpháirtíochta arb é an príomhchuspóir atá léi infheistíochtaí iomchuí a dhéanamh agus inar comhpháirtithe teoranta nó comhpháirtithe ginearálta (arna míniú sa chomhaontú comhpháirtíochta) a bhfuil d’oibleagáid orthu, faoi chomhaontú ina bhfuil ceangal dlí, suimeanna caipitiúla a sholáthar chun críocha infheistíochta thar thréimhse ama na pearsana aonair, na cuideachtaí nó na comhpháirtíochtaí a infheistíonn sa chomhpháirtíocht;

ciallaíonn ‘infheistíocht iomchuí’ aon infheistíocht a dhéantar i scaireanna neamhluaithe nó in urrúis de chuid cuideachta trádála príobháidí an 1 Eanáir 2009 nó dá éis, más rud é go gcoinníonn an ciste caipitil fiontair cáilitheach na scaireanna nó na hurrúis sa chuideachta ar feadh tréimhse 3 bliana ar a laghad ó dháta na hinfheistíochta tosaigh agus, maidir leis an gcuideachta sin—

(a) go seolann sí gnó arb éard é gníomhaíochtaí taighde agus forbartha nó gníomhaíochtaí nuálaíochta, agus

(b) nach seolann sí trádáil eiscthe de réir bhrí alt 21A;

tá le ‘gníomhaíochtaí taighde agus forbartha’ an bhrí chéanna atá leis in alt 766(1);

ciallaíonn ‘brabúis iomlána’, i ndáil le ciste caipitil fiontair cáilitheach, comhshuim na nithe seo a leanas—

(a) na brabúis is inchurtha síos d’infheisteoirí sa chiste faoi threoir ráta tosaigh comhaontaithe toraidh, agus

(b) iarmhéid bhrabúis an chiste de bhreis orthu sin a ríomhtar faoi threoir an ráta tosaigh chomhaontaithe toraidh.”

agus

- (b) i bhfo-alt (2)(a), trí “pearsa aonair nó” a chur isteach roimh “comhpháirtíocht”.

47.—Leasaítear alt 599 den Phríomh-Acht—

Leasú ar alt 599 (gnó nó feirm a dhiúscairt laistigh de theaghlach) den Phríomh-Acht.

- (a) i bhfo-alt (1)(a), trí “san fhomhír seo” a chur in ionad “sa mhír seo” i bhfomhír (iii),

- (b) i bhfo-alt (1)(b), tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (ii):

“(ia) i gcás go ndéanann pearsa aonair a bhfuil 66 bliana d’aois slánaithe aige nó aici iomlán a shócmhainní cáilitheacha nó a sócmhainní cáilitheacha, nó cuid díobh, a dhiúscairt chuig leanbh dá chuid nó dá cuid an 1 Eanáir 2014 nó dá éis agus gurb ionann margadhluach na sócmhainní cáilitheacha agus €3,000,000 nó méid is lú ná sin, tabharfar faoiseamh i leith na cánach gnóchan caipitiúil is inmhuirearaithe ar aon gnóchan a fhabhraíonn ar an diúscairt;”,

- (c) i bhfo-alt (1), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (c):

“(c) Chun críocha mhír (b), is í an cháin ghnóchan caipitiúil is inmhuirearaithe i leith an ghnóchain an méid cánach nárbh inmhuirearaithe murach an gnóchan sin, ach ní dhéanfaidh aon ní sa mhír sin difear do ríomh gnóchan a fhabhróidh ar dhiúscairt sócmhainní, seachas sócmhainní cáilitheacha, ag pearsa aonair a dhéanfaidh diúscairt lena mbaineann an mhír sin.”,

agus

- (d) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

“(2) Déanfar an chomaoin ar dhiúscairt sócmhainní cáilitheacha ag an bpearsa aonair dá dtagraítear i bhfomhír (iii) d’fho-alt (1)(b) an 1 Eanáir 2014 nó dá éis a chomhiomlánú chun críocha na fómhíre sin.”.

48.—(1) Leasaítear an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 604A:

Faoiseamh i leith athstruchtúrá feirme.

“604B.—(1) (a) San alt seo—

ciallaíonn ‘talamh talmhaíochta’ talamh a úsáidtear chun críocha feirmeoireachta agus cibé foirgnimh feirme, mar aon leis an talamh a áitítear i dteannta na bhfoirgneamh feirme sin, is de ghné is iomchuí don talamh sin, ach gan títhe feirme nó maintithe nó an talamh a áitítear i dteannta na dtithe feirme agus na maintithe sin a áireamh, mura bhfuil na títhe feirme nó na maintithe sin tréigthe agus neamhoiriúnach mar áit chónaithe do dhaoine;

ciallaíonn ‘malartú talún feirme’ malartú faoina ndéanann feirmeoir leas i dtalamh talmhaíochta a thíolacadh nó a aistriú chuig feirmeoir eile mar mhalairt ar leas i dtalamh talmhaíochta a fháil, ar mhodh tíolactha nó aistrithe, ón bhfeirmeoir eile sin agus folaíonn sé malartú ina ndéanann comhúinéirí an talamh talmhaíochta a thíolacadh nó a aistriú nó ina ndéantar an talamh talmhaíochta a thíolacadh nó a aistriú chuig comhúinéirí i gcás gur feirmeoirí iad na comhúinéirí go léir (seachas céile nó páirtneir sibhialta comhúinéara); agus is é dáta an mhalartaithe an dáta a dhéantar an tíolacadh nó an t-aistriú;

ciallaíonn ‘deimhniú maidir le hathstruchtúrú feirme’ deimhniú arna eisiúint chun críocha an ailt seo ag Teagasc chuig feirmeoir i ndáil le díol agus ceannach nó malartú talún cáilithí, más rud é—

- (i) go dtarlaíonn céad-díol nó céadcheannach talún cáilithí sa tréimhse iomchuí agus go dtarlaíonn díol nó ceannach na talún sin dá éis sin laistigh den tréimhse 24 mhí dar tosach dáta céad-díola nó céadcheannaigh na talún sin, nó
- (ii) go dtarlaíonn an malartú sa tréimhse iomchuí,

ar deimhniú é ina ndéantar an talamh lena mbaineann agus úinéir nó úinéirí na talún sin a shainaithint agus ina ndeimhnítear gur deimhin le Teagasc, ar bhonn faisnéis atá ar fáil do Theagasc an tráth a dheimhnítear an méid sin, go bhfuil, nó go mbeidh, díol agus ceannach nó malartú talún cáilithí de réir na gcoinníollacha a bhaineann le hathstruchtúrú feirme a leagtar síos sna treoirínte;

ciallaíonn ‘feirmeoir’ pearsa aonair a chaitheann 50 faoin gcéad ar a laghad de ghnátham oibre na pearsan aonair sin i mbun feirmeoireachta;

ciallaíonn ‘treoirínte’ treoirínte arna ndéanamh agus arna bhfoilsíú de bhun mhír (b)(i);

ciallaíonn ‘leas i dtalamh cáilitheach’ leas i dtalamh cáilitheach nach bhfuil faoi réir aon chumhacht lena bhféadfar, ar í a fheidhmiú, an talamh cáilitheach, nó aon chuid d’aon leas sa talamh cáilitheach, a athdhílsíú don duine ónar ceannaíodh é nó lenar malartaíodh é nó d’aon duine thar ceann an duine sin;

ciallaíonn ‘ceannach talún cáilithí’ tíolacadh nó aistriú leasa i dtalamh cáilitheach chuig feirmeoir agus folaíonn sé tíolacadh nó aistriú i gcás go ndéantar an talamh cáilitheach a thíolacadh nó a aistriú chuig comhúinéirí i gcás gur feirmeoirí iad na comhúinéirí go léir (seachas céile nó páirtneir sibhialta comhúinéara); agus is é an dáta a cheannaítear talamh cáilitheach an dáta a dhéantar an tíolacadh nó an t-aistriú;

ciallaíonn ‘talamh cáilitheach’ talamh talmhaíochta ar ina leith a d’eisigh Teagasc deimhniú maidir le

hathstruchtúró feirme agus nár tarraingíodh an deimhniú sin siar;

ciallaíonn ‘tréimhse iomchuí’ an tréimhse dar tosach an 1 Eanáir 2013 agus dar críoch an 31 Nollaig 2015;

ciallaíonn ‘díol talún cáilithí’ feirmeoir do thíolacadh nó d’aistriú leas i dtalamh cáilitheach agus folaíonn sé tíolacadh nó aistriú i gcás go ndéanann comhúinéirí an talamh cáilitheach a thíolacadh nó a aistriú agus gur feirmeoirí iad na comhúinéirí go léir (seachas céile nó páirtneir sibhialta comhúinéara); agus is é an dáta a dhíoltar an talamh cáilitheach an dáta a dhéantar an tíolacadh nó an t-aistriú;

ciallaíonn ‘Teagasc’ Teagasc — an tÚdarás Forbartha Talmhaíochta agus Bia.

(b) Chun críocha an ailt seo—

- (i) féadfaidh an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, le toiliú an Aire Airgeadais, treoirínte a dhéanamh agus a fhoilsiú, ó am go ham, ina leagfar amach—
 - (I) an chaoi a ndéanfar iarratas ar dheimhniú maidir le hathstruchtúró feirme, i ndáil le díol agus ceannach, nó le malartú, talún talmhaíochta,
 - (II) an doiciméadacht is gá a bheith ag gabháil le hiarratas den sórt sin,
 - (III) na coinníollacha a bhaineann le hathstruchtúró feirme, agus
 - (IV) cibé faisnéis eile is gá i ndáil leis an iarratas sin,
- (ii) i gcás ina ndéantar iarratas chuige sin, eiseoidh Teagasc deimhniú maidir le hathstruchtúró feirme i leith díol agus ceannach, nó malartú, talún talmhaíochta, más rud é gur deimhin leo, ar bhonn na faisnéise atá ar fáil do Theagasc an tráth sin, go bhfuil, nó go mbeidh, díol agus ceannach nó malartú na talún sin de réir na gcoinníollacha a bhaineann le hathstruchtúró feirme, agus
- (iii) féadfaidh Teagasc, le fógra i scríbhinn, aon deimhniú maidir le hathstruchtúró feirme a eisíodh cheana a tharraingt siar.

(2) Ní bheidh gnóchan ina ghnóchan inmhuirearaithe ar dhíol nó ar mhalartú talún cáilithí ag pearsa aonair nó ag pearsana aonair i gcás go bhfuil an chomaoin i leith na talún cáilithí a cheannaítear nó na talún cáilithí eile a mhalartaítear comhionann leis an gcomaoin, nó níos mó ná an chomaoin, i leith na talún cáilithí a dhíolann nó a mhalartaíonn an phearsa aonair nó na pearsana aonair lena mbaineann.

(3) I gcás gur lú an chomaoin i leith na talún cáilithí a cheannaíonn nó a mhalartaíonn pearsa aonair nó pearsana aonair ná an chomaoin i leith na talún cáilithí a dhíolann an phearsa aonair nó na pearsana aonair lena mbaineann nó na talún cáilithí eile a mhalartaíonn an phearsa aonair nó na

pearsana aonair lena mbaineann, laghdófar an gnóchan inmhuirearaithe a fhabhraíonn i leith an talamh cáilitheach a dhíol nó a mhalartú de réir na comhréire céanna atá idir an chomaoin i leith na talún cáilithí a cheannaítear nó a mhalartaítear agus an chomaoin i leith na talún cáilithí a dhíoltar nó na talún cáilithí eile a mhalartaítear.

(4) I gcás ina ndéantar talamh cáilitheach ar tugadh faoiseamh ina leith faoi fho-alt (2) nó (3) a dhiúscairt laistigh den tréimhse 5 bliana ón dáta a cheannaítear nó a mhalartaítear an talamh cáilitheach sin, muirearófar cáin ghnóchan caipitiúil ar an bpearsa aonair nó ar na pearsana aonair lena mbaineann amhail is nach raibh feidhm ag an bhfaoiseamh sna forálacha sin.

(5) Ní bheidh feidhm ag fo-alt (4) i gcás ina n-éiríonn an diúscairt de dhroim fáil éigeantach.

(6) Tabharfar faoiseamh faoi fho-alt (2) nó (3) trí cháin a urscaoileadh nó a aisíoc nó ar shlí eile.”.

(2) Tiofadh an t-alt seo i ngníomh cibé lá a cheapfaidh an tAire Airgeadais le hordú.

CUID 2

MÁL

Rátaí cánach táirgí tobac.

49.—Leasaítear an tAcht Airgeadais, 2005 le héifeacht amhail ar an agus ón 6 Nollaig 2012 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad Sceideal 2 a ghabhann leis an Acht sin (arna leasú le halt 69 den Acht Airgeadais, 2012):

“SCEIDEAL 2

RÁTAÍ CÁNACH TÁIRGÍ TOBAC

(Le héifeacht amhail ar an agus ón 6 Nollaig 2012)

Tuairisc an Táirge	An Ráta Cánach
Toitíní	Ráta cánach— (a) ach amháin i gcás ina bhfuil feidhm ag mír (b), €237.69 an míle i dteannta méid atá comhionann le 8.83 faoin gcéad den phraghas ar a miondíoltar na toitíní, nó (b) €271.91 an míle i leith toitíní a mhiondíoltar i gcás gur lú an ráta cánach ná an ráta sin dá ríomhfaí an ráta de réir mhír (a).
Todóga	Ráta cánach €275.342 an cileagram.
Tobac mínghearrtha chun toitíní a rolladh	Ráta cánach €248.608 an cileagram.
Tobac eile chun a chaite ina dheatach	Ráta cánach €191.022 an cileagram.

”.

50.—(1) Leasaítear Caibidil 1 de Chuid 2 den Acht Airgeadais, 1999—

Leasú ar Chaibidil 1 (cáin ola mianra) de Chuid 2 den Acht Airgeadais, 1999.

(a) in alt 97, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

“(4) Chun críocha an ailt seo, foláionn ráta is ísle ná an ráta caighdeánach cuí a chur chun feidhme faoiseamh iomlán nó páirteach ó cháin ola mianra faoi aon fhoráil den dlí máil a chur chun feidhme.”,

(b) in alt 101, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (13):

“(13) Féadfaidh na Coimisinéirí liosta a thiomsú de dhaoine a shealbhaíonn ceadúnas trádálaí gluaisbhreosla nó ceadúnas trádálaí breosla mharcáilte, agus de na háitribh nó na háiteanna a bhfuil na ceadúnais sin i bhfeidhm ina leith, agus, d’ainneoin aon oibleagáid rúndacht a choimeád nó aon srian eile ar fhaisnéis a fhaigheann siad nó a thugtar dóibh a nochtadh nó a thabhairt ar aird, féadfaidh na Coimisinéirí, trí mheán leictreonach nó ar shlí eile—

(a) na liostaí sin a chur ar fáil don phobal, agus

(b) i gcás ina ndearnadh aon cheadúnas den sórt sin a chúlghairm, ainm an duine a shealbhaigh an ceadúnas, mionsonraí an áitribh nó na háite lena mbaineann agus dáta cúlghairthe an cheadúnais a chur ar fáil don phobal.”,

(c) tríd an alt seo a leanas a chur isteach roimh alt 102:

“Tuairisceán ar ghluaiseachtaí ola.

101B.—(1) Aon trádálaí ola mianra—

(a) a gceanglaítear air nó uirthi, faoi alt 101, ceadúnas trádálaí gluaisbhreosla nó ceadúnas trádálaí breosla mharcáilte a shealbhú, nó

(b) a tháirgeann nó a dhíolann gás peitriam leachtaithe nó ola throm lena húsáid le haghaidh aerloingseoireachta, nó a dhéileálann ann nó inti, nó a choimeádann an céanna lena dhíol lena díol nó lena sheachadadh nó lena seachadadh, nó a sheachadann an céanna,

déanfaidh sé nó sí tuairisceán (dá ngairtear ‘tuairisceán ar ghluaiseachtaí ola’ san alt seo) ar an ola mhianra a dhíol an trádálaí ola mianra sin, ar dhéileáil sé nó sí inti, a choimeád sé nó sí lena díol nó lena seachadadh, a sholáthair sé nó sí nó a sheachaid sé nó sí le linn míosa nó cibé tréimhse eile a fhorordóidh na Coimisinéirí nó a cheanglóidh siad thairis sin a thabhairt

d'oifigeach i cibé foirm a cheanglóidh na Coimisinéirí.

(2) Déanfar tuairisceán ar ghluaiseachtaí ola a thabhairt trí cibé meán leictreonach a cheanglóidh na Coimisinéirí agus, gan dochar do ghinearáltacht alt 917E den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, beidh feidhm ag na forálacha iomchuí de Chaibidil 6 de Chuid 38 den Acht sin maidir le haon tuairisceán den sórt sin.”,

agus

(d) in alt 102(1), trí mhír (c) a scriosadh.

(2) Tagann *fo-alt (1)(c)* i ngníomh cibé dáta a cheapfaidh an tAire le hordú.

Faoiseamh
d'oibritheoirí
cáilitheacha iompair
de bhóthar.

51.—Leasaítear Caibidil 1 de Chuid 2 den Acht Airgeadais, 1999 tríd an méid seo a leanas a chur isteach roimh alt 100:

“Faoiseamh
d'oibritheoirí
cáilitheacha
iompair de
bhóthar.

99A.—(1) San alt seo—

ciallaíonn ‘údarás inniúil’, i ndáil le Ballstát eile, an t-údarás atá freagrach sa Bhallstát sin as dleachtanna máil ar ola mhianra a riaradh;

ciallaíonn ‘cárta breosla’ cárta nó meán leictreonach eile, arna eisiúint ag soláthraí cárta breosla, arb é an príomhchuspóir atá leis peitreal nó ola gháis a cheannach;

ciallaíonn ‘soláthraí cárta breosla’ cuideachta nó eintiteas eile, nó aon chomhlachas cuideachtaí nó eintiteas den sórt sin, a sholáthraíonn cártaí breosla do dhaoine, faoi réir comhaontú leis na daoine sin;

ciallaíonn ‘ola gháis’ ola gháis ar ar íocadh cáin ola mianra de réir an ráta chaighdeánaigh (de réir bhrí alt 97(2));

ciallaíonn ‘mótarfheithicil cháilitheach’—

(a) mótarfheithicil atá deartha agus déanta d'aon toisc chun earraí a iompar de bhóthar, agus nach lú ná 7.5 tona a hollmheáchan ualaithe uasta incheadaithe, nó

(b) mótarfheithicil atá deartha agus déanta chun paisinéirí a iompar de bhóthar, agus a thagann faoi réim an mhínithe ar fheithicil de chuid earnáil M2 nó M3 in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2007/46/CE an 5 Meán Fómhair 2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³;

³IO Uimh. L263, 9.10.2007, lch.1

ciallaíonn ‘oibritheoir cáilitheach iompair de bhóthar’, de réir mar is gá sa chás—

- (a) duine a shealbhaíonn ceadúnas oibritheora tarlaithe náisiúnta de bhóthar nó ceadúnas oibritheora tarlaithe idirnáisiúnta de bhóthar arna dheonú faoi alt 2 den Acht um Thrácht ar Bhóithre agus Iompar, 2006,
- (b) duine, seachas duine dá dtagraítear i mír (a), a shealbhaíonn ceadúnas Comhphobail de réir bhrí Rialachán (CE) Uimh. 1072/2009 an 21 Deireadh Fómhair 2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴,
- (c) duine a shealbhaíonn ceadúnas oibritheora iompair paisinéirí náisiúnta de bhóthar nó ceadúnas oibritheora iompair paisinéirí idirnáisiúnta de bhóthar arna dheonú faoi alt 2 den Acht um Thrácht ar Bhóithre agus Iompar, 2006, nó
- (d) duine, seachas duine dá dtagraítear i mír (c), a shealbhaíonn ceadúnas Comhphobail de réir bhrí Rialachán (CE) Uimh. 1073/2009 an 21 Deireadh Fómhair 2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁵;

ciallaíonn ‘tréimhse aisíoca’ tréimhse a fhorordaítear chun críocha an ailt seo.

(2) I gcás go suitear chun sástacht na gCoimisinéirí gur cheannaigh oibritheoir cáilitheach iompair de bhóthar ola gháis le linn tréimhse aisíoca lena húsáid ag an oibritheoir cáilitheach iompair sin de bhóthar i gcúrsa gnó—

- (a) mar thiomántán le haghaidh mótarfheithicil cháilitheach, agus
- (b) chun daoine nó earraí a iompar go dleathach,

déanfaidh na Coimisinéirí, faoi réir an ailt seo agus faoi réir cibé coinníollacha a fhorordóidh na Coimisinéirí nó a fhorchuirfidh siad thairis sin, cion den cháin a íocadh ar an ola gháis sin, arna ríomh de réir fho-alt (3), a aisíoc leis an oibritheoir cáilitheach iompair sin de bhóthar.

(3) Faoi réir ráta uasta aisíoca €75.00 in aghaidh an 1,000 lítear, déanfar an méid a bheidh le haisíoc in aghaidh an 1,000 lítear d’ola gháis faoi fho-alt (2) a chinneadh de réir na foirmle—

$$A = (P - 1,000) \times 0.3$$

⁴IO Uimh. L300, 14.11.2009, lch.72

⁵IO Uimh. L300, 14.11.2009, lch.88

i gcás—

gurb é A an méid a aisíocfar in aghaidh an 1,000 lítear, agus

gurb é atá in P ná meastachán ar an meánphraghas (gan cáin bhreisluacha a áireamh) in euro in aghaidh an 1,000 lítear d'ola gháis a cheannaigh oibritheoirí cáilitheacha iompair de bhóthar le linn na tréimhse aisíoca, arna chinneadh de réir fho-alt (4).

(4) Chun críocha fho-alt (3), déanfar an meastachán ar an meánphraghas in aghaidh an 1,000 lítear d'ola gháis i leith tréimhse aisíoca a chinneadh de réir sonraí a sholáthróidh an Phríomh-Oifig Staidrimh.

(5) Ní dhéanfar aisíocaíocht más rud é—

(a) go bhforchuirtear oibleagáidí ar an oibritheoir cáilitheach iompair de bhóthar leis na hAchtanna (de réir bhrí alt 1095(1) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997) agus nach sealbhaíonn sé nó sí deimhniú imréitigh cánach reatha arna eisiúint faoin alt sin,

(b) go bhfuil oibleagáidí ar an oibritheoir cáilitheach iompair de bhóthar faoi alt 101 nó faoi Chodanna 5 agus 6 de na Rialacháin um Cháin Ola Mianra, 2012 (I.R. Uimh. 231 de 2012) agus nár chomhlíon sé nó sí na hoibleagáidí sin le linn na tréimhse aisíoca lena mbaineann, nó

(c) go bhfuil an t-oibritheoir cáilitheach iompair de bhóthar bunaithe i mBallstát eile agus go bhfuil aon oibleagáidí air nó uirthi, sa Bhallstát sin, is inchomparáide leis na hoibleagáidí sin a luaitear i míreanna (a) agus (b), agus nach ndéanann sé nó sí, ag cibé tráth agus i cibé foirm a fhorordóidh na Coimisinéirí nó a cheanglóidh siad thairis sin, ráiteas ó údarás inniúil an Bhallstáit sin a thabhairt do na Coimisinéirí á rá go ndearna an t-oibritheoir cáilitheach iompair de bhóthar na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh go hiomlán.

(6) (a) Ní fhéadfar ola gháis, ar ina leith a rinneadh aisíocaíocht faoi fho-alt (2), a úsáid ach amháin—

(i) ag duine seachas oibritheoir cáilitheach iompair de bhóthar,

(ii) le haghaidh feithicle seachas mótarfeithicil cháilitheach, nó

- (iii) chun críche seachas chun paisinéirí nó earraí a iompar i gcúrsa gnó,

i gcás go ndearnadh an méid a aisíocadh amhlaidh a chur ar ais chuig na Coimisinéirí, roimh aon úsáid den sórt sin, mar aon le haon ús is infoctha faoi alt 103(3) den Acht Airgeadais, 2001.

- (b) I gcás go bhfuil aon ola gháis faoi réir cheanglais mhír (a), agus i gcás nár comhlíonadh na ceanglais sin, is ola mhianra nár íocadh an ráta caighdeánach cuí uirthi í an ola gháis sin chun críocha na Caibidle seo.
- (7) (a) Déanfar éilimh ar aisíocaíocht faoi fho-alt (2) i cibé foirm a ordóidh na Coimisinéirí ó am go ham agus is éilimh iad i leith ola mhianra a ceannaíodh le linn tréimhse aisíoca lena húsáid go heisiach i mótarfheithiclí cáilitheacha.
- (b) Ach amháin i gcás go bhféadfaidh na Coimisinéirí a mhalairt a cheadú in aon chás áirithe, déanfar éileamh ar aisíocaíocht laistigh de 4 mhí tar éis dheireadh na tréimhse aisíoca lena mbaineann.
- (c) Ó cibé dáta a cheapfaidh na Coimisinéirí le hordú, déanfar éilimh ar aisíocaíocht faoi fho-alt (2) trí cibé meán leictreonach a cheanglóidh na Coimisinéirí agus, gan dochar do ghinearáltacht alt 917E den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, beidh feidhm ag na forálacha iomchuí de Chaibidil 6 de Chuid 38 den Acht sin maidir le haon tuairisceán den sórt sin.

(8) Gan dochar do ghinearáltacht alt 104 agus d'aon choinníollacha eile a fhorordófar, féadfar foráil a dhéanamh le rialacháin faoin alt sin, chun críocha an ailt seo, maidir leis na nithe seo a leanas—

- (a) oibritheoirí cáilitheacha iompair de bhóthar a chlárú leis na Coimisinéirí, agus an fhaisnéis a bheidh le tabhairt ag na hoibritheoirí sin chun na críche sin,
- (b) an modh ar a ndéanfar íocaíocht i leith na hola gáis lena mbaineann, lena n-áirítear ceanglas go ndéanfar íocaíocht le cárta breosla a bheidh ceadaithe ag na Coimisinéirí chun na críche sin,

(c) na taifid a bheidh le coimeád ag oibritheoirí cáilitheacha iompair de bhóthar, agus

(d) an fhaisnéis a bheidh le tabhairt do na Coimisinéirí ag soláthraí cárta breosla i ndáil le hola gháis arna ceannach ag oibritheoirí cáilitheacha iompair de bhóthar.

(9) Tagann an t-alt seo i ngníomh an 1 Iúil 2013.”.

Leasú ar Chaibidil 1 (léiriú, dliteanas agus íocaíocht) de Chuid 2 den Acht Airgeadais, 2001.

52.—Leasaítear Caibidil 1 de Chuid 2 den Acht Airgeadais, 2001—

(a) in alt 105B(1), trí “Faoi réir fho-ailt (2), (3) agus (4) agus alt 105BA” a chur in ionad “Faoi réir fho-ailt (2) agus (3)”, agus

(b) tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 105B:

“Saibhriú míchóir.

105BA.—(1) San alt seo—

ciallaíonn ‘éilitheoir’ duine a chuireann éileamh ar aisíocaíocht isteach faoi alt 105B(1);

ciallaíonn ‘méid ró-íochta’ méid atá faoi réir a aisíoca faoi alt 105B(1).

(2) I gcás go gcinneadh na Coimisinéirí, de réir fho-alt (3), go mbeadh de thoradh ar mhéid ró-íochta, nó aon chuid den mhéid sin, a aisíoc go ndéanfaí an t-éilitheoir a shaibhriú go míchóir, ní aisíocfaidh siad an méid sin nó an chuid sin den mhéid sin.

(3) Chun a chinneadh an mbeadh de thoradh ar aisíocaíocht dá dtagraítear i bhfo-alt (2) go ndéanfaí an t-éilitheoir a shaibhriú go míchóir, déanfaidh na Coimisinéirí, i ndáil leis an méid ró-íochta lena mbaineann, aird a thabhairt ar na nithe seo a leanas—

(a) a mhéid a d’aistrigh an t-éilitheoir sin, ar chúiseanna praiticiúla, costas an mhéid ró-íochta sin chuig aon duine nó daoine eile sa phraghas a gearradh ar na táirgí inmháil, na feithiclí, nó na hearraí nó na seirbhísí eile lena mbaineann,

(b) aon ghlanchailteanas brabús a bhfuil cúis acu lena chreidiúint, bunaithe ar a n-anailís féin agus ar aon fhaisnéis a thabharfaidh an t-éilitheoir sin dóibh, gur glanchailteanas é a d’iompair an t-éilitheoir mar thoradh air sin, agus

(c) aon tosca eile a ndíreoidh an t-éilitheoir a n-aird orthu.

(4) Féadfaidh na Coimisinéirí aon fhaisnéis a iarraidh ar an éilitheoir a bhaineann le himthosca an mhéid ró-íochta agus leis an éileamh ar aisíocaíocht faoi alt 105B(1) agus is réasúnach sna himthosca agus a chabhróidh leo le linn dóibh cinneadh a dhéanamh faoi fho-alt (2).

(5) D’ainneoin ghinearáltacht fho-alt (2) más rud é, ag féachaint d’fho-alt (3)(a), gur diúltaíodh méid ró-íochta a aisíoc, go hiomlán nó go páirteach, mar gheall ar a mhéid a rinneadh costas an mhéid ró-íochta a aistriú chuig duine eile nó daoine eile agus—

(a) go ngeallann an t-éilitheoir méid atá comhionann leis an méid a aistríodh amhlaidh a íoc leis an duine sin nó leis na daoine sin, agus

(b) gur deimhin leis na Coimisinéirí go bhfuil socruithe leordhóthanacha i bhfeidhm ag an éilitheoir chun an duine sin nó na daoine sin a shainaitheint agus íocaíocht a dhéanamh leo,

déanfaidh na Coimisinéirí, faoi réir fho-alt (6), méid a aisíoc leis an éilitheoir atá comhionann leis an méid a gheall an t-éilitheoir amhlaidh a íoc.

(6) Maidir leis an éilitheoir a fuair aisíocaíocht i leith méid ró-íochta faoi fho-alt (5), i gcás go mainníonn sé nó sí, faoin 30ú lá tar éis an dáta a rinneadh an aisíocaíocht, íocaíocht a dhéanamh leis an duine nó leis na daoine lena mbaineann de réir mar a gealladh faoi fho-alt (5)(a), ansin measfar ón dáta sin, maidir leis an méid arna aisíoc amhlaidh, nach bhfuil sé inaisíochta go cuí agus cuirfear ar ais chuig na Coimisinéirí é mar aon le haon ús a bheidh dlíte faoi alt 103(3).”.

53.—Leasaítear alt 109B den Acht Airgeadais, 2001—

Leasú ar alt 109B
(léiriú (Caibidil
2A)) den Acht
Airgeadais, 2001.

(a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “áit seachadta dhírih”:

“ciallaíonn ‘áit seachadta dhírih’ áit arna ceapadh ag coinsíní ainmnithe mar áit seachadta coinsíneachta, seachas—

(a) i gcás gur coimeadaí stórais údaraithe an coinsíní ainmnithe, stóras cánach arna cheadú i ndáil leis an gcoimeadaí stórais údaraithe sin

faoi alt 109 agus arna thairgeadh mar sin ar chlár SEED, nó

- (b) i gcás gur coinsíní cláraithe an coinsíní ainmnithe, seoladh an choinsíní chláraithe sin arna thairgeadh ar chlár SEED;”,

agus

- (b) tríd an míniú seo a leanas a chur isteach:

“ciallaíonn ‘clár SEED’ an clár oibritheoirí eacnamaíochta agus áitreabh arna n-údarú mar stórais chánach a cheanglaítear ar na Coimisinéirí a chothabháil faoi Airteagal 19 de Rialachán (AE) Uimh. 389/2012 an 2 Bealtaine 2012 ón gComhairle⁶;”.

Leasú ar Chaibidil 4 (cumhachtaí oifigeach) de Chuid 2 den Acht Airgeadais, 2001.

54.—Leasaítear Caibidil 4 de Chuid 2 den Acht Airgeadais, 2001—

- (a) in alt 135(1)(d)(ii), trí “aon táirgí inmháil atá san fheithicil nó ar an bhfeithicil, nó atá ceangailte ar mhodh ar bith den fheithicil” a chur in ionad “aon táirgí atá á n-iompar amhlaidh”, agus

- (b) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 136A:

“136A.—I gcás go bhfuil cúis ag oifigeach lena chreidiúint go bhféadfadh go bhfuil cion faoi alt 119 nó 121 á dhéanamh ag duine atá ag teacht isteach sa Stát, i ndáil le táirgí inmháil atá i mbagáiste an duine sin nó atá á n-iompar ar shlí eile ag an duine sin, féadfaidh an t-oifigeach, ar údarú an oifigigh sin a thabhairt ar aird má theastaíonn ón duine sin go ndéanfaidh sé nó sí amhlaidh—

- (a) a cheangal ar an duine sin stopadh, agus—

- (i) ainm, seoladh agus dáta breithe an duine sin a thabhairt don oifigeach sin,
- (ii) aon fhaisnéis i ndáil leis na táirgí inmháil sin nó leis an mbagáiste sin a thabhairt don oifigeach sin, agus
- (iii) na táirgí inmháil sin a thabhairt don oifigeach lena scrúdú,

agus

- (b) aon bhagáiste agus táirgí inmháil den sórt sin a scrúdú.”.

Leasú ar Chaibidil 5 (ilghnéitheach) de Chuid 2 den Acht Airgeadais, 2001.

55.—Leasaítear Caibidil 5 de Chuid 2 den Acht Airgeadais, 2001 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 144A:

“144A.—(1) Faoi réir fho-ailt (2) agus (3), féadfaidh oifigeach aon chumhacht, feidhm nó dualgas a thugtar do na Coimisinéirí nó a fhorchuirtear ar na Coimisinéirí le haon fhoráil den dlí máil a fheidhmiú nó a chomhlíonadh thar a gceann faoi réir stiúradh agus rialú na gCoimisinéirí.

⁶IO Uimh. L121, 8.5.2012, lch. 1

(2) Maidir le haon chumhacht, feidhm nó dualgas a thugtar do na Coimisinéirí nó a fhorchuirtear orthu—

- (a) i ndáil le stórasú cánach faoi alt 108A,
- (b) i ndáil le húdarú coimeádaí stórais agus ceadú stórais cánach faoi alt 109,
- (c) i ndáil le húdarú coinsíneora chláraithe faoi alt 109A,
- (d) i ndáil le clárú coinsíní chláraithe faoi fho-ailt (3) agus (4) d’alt 109J,
- (e) i ndáil le ceadú ionadaí cánach faoi alt 109U(2), agus
- (f) i ndáil le cáin cláraithe feithiclí agus le clárú feithiclí—
 - (i) faoi mhír (c) d’alt 131(1),
 - (ii) faoi mhíreanna (c) agus (d) d’alt 133(1), nó
 - (iii) faoi fho-ailt (2) agus (3) d’alt 136,

den Acht Airgeadais, 1992,

féadfaidh oifigeach arna údarú nó arna húdarú acu i scríbhinn chun na críche sin í nó é a fheidhmiú nó a chomhlíonadh thar a gceann, agus sin faoi réir a stiúrtha agus a rialaithe.

(3) Ní bheidh feidhm ag fo-ailt (1) agus (2) maidir le haon chumhacht de chuid na gCoimisinéirí chun rialacháin a dhéanamh faoi aon fhoráil den dlí máil.”.

56.—Leasaítear Caibidil 3 de Chuid 2 den Acht Airgeadais, 2005—

Leasú ar Chaibidil 3 (cáin táirgí tobac) de Chuid 2 den Acht Airgeadais, 2005.

(a) in alt 71(1), trí na mínithe seo a leanas a chur isteach:

“ciallaíonn ‘táirge tobac aindleathach’ aon táirge tobac a táirgeadh nó a próiseáladh sa Stát ar shlí seachas i stóras cánach, contrártha do cheanglais alt 108A den Acht Airgeadais, 2001;

ciallaíonn ‘earraí toirmisce’ aon innealra, gaireas, trealamh, soitheach, ábhair, substaint nó ní eile atá nó a bhí in úsáid, nó a bheartaítear a úsáid, chun aon táirge tobac aindleathach a tháirgeadh nó a phróiseáil;

ciallaíonn ‘tobac neamh-mhonaraithe’ aon ní atá le haicmiú amhlaidh faoi ainmníocht chónasctha na gComhphobal Eorpach dá dtagraítear in Airteagal 1 de Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 an 23 Iúil 1987 ón gComhairle⁷;

(b) in alt 78(3), trí “iad a dhíol nó a sheachadadh,” a chur isteach i ndiaidh “a choimeád lena ndíol nó lena seachadadh,” agus

⁷IO Uimh. L256, 7.9.1987, lch.1

(c) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 78:

“Monarú
aindleathach
táirgí tobac.

78A.—(1) Is cion é faoin bhfo-alt seo—

(a) aon táirge tobac aindleathach a tháirgeadh nó a phróiseáil nó iarracht a dhéanamh ar tháirgeadh nó próiseáil den sórt sin, nó a bheith bainteach le haon táirgeadh nó próiseáil den sórt sin nó iarracht a dhéantar ar tháirgeadh nó próiseáil den sórt sin,

(b) déileáil go feasach in aon táirge tobac aindleathach,

(c) earraí toirmisce a choinneáil ar aon áitreabh nó talamh eile nó ar aon fheithicil, nó

(d) aon táirge tobac aindleathach nó earraí toirmisce a sheachadadh, nó a bheith i mbun é nó iad a sheachadadh.

(2) Gan dochar d’aon phionós eile a dhlífear a chur ar dhuine, maidir le duine a chiontófar i gcion faoin alt seo, dlífear—

(a) ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil €5,000 nó, de rogha na Cúirte, príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó

(b) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná €126,970 nó, de rogha na Cúirte, príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 5 bliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(3) Aon táirgí tobac, ábhair nó earraí toirmisce a mbeidh cion déanta ina leith faoi fho-alt (1), dlífear iad a fhorghéilleadh, agus i gcás go bhfaighfear aon táirgí, ábhair nó earraí den sórt sin in aon fheithicil nó uirthi, nó i gceangal le feithicil ar aon slí, dlífear an fheithicil sin a fhorghéilleadh freisin.

(4) (a) I gcás imeachtaí mar gheall ar chion faoi fho-alt (1)(c), a thionscnófar i gcoinne duine is úinéir nó áititheoir áitribh nó talún eile, de thuras na huaire, ar a bhfaighfear earraí toirmisce, toimhdeofar, go dtí go gcruthófar a mhalairt, gurb é nó í an duine sin a choinnigh na

hearraí toirmisce ar an áitreabh nó ar an talamh sin.

(b) I gcás go bhfaighfear aon tobac neamh-mhonaraithe sa Stát agus i gcás nach suitear chun sástacht na gCoimisinéirí go gcoinnítear an tobac neamh-mhonaraithe sin, nó go bhfuil sé á sheachadadh—

(i) faoi nós imeachta custam de réir bhrí Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92 an 12 Deireadh Fómhair 1992 ón gComhairle⁸,

(ii) lena úsáid mar amhábhair chun táirgí tobac a tháirgeadh i stóras cánach,

(iii) lena úsáid mar amhábhair chun aon táirge nó ní eile seachas táirge tobac a tháirgeadh, nó

(iv) le haghaidh aon úsáid eile nach bhfuil contrártha don alt seo,

ansin toimhdeofar, go dtí go gcruthófar a mhalairt, gur earraí toirmisce atá sa tobac neamh-mhonaraithe.

(5) Beidh feidhm ag alt 13 den Acht um Nós Imeachta Coiriúil, 1967 i ndáil le cion faoin alt seo amháil is dá ndéanfaí, in áit na bpionós a shonraítear i bhfo-alt (3) den alt sin, na pionóis dá bhforáiltear le fo-alt (2)(a) den alt seo a shonrú san fho-alt sin (3), agus forléireofar an tagairt i bhfo-alt (2)(a) d'alt 13 den Acht um Nós Imeachta Coiriúil, 1967 do na pionóis dá bhforáiltear i bhfo-alt (3) den alt sin, agus beidh feidhm aici, dá réir sin.

(6) I gcás go ndéanfaidh comhlacht corpraithe cion faoin alt seo agus go suffear go ndearnadh an cion le toiliú nó le cúlcheadú aon duine a bhí, tráth déanta an chiona, ina stiúrthóir, ina bhainisteoir nó ina bainisteoir, ina rúnaí nó ina oifigeach eile nó ina hoifigeach eile de chuid an chomhlachta chorpraithe, nó ina chomhalta nó ina comhalta de choiste bainistíochta nó d'údarás rialaithe eile an chomhlachta chorpraithe, beidh an duine sin, chomh maith leis an gcomhlacht corpraithe, ciontach i gcion agus féadfar imeachtaí a thionscnamh ina choinne nó ina coinne

⁸IO Uimh. L302, 19.10.1992, lch.1

agus é nó í a phionósú amhail is dá mbeadh an duine sin ciontach sa chion céadluaite.”.

Leasú ar Chaibidil 1 (dleacht gealltóireachta) de Chuid 2 den Acht Airgeadais, 2002.

57.—(1) Leasaítear Caibidil 1 de Chuid 2 den Acht Airgeadais, 2002—

(a) in alt 67, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

“(3A) (a) Faoi réir mhír (b) agus cibé coinníollacha a fhorordóidh na Coimisinéirí Ioncaim nó a fhorchuirfidh siad thairis sin, ní bheidh geallghlacadóir faoi dhliteanas i leith dleacht gealltóireachta ar gheall a chuir nó a leag an geallghlacadóir nó a rinne sé nó sí ar shlí eile i gcás go suitear chun sástacht na gCoimisinéirí Ioncaim gur aistrigh an geallghlacadóir sin é chuig geallghlacadóir eile agus gur ghlac an geallghlacadóir eile é.

(b) I gcás go bhfuil feidhm ag mír (a), beidh an geall a aistríodh amhlaidh, ón tráth a ghlacann an geallghlacadóir eile sin é, faoi dhliteanas i leith dleacht gealltóireachta faoi fho-alt (1) agus beidh an geallghlacadóir eile sin faoi dhliteanas an dleacht gealltóireachta a íoc.”,

agus

(b) in alt 77(1)—

(i) i mír (b), trí “dleacht a íoc, agus” a chur in ionad “dleacht a íoc”,

(ii) i mír (c) trí, “aird.” a chur in ionad “aird, agus”, agus

(iii) trí mhír (d) a scriosadh.

(2) Déantar Caibidil 1 de Chuid 2 den Acht Airgeadais, 2002 a leasú tuilleadh in alt 77(1) (arna leasú le *fo-alt (1)(b)*)—

(a) trí “chun a áirithiú go n-íocfar aon dleacht a fhorchuirtear leis an gCaibidil seo” a chur in ionad “chun a áirithiú go n-íocfar dleacht gealltóireachta”,

(b) i mír (b), trí “dleacht” a chur in ionad “dleacht gealltóireachta”, agus

(c) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (c):

“(c) chun a cheangal ar gheallghlacadóirí, ar gheallghlacadóirí cianda agus ar idirghabhálaithe gealltóireachta cianda na leabhair, na cuntais, na dearbháin, agus na taifid eile dá gcuid a bhaineann leis an ngnó atá á sheoladh acu a chothabháil agus a thabhairt ar aird.”.

(3) Tagann *fo-alt (2)* i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire Airgeadais le hordú agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh le haghaidh forálacha éagsúla nó chun críoch éagsúil.

58.—Leasaítear an tAcht Airgeadais, 2003, le héifeacht amhail ar Rátaí cánach táirgí an agus ón 6 Nollaig 2012, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alcóil. Sceideal 2 a ghabhann leis an Acht sin:

“SCEIDEAL 2

RÁTAÍ CÁNACH TÁIRGÍ ALCÓIL

(Le héifeacht amhail ar an agus ón 6 Nollaig 2012)

Tuairisc an Táirge	An Ráta Cánach
<i>Bhiotáille:</i>	€36.85 an lítear alcóil sa bhiotáille
<i>Beoir:</i>	
Is mó ná 0.5% toirte ach nach mó ná 1.2% toirte	€0.00
Is mó ná 1.2% toirte ach nach mó ná 2.8% toirte	€9.56 an heictilítear faoin gcéad d'alcól sa bheoir
Is mó ná 2.8% toirte	€19.13 an heictilítear faoin gcéad d'alcól sa bheoir
<i>Fíon:</i>	
Neamhdhrithleach agus drithleach, nach mó ná 5.5% toirte	€123.51 an heictilítear
Neamhdhrithleach, is mó ná 5.5% toirte ach nach mó ná 15% toirte	€370.64 an heictilítear
Neamhdhrithleach, is mó ná 15% toirte	€537.81 an heictilítear
Drithleach, is mó ná 5.5% toirte	€741.28 an heictilítear
<i>Deochanna Giosáilte Eile:</i> <i>(1) Leann Úll agus Leann Piorraí:</i>	
Neamhdhrithleach agus drithleach, nach mó ná 2.8% toirte	€40.08 an heictilítear
Neamhdhrithleach agus drithleach, is mó ná 2.8% toirte ach nach mó ná 6.0% toirte	€80.16 an heictilítear
Neamhdhrithleach agus drithleach, is mó ná 6.0% toirte ach nach mó ná 8.5% toirte	€185.36 an heictilítear
Neamhdhrithleach, is mó ná 8.5% toirte	€262.92 an heictilítear
Drithleach, is mó ná 8.5% toirte	€525.85 an heictilítear
<i>(2) Deochanna seachas Leann Úll agus Leann Piorraí:</i>	
Neamhdhrithleach agus drithleach, nach mó ná 5.5% toirte	€123.51 an heictilítear
Neamhdhrithleach, is mó ná 5.5% toirte	€370.64 an heictilítear
Drithleach, is mó ná 5.5% toirte	€741.28 an heictilítear
<i>Deochanna Idirmhéanacha:</i>	
Neamhdhrithleach, nach mó ná 15% toirte	€370.64 an heictilítear
Neamhdhrithleach, is mó ná 15% toirte	€537.81 an heictilítear
Drithleach	€741.28 an heictilítear

”.

Leasú ar Chaibidil 1
(cáin leictreachais)
de Chuid 2 den
Acht Airgeadais,
2008.

59.—Leasaítear Caibidil 1 de Chuid 2 den Acht Airgeadais, 2008—

- (a) in alt 63(1), trí “árthaigh eile,” a chur in ionad “árthaigh eile.” i mír (g) agus tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh na míre sin:

“(h) a úsáideadh faoi shocruithe taidhleoireachta sa Stát.”,

agus

- (b) in alt 64(1), trí “faoi mhíreanna (b), (c), (d) agus (h)” a chur in ionad “faoi mhíreanna (b), (c) agus (d)”.

Leasú ar Chaibidil 2
(cáin charbóin gáis
nádúrtha) de Chuid
3 den Acht
Airgeadais, 2010.

60.—Leasaítear Caibidil 2 de Chuid 3 den Acht Airgeadais, 2010 in alt 71(1)—

- (a) trí “nó” a scriosadh i mír (a) agus trí “mhíotalóireachta, nó” a chur in ionad “mhíotalóireachta.” i mír (b), agus

- (b) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (b):

“(c) faoi shocruithe taidhleoireachta sa Stát.”.

Leasú ar Chaibidil 3
(cáin charbóin
breosla sholadaigh)
de Chuid 3 den
Acht Airgeadais,
2010.

61.—(1) Leasaítear Caibidil 3 de Chuid 3 den Acht Airgeadais, 2010—

- (a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad Sceideal 1:

“SCEIDEAL 1

RÁTAÍ CÁNACH CARBÓIN BREOSLA SHOLADAIGH (Le héifeacht amhail ar an agus ón 1 Bealtaine 2013)

Tuairisc an Bhreosla Sholadaigh	An Ráta Cánach
Gual	€26.33 an tona
<i>Móin:</i>	
Bríciní móna	€18.33 an tona
Móin mheilte	€8.99 an tona
Móin eile	€13.62 an tona

”.

- (b) in alt 77, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “soláthróir”:

“ciallaíonn ‘soláthróir’ duine cuntasach chun críocha Chuid 2 den Acht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010 a sholáthraíonn breosla soladach nó aon duine eile is duine inchánach de réir bhrí alt 2 den Acht sin agus a sholáthraíonn breosla soladach;”.

- (c) in alt 78(3), trí “€10” a chur in ionad “€15”,

- (d) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 79:

“79.—(1) Muirearófar cáin an tráth a sholáthróidh soláthróir an breosla soladach sa Stát den chéad uair agus, ach amháin i gcás go bhfuil feidhm ag fo-ailt (2) agus (3), beidh an soláthróir sin cuntasach sa cháin a mhuirearófar agus beidh sé nó sí faoi dhliteanas an cháin sin a íoc.

(2) (a) San fho-alt seo, ciallaíonn ‘monarú’, i ndáil le táirge breosla sholadaigh, breosla soladach a athdhéanamh nó a phróiseáil chun breosla soladach a tháirgeadh a bhfuil a thréithe éagsúil leis an mbreosla soladach as a dtáirgtear é, agus folaíonn sé cnapóga agus brícíní comhfháiscthe, agus táirgí den tsamhail sin a bhfuil cruth rialta orthu agus méid rialta iontu a tháirgeadh, ach ní fholáíonn sé eastóscadh, ní, triomú, briseadh ná meilt.

(b) Faoi réir cibé coinníollacha a fhorordóidh na Coimisinéirí, nó a cheanglóidh siad thairis sin in aon chás áirithe, ní mhuirearófar cáin ar bhreosla soladach a sholáthraíonn soláthróir do mhonaróir táirge breosla sholadaigh i gcás go n-úsáidtear an breosla soladach sin mar amháibhar le linn an táirge sin a mhonarú.

(c) I gcás go bhfuil feidhm ag mír (b), muirearófar cáin an tráth a sholáthróidh soláthróir an táirge breosla sholadaigh monaraithe sa Stát den chéad uair, agus beidh an soláthróir sin cuntasach sa cháin a mhuirearófar agus faoi dhliteanas í a íoc.

(3) Beidh tomhaltóir faoi dhliteanas i leith aon easnamh ar an méid cánach a mhuirearófar ar sholáthar, i gcás gur tharla an t-easnamh sin de dheasca faisnéis bhréagach nó faisnéis mhíthreorach a thug an tomhaltóir sin don soláthróir lena mbaineann, agus ní bheidh aon dliteanas den sórt sin ar an soláthróir.”,

(e) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 80:

“80.—Cláróidh gach soláthróir atá cuntasach faoi alt 79 leis na Coimisinéirí de réir cibé nósanna imeachta a fhorordóidh na Coimisinéirí nó a cheanglóidh siad thairis sin.”,

agus

(f) in alt 82(1), trí “mhíotalóireachta, nó” a chur in ionad “mhíotalóireachta.” i mír (b) agus tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh na míre sin:

“(c) faoi shocruithe taidhleoireachta sa Stát.”.

(2) Déantar Caibidil 3 de Chuid 3 den Acht Airgeadais, 2010 a leasú tuilleadh le héifeacht amháil ar an agus ón 1 Bealtaine 2014—

(a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad Sceideal 1 (arna leasú le *fo-alt (1)(a)*):

“SCEIDEAL 1

RÁTAÍ CÁNACH CARBÓIN BREOSLA SHOLADAIGH
(Le héifeacht amhail ar an agus ón 1 Bealtaine 2014)

Tuairisc an Bhreosla Sholadaigh	An Ráta Cánach
Gual	€52.67 an tona
<i>Móin:</i>	
Bríciní móna	€36.67 an tona
Móin mheilte	€17.99 an tona
Móin eile	€27.25 an tona

”,

agus

- (b) in alt 78(3) (arna leasú le *fo-alt (1)(c)*), trí “€20” a chur in ionad “€10”.

Leasú ar alt 130
(léiriú) den Acht
Airgeadais, 1992.

62.—Leasaítear alt 130 den Acht Airgeadais, 1992—

- (a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “feithicil de chuid earnáil C”:

“ciallaíonn ‘feithicil de chuid earnáil C’ feithicil de chuid earnáil M2, feithicil de chuid earnáil M3, feithicil de chuid earnáil N2, feithicil de chuid earnáil N3, feithicil de chuid earnáil T1, feithicil de chuid earnáil T2, feithicil de chuid earnáil T3, feithicil de chuid earnáil T4, feithicil de chuid earnáil T5 nó feithicil liostaithe;”

- (b) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “athchóiriú”:

“ciallaíonn ‘athchóiriú’ an fheithicil a mhodhnú agus ciallaíonn sé sin—

- (a) i ndáil le feithicil chláráithe, an fheithicil a mhodhnú ar mhodh go n-athrófar aon cheann de na sonraí a taifeadadh chun críche a cláráithe,

- (b) i ndáil le feithicil neamhchláráithe, an fheithicil a mhodhnú ar mhodh go n-athrófar aon cheann de na sonraí a taifeadadh chun críche a cineálcheadaithe nó, má bhí sí cláráithe roimhe sin i ndlínse eile, chun críche an chláráithe is déanaí den sórt sin;”

agus

- (c) trí na mínithe ar “cábán foirne” agus “truiclín” a scriosadh.

Leasú ar alt 132
(dleacht mháil a
mhuirearú) den
Acht Airgeadais,
1992.

63.—Leasaítear alt 132 den Acht Airgeadais, 1992, i bhfo-alt (3), le héifeacht amhail ar an agus ón 1 Eanáir 2013—

- (a) i mír (d)(ii), trí “gur feithicil í atá aicmithe, ag gach céim den mhonarú, mar fheithicil de chuid earnáil N1 a bhfuil

níos lú ná 4 shuíochán inti agus go bhfuil, ag aon chéim den mhonarú” a chur in ionad “gur feithicil de chuid earnáil N1 í a bhfuil, an tráth a mhonaraítear í, níos lú ná 4 shuíochán inti”,

agus

(b) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an Tábla a ghabhann leis an bhfo-alt sin:

“An Tábla

Astaíochtaí CO ₂ (CO ₂ g/km)	An céatadán de luach na feithicle is infíoctha
0g/km suas le 80g/km agus é sin san áireamh	14% nó €280 cibé acu is mó
Níos mó ná 80g/km, suas le 100g/km agus é sin san áireamh	15% nó €300 cibé acu is mó
Níos mó ná 100g/km, suas le 110g/km agus é sin san áireamh	16% nó €320 cibé acu is mó
Níos mó ná 110g/km, suas le 120g/km agus é sin san áireamh	17% nó €340 cibé acu is mó
Níos mó ná 120g/km, suas le 130g/km agus é sin san áireamh	18% nó €360 cibé acu is mó
Níos mó ná 130g/km, suas le 140g/km agus é sin san áireamh	19% nó €380 cibé acu is mó
Níos mó ná 140g/km, suas le 155g/km agus é sin san áireamh	23% nó €460 cibé acu is mó
Níos mó ná 155g/km, suas le 170g/km agus é sin san áireamh	27% nó €540 cibé acu is mó
Níos mó ná 170g/km, suas le 190g/km agus é sin san áireamh	30% nó €600 cibé acu is mó
Níos mó ná 190g/km, suas le 225g/km agus é sin san áireamh	34% nó €680 cibé acu is mó
Níos mó ná 225g/km	36% nó €720 cibé acu is mó

”.

64.—Leasaítear alt 135C den Acht Airgeadais, 1992 trí “31 Nollaig 2013” a chur in ionad “31 Nollaig 2012” gach áit a bhfuil sé.

Leasú ar alt 135C (loghadh nó aisíoc i leith cánach cláraithe feithiclí, etc.) den Acht Airgeadais, 1992.

65.—Leasaítear alt 135D (a cuireadh isteach le halt 83(1)(j) den Acht Airgeadais, 2012) den Acht Airgeadais, 1992, i bhfo-alt (5), trí “ar na taifid arna gcothabháil faoi alt 60 den Acht Airgeadais, 1993” a chur in ionad “ar an deimhniú cláraithe arna eisiúint de réir alt 131(5)(a),”.

Leasú ar alt 135D (méideanna cánach cláraithe feithiclí a aisíoc ar fheithiclí áirithe a onnmhairiú) den Acht Airgeadais, 1992.

66.—Leasaítear alt 136 den Acht Airgeadais, 1992 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (6):

Leasú ar alt 136 (monaróirí, dáileoirí agus déileálaithe a údarú agus íoc tréimhsiúil dleachta) den Acht Airgeadais, 1992.

“(6) Chun críocha fho-alt (5), féadfaidh na Coimisinéirí a cheadú, faoi réir cibé coinníollacha a chomhlíonadh is cuí leo a fhorchur chun íocaíocht a áirithiú, íoc cánach cláraithe feithiclí a chur siar go dtí lá nach déanaí ná an 15ú lá den mhí i ndiaidh na míosa ina muirearaítear an cháin.”.

CUID 3

CÁIN BHREISLUACHA

Léiriú (*Cuid 3*). **67.**—Sa Chuid seo, ciallaíonn “Príomh-Acht” an tAcht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010.

Glacadóirí agus leachtaitheoirí. **68.**—Leasaítear an Príomh-Acht—

(a) in alt 28, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

“(4) Más rud é, i gcás gnó atá á sheoladh, nó a scoireadh de bheith á sheoladh, ag duine cuntasach, go ndéanfaidh duine eile (lena n-áirítear glacadóir nó leachtaitheoir), faoi aon chumhacht is infheidhmithe ag an duine eile sin, seirbhísí (is seirbhísí a sholáthraítear trí shócmhainní nó cuid de shócmhainní duine chuntasaigh a úsáid) a sholáthar i gcomhair nó faoi chomhair fiach a bheidh dlite den duine cuntasach a shásamh, nó i gcúrsa cuideachta a fhoirceannadh, ansin measfar gur i gcúrsa nó ag bisiú a ghnó nó a gnó a sholáthraíonn an duine cuntasach na seirbhísí sin.

(5) Maidir le duine eile (lena n-áirítear glacadóir nó leachtaitheoir), faoi aon chumhacht is infheidhmithe ag an duine eile sin, i gcomhair nó faoi chomhair fiach a bheidh dlite de dhuine inchánach a shásamh, nó i gcúrsa cuideachta a fhoirceannadh—

(a) i gcás go ndéanann sé nó sí soláthar arb éard é ligean earraí dochorraithe, is sócmhainní nó cuid de shócmhainní an duine inchánach, agus

(b) i gcás go bhfeidhmíonn an duine eile sin rogha go ngearrfar cáin ar an ligean sin de réir alt 97(1)(a)(i),

ansin measfar gur sholáthair an duine inchánach sin an ligean sin agus gur fheidhmigh sé nó sí an rogha go ngearrfaí cáin.”,

(b) in alt 65(1)(b), trí “is daoine a dhiúscaíonn earraí nó a sholáthraíonn seirbhísí a meastar, de bhun alt 22(3) nó 28(4) nó (5), gur earraí nó seirbhísí iad a sholáthair” a chur in ionad “is daoine a dhiúscaíonn earraí a meastar, de bhun alt 22(3), gur earraí iad a sholáthair”,

(c) in alt 65(4), trí “Gach duine a dhiúscaíonn earraí nó a sholáthraíonn seirbhísí a meastar, de bhun alt 22(3) nó 28(4) nó (5), gur earraí nó seirbhísí iad a sholáthair duine cuntasach i gcúrsa a ghnó nó a gnó, déanfaidh sé nó sí, laistigh de 14 lá ón diúscairt nó ó sholáthar seirbhíse,” a chur in ionad “Gach duine a dhiúscaíonn earraí a meastar, de bhun alt 22(3), gur earraí iad a sholáthair duine cuntasach i gcúrsa a ghnó nó a gnó, déanfaidh sé nó sí, laistigh de 14 lá ón diúscairt,”

(d) in alt 76(2), trí “Maidir le duine a dhiúscaíonn earraí nó a sholáthraíonn seirbhísí a meastar, de bhun alt 22(3) nó 28(4) nó (5), gur earraí nó seirbhísí iad a sholáthair” a

chur in ionad “Maidir le duine a dhiúscaíonn earraí a meastar, de bhun alt 22(3), gur earraí iad a sholáthair”,

(e) in alt 76(2)(a), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fhomhír (i):

“(i) na nithe seo a leanas a thabhairt don Ard-Bhailitheoir—

(I) tuairisceán fíor ceart, arna ullmhú de réir rialachán, ar an méid iomlán cánach a tháinig chun bheith dlite i gcaitheamh na tréimhse inchánach sin—

(A) ón duine cuntasach i ndáil le diúscairt na n-earraí nó soláthar na seirbhísí, agus

(B) ón nglacadóir, ón leachtaitheoir nó ón duine eile a bheidh ag feidhmiú cumhachta, i ndáil le haon choigeartú is gá faoi Chaibidil 2 de Chuid 8 nó alt 95(4)(c),

agus

(II) cibé sonraí eile a shonrófar i rialachán,”

(f) in alt 76(2), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (b):

“(b) déanfaidh sé nó sí ráiteas ina mbeidh cibé sonraí a shonrófar i rialachán a chur chuig an duine cuntasach a mheasfar a dhiúscair na hearraí nó a sholáthair na seirbhísí, agus”,

(g) in alt 76(2)(c), trí “as fáltais na diúscartha nó as an ioncam ó na seirbhísí a mheasfar a sholáthair an duine cuntasach.” a chur in ionad “as fáltais na diúscartha.”

(h) in alt 76(3), trí “Maidir le húinéir na n-earraí nó soláthraí na seirbhísí a meastar, de bhun alt 22(3) nó 28(4) nó (5), gur earraí nó seirbhísí iad a sholáthair” a chur in ionad “Maidir le duine is úinéir ar earraí a meastar, de bhun alt 22(3), gur earraí iad a sholáthair”, agus

(i) in alt 95(4), tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (b):

“(c) I gcás gur soláthar lena mbaineann alt 28(4) an ligean dá dtagraítear i mír (a)(iii), déanfaidh an glacadóir nó an duine a bheidh ag feidhmiú na cumhachta an coigeartú inasbhainteachta a ríomh de réir na foirmle a leagtar amach i mír (b) agus beidh an méid sin iníoctha amhail is dá mba cháin é a bhí dlite don tréimhse inchánach ina dtarlaíonn an ligean sin.”

Leasú ar alt 43
(dearbháin, etc.)
den Phríomh-Acht.

69.—Leasaítear alt 43 den Phríomh-Acht i bhfo-alt (3)—

(a) i mír (a)(i), trí “do dhuine cuntasach” a chur in ionad “do dhuine”, agus

(b) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (b):

“(b) go ndéanann duine cuntasach a fhaigheann an cúpón, an stampa, an cárta teileafóin, an airíocht nó an dearbhán sin, cibé acu ón soláthraí dá dtagraítear i mír (a) nó ó aon duine cuntasach eile i gcúrsa nó ag bisiú gnó é nó í a sholáthar ar chomaoin i gcúrsa nó ag bisiú gnó.”

Leasú ar alt 59
(asbhaint i leith
cáin a iompraíodh
nó a íocadh) den
Phríomh-Acht.

70.—Leasaítear alt 59 den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (1), i mír (d) den mhíniú ar “gníomhaíochtaí cáilitheacha”, trí “i mír 6(1), 7(1)” a chur in ionad “i mír 6, 7”.

(b) i bhfo-alt (2), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (j):

“(j) an cháin ab inmhuirearaithe le linn na tréimhse, ar cáin í a bhfuil an duine cuntasach faoi dhliteanas ina leith de bhua alt 16(1), 94(6)(a) nó (7) nó 95(8)(c) go (e), maidir le soláthar earraí dochorraithe don duine sin,”

Leasú ar alt 64
(scéim earraí
caipitiúla) den
Phríomh-Acht.

71.—Leasaítear alt 64 den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (9)(b), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fhomhír (i):

“(i) go ndéantar soláthar bainteach agus go ndéanann an díoltóir comhaontú i scríbhinn leis an gceannaitheoir á rá go mbeidh an ceannaitheoir freagrach as gach oibleagáid faoin gCaibidil seo i ndáil leis an earra caipitiúil ón dáta a sholáthraítear nó a aistrítear an t-earra caipitiúil sin, amhail is—

(I) dá mba rud é go bhfuair nó gur fhorbair an ceannaitheoir an t-earra caipitiúil an tráth a fuair nó a d’fhorbair an díoltóir é,

(II) dá mba é a bhí sa cháin iomlán arna tabhú ag an díoltóir sin agus sa mhéid a d’asbhain sé nó sí i ndáil leis an earra caipitiúil sin an cháin iomlán arna tabhú ag an gceannaitheoir agus an méid a d’asbhain sé nó sí, agus

(III) dá ndéanfadh an ceannaitheoir aon choigeartuithe a rinne an díoltóir de réir na Caibidle seo,”

(b) i bhfo-alt (9), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (c):

“(c) I gcás ina bhfuil feidhm ag mír (b)—

(i) maidir leis an gceannaitheoir:

(I) beidh sé nó sí freagrach as na hoibleagáidí dá dtagraítear i mír (b)(i), agus

(II) úsáidfidh sé nó sí an fhaisnéis sa chóip den taifead earra caipitiúil arna heisiúint ag an díoltóir de réir mhír (b)(ii) chun aon cháin a ríomh is inmhuirearaithe nó is inasbhainte de réir na Caibidle seo i leith an earra chaipitiúil sin ag an gceannaitheoir sin ón dáta a dhéanfar an soláthar nó an t-aistriú dá dtagraítear i mír (b)(i),

agus

(ii) maidir leis an soláthar bainteach, measfar nach soláthar é chun críocha an Achta seo.”,

agus

(c) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (12):

“(12A) (a) San fho-alt seo—

ciallaíonn ‘dáta deiridh’ an dáta a scoirfidh an morgáistí de sheilbh a bheith aige nó aici nó a thagann deireadh le ceapachán an ghlacadóra;

folaíonn ‘morgáistí’ aon duine ag a bhfuil sochar muirir nó liain nó aon duine a fhaigheann teideal chun an mhorgáiste faoin morgáistí bunaidh;

ciallaíonn ‘dáta tosaigh’ an dáta a ghlacann an morgáistí seilbh nó a cheaptar an glacadóir.

(b) I gcás go bhfuil earra caipitiúil ar teachtadh mar urrús nó go bhfuil sé faoi réir muirir nó liain agus—

(i) go nglacann morgáistí seilbh, nó

(ii) go gceapann morgáistí glacadóir nó go gceaptar glacadóir ar iarratas ó mhorgáistí nó faoi alt 147 den Acht fán nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní, 2009 nó ar aon mhodh eile,

ansin tabharfaidh an t-úinéir earraí caipitiúla (dá ngairtear an ‘mainnitheoir’ san fho-alt seo) cóip den taifead earraí caipitiúla don mhorgáistí sin nó don ghlacadóir sin agus ar an

agus ón dáta tosaigh, ach faoi réir na bhforálacha ina dhiaidh seo den fho-alt seo, déileálfar, chun críocha na Caibidle seo, leis an morgáistí sin nó leis an nglacadóir sin amhail is dá mba é nó í an t-úinéir earraí caipitiúla an morgáistí sin nó an glacadóir sin.

- (c) I gcás ina bhfuil feidhm ag mír (b), beidh an morgáistí nó an glacadóir freagrach as gach oibleagáid de chuid an mhainnitheora sin faoin gCaibidil seo amhail is—
- (i) dá ndéanfadh an morgáistí sin nó an glacadóir sin an t-earra caipitiúil sin a fháil nó a fhorbairt an tráth a fuair nó a d'fhorbair an mainnitheoir é,
 - (ii) dá mba é a bhí sa cháin iomlán arna tabhú ag an mainnitheoir agus sa mhéid a d'asbhain an mainnitheoir i ndáil leis an earra an cháin iomlán arna tabhú ag an morgáistí sin nó ag an nglacadóir sin agus an méid a d'asbhain sé nó sí, agus
 - (iii) dá mba rud é go ndearnadh aon choigeartuithe a cheanglaítear ar an mainnitheoir a dhéanamh faoin gCaibidil seo,

agus úsáidfídh an morgáistí sin nó an glacadóir sin an fhaisnéis sa chóip den taifead earra caipitiúil arna heisiúint ag an mainnitheoir, de réir mhír (b), chun aon cháin a ríomh is infoctha ag an morgáistí sin nó ag an nglacadóir sin de réir na Caibidle seo agus alt 76(2) ar feadh a bhfuil fágtha den tréimhse choigeartúcháin is infheidhme maidir leis an earra caipitiúil sin.

- (d) Más rud é go bhfuil feidhm ag mír (c) agus—
- (i) go scoireann an morgáistí de sheilbh a bheith aige nó aici (seachas i gcás go bhfuil feidhm ag mír (h) nó ar an earra caipitiúil a dhiúscairt), nó
 - (ii) go dtagann deireadh le ceapachán an ghlacadóra (seachas i gcás go bhfuil feidhm ag mír (h)) agus nach ndearna an glacadóir an t-earra caipitiúil a dhiúscairt,

ansin tabharfaidh an morgáistí sin nó an glacadóir sin cóip den taifead earraí caipitiúla don mhainnitheoir agus, ón dáta deiridh, déileálfar leis an mainnitheoir chun críocha na Caibidle seo amhail is dá mba é nó í an t-úinéir earraí caipitiúla an mainnitheoir sin.

- (e) I gcás ina bhfuil feidhm ag mír (d), beidh an mainnitheoir freagrach as gach oibleagáid de chuid an mhorgáistí sin nó de chuid an ghlacadóra sin faoin gCaibidil seo amhail is—

- (i) dá mba rud é go bhfuair nó gur fhorbair an mainnitheoir an t-earra caipitiúil sin an tráth a measadh, de réir mhír (c)(i), go bhfuair an morgáistí nó an glacadóir é,
- (ii) dá mba é a bhí sa cháin iomlán a mheastar a bheith tabhaithe agus sa mhéid a mheastar a bheith asbhainte ag an morgáistí sin nó ag an nglacadóir sin, de réir mhír (c)(ii), i ndáil leis an earra an cháin iomlán arna thabú ag an mainnitheoir agus an méid a d'asbhain sé nó sí, agus
- (iii) dá mba rud é go ndearnadh aon choigeartuithe a cheanglaítear ar an morgáistí sin nó ar an glacadóir sin a dhéanamh faoin gCaibidil seo,

agus úsáidfidh an mainnitheoir an fhaisnéis sa chóip den taifead earra chaipitiúil arna heisiúint ag an morgáistí nó ag an nglacadóir, de réir mhír (d), chun aon cháin a ríomh is iníoctha nó is inasbhainte ag an mainnitheoir sin de réir na Caibidle seo ar feadh a bhfuil fágtha den tréimhse choigeartúcháin is infheidhme maidir leis an earra caipitiúil sin.

- (f) I gcás ina bhfuil méid cánach iníoctha i leith eatraimh de réir fho-alt (2)(b)(i), (3)(b)(i) nó (4)(b)(i), agus i gcás ina bhfuil an dáta tosaigh nó an dáta deiridh, nó iad araon, ann le linn an eatraimh sin, déanfar méid na cánach sin a bheith iníoctha ag an morgáistí nó ag an nglacadóir a ríomh de réir na foirmle seo a leanas—

$$J \times \frac{K}{L}$$

i gcás—

gurb é J méid na cánach is iníoctha de réir fho-alt (2)(b)(i), (3)(b)(i) nó (4)(b)(i),

gurb é K an líon laethanta le linn an eatraimh ina bhfuil seilbh ag an morgáistí nó ina mbeidh an glacadóir ceaptha,

gurb é L an líon laethanta san eatramh,

agus íocfaidh an mainnitheoir an t-iarmhéid (más ann).

- (g) I gcás ina bhfuil méadú ar an méid cánach is inasbhainte i leith eatraimh de réir fho-alt (2)(b)(ii), (3)(b)(ii) nó (4)(b)(ii), agus i gcás ina bhfuil an dáta tosaigh nó an dáta deiridh, nó iad araon, ann le linn an eatraimh sin, déanfar méid an mhéadaithe sin ar inasbhainteacht a mbeidh an morgáistí nó an glacadóir ina theideal a ríomh tríd an bhfoirmle seo a leanas a úsáid—

M x K
L

i gcás—

gurb é M méid an mhéadaithe ar inasbhainteacht de réir fho-alt (2)(b)(ii), (3)(b)(ii) nó (4)(b)(ii),

gurb é K an líon laethanta le linn an eatraimh ina bhfuil seilbh ag an morgáistí nó ina mbeidh an glacadóir ceaptha,

gurb é L an líon laethanta san eatramh,

agus beidh an mainnitheoir i dteideal an iarmhéid (más ann).

(h) Más rud é go bhfuil feidhm ag mír (c) agus—

- (i) go scoireann morgáistí de sheilbh a bheith aige nó aici agus go nglacann morgáistí eile seilbh,
- (ii) go scoireann morgáistí de sheilbh a bheith aige nó aici agus go gceaptar glacadóir,
- (iii) go dtagann deireadh le ceapachán glacadóra agus go nglacann morgáistí seilbh, nó
- (iv) go dtagann deireadh le ceapachán glacadóra agus go gceaptar glacadóir eile,

ansin, i ngach cás, déanfaidh an duine a scoireann de sheilbh a bheith aige nó aici nó a dtagann deireadh lena cheapachán nó lena ceapachán cóip den taifead earraí caipitiúla a thabhairt don mhorgáistí a ghlacann seilbh nó don ghlacadóir a cheaptar agus déileálfar, ón dáta tosaigh, leis an morgáistí sin nó leis an nglacadóir sin chun críocha na Caibidle seo amhail is dá mba é nó í an morgáistí sin nó an glacadóir sin an t-úinéir earraí caipitiúla agus beidh sé nó sí freagrach as oibleagáidí an mhorgáistí nó an ghlacadóra roimhe sin de réir mhíreanna (c) agus (d).”.

Leasú ar alt 80 (cáin atá dlite ar bhonn airgid a fuarthas) den Phríomh-Acht.

72.—Leasaítear alt 80(1)(b) den Phríomh-Acht, le héifeacht ón 1 Bealtaine 2013, trí “€1,250,000” a chur in ionad “€1,000,000”.

Leasú ar alt 86 (forálacha speisialta i leith cánach arna sonrasc ag feirmeoirí cothromráta) den Phríomh-Acht.

73.—Leasaítear alt 86(1) den Phríomh-Acht, le héifeacht ón 1 Eanáir 2013, trí “4.8 faoin gcéad” a chur in ionad “5.2 faoin gcéad”.

74.—Leasaítear alt 120(9)(b) den Phríomh-Acht—

Leasú ar alt 120
(rialacháin) den
Phríomh-Acht.

- (a) i bhfomhír (iii), trí “a tharchur;” a chur in ionad “a tharchur; agus”,
- (b) i bhfomhír (iv), trí “i bhfoirm ar bith; agus” a chur in ionad “i bhfoirm ar bith;”, agus
- (c) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (iv)—
- “(v) na coinníollacha a mbeidh an fhianaise ar na rialuithe gnó a úsáidtear chun mír (a) d’alt 66(2A) a chomhlíonadh faoina réir mar a luaitear i mír (b) den fhoráil sin.”.

75.—(1) Leasaítear Sceideal 1 a ghabhann leis an bPríomh-Acht—

Leasú ar Sceideal 1
(gníomhaíochtaí
díolmhaithe) agus
ar Sceideal 3 (earraí
agus seirbhísí is
inmhuirearaithe de
réir an ráta
laghdaithe) a
ghabhann leis an
bPríomh-Acht.

- (a) i mír 5, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fhomhír (3):
- “(3) Ócáidí spóirt a chur chun cinn (seachas i gcúrsa saoráidí a sholáthar chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí spóirt, lena n-áirítear galf nó gníomhaíochtaí corpoideachais den chineál a shonraítear i bhfomhír (1) nó (1A) de mhír 12 de Sceideal 3).”,
- (b) i mír 6(1), trí chlásal (g) a scriosadh,
- (c) i mír 6(1)(i), trí “san fhomhír seo” a chur in ionad “sa mhír seo”,
- (d) i mír 6(2), trí “Seirbhísí airgeadais arb éard iad gnóthas de chineál a shonraítear san fhomhír seo a bhainistiú.” a chur in ionad “Sonraítear na gnóthais seo a leanas chun críche fhomhír (1)(g).”,
- (e) i mír 6(2), tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh chlásal (a):
- “(aa) comhpháirtíocht theoranta infheistíochta de réir bhrí alt 739J den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997;”,
- (f) i mír 6(2), tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh chlásal (e):
- “(ea) gnóthas a dhéanann idirbhearta airgeadais sonraithe de réir bhrí Chuid 8A den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 i gcás ina bhfuil an gnóthas sin ar aon dul le gnóthas a shonraítear in áit eile san fhomhír seo;”,
- (g) i mír 6(2), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad chlásal (f):
- “(f) aon ghnóthas eile a gcinneann an tAire gur gnóthas comhinfeistíochta é chun críocha na fomhíre seo.”,
- (h) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír 7:

“7.—(1) Soláthar seirbhísí gníomhaireachta a bhaineann leis na seirbhísí airgeadais a shonraítear i bhfomhír (1) de mhír 6, gan seirbhísí bainistíochta ná slánchoimeáda i ndáil leis na seirbhísí a shonraítear i gclásal (a) den fhomhír sin a áireamh.

(2) Soláthar seirbhísí gníomhaireachta a bhaineann leis na seirbhísí airgeadais a shonraítear i mír 6(2).”,

agus

(i) i mír 11(1)(c), trí “fomhír (1) nó (1A) de mhír 12” a chur in ionad “mír 12(1)”.

(2) Leasaítear Sceideal 3 a ghabhann leis an bPríomh-Acht—

(a) i mír 11(a), trí “i bhfomhír (1) nó (1A) de mhír 12” a chur in ionad “i mír 12(1)”,

(b) i mír 12, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fhomhír (1):

“(1) Eintiteas seachas eagraíocht neamhbhrabúsach, an Stát nó comhlacht poiblí do sholáthar saoráidí chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí spóirt, lena n-áirítear galf nó gníomhaíochtaí corpoideachais, agus gníomhaíochtaí a bhfuil dlúthbhaint acu leis an gcéanna.”,

agus

(c) i mír 12, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (1):

“(1A) An Stát nó comhlacht poiblí do sholáthar saoráidí chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí spóirt, lena n-áirítear galf nó gníomhaíochtaí corpoideachais, agus gníomhaíochtaí a bhfuil dlúthbhaint acu leis an gcéanna, i gcás inar mó, nó inar dóigh gur mó, ná an tairseach seirbhísí, le linn aon tréimhse leanúnach 12 mhí, an chomaoin iomlán a fhaigheann an t-eintiteas sin as na saoráidí sin a sholáthar.”.

(3) Tá éifeacht le míreanna (a) agus (i) d’fho-alt (1) agus le fo-alt (2) ar an agus ón 1 Eanáir 2013.

CUID 4

DLEACHTANNA STAMPA

Léiriú (Cuid 4).

76.—Sa Chuid seo, ciallaíonn “Príomh-Acht” an tAcht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999.

Leasuithe a bhaineann le forálacha féinmheasúnachta.

77.—Leasaítear an Príomh-Acht—

(a) in alt 20, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(2A) I gcás go ndealraíonn sé, aon tráth agus ar aon chúis, go bhfuil measúnacht mícheart, déanfaidh na Coimisinéirí cibé measúnacht eile is cuí leo agus cuirfear

aon mheasúnacht den sórt sin in ionad na measúnachta céadluaite.”,

- (b) in alt 21(1), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínte ar “tréimhse ama chun achomharc a thionscnamh”:

“ciallaíonn ‘tréimhse ama chun achomharc a thionscnamh’ 30 lá tar éis dháta na measúnachta.”,

- (c) in alt 21, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

“(2) Féadfaidh duine cuntasach atá míshásta le measúnacht ó na Coimisinéirí i ndáil le hionstraim achomharc a dhéanamh chun na gCoimisinéirí Achomhairc i gcoinne na measúnachta, ar fhógra i scríbhinn a thabhairt, laistigh den tréimhse ama chun achomharc a thionscnamh, do na Coimisinéirí agus éistfidh agus cinnfidh na Coimisinéirí Achomhairc an t-achomharc agus is cinneadh críochnaitheach dochloíte a gcinneadh mura gceanglaítear an t-achomharc a athéisteacht ag breitheamh den Chúirt Chuarda nó mura gceanglaítear cás a shonrú i ndáil leis chun tuairim na hArd-Chúirte a fháil ar phonc dlí.”,

- (d) in alt 21, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

“(3) Ní fhéadfar aon achomharc a dhéanamh—

- (a) i gcoinne measúnacht a dhéanann duine cuntasach, nó

- (b) i gcoinne measúnacht a dhéanann na Coimisinéirí ar dhuine cuntasach, i gcás gur comhaontaíodh an dleacht idir na Coimisinéirí agus an duine cuntasach, nó aon duine a bhí údaraithe ag an duine cuntasach chuige sin, roimh an measúnacht a dhéanamh.”,

- (e) in alt 21(4), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

“(a) Más rud é—

- (i) go mainníonn duine cuntasach a chur faoi deara tuairisceán leictreonach nó tuairisceán ar pháipéar a sheachadadh i ndáil le hionstraim, nó

- (ii) nach bhfuil na Coimisinéirí sásta leis an tuairisceán leictreonach nó leis an tuairisceán ar pháipéar a seachadadh, nó go bhfuair siad aon fhaisnéis maidir lena neamhdhóthanacht,

agus go ndéanann na Coimisinéirí measúnacht de réir alt 20, ní fhéadfar aon achomharc a dhéanamh i gcoinne na measúnachta sin mura rud é, laistigh den tréimhse ama chun achomharc a thionscnamh—

- (I) i gcás lena mbaineann fomhír (i), go seachadtar tuairisceán leictreonach nó tuairisceán ar pháipéar ar na Coimisinéirí, agus
- (II) i gcás lena mbaineann fomhír (i) nó (ii), go n-íocann nó gur íoc an duine cuntasach méid dleachta ar scór na measúnachta nach lú ná an dleacht ab iníoctha ar scór na measúnachta dá ndéanfaí an mheasúnacht ar gach slí faoi threoir an tuairisceáin arna sheachadadh ar na Coimisinéirí.”

(f) in alt 79, trí fho-alt (6) a scriosadh,

(g) in alt 80, trí fho-alt (7) a scriosadh,

(h) in alt 80A, trí fho-alt (7) a scriosadh, agus

(i) trí alt 131 a scriosadh.

Talamh: forálacha speisialta.

78.—(1) Leasaítear an Príomh-Acht—

(a) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 31:

“Bunaithe i gconradh.

31A.—(1) Más rud é—

(a) go ndéanann sealbhóir eastáit nó leasa i dtalamh sa Stát conradh nó comhaontú le duine eile chun an t-eastát nó an leas a dhíol leis an duine eile sin nó le hainmnitheach de chuid an duine eile sin, agus

(b) go ndearnadh íocaíocht arb é a méid nó, de réir mar a bheidh, íocaíochtaí arb é a méid iomlán, 25 faoin gcéad nó níos mó den chomhaoin i leith an díola a íoc le sealbhóir an eastáit nó an leasa, nó ar threoir uaidh nó uaithi, aon tráth de bhun an chonartha nó an chomhaontaithe,

ansin beidh an conradh nó an comhaontú inmhuirearaithe leis an dleacht stampa chéanna, a bheidh le híoc ag an duine eile, a mhuirearófaí dá mba thíolacas nó aistriú ar an eastát nó ar an leas sa talamh é.

(2) Níl feidhm ag fo-alt (1) más rud é, laistigh de 30 lá ón dáta a íocadh íocaíocht arb é a méid nó, de réir mar a bheidh, íocaíochtaí arb é a méid iomlán, 25 faoin gcéad nó níos mó den chomhaoin i leith an díola dá dtagraítear i bhfo-alt (1)—

(a) go ndearnadh tuairisceán leictreonach nó tuairisceán ar

pháipéar a sheachadadh ar na Coimisinéirí i ndáil le tíolacas nó le haistriú a rinneadh i gcomhréir leis an gconradh nó leis an gcomhaontú dá dtagraítear i bhfo-alt (1), agus

- (b) go ndearnadh an dleacht stampa ab inmhuirearaithe ar an tíolacas nó ar an aistriú a íoc leis na Coimisinéirí.

(3) I gcás gur íocadh dleacht stampa i leith conartha nó comhaontú, de réir fho-alt (1), ní bheidh aon dleacht inmhuirearaithe ar thíolacas nó aistriú a rinneadh i gcomhréir leis an gconradh nó leis an gcomhaontú, agus sonrúidh na Coimisinéirí, i gcás gur seachadadh tuairisceán leictreonach nó tuairisceán ar pháipéar orthu i ndáil leis an tíolacas nó leis an aistriú, gur íocadh an dleacht ar an tíolacas nó ar an aistriú, nó aistreoidh siad an dleacht chuig an tíolacas nó chuig an aistriú ar an gconradh nó ar an gcomhaontú, arna stampáil go cuí, a thabhairt ar aird dóibh.

(4) Déanfar an dleacht stampa a íocfar ar aon chonradh nó comhaontú, de réir fho-alt (1), a chur ar ais i gcás go súfear chun sástacht na gCoimisinéirí go ndearnadh an conradh nó an comhaontú a chealú nó a neamhniú.

Comhaontuithe
ceadúnas.

31B.—(1) San alt seo, ciallaíonn ‘forbairt’, i ndáil le haon talamh—

- (a) aon fhoirgneamh a fhoirgníú, a scartáil, a mhéadú, a athrú nó a athfhoirgníú ar an talamh, nó
- (b) aon oibríocht innealtóireachta nó aon oibríocht eile sa talamh, ar an talamh, os cionn na talún nó faoin talamh lena oiriúnú le haghaidh malairt ábhartha úsáide.
- (2) Más rud é—
- (a) go ndéanann sealbhóir eastáit nó leasa i dtalamh sa Stát comhaontú le duine eile faoina bhfuil an duine eile sin, nó ainmnitheach de chuid an duine eile sin, i dteideal dul isteach ar an talamh chun forbairt a dhéanamh ar an talamh sin, agus
- (b) de bhua an chomhaontaithe, go bhfaigheann sealbhóir an eastáit

nó an leas sa talamh aon tráth, seachas mar chomaoin as an eastát iomlán, nó cuid de, nó as an leas iomlán sa talamh, nó cuid de, a dhíol, íocaíocht arb é a méid nó, de réir mar a bheidh, íocaíochtaí arb é a méid iomlán, 25 faoin gcéad nó níos mó de mhargadhluach na talún lena mbaineann,

ansin, laistigh de 30 lá ón gcéad tráth den sórt sin, beidh an comhaontú inmhuirearaithe leis an dleacht stampa chéanna, a bheidh le híoc ag an duine eile sin, a mhuirearófaí dá mba thíolacas nó aistriú ar an eastát nó ar an leas sa talamh a bhí ann.

(3) Déanfar an dleacht stampa a íocfar ar aon chomhaontú, de réir fo-alt (2), a chur ar ais i gcás go suítear chun sástacht na gCoimisinéirí go ndearnadh an comhaontú a chealú nó a neamhniú.”,

(b) trí alt 36 a scriosadh,

(c) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 50:

“Comhaontuithe do théarma is faide ná 35 bliana le muirearú mar léasanna.

50A.—(1) Aon chomhaontú i leith léasa nó maidir le ligean aon tailte, tionóntán, nó ábhar inoidhrithe do théarma ar bith is faide ná 35 bliana, muirearófar an dleacht stampa chéanna air a mhuirearófaí dá mba léas iarbhír é a rinneadh don téarma agus i leith na comaoine a luaitear sa chomhaontú i gcás go ndearnadh 25 faoin gcéad nó níos mó den chomaoin sin a íoc.

(2) Déanfar an dleacht stampa a íocfar ar aon chomhaontú i leith léasa, de réir fo-alt (1), a chur ar ais i gcás go suítear chun sástacht na gCoimisinéirí go ndearnadh an comhaontú i leith léasa a chealú nó a neamhniú.”,

agus

(d) trí “faoi fhorálacha alt 50 nó 50A” a chur in ionad “faoi fhorálacha alt 50” i mír (4) den Cheannteideal “LÉAS” i Sceideal 1.

(2) Aisghairtear alt 82 (seachas fo-alt (2) den alt sin) den Acht Airgeadais (Uimh. 2), 2008.

(3) Tá feidhm ag fo-alt (1) maidir le hionstraimí arna bhforghníomhú an 13 Feabhra 2013 nó dá éis seachas ionstraimí arna bhforghníomhú de bhun conradh nó comhaontú ceangailteach, agus dá bhun sin amháin, a rinneadh roimh an 13 Feabhra 2013.

79.—Leasaítear alt 81AA den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (16), trí “31 Nollaig 2015” a chur in ionad “31 Nollaig 2012”. Leasú ar alt 81AA (aistriú chuig feirmeoirí óga oilte) den Phríomh-Acht.

80.—Leasaítear alt 85 den Phríomh-Acht—

(a) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

Leasú ar alt 85 (caipiteal iasachta áirithe agus urrúis áirithe) den Phríomh-Acht.

“(1A) Chun críocha fho-alt (2)(d), ciallaíonn ‘deimhniú iontaobhais maidir le trealamh feabhsaithe’ caipiteal iasachta arna eisiúint ag cuideachta d’fhonn airgeadas a chruinniú chun aerárthaí a fháil, a fhorbairt nó a léasú.”,

agus

(b) i bhfo-alt (2), trí “agus” a scriosadh ag deireadh mhír (b), agus “i gcúrsa a ghnó, agus” a chur in ionad “i gcúrsa a ghnó.” i mír (c), agus tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (c):

“(d) ar eisiúint, aistriú nó fuascailt deimhniú iontaobhais maidir le trealamh feabhsaithe.”.

81.—Leasaítear an Phríomh-Acht—

(a) in alt 88(1)(b), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fhomhír (i):

Leasú ar alt 88 (stoic áirithe agus urrúis inmhargaidh áirithe) agus ar alt 90 (ionstraimí seirbhísí airgeadais áirithe) den Phríomh-Acht.

“(i) aonad i ngnóthas infheistíochta de réir bhrí alt 739B den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997,”,

(b) in alt 88(1)(b), tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (i):

“(ia) aonad i gcomhchiste conarthach de réir bhrí alt 739I den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997,

(ib) aonad i gcomhpháirtíocht theoranta infheistíochta de réir bhrí alt 739J den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997,”,

(c) in alt 88(2), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (b):

“(b) aon stoic nó urrúis inmhargaidh de chuid cuideachta atá cláraithe sa Stát, seachas cuideachta—

(i) is gnóthas infheistíochta de réir bhrí alt 739B den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, nó

(ii) is cuideachta cháilitheach de réir bhrí alt 110 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997.”,

agus

(d) in alt 90(3), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (b):

“(b) aon stoic nó urrúis inmhargaidh de chuid cuideachta atá cláraithe sa Stát, seachas cuideachta—

(i) is gnóthas infheistíochta de réir bhrí alt 739B den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, nó

(ii) is cuideachta cháilitheach de réir bhrí alt 110 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997.”.

Leasú ar alt 123B (cártaí airgid, comhchártaí agus cártaí dochair) den Phríomh-Acht.

82.—Leasaítear alt 123B den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (1), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhíniú ar “sealbhóir cuntais”:

“ciallaíonn ‘sealbhóir cuntais’, i ndáil le bunchuntas íocaíochta, an duine ar ina ainm nó ina hainm a shealbhaítear an cuntas;”,

(b) i bhfo-alt (1), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhíniú ar “bunchuntas íocaíochta”:

“ciallaíonn ‘bunchuntas íocaíochta’ cuntas cárta—

(a) nach n-eisítear ach amháin chuig sealbhóir cuntais—

(i) nár shealbhaigh cuntas cárta le linn na tréimhse eisiaimh airgeadais, nó

(ii) a shealbhaigh cuntas cárta le linn na tréimhse eisiaimh airgeadais ach nach ndearnadh aon idirbhearta arna dtionscnamh ag an sealbhóir cuntais ar an gcuntas sin sa tréimhse eisiaimh airgeadais,

(b) más rud é, i leith gach 2 ráithe chomhleanúnacha, nach mó ná €4,500 (dá ngairtear an ‘méid tairsí’ san alt seo) i ngach ráithe na méideanna uile a íoctar isteach sa cuntas cárta, seachas méideanna a íoctar leis an sealbhóir cuntais trí ríomhaistriú cistí faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh, agus

(c) is cuntas bainc caighdeánach le ceann de na bainc seo a leanas:

(i) Bainc-Aontas Éireann, cpt;

(ii) Gobharnóir agus Cuideachta Bhanc na hÉireann;

(iii) *Permanent TSB* cpt;”,

(c) i bhfo-alt (1), trí na míniú seo a leanas a chur isteach:

“ciallaíonn ‘tréimhse eisiaimh airgeadais’ an tréimhse 3 bliana díreach roimh an dáta a dhéantar iarratas chun bunchuntas íocaíochta a oscailt;

ciallaíonn ‘ráithe’ tréimhse 3 mhí chomhleanúnacha nó aon tréimhse chomhréireach ar faoina treoir a dhéanann tionscnóir na méideanna go léir a íocadh isteach i gcuntas cárta a ríomh i gcúrsa a ghnó;”,

- (d) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

(1B) I gcás go ndearna an tionscnóir fógra i dtaobh fhoirceannadh an bhunchuntais íocaíochta a sheirbheáil, ní scoirfidh an cuntas de bheith ina bhunchuntas íocaíochta go dtí go mbeidh 2 mhí caite ó dháta seirbheála an fhógra.”,

- (e) i bhfo-alt 3(c), trí “i ndáil leis an mbliain 2012,” a scriosadh, agus

- (f) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (10):

“(11) Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an alt seo, chun a chinntiú, maidir leis na coinníollacha lena rialaítear bunchuntas íocaíochta a oscailt, gur coinníollacha iad de shórt a fhágfaidh go mbainfidh an t-alt amach an cuspóir a bheartaítear leis, féadfaidh an tAire na nithe seo a leanas a athrú le hordú—

(a) fad na tréimhse eisiaimh airgeadais, agus

(b) an méid tairsí, faoi réir athrú uasta 20 faoin gcéad.

(12) Gach ordú a dhéanfaidh an tAire faoi fho-alt (11), leagfar é faoi bhráid Dháil Éireann a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus má dhéanann Dáil Éireann, laistigh den 21 lá a shuífidh Dáil Éireann tar éis an t-ordú a leagan faoina bráid, rún a rith ag neamhniú an ordaithe, beidh an t-ordú ar neamhniú dá réir sin ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin ordú.”.

83.—Leasaítear alt 125A den Phríomh-Acht—

Leasú ar alt 125A
(tobhach ar
árachóirí údaraithe)
den Phríomh-Acht.

- (a) i bhfo-alt (1), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “tréimhse chuntasaíochta”:

“ciallaíonn ‘tréimhse chuntasaíochta’ an chéad tréimhse chuntasaíochta nó tréimhse chuntasaíochta iardain, de réir mar a bheidh;”,

- (b) i bhfo-alt (1), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “dáta dlite”:

“ciallaíonn ‘dáta dlite’—

(a) i ndáil leis an gcéad tréimhse chuntasaíochta, an 21 Bealtaine 2013, agus

(b) i ndáil le tréimhse chuntasaíochta iardain, an 21ú lá den dara mí tar éis dheireadh na tréimhse cuntasaíochta;”,

- (c) i bhfo-alt (1), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “ráta sonraithe”:

“ciallaíonn ‘ráta sonraithe’—

- (a) i leith conarthaí iomchuí arna n-athnuachan nó arna ndéanamh an 1 Eanáir 2013 nó dá éis agus an 30 Márta 2013 nó roimhe—

(i) €95 i leith duine árachaithe atá faoi bhun 18 mbliana d’aois, agus

(ii) €285 i leith duine árachaithe atá 18 mbliana d’aois nó os a chionn,

agus

- (b) i leith conarthaí iomchuí arna n-athnuachan nó arna ndéanamh i ndiaidh an 30 Márta 2013—

(i) €100 i leith duine árachaithe atá faoi bhun 18 mbliana d’aois agus atá árachaithe faoi chonradh iomchuí ina bhfuil foráil maidir le neamh-bhreischumhdach,

(ii) €120 i leith duine árachaithe atá faoi bhun 18 mbliana d’aois agus atá árachaithe faoi chonradh iomchuí ina bhfuil foráil maidir le breischumhdach,

(iii) €290 i leith duine árachaithe atá 18 mbliana d’aois nó os a chionn agus atá árachaithe faoi chonradh iomchuí ina bhfuil foráil maidir le neamh-bhreischumhdach, agus

(iv) €350 i leith duine árachaithe atá 18 mbliana d’aois nó os a chionn agus atá árachaithe faoi chonradh iomchuí ina bhfuil foráil maidir le breischumhdach;”,

- (d) i bhfo-alt (1), trí na mínithe seo a leanas a chur isteach:

“tá le ‘breischumhdach’ agus ‘neamh-bhreischumhdach’, i ndáil le conradh iomchuí, na bríonna céanna faoi seach atá leo in alt 6A den Acht Árachais Sláinte, 1994;

ciallaíonn ‘an chéad tréimhse chuntasaíochta’ an tréimhse dar tús an 1 Eanáir 2013 agus dar críoch an 30 Márta 2013;

ciallaíonn ‘tréimhse chuntasaíochta iardain’ an tréimhse dar tús an 31 Márta 2013 agus dar críoch an 30 Meitheamh 2013 agus gach tréimhse iardain 3 mhí dar tús an 1 Iúil, an 1 Deireadh Fómhair, an 1 Eanáir agus an 1 Aibreán in aon bhliain;”,

- (e) i bhfo-alt (2)—

(i) trí “i leith na chéad tréimhse cuntasaíochta” a chur in ionad “i leith gach tréimhse cuntasaíochta”, agus

(ii) trí “le linn na tréimhse cuntasaíochta sin” a chur in ionad “le linn na tréimhse cuntasaíochta lena mbaineann”,

- (f) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(2A) Faoi réir fho-ailt (7), (10) agus (11), déanfaidh árachóir údaraithe, i leith gach tréimhse cuntasáíochta iardain agus tráth nach déanaí ná an dáta dlite, ráiteas i scríbhinn a sheachadadh ar na Coimisinéirí Ioncaim ina dtaispeánfar an líon daoine árachaithe—

- (a) atá faoi bhun 18 mbliana d’aois ar an gcéad lá den tréimhse chuntasáíochta agus atá árachaithe faoi chonradh iomchuí ina bhfuil foráil maidir le neamh-bhreischumhdach,
- (b) atá faoi bhun 18 mbliana d’aois ar an gcéad lá den tréimhse chuntasáíochta agus atá árachaithe faoi chonradh iomchuí ina bhfuil foráil maidir le breischumhdach,
- (c) atá 18 mbliana d’aois nó as a chionn ar an gcéad lá den tréimhse chuntasáíochta agus atá árachaithe faoi chonradh iomchuí ina bhfuil foráil maidir le neamh-bhreischumhdach, agus
- (d) atá 18 mbliana d’aois nó os a chionn ar an gcéad lá den tréimhse chuntasáíochta agus atá árachaithe faoi chonradh iomchuí ina bhfuil foráil maidir le breischumhdach,

agus a ndéantar conradh iomchuí ina leith idir an t-árachóir údaraithe agus an duine árachaithe, arb é nó í an phearsa aonair dá dtagraítear sa mhíniú ar ‘duine árachaithe’ é nó í, a athnuachan, nó a dhéanamh, le linn na tréimhse cuntasáíochta lena mbaineann.”,

- (g) i bhfo-ailt (3), (4), (6), (7), (8), (10), (11) agus (12), trí “(2) nó (2A)” a chur in ionad “(2)” gach áit a bhfuil sé, agus
- (h) i bhfo-alt (12), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhíreanna (i) agus (ii):

“(i) le linn na tréimhse cuntasáíochta ina dtosaíonn an dara 12 mhí, nó tréimhse is giorra ná sin, den chonradh iomchuí, agus

(ii) le linn gach tréimhse cuntasáíochta eile ina dtosaíonn aon tréimhse 12 mhí iardain, nó tréimhse is giorra ná sin, den chonradh iomchuí.”.

CUID 5

CÁIN FHÁLTAS CAIPITIÚIL

84.—Sa Chuid seo, ciallaíonn “Príomh-Acht” an tAcht Léiriú (Cuid 5). Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil, 2003.

Leasú ar Sceideal 2 (cáin a ríomh) a ghabhann leis an bPríomh-Acht.

85.—(1) Leasaítear an Príomh-Acht—

(a) i mír 1 de Chuid 1 de Sceideal 2, sa mhíniú ar “grúpthairseach”—

(i) i bhfomhír (a), trí “€225,000” a chur in ionad “€250,000”,

(ii) i bhfomhír (b), trí “€30,150” a chur in ionad “€33,500”, agus

(iii) i bhfomhír (c), trí “€15,075” a chur in ionad “€16,750”,

agus

(b) sa Tábla i gCuid 2 de Sceideal 2, trí “33” a chur in ionad “30”.

(2) Tá feidhm ag an alt seo maidir le bronntanais agus oidhreachtaí arna nglacadh an 6 Nollaig 2012 nó dá éis.

Leasú ar alt 51 (cáin agus ús ar cháin a íoc) den Phríomh-Acht.

86.—(1) Leasaítear alt 51 den Phríomh-Acht—

(a) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

“(1A) (a) Tá ús simplí iníoctha, gan cáin ioncain a asbhaint, ar an gcáin a éiríonn mar gheall ar alt 15(1) nó 20(1) ón dáta luachála go dtí dáta íoctha na cánach sin, agus cinnfear méid an úis sin de réir mhír (c) d’fho-alt (2).

(b) Tá ús is iníoctha de réir mhír (a) inmhuirearaithe agus inghnóthaithe ar an tslí chéanna amhail is dá mba chuid den cháin é.”,

agus

(b) i bhfo-alt (2)(c)(ii), trí “de réir mhír (a) den fho-alt seo agus mhír (a) d’fho-alt (1A)” a chur in ionad “de réir mhír (a)”.

(2) Tá feidhm ag an alt seo maidir le hoidhreachtaí arna nglacadh ag iontaobhas lánroghnach (de réir bhrí an Phríomh-Achta) de bhua alt 15(1) nó 20(1) den Phríomh-Acht tráth rite an Achta seo nó dá éis.

Leasú ar alt 57 (ró-íoc cánach) den Phríomh-Acht.

87.—(1) Leasaítear alt 57 den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (1), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “cáin”:

“folaíonn ‘cáin’ cáin phrobháide, íocaíocht ar cuntas cánach, ús arna mhuirearú, formhuirear arna fhorchur nó pionós arna thabhtú faoi aon fhoráil den Acht seo.”,

agus

(b) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

“(3) D’ainneoin fho-alt (2), ní aisíocfar aon cháin le duine cuntasach i leith éileamh bailí mura ndéantar an t-éileamh bailí sin laistigh den tréimhse 4 bliana—

(b) dar tosach an 31 Deireadh Fómhair sa bhliain inar dlíodh an cháin sin a íoc de réir alt 46(2A), nó

(c) dar tosach an dáta luachála nó dáta íoctha na cánach lena mbaineann (i gcás gur íocadh an cháin sin laistigh de 4 mhí tar éis an dáta luachála) i ndáil le hoidhreachtaí lena mbaineann ailt 15(1) agus 20(1).”.

(2) Beidh feidhm ag an alt seo maidir le haon éileamh ar aisíocaíocht (de réir bhrí an Phríomh-Achta) a dhéanfar tráth rite an Achta seo nó dá éis.

88.—Leasaítear alt 74 den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (1), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “polasaí nua”:

Leasú ar alt 74
(polasaithe árachais
áirithe a dhíolmhú)
den Phríomh-Acht.

“ciallaíonn ‘polasaí nua’—

(a) polasaí árachais ar shaol aon duine arna eisiúint, nó

(b) conradh de réir bhrí Airteagal 2(2)(b) de Threoir 2002/83/CE an 5 Samhain 2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁹ arna dhéanamh,

an 1 Eanáir 2001 nó dá éis ag cuideachta árachais i gcúrsa gnó árachais saoil a sheoladh;”.

89.—(1) Leasaítear alt 75 den Phríomh-Acht—

Leasú ar alt 75
(eintitis
infheistíochta
áirithe a dhíolmhú)
den Phríomh-Acht.

(a) i bhfo-alt (1), trí na mínithe seo a leanas a chur isteach:

“tá le ‘comhpháirtíocht theoranta infheistíochta’ an bhrí a shanntar dó le halt 739J den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997;

tá le ‘aonad’, i ndáil le comhpháirtíocht theoranta infheistíochta, an bhrí a shanntar dó le halt 739J den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997;”.

agus

(b) i bhfo-alt (2), trí “comhchiste conarthach, comhpháirtíocht theoranta infheistíochta nó gnóthas infheistíochta” a chur in ionad “comhchiste conarthach nó gnóthas infheistíochta”.

(2) Tá feidhm ag an alt seo maidir le bronntanais agus oidhreachtaí (iad araon de réir bhrí an Phríomh-Achta) arna nglacadh tráth rite an Achta seo nó dá éis.

⁹IO Uimh. L345, 19.12.2002, lch.1

Leasú ar alt 85
(díolúine a
bhaineann le
sochair scoir) den
Phríomh-Acht.

90.—(1) Leasaítear alt 85 den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) San alt seo, ciallaíonn ‘ciste scoir’, i ndáil le hoidhreacht arna glacadh ar bhás diúscróra—

- (a) ciste scoir ceadaithe nó ciste scoir íosta ceadaithe, de réir bhrí alt 784A nó 784C den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, nó
- (b) Cuntas Coigiltis Scoir Pearsanta, de réir bhrí alt 787A den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, i gcás ina ndéileáiltear le sócmhainní de chuid an Chuntais Coigiltis Scoir Phearsanta faoi alt 787G(4) den Acht sin mar shócmhainní a cuireadh ar fáil do phearsa aonair,

ar ciste é arb é atá ann, go hiomlán, gach ceann nó aon cheann díobh seo a leanas, eadhon—

- (i) maoin atá go hiomlán nó go páirteach in ionannas do chearta fabhráithe an diúscróra, nó do chearta fabhráithe céile nó páirtnéara shibhialta réamhéagtha de chuid an diúscróra—
 - (I) faoi chonradh blianachta nó faoi scéim sochar scoir a bheidh ceadaithe ag na Coimisinéirí chun críocha Chaibidil 1 nó Chaibidil 2 de Chuid 30 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, nó
 - (II) faoi Chuntas Coigiltis Scoir Pearsanta is táirge CCSP a bheidh ceadaithe ag na Coimisinéirí chun críocha Chaibidil 2A de Chuid 30 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997,
- (ii) aon charnáin ioncaim ón maoin sin, nó
- (iii) maoin atá go hiomlán nó go páirteach in ionannas do na carnáin sin.”.

(2) Tá feidhm ag an alt seo maidir le hoidhreachtaí (de réir bhrí an Phríomh-Achta) arna nglacadh tráth rite an Achta seo nó dá éis.

CUID 6

ILGHNÉITHEACH

Léiriú (*Cuid 6*).

91.—Sa Chuid seo, ciallaíonn “Príomh-Acht” an tAcht Comhdhlúite Cánacha, 1997.

Rialacha
measúnachta le
haghaidh cánacha
díreacha.

92.—(1) Leasaítear an Príomh-Acht ar an modh agus a mhéid a shonraítear i *Sceideal 1*.

(2) Tá feidhm ag an alt seo—

- (a) i gcás tréimhse inmhuirearaithe (de réir bhrí alt 321(2) den Phríomh-Acht) is tréimhse chuntasaíochta de chuid cuideachta, maidir le tréimhsí inmhuirearaithe dar tosach an 1 Eanáir 2013 nó dá éis, agus

- (b) i gcás seachas an cás dá dtagraítear i *mír (a)*, maidir leis an mbliain mheasúnachta (de réir bhrí alt 2(1) den Phríomh-Acht) 2013 agus blianta measúnachta dá héis.

93.—(1) Leasaítear Caibidil 1 de Chuid 18 den Phríomh-Acht— Cáin iarchoimeádta seirbhísí gairmiúla.

- (a) in alt 520(1), trí na mínithe seo a leanas a chur isteach:

“ciallaíonn ‘trádáil nó gairm chomhpháirtíochta’ trádáil nó gairm a sheolann beirt nó níos mó i gcomhpháirtíocht;

tá le ‘comhpháirtí tosaíochta’, i ndáil le comhpháirtíocht agus le trádáil nó gairm chomhpháirtíochta, an bhrí chéanna atá leis in alt 1007;”,

- (b) in alt 520(1), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “duine sonraithe”:

“ciallaíonn ‘duine sonraithe’, i ndáil le híocaíocht iomchuí, an duine a ndéantar an íocaíocht sin leis nó léi ach, i gcás gur íocaíocht i ndáil le seirbhís ghairmiúil a sholáthraítear le linn trádáil nó gairm chomhpháirtíochta a sheoladh an íocaíocht iomchuí (lena n-áirítear íocaíocht lena mbaineann alt 522), ciallaíonn sé gach duine is comhpháirtí sa chomhpháirtíocht;”,

- (c) in alt 522(a), trí “faoi réir alt 529A, déanfaidh an t-árachóir,” a chur in ionad “déanfaidh an t-árachóir”,

- (d) in alt 523(1)(b), trí “Déanfaidh an duine sonraithe, nó i gcás ina bhfuil feidhm ag alt 529A, déanfaidh an chomhpháirtíocht” a chur in ionad “Déanfaidh an duine sonraithe”,

- (e) in alt 523(2), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

“(a) de réir alt 522 nó 529A, go ndearna árachóir údaraithe íocaíocht iomchuí le cleachtóir nó, de réir mar a bheidh, le comhpháirtíocht, agus”,

- (f) in alt 523(2), tríd an leagan cuí gramadaí de “an cleachtóir nó, de réir mar a bheidh, an chomhpháirtíocht,” a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de “an cleachtóir” gach áit a bhfuil sé,

- (g) in alt 524(1), trí “Faoi réir fho-alt (1A), ní dhéanfar difear” a chur in ionad “Ní dhéanfar difear”,

- (h) in alt 524, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

“(1A) (a) I gcás ina ndéantar íocaíocht iomchuí (lena n-áirítear íocaíocht lena mbaineann alt 522) de réir alt 529A(1), déanfaidh an comhpháirtí tosaíochta uimhir chánach na comhpháirtíochta a thabhairt don duine cuntasach.

- (b) Chun críocha mhír (a), ciallaíonn ‘uimhir chánach’, i ndáil le comhpháirtíocht—

- (i) an uimhir chláirúcháin arna leithroinnt ag cigire i ndáil le hoibriú cánach breisluacha, nó aon chánach eile, ag an gcomhpháirtíocht, nó an uimhir thagartha a luaitear ar aon tuairisceán, foirm nó fógra arna eisiúint nó arna heisiúint ag cigire i ndáil leis an gcomhpháirtíocht, nó
 - (ii) más cuí, uimhir chánach na comhpháirtíochta i dtír eile.”
- (i) in alt 524(2)—
- (i) trí “nó, de réir mar a bheidh, gur chomhlíon an comhpháirtí tosaíochta fo-alt (1A)” a chur isteach i ndiaidh “fo-alt (1)”,
 - (ii) i mír (a), trí “nó, de réir mar a bheidh, na comhpháirtíochta” a chur isteach i ndiaidh “an duine shonraithe”, agus
 - (iii) i mír (b), trí “nó, de réir mar a bheidh, uimhir chánach na comhpháirtíochta arna tabhairt de réir fho-alt (1A),” a chur isteach i ndiaidh “d’fho-alt (1)”, agus
- (j) in alt 524, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):
- “(3) Chun críocha an ailt seo, féadfaidh duine cuntasach—
- (a) a cheangal ar dhuine sonraithe nó, de réir mar a bheidh, ar chomhpháirtí tosaíochta fianaise ó na Coimisinéirí Ioncaim a sholáthar go mbaineann uimhir cánach ioncaim nó uimhir cánach corparáide an duine shonraithe nó, de réir mar a bheidh, an uimhir chánach (dá dtagraítear i bhfo-alt (1A)(b)(i)) atá ag an gcomhpháirtíocht, a sholáthraítear don duine cuntasach, leis an duine sonraithe sin nó, de réir mar a bheidh, leis an gcomhpháirtíocht sin, nó
 - (b) daingniú a iarraidh ar na Coimisinéirí Ioncaim i dtaobh an mbaineann an uimhir cánach ioncaim nó an uimhir cánach corparáide a sholáthraíonn duine sonraithe don duine cuntasach nó, de réir mar a bheidh, an uimhir chánach (dá dtagraítear i bhfo-alt (1A)(b)(i)) atá ag comhpháirtíocht agus a sholáthraíonn comhpháirtí tosaíochta, leis an duine sonraithe sin nó, de réir mar a bheidh, leis an gcomhpháirtíocht sin.”
- (k) in alt 525(2), trí “nó, i gcás ina bhfuil feidhm ag alt 529A, i ndáil le gach comhpháirtíocht” a chur isteach i ndiaidh “i ndáil le gach duine sonraithe”, agus
- (l) in alt 526, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):
- “(3) Déanfaidh an duine sonraithe, i gcás ina n-iarraíodh an cigire cuí air nó uirthi é, na nithe seo a

leanas a sholáthar i leith gach méid cánach cuí atá ar áireamh in éileamh faoi fho-alt (1) nó (2)—

- (a) an fhoirm a thugann duine cuntasach don duine sonraithe de réir alt 524(2), nó
 - (b) i gcás duine sonraithe is comhpháirtí i ndáil le trádáil nó gairm chomhpháirtíochta, an doiciméadacht dá dtagraítear in alt 529A(3).”,
- (m) in alt 526(4), trí “atá ar áireamh i ndáil leis an duine sonraithe sna foirmeacha nó, de réir mar a bheidh, sa doiciméadacht dá dtagraítear i bhfo-alt (3),” a chur in ionad “atá ar áireamh sna foirmeacha a thugtar de réir fho-alt (3),”
- (n) in alt 526, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4):
- “(5) Déanfar tagairtí san alt seo do cháin chorparáide is inmhuirearaithe agus do cháin ioncaim is inmhuirearaithe a fhorléiriú de réir an mhínithe ar ‘méid cánach is inmhuirearaithe’ in alt 959A.”
- (o) in alt 527(1), trí “fritháireamh nó aisíocaíocht eatramhach” a chur in ionad “aisíocaíocht den sórt sin” gach áit a bhfuil sé,
- (p) in alt 527(2)(b), trí “(cibé acu trí chreidmheas i leith cánach cuí nó ar shlí eile)” a scriosadh,
- (q) in alt 527(2)(c), trí “nó, i gcás duine sonraithe is comhpháirtí i ndáil le trádáil nó gairm chomhpháirtíochta, an doiciméadacht dá dtagraítear in alt 529A(3)” a chur isteach i ndiaidh “de réir alt 524(2)”,
- (r) in alt 527, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):
- “(3) (a) Is é méid na cánach a bheidh ar fáil le haghaidh fritháireamh nó aisíocaíocht eatramhach an bhreis a bheidh ag méid iomlán na cánach cuí nár aisíocadh cheana faoi fhorálacha an ailt seo, agus atá ar áireamh i ndáil leis an duine sonraithe sna foirmeacha nó, de réir mar a bheidh, sa doiciméadacht dá dtagraítear i bhfo-alt (2)(c), ar mhéid atá comhionann leis an méid cánach dá dtagraítear i bhfo-alt (2)(b).
- (b) I gcás ina n-éiríonn breis de réir mhír (a), déanfar an bhreis a fhritháireamh faoi alt 960H a mhéid atá an duine sonraithe faoi dhliteanas (de réir bhrí an ailt sin) agus déanfar aon iarmhéid den bhreis a aisíoc leis an duine sonraithe faoi réir na nAchtanna.”
- (s) in alt 527(4)(a), trí “fritháireamh nó aisíocaíocht eatramhach” a chur in ionad “aisíocaíocht eatramhach”,
- (t) in alt 527(4)(b), trí “méid an fhritháirimh nó na haisíocaíochta eatramhaí” a chur in ionad “méid na haisíocaíochta eatramhaí”,

(u) in alt 527(4)(b), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fhomhír (ii):

“(ii) an méid cánach cuí a asbhaineadh ó íocaíochtaí iomchuí i ndáil leis an duine sonraithe ar tugadh foirmeacha nó, de réir mar a bheidh, an doiciméadacht ina leith de réir fho-alt (2)(c) tar éis aon mhéid den cháin sin a rinneadh a fhritháireamh nó a aisíoc cheana i ndáil leis an tréimhse a ndéantar an t-éileamh ar aisíocaíocht ina leith a asbhaint ón méid sin.”

(v) in alt 527(4)(c), trí “Déanfaidh an cigire méid cánach cuí a fhritháireamh nó a aisíoc” a chur in ionad “Aisíocfaidh an cigire méid cánach cuí”,

(w) in alt 527, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (5):

“(5) I gcás go n-éileoidh agus go gcruthóidh an duine sonraithe go bhfuil cruatan ar leith i gceist, féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim ceann amháin nó níos mó de na coinníollacha chun fritháireamh nó aisíocaíocht a dhéanamh a shonraítear san alt seo a tharscaoileadh, go hiomlán nó go páirteach, agus, i gcás go dtarscaoilfidh siad coinníoll nó coinníollacha den sórt sin amhlaidh, cinnfidh siad, ag féachaint do na himthosca uile agus cuspóirí agus intinn fho-ailt (1) go (4) á gcur nó á cur i geuntas, méid fritháirimh nó aisíocaíochta nó fritháirimh nó aisíocaíochta breise is dóigh leo is cóir agus réasúnach agus déanfaidh siad an fritháireamh sin nó an aisíocaíocht sin nó, de réir mar a bheidh, an fritháireamh breise sin nó an aisíocaíocht bhreise sin, dá réir sin.”

(x) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 529:

“Comhpháirtíochtaí.

529A.—(1) Faoi réir fhorálacha an ailt seo, i gcás go soláthrófar seirbhís ghairmiúil le linn trádáil nó gairm chomhpháirtíochta a sheoladh, ansin, chun críocha na Caibidle seo, féadfaidh duine cuntasach íocaíocht iomchuí (lena n-áirítear íocaíocht lena mbaineann alt 522) a dhéanamh i ndáil leis an tseirbhís sin in ainm na comhpháirtíochta.

(2) Más rud é, maidir le híocaíocht iomchuí (lena n-áirítear íocaíocht lena mbaineann alt 522), gur íocaíocht í i ndáil le seirbhís ghairmiúil a sholáthraítear le linn trádáil nó gairm chomhpháirtíochta a sheoladh, ansin, chun críocha ailt 520(2), 526 agus 527—

(a) measfar go ndearnadh an íocaíocht iomchuí le gach duine is comhpháirtí sa chomhpháirtíocht de réir na comhréire ar dá réir atá brabúis nó gnóchain de chuid na trádála nó na gairme comhpháirtíochta don tréimhse inmhuirearaithe

atá i gceist le cionroinnt i measc na gcomhpháirtithe, agus

- (b) déanfar cáin chuí a asbhainfear ón íocaíocht iomchuí a chionroinnt idir na comhpháirtithe, agus eatarthu sin amháin, agus sin de réir na comhréire céanna dá dtagraítear i mír (a).

(3) I gcás go bhfuil feidhm ag cionroinnt dá dtagraítear i bhfo-alt (2) maidir le híocaíocht iomchuí agus maidir leis an gcáin chuí arna hasbhaint ón íocaíocht sin, déanfaidh an comhpháirtí tosaíochta, chun críocha ailt 526 agus 527, mionsonraí a sholáthar i dtaobh na cionranna, a bhfuil feidhm aici maidir leis an íocaíocht agus maidir leis an gcáin chuí arna hasbhaint, agus i dtaobh an bhoinn a bhí leis an gcionroinnt sin, i ráiteas a eiseofar chuig gach comhpháirtí sa chomhpháirtíocht, mar aon le cóip den fhoirm a thug an duine cuntasach don chomhpháirtí tosaíochta de réir alt 524(2).

(4) Féadfar an ráiteas dá dtagraítear i bhfo-alt (3) a eisiúint i scríbhinn nó trí mheán leictreonach (de réir bhrí alt 917EA) agus beidh sé i cibé foirm a cheadóidh na Coimisinéirí Ioncaim chun na críche sin.”.

(2) Leasaítear Sceideal 13 a ghabhann leis an bPríomh-Acht—

(a) trí mhíreanna 131, 133, 163, 165 agus 166 a scriosadh, agus

(b) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír 188:

“189. Údarás na hÉireann um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta.

190. Bord Altranais agus Cnáimhseachais na hÉireann.

191. Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána.”.

(3) (a) Faoi réir mhír (b), tá feidhm ag an alt seo ó dháta rite an Achta seo.

(b) Tá feidhm ag mír (b) d’fho-alt (2) amhail ar an agus ón 1 Bealtaine 2013.

94.—Leasaítear an Príomh-Acht—

Deimhnithe
imréitigh cánach.

(a) in alt 1094(1), sa mhíniú ar “na hAchtanna”, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (e):

“(f) na reachtanna a bhaineann le dleacht stampa agus le bainistiú na dleachta sin,

- (g) an tAcht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil, 2003, agus na hachtacháin lena leasaítear nó lena leathnaítear an tAcht sin,”

agus

- (b) in alt 1095(1), tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (f) sa mhíniú ar “na hAchtanna”:

“(g) na reachtanna a bhaineann le dleacht stampa agus le bainistiú na dleachta sin,

- (h) an tAcht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil, 2003, agus na hachtacháin lena leasaítear nó lena leathnaítear an tAcht sin.”

Tuairisceán ar ioncam, tuairisceán chomhpháirtíochta agus tuairisceán ar bhrabúis: ceanglais a bhaineann le faisnéis maidir le cuntais.

95.—Leasaítear an Príomh-Acht—

- (a) in alt 879(2)(c), trí “cibé faisnéis, cuntais, ráitis, agus cibé sonraí breise” a chur in ionad “cibé sonraí breise”,
- (b) in alt 880(2)(c), trí “cibé faisnéis, cuntais, ráitis, agus cibé sonraí breise” a chur in ionad “cibé sonraí breise”,
- (c) in alt 884, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2A):

“(2B) I gcás cuideachta—

- (a) nach bhfuil cónaí uirthi sa Stát,
- (b) a sheolann trádáil sa Stát trí bhrairse nó trí ghníomhaireacht, agus
- (c) a gceanglaítear uirthi tuairisceán a sheachadadh faoin alt seo maidir le tréimhse,

tá an t-údarás chun a cheangal cuntais a sheachadadh mar chuid den tuairisceán teoranta do na cuntais sin, arna n-ullmhú i leith an bhrairse, na gníomhaireachta nó na cuideachta lena mbaineann, ina bhfuil, i dteannta cibé doiciméid a bheidh i gceangal leis na cuntais sin, faisnéis leordhóthanach chun a chumasú na brabúis inmhuirearaithe, de réir bhrí alt 25(2), atá ag an gcuideachta a chinneadh.”

Leasú ar alt 960E (cáin a bhailiú, éilimh a eisiúint, etc.) den Phríomh-Acht.

96.—Leasaítear alt 960E den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(2A) (a) San fho-alt seo, forléireofar ‘duine ceadaithe’ de réir alt 917G.

- (b) Gan dochar do ghinearáltacht fho-alt (2), féadfaidh an tArd-Bhailitheoir éileamh a eisiúint trí mheán leictreonach (de réir bhrí alt 917EA) chuig duine ceadaithe nó chuig duine a gceanglaítear air nó uirthi tuairisceán a sheachadadh agus cáin a íoc de réir rialacháin arna ndéanamh ag na Coimisinéirí Ioncaim faoi alt 917EA.”

97.—(1) Leasaítear Cuid 33 den Phríomh-Acht—

Leasú ar Chuid 33
(frithsheachaint)
den Phríomh-Acht.

- (a) in alt 811(1)(a), sa mhíniú ar “na hAchtanna”, trí fhomhír (v) a scriosadh agus trí “dleacht stampa, agus” a chur in ionad “dleacht stampa,” i bhfomhír (vi) agus tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (vi):

“(vii) Cuid 18D,”

- (b) in alt 811A—

- (i) trí fho-alt (1C) a scriosadh, agus

- (ii) i bhfo-alt (3)(b)(i), trí “go mbeadh feidhm ag fo-alt (1C) maidir leis an idirbheart lena mbaineann nó” a scriosadh,

agus

- (c) in alt 817D, sa mhíniú ar “na hAchtanna”, trí mhír (c) a scriosadh agus trí “na ndleachtanna sin, agus” a chur in ionad “na ndleachtanna sin,” i mír (g) agus tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (g):

“(h) Cuid 18D,”.

- (2) (a) Tá feidhm ag mír (a) d’fho-alt (1) maidir le haon idirbheart (de réir bhrí alt 811(1)(a) den Phríomh-Acht) a dhéantar a ghabháil de láimh nó a shocrú an 13 Feabhra 2013 nó dá éis.

- (b) Tá feidhm ag mír (b) d’fho-alt (1) maidir le haon idirbheart (de réir na brí réamhráite)—

- (i) i gcás go ndéantar an t-idirbheart iomlán nó cuid de a ghabháil de láimh nó a shocrú an 19 Feabhra 2008 nó dá éis, nó

- (ii) a dhéantar a ghabháil de láimh nó a shocrú ina iomláine roimh an dáta sin, sa mhéid go n-eascaíonn nó, murach alt 811 den Phríomh-Acht, go n-eascródh dá bharr—

- (I) laghdú, seachaint nó iarchur aon mhuirir cánach nó measúnachta cánach, nó cuid den chéanna, i gcás nach n-eascaíonn an muirear nó an mheasúnacht ach amháin de bhua idirbheart eile nó idirbhearta eile arna sheoladh nó arna seoladh ina iomláine nó ina n-iomláine an 19 Feabhra 2008 nó dá éis, nó

- (II) aisíocaíocht nó íocaíocht maidir le méid cánach, nó maidir le méadú ar mhéid cánach, nó cuid den chéanna, is inaisíoctha nó is infoctha thairis sin le duine más rud é, murach alt 811 den Phríomh-Acht, go dtiocfadh an méid sin, nó an méadú sin ar an méid, chun bheith inaisíoctha nó infoctha thairis sin den chéad uair leis an duine amhlaidh an 19 Feabhra 2008 nó dá éis.

- (c) (i) Sa mhír seo, tá le “idirbheart in-nochta”, “tionscnóir” agus “dáta iomchuí” an bhrí chéanna atá leo i gCaibidil 3 de Chuid 33 den Phríomh-Acht.

(ii) Tá feidhm ag *mír (c) d'fho-alt (1)*—

(I) maidir le tionscnóir, i gcás aon idirbheart in-nochta ar ina leith atá an dáta iomchuí ann an 13 Feabhra 2013 nó dá éis, agus

(II) maidir le duine dá dtagraítear in alt 817F, 817G nó 817H(1) den Phríomh-Acht agus a dhéanann aon idirbheart ar cuid d'idirbheart in-nochta é i gcás go ndéantar an t-idirbheart in-nochta iomlán a ghabháil de lámh an 13 Feabhra 2013 nó dá éis.

Leasú ar alt 886
(oibleagáid taifid
áirithe a choinneáil)
den Phríomh-Acht.

98.—Leasaítear alt 886 den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (4), trí mhír (b) a scriosadh.

Forálacha a
bhaineann le
faisnéis a mhalartú
le húdaráis cánach i
gcríocha áirithe eile.

99.—(1) D'fhonn cuidiú le himghabháil cánach a chosc agus a bhrath, trí fhaisnéis a mhalartú idir na Coimisinéirí Ioncaim agus údaráis cánach críoch áirithe eile, leasaítear an Príomh-Acht—

(a) in alt 826(7), trí “nó ag aon Phrótacal a ghabhann leis an gCoinbhinsiún” a chur isteach i ndiaidh “ag an gCoinbhinsiún”, trí “nó aon Phrótacal a ghabhann leis an gCoinbhinsiún” a chur isteach i ndiaidh “an Choinbhinsiúin” agus trí “in aon Phrótacal a ghabhann leis an gCoinbhinsiún” a chur isteach i ndiaidh “sa Choinbhinsiún”,

(b) in alt 912A(1), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínte ar “cáin choigríche”:

“ciallaíonn ‘cáin choigríche’ cáin is inmhuirearaithe faoi dhlíthe críche—

(a) a bhfuil feidhm i ndáil léi ag comhshocraíochtaí (dá ngairtear ‘na comhshocraíochtaí’ san alt seo) a bhfuil feidhm dlí acu de bhua alt 826 nó 898P den Acht seo nó alt 106 den Acht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil, 2003, nó

(b) a bhfuil feidhm i ndáil léi ag an gCoinbhinsiún um Chúnaimh Riaracháin Frithpháirteach i gCúrsaí Cánach a rinneadh in Strasbourg an 25 Eanáir 1988, nó ag aon Phrótacal a ghabhann leis an gCoinbhinsiún (agus san alt seo gairtear ‘an Coinbhinsiún’ den Choinbhinsiún sin nó de Phrótacal den sórt sin, de réir mar a bheidh), agus a bhfuil feidhm dlí aige de bhua alt 826;”,

agus

(c) in alt 912A(2), trí “sna comhshocraíochtaí nó sa Choinbhinsiún” a chur in ionad “sna comhshocraíochtaí”.

(2) Tá feidhm ag an alt seo amhail ar agus ó dháta rite an Achta seo.

100.—(1) Leasaítear an tAcht Comhdhlúite Cánacha, 1997—

An tAcht um
Dhócmhainneacht
Phearsanta, 2012:
leasuithe
iarmhartacha a
bhaineann le cáin.

- (a) in alt 71, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4A):

“(4B) Beidh ar áireamh in ioncam a eascraíonn chuig duine ó mhaoin atá suite lasmuigh den Stát ar ioncam é, dá mba rud é gur ó mhaoin sa Stát a d’eascair sé, a bheadh inmhuirearaithe faoi Chás V de Sceideal D, ioncam ó aon mhaoin den sórt sin lasmuigh den Stát a aistríonn an duine sin chuig duine eile lena sealbhú ar iontaobhas de bhun téarmaí Comhshocraíochta Socraíochta Fiachais nó Comhshocraíochta Dócmhainneachta Pearsanta arna déanamh faoin Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012.”,

- (b) in alt 96(1), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “an duine is inmhuirearaithe”:

“ciallaíonn ‘an duine is inmhuirearaithe’ an duine atá i dteideal na mbrabús nó na ngnóchan a eascraíonn—

(a) ó aon chíos i leith aon áitribh, agus

(b) ó aon fháltais i leith aon éasúna,

agus, chun críocha an mhínithe seo, déileálfar le féichiúnaí, de réir bhrí alt 2 den Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012, a aistríonn maoin chuig duine lena sealbhú ar iontaobhas de bhun téarmaí Comhshocraíochta Socraíochta Fiachais nó Comhshocraíochta Dócmhainneachta Pearsanta arna déanamh faoin Acht sin, mar fhéichiúnaí atá fós i dteideal na mbrabús sin nó na ngnóchan sin a eascraíonn le linn na tréimhse ina sealbhaíonn an duine sin an mhaoin ar iontaobhas;”,

- (c) in alt 311, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

“(3A) Chun críocha fho-alt (3), maidir le haon aistriú maoin ag duine chuig duine eile, de bhun Comhshocraíochta Socraíochta Fiachais nó Comhshocraíochta Dócmhainneachta Pearsanta arna déanamh faoin Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012, trína sealbhaítear an mhaoin sin ar iontaobhas do chreidiúnaithe an duine a dhéanann an t-aistriú, ní dhéileálfar leis mar mhalartú maoin i gcás gur foirgneamh nó déanmhas tionscail (de réir bhrí alt 268) an mhaoin sin.”,

- (d) in alt 372AP, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (7):

“(7A) Chun críocha fho-alt (7), maidir le haon aistriú maoin ag duine chuig duine eile, de bhun Comhshocraíochta Socraíochta Fiachais nó Comhshocraíochta Dócmhainneachta Pearsanta arna déanamh faoin Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012, trína sealbhaítear an mhaoin sin ar iontaobhas do chreidiúnaithe an duine a dhéanann an t-aistriú, ní dhéileálfar leis, i gcás gur teach is áitreabh cáilitheach nó áitreabh cáilitheach speisialta an mhaoin sin, mar aistriú a

aistríonn úinéireacht leas an léasóra sa mhaoin sin chuig duine eile.”,

agus

(e) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 569:

“569.—(1) San alt seo—

ciallaíonn ‘gníomhas comhshocraíochta’ gníomhas comhshocraíochta lena mbaineann an *Deeds of Arrangement Act 1887*;

ciallaíonn ‘duine dócmhainneach’ pearsa aonair atá dócmhainneach agus a rinne Comhshocraíocht Socraíochta Fiachais nó Comhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta (iad araon de réir bhrí alt 2 den Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012) lena chreidiúnaithe nó lena creidiúnaithe;

ciallaíonn ‘duine iomchuí’ cleachtóir dócmhainneachta pearsanta (de réir bhrí an Achta um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012) a shealbhaíonn sócmhainní duine dhócmhainnigh ar iontaobhas chun tairbhe do chreidiúnaithe an duine dhócmhainnigh sin faoi Chomhshocraíocht Socraíochta Fiachais nó faoi Chomhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta (iad araon de réir na brí réamhráite).

(2) I ndáil le sócmhainní a shealbhaítear ag duine mar iontaobhaí nó mar shannaí i bhféimheacht nó faoi ghníomhas comhshocraíochta nó a shealbhaíonn duine iomchuí, beidh feidhm ag na hAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil amhail is dá mbeadh na sócmhainní dílsithe don fhéimheach, don fhéichiúnaí nó don duine dócmhainneach, agus amhail is dá mba ghníomhartha an fhéimhigh, an fhéichiúnaí nó an duine dhócmhainnigh gníomhartha an iontaobhaí, an tsannaí nó an duine iomchuí i ndáil leis na sócmhainní (agus déanfar neamshuim dá réir sin d’fháltais ón duine sin nó de dhiúscairtí chuig an duine sin ag an bhféimheach, ag an bhféichiúnaí nó ag an duine dócmhainneach), agus beidh cáin i leith aon ghnóchain inmhuirearaithe a fhabhróidh chuig aon iontaobhaí, sannaí nó duine iomchuí den sórt sin inmheasúnaithe ar an iontaobhaí sin, ar an sannaí sin nó ar an duine iomchuí sin agus inghnóthaithe uaidh nó uaithe.

(3) Déileálfar, chun críocha na nAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil, le sócmhainní a shealbhaítear ag iontaobhaí nó sannaí i bhféimheacht nó faoi ghníomhas comhshocraíochta nó a shealbhaíonn duine iomchuí ar bhás an fhéimhigh, an fhéichiúnaí nó an duine dhócmhainnigh mar shócmhainní a shealbhaíonn ionadaí pearsanta de chuid an éagaigh, agus—

(a) ní bheidh feidhm ag fo-alt (2) tar éis an bháis, agus

(b) beidh feidhm ag alt 573(2) amhail is dá mba éard iad aon sócmhainní a sealbhaíodh ag iontaobhaí nó sannaí i bhféimheacht nó faoi ghníomhas comhshocraíochta nó a shealbhaigh

duine iomchuí ar bhás an fhéimhigh, an fhéichiúnaí nó an duine dhócmhainnigh sócmhainní a raibh an t-éagach in ann iad a dhiúscairt agus a chineachaigh ansin chuig an iontaobhaí nó chuig an sannaí i bhféimheacht nó chuig an duine iomchuí amhail is dá mba ionadaí pearsanta an t-iontaobhaí nó an sannaí i bhféimheacht nó an duine iomchuí.

(4) Chun críocha na nAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil, maidir le sócmhainní a dhílsíonn d'iontaobhaí i bhféimheacht nó do dhuine iomchuí tar éis bhás an fhéimhigh, an fhéichiúnaí nó an duine dhócmhainnigh, measfar gur sócmhainní iad a shealbhaíonn ionadaí pearsanta de chuid an éagaigh agus ní bheidh feidhm ag fo-alt (2).”.

(2) Leasaítear an tAcht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil, 2003, in alt 82(1), tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (ca):

“(cb) aon sochar a éiríonn as fiach a urscaoileadh faoi Fhógra Faoisimh Fiachais (de réir bhrí alt 25 den Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012) nó a éiríonn as méid féich a urscaoileadh nó a laghdú faoi Chomhshocraíocht Socraíochta Fiachais nó faoi Chomhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta (iad araon de réir bhrí alt 2 den Acht sin) seachas mar gheall ar an bhfiach sin a íoc;”.

(3) Leasaítear an tAcht um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012—

(a) in alt 65(2)(e), tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (i):

“(ia) déanfar foráil léi chun go n-íocfar na dliteanais cánach go léir a thabhaíonn an féichiúnaí, nó an cleachtóir dócmhainneachta pearsanta, faoin Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 le linn an Chomhshocraíochta a riaradh agus—

(I) beidh dliteanais cánach den sórt sin de chuid an chleachtóra dócmhainneachta pearsanta iníoctha i dtosaíocht ar aon íocaíochtaí le creidiúnaithe, agus

(II) beidh aon mhainneachtain ag an bhféichiúnaí téarmaí na forála a chomhlíonadh ina sárú ar an gComhshocraíocht a fhágfaidh go bhféadfaidh an tArd-Bhailitheoir (de réir bhrí an Achta Comhdhlúite Cánacha, 1997) a chomhaontú nó a comhaontú faoi alt 58 chun glacadh leis an gcomhréiteach atá sa Chomhshocraíocht a tharraingt siar,”

agus

(b) in alt 99(2)(f), tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (i):

“(ia) déanfar foráil chun go n-íofar na dliteanais cánach go léir a thabhaíonn an féichiúnaí, nó an cleachtóir dócmhainneachta pearsanta, faoin Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 le linn an Chomhshocraíocht a riaradh agus—

(I) beidh dliteanais cánach den sórt sin de chuid an chleachtóra dócmhainneachta pearsanta iníoctha i dtosaíocht ar aon íocaíochtaí le creidiúnaithe, agus

(II) beidh aon mhainneachtain ag an bhféichiúnaí téarmaí na forála a chomhlíonadh ina sárú ar an gComhshocraíocht a fhágfaidh go bhféadfaidh an tArd-Bhailitheoir (de réir bhrí an Achta Comhdhlúite Cánacha, 1997) a chomhaontú nó a comhaontú faoi alt 92 chun glacadh leis an gcomhréiteach atá sa Chomhshocraíocht a tharraingt siar.”.

(4) (a) Tá feidhm ag míreanna (a), (b), (c) agus (d) d’fho-alt (1) agus ag fo-alt (3) ar agus ó dháta rite an Achta seo.

(b) Tá feidhm ag mír (e) d’fho-alt (1) maidir le diúscairtí a dhéantar dáta rite an Achta seo nó dá éis.

(c) Tá feidhm ag fo-alt (2) maidir le bronntanais agus oidhreachtáí (iad araon de réir bhrí an Achta Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil, 2003) arna nglacadh dáta rite an Achta seo nó dá éis.

Leasú ar alt 911
(luacháil
sócmhainní) den
Phríomh-Acht.

101.—Leasaítear an tAcht Comhdhlúite Cánacha, 1997 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 911:

“Luacháil
sócmhainní.

911.—(1) San alt seo—

tá le ‘na hAchtanna’ an bhrí chéanna atá leis in alt 1078;

ciallaíonn ‘duine údaraithe’—

(a) cigire nó oifigeach Ioncaim eile a luaitear i gCuid 41A, nó

(b) duine atá cáilithe go cuí chun luach sócmhainne a fhionnadh agus atá údaraithe i scríbhinn ag na Coimisinéirí Ioncaim;

ciallaíonn ‘luach’, i ndáil le haon sócmhainn, margadhluach, luach úsáide reatha nó cibé luach eile is gá sa chomhthéacs chun críocha na nAchtanna.

(2) Chun críocha na nAchtanna, féadfaidh duine údaraithe iniúchadh a dhéanamh ar aon sócmhainn (agus, i gcás gur talamh an tsócmhainn, dul isteach ar an talamh) chun a luach a fhionnadh

agus chun an luach sin a thuairisciú do na Coimisinéirí Ioncaim, agus tabharfaidh an duine a bhfuil an tsócmhainn ina choimeád nó ina coimeád nó ina sheilbh nó ina seilbh aige nó aici (nó arb é nó í an t-áititheoir é nó í i gcás áitribh) cead don duine údaraithe, ar fhianaise ar a údarú nó ar a húdarú a thabhairt ar aird má iarrtar amhlaidh air nó uirthi, iniúchadh a dhéanamh ar an tsócmhainn (agus, i gcás gur talamh an tsócmhainn, dul isteach air) cibé tráthanna réasúnacha a mheasfaidh na Coimisinéirí Ioncaim is gá.

(3) (a) D'ainneoin fho-alt (2), ní rachaidh duine údaraithe, gan toiliú an áititheora, isteach in aon áitreabh, ná isteach sa chuid sin d'aon áitreabh, atá ar áitiú go hiomlán agus go heisiach mar áit chónaithe phríobháideach, ach amháin ar an duine údaraithe do thabhairt barántas ar aird arna eisiúint ag Breitheamh den Chúirt Dúiche á údarú go sainráite don duine údaraithe dul isteach amhlaidh.

(b) Féadfaidh Breitheamh den Chúirt Dúiche barántas a eisiúint faoi mhír (a) más deimhin leis nó léi, ar fhaisnéis faoi mhionn, gur cuí déanamh amhlaidh chun críocha na nAchtanna.

(4) I gcás ina gceanglaíonn na Coimisinéirí Ioncaim go ndéanfaidh duine údaraithe luacháil, íocfaidh na Coimisinéirí Ioncaim costais na luachála sin.”.

102.—Leasaítear alt 851A den Phríomh-Acht—

Leasú ar alt 851A
(rúndacht faisnéise i
dtaobh cáiníocóirí)
den Phríomh-Acht.

(a) i bhfo-alt (3), trí “nó aon duine a nochtar faisnéis i dtaobh cáiníocóirí dó nó di” a chur isteach i ndiaidh “aon oifigeach Ioncaim”, agus

(b) i bhfo-alt (8), trí “agus” a scriosadh i mír (i) agus trí “nochtadh, agus” a chur in ionad “nochtadh.” i mír (j) agus tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (j):

“(k) i gcás go bhfuil duine fostaithe ag na Coimisinéirí Ioncaim nó thar a gceann chun obair a dhéanamh a bhaineann le riaradh aon chánacha nó dleachtanna atá faoi chúram agus faoi bhainistiú na gCoimisinéirí Ioncaim de bhua na nAchtanna, féadfar faisnéis i dtaobh cáiníocóirí a nochtadh don duine chun na gcríoch sin, agus ní úsáidfí an duine sin an fhaisnéis sin chun aon chríche eile.”.

103.—(1) Leasaítear an Príomh-Acht—

Leasuithe
ilghnéitheacha:
páirtneirí sibhialta.

(a) in alt 1031J, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

“(1A) San alt seo, foláíonn tagairt do leanbh de chuid páirtnéara sibhialta tagairt do leanbh ar ina leith a bhí an páirtnéir sibhialta i dteideal faoiseamh faoi alt 465 aon tráth sula ndearnadh an chomhshocraíocht chothabhála lena mbaineann.”,

- (b) in alt 1031J(2)(a), tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh “comhshocraíochta cothabhála”:

“a bhaineann leis an bpáirtnéireacht sibhialta chun sochair dá leanbh, nó chun sochair don pháirtnéir sibhialta eile —

- (i) ar íocaíochtaí iad a dhéantar tráth nach bhfuil páirtnéir sibhialta amháin in aontíos leis an bpáirtnéir sibhialta eile,
- (ii) ar íocaíochtaí iad a bhfuil a ndéanamh infhorfheidhmithe le dlí, agus
- (iii) ar íocaíochtaí bliantúla iad nó ar íocaíochtaí tréimhsiúla thairis sin iad.”,

- (c) in alt 1031J(2), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (b):

“(b) Chun críocha an ailt seo agus alt 1031K, ach faoi réir mhír (c), maidir le híocaíocht, cibé acu is íocaíocht choinníollach í nó nach ea, a dhéanann páirtnéir sibhialta nó iarpháirtnéir sibhialta go díreach nó go neamhdhíreach faoi réim nó de bhun comhshocraíochta chothabhála a bhaineann leis an bpáirtnéireacht sibhialta áirithe (seachas íocaíocht a sonraítear a méid nó modh a ríofa sa chomhshocraíocht chothabhála agus nach bhfaigheann leanbh de chuid an pháirtnéara sibhialta a dhéanann an íocaíocht ná an páirtnéir sibhialta eile aon sochar aisti ná as an gcomaoin ina leith), measfar gur chun sochair dá pháirtnéir sibhialta nó dá pháirtnéir sibhialta nó dá iarpháirtnéir sibhialta nó dá iarpháirtnéir sibhialta a dhéantar í.”,

- (d) in alt 1031J(2), tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (b):

“(c) Más rud é go ndéantar an íocaíocht, nó go n-ordaítear an íocaíocht a dhéanamh, de réir na comhshocraíochta cothabhála, lena húsáid ag leanbh de chuid an pháirtnéara sibhialta a dhéanann an íocaíocht agus chun sochair dó nó di, nó le haghaidh cothabháil, cothú nó oideachas linbh den sórt sin nó chun sochair dó nó di thairis sin, nó ar iontaobhas do leanbh den sórt sin, agus go sonraítear sa chomhshocraíocht chothabhála méid na híocaíochta sin, nó modh ríofa na híocaíochta sin, a dhéantar amhlaidh nó a n-ordaítear amhlaidh í a dhéanamh, measfar gur chun sochair don leanbh sin agus nach chun sochair d’aon duine eile, a dhéantar an íocaíocht sin.”,

- (e) in alt 1031J, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

“(3A) D’ainneoin aon ní sna hAchtanna Cánach Ioncaim, maidir le haon íocaíocht lena mbaineann an t-alt seo agus a dhéanann páirtneír sibhialta lena mbaineann an chomhshocraíocht chothabhála áirithe, go díreach nó go neamhdhíreach, chun sochair dá leanbh—

- (a) ní bheidh an duine a dhéanann an íocaíocht i dteideal, ar an íocaíocht a dhéanamh, aon suim arb ionannas di aon mhéid cánach ioncaim ar an íocaíocht a asbhaint agus a choinneáil ón íocaíocht,
- (b) measfar, chun críocha na nAchtanna Cánach Ioncaim, nach ioncam de chuid an linbh an íocaíocht,
- (c) déanfar ioncam iomlán an pháirtneóra sibhialta a dhéanann an íocaíocht a ríomh d’aon bhliain mheasúnachta chun críocha na nAchtanna Cánach Ioncaim amhail is dá mba rud é nach ndearnadh an íocaíocht, agus
- (d) chun críocha alt 465(6), measfar gurb é atá san íocaíocht méid a chaith an páirtneír sibhialta a dhéanann an íocaíocht ar chothabháil an linbh agus, d’ainneoin go ndéantar an íocaíocht leis an bpáirtneír sibhialta eile lena caitheamh faoi chomhair nó i leith chothabháil an linbh agus go gcaitear mar sin í, measfar, chun críocha an ailt sin, nach méid í a chaith an páirtneír sibhialta eile sin ar chothabháil an linbh.”,

agus

- (f) in alt 1031O, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) D’ainneoin aon fhoráil eile de na hAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil, más rud é, de bhua nó de dhroim na nithe seo a leanas—

- (a) ordú arna dhéanamh faoi Chuid 12 den Acht um Páirtneireacht Sibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí, 2010, ar fhoraithe scaoilte nó ar scaoileadh a meastar faoi alt 5(4) den Acht sin gur scaoileadh é faoi alt 110 den Acht sin a dheonú, nó tar éis an céanna a dheonú, nó
- (b) gníomhas idirscartha, comhaontú, comhshocraíocht nó gníomh ar bith eile as a n-eascaíonn oibleagáid is infhorfheidhmithe le dlí agus a dhéantar i gcomaoin nó de dhroim cónaí ar leithligh sna himthosca dá dtagraítear in alt 1031A(2),

go ndéanann ceachtar de na páirtneírí sibhialta lena mbaineann sócmhainn a dhiúscairt chuig an bpáirtneír sibhialta eile, ansin, faoi réir fho-alt (3), déileálfar leis an

dá pháirtnéir sibhialta chun críocha na nAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil amhail is go bhfuarthas an tsócmhainn ón bpáirtnéir sibhialta a rinne an diúscairt ar chomaoin ina raibh cibé méid a d'áiritheodh nach bhfabhródh gnóchan ná cailteanas ar an diúscairt chuig an bpáirtnéir sibhialta a rinne an diúscairt.”.

(2) Leasaítear an tAcht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil, 2003—

- (a) in alt 5(4), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad “faoina dtiocfaidh gaol don duine, páirtnéir sibhialta an duine nó leanbh le páirtnéir sibhialta an duine”:

“faoina dtiocfaidh—

- (a) gaol don duine,
- (b) páirtnéir sibhialta an duine,
- (c) leanbh le páirtnéir sibhialta an duine,
- (d) aon leanbh le leanbh le páirtnéir sibhialta an duine,
- (e) páirtnéir sibhialta duine is gaol don duine de bhua alt 2(4)(b) nó (c), nó
- (f) páirtnéir sibhialta linbh nó leanbh le leanbh le páirtnéir sibhialta duine,”

- (b) in alt 27(1), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “cnuasach scaireanna”:

“ciallaíonn ‘cnuasach scaireanna’, i ndáil le cuideachta phríobháideach, comhiomlán na scaireanna sa chuideachta atá—

- (a) ag an deontáí nó ag an gcomharba,
- (b) ag gaolta, páirtnéir sibhialta, leanaí, nó leanaí le leanaí le páirtnéir sibhialta, an deontáí nó an chomharba,
- (c) ag páirtnéirí sibhialta daoine is gaolta don deontáí nó don chomharba de bhua alt 2(4)(b) nó (c),
- (d) ag páirtnéirí sibhialta aon leanaí, nó aon leanaí le leanaí le páirtnéir sibhialta, an deontáí nó an chomharba,
- (e) ag ainmnithigh de chuid an deontáí nó an chomharba,
- (f) ag ainmnithigh—
 - (i) de chuid gaolta don deontáí nó don chomharba,
 - (ii) de chuid pháirtnéir sibhialta an deontáí nó an chomharba,

- (iii) de chuid leanaí, nó leanaí le leanaí, le páirtneír sibhialta an deontaí nó an chomharba,
- (iv) de chuid páirtneírí sibhialta daoine is gaolta don deontaí nó don chomharba de bhua alt 2(4)(b) nó (c), nó
- (v) de chuid páirtneírí sibhialta aon leanaí, nó aon leanaí le leanaí, le páirtneír sibhialta an deontaí nó an chomharba,

agus

(g) ag iontaobhaithe socraíochta ar dá cuspóirí—

- (i) an deontaí nó an comharba,
- (ii) gaolta don deontaí nó don chomharba,
- (iii) páirtneír sibhialta an deontaí nó an chomharba, nó
- (iv) leanaí, nó leanaí le leanaí, le páirtneír sibhialta an deontaí nó an chomharba,
- (v) páirtneírí sibhialta daoine is gaolta don deontaí nó don chomharba de bhua alt 2(4)(b) nó (c), nó
- (vi) páirtneírí sibhialta aon leanaí, nó aon leanaí le leanaí, le páirtneír sibhialta an deontaí nó an chomharba;”,

(c) in alt 27(2)(b)(i), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad chlásal (III):

- “(III) (A) gaolta nó páirtneír sibhialta an deontaí nó an chomharba nó leanaí, nó leanaí le leanaí, le páirtneír sibhialta an deontaí nó an chomharba,
- (B) páirtneírí sibhialta daoine is gaolta don deontaí nó don chomharba de bhua alt 2(4)(b) nó (c), nó
- (C) páirtneírí sibhialta leanaí, nó leanaí le leanaí, le páirtneír sibhialta an deontaí nó an chomharba;”,

(d) in alt 27(2)(b)(i), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad chlásal (V):

“(V) aon ainmnithigh de chuid na ndaoine seo a leanas—

- (A) gaolta nó páirtneír sibhialta an deontaí nó an chomharba nó leanaí, nó leanaí le leanaí, le páirtneír sibhialta an deontaí nó an chomharba,

- (B) páirtneírí sibhialta daoine is gaolta don deontáí nó don chomharba de bhua alt 2(4)(b) nó (c), nó
- (C) páirtneírí sibhialta leanaí, nó leanaí le leanaí, le páirtneír sibhialta an deontáí nó an chomharba;”,
- (e) in alt 27(2)(b)(i)(VI), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fhochlásal (B):
- “(B) (ai) aon ghaolta nó páirtneír sibhialta de chuid an deontáí nó an chomharba nó aon leanaí, nó aon leanaí le leanaí, le páirtneír sibhialta an deontáí nó an chomharba,
- (aii) aon pháirtneírí sibhialta de chuid daoine is gaolta don deontáí nó don chomharba de bhua alt 2(4)(b) nó (c), nó
- (aiii) aon pháirtneírí sibhialta de chuid leanaí, nó leanaí le leanaí, le páirtneír sibhialta an deontáí nó an chomharba;”,
- (f) in alt 27(3), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (b):
- “(b) (i) gaolta nó páirtneír sibhialta an deontáí nó an chomharba nó leanaí, nó leanaí le leanaí, le páirtneír sibhialta an deontáí nó an chomharba,
- (ii) páirtneírí sibhialta daoine is gaolta don deontáí nó don chomharba de bhua alt 2(4)(b) nó (c), nó
- (iii) páirtneírí sibhialta leanaí, nó leanaí le leanaí, le páirtneír sibhialta an deontáí nó an chomharba;”,
- (g) in alt 27(3), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (d):
- “(d) ainmnithigh de chuid na ndaoine seo a leanas—
- (i) gaolta nó páirtneír sibhialta an deontáí nó an chomharba nó leanaí, nó leanaí le leanaí, le páirtneír sibhialta an deontáí nó an chomharba,
- (ii) páirtneírí sibhialta daoine is gaolta don deontáí nó don chomharba de bhua alt 2(4)(b) nó (c), nó
- (iii) páirtneírí sibhialta leanaí, nó leanaí le leanaí, le páirtneír sibhialta an deontáí nó an chomharba;”,
- (h) in alt 27(3)(e), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fhomhír (ii):

- “(ii) (I) gaolta nó páirtnéir sibhialta an deontáí nó an chomharba nó leanaí, nó leanaí le leanaí, le páirtnéir sibhialta an deontáí nó an chomharba,
- (II) páirtnéirí sibhialta daoine is gaolta don deontáí nó don chomharba de bhua alt 2(4)(b) nó (c), nó
- (III) páirtnéirí sibhialta leanaí nó leanaí le leanaí le páirtnéir sibhialta an deontáí nó an chomharba;”

agus

- (i) in alt 27(4)(a), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fhomhír (i):

“(i) daoine is daoine díobh seo a leanas—

- (I) gaolta d’aon duine eile,
- (II) páirtnéir sibhialta aon duine eile,
- (III) leanaí nó leanaí le leanaí le páirtnéir sibhialta aon duine eile,
- (IV) páirtnéirí sibhialta daoine is gaolta d’aon duine eile de bhua alt 2(4)(b) nó (c), nó
- (V) páirtnéirí sibhialta leanaí, nó leanaí le leanaí, le páirtnéir sibhialta aon duine eile,

mar aon leis an duine eile sin.”

- (3) (a) Beidh éifeacht le *fo-alt (1)* amhail is dá mba rud é gur tháinig sé i ngníomh don bhliain mheasúnachta (de réir bhrí na nAchtanna Cánach Ioncaim agus na nAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil) 2011 agus do gach bliain mheasúnachta dá héis.
- (b) Beidh éifeacht le *fo-alt (2)* amhail is dá mba rud é gur tháinig sé i ngníomh maidir le bronntanas (de réir bhrí an Achta Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil, 2003) nó oidhreacht (de réir na brí sin) arna ghlacadh nó arna glacadh an 1 Eanáir 2011 nó dá éis.

104.—(1) Leasaítear Sceideal 24A a ghabhann leis an bPríomh-Acht—

- (a) i gCuid 1, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír 10:

“10A.—An tOrdú um Fhaoiseamh ó Chánachas Dúbailte (Cánacha ar Ioncam agus ar Ghnóchain Chaipitiúla) (Poblacht Arabach na hÉigipte), 2013 (I.R. Uimh. 27 de 2013).”

- (b) i gCuid 1, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír 33:

Leasú ar Sceideal 24A (comhshocraíochtaí arna ndéanamh ag an Rialtas le rialtas aon chríche lasmuigh den Stát i ndáil le faoiseamh ó chánachas dúbailte a thabhairt agus faisnéis a mhalartú i ndáil le cáin) a ghabhann leis an bPríomh-Acht.

“33A.—An tOrdú um Fhaoiseamh ó Chánachas Dúbailte (Cánacha ar Ioncam agus ar Ghnóchain Chaipitiúla) (Stát Chatar), 2013 (I.R. Uimh. 28 de 2013).”,

(c) i gCuid 1, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír 41:

“41.—An tOrdú um Fhaoiseamh ó Chánachas Dúbailte (Cánacha ar Ioncam agus ar Chaipiteal) (Cónaidhm na hEilvéise), 1967 (I.R. Uimh. 240 de 1967), an tOrdú um Fhaoiseamh ó Chánachas Dúbailte (Cánacha ar Ioncam agus ar Chaipiteal) (Cónaidhm na hEilvéise), 1984 (I.R. Uimh. 76 de 1984) agus an tOrdú um Fhaoiseamh ó Chánachas Dúbailte (Cánacha ar Ioncam agus ar Chaipiteal) (Cónaidhm na hEilvéise), 2013 (I.R. Uimh. 30 de 2013).”,

(d) i gCuid 1, tríd an méid seo a leanas a chur isteach idir míreanna 43 agus 43A:

“43AA. An tOrdú um Fhaoiseamh ó Chánachas Dúbailte (Cánacha ar Ioncam agus ar Mhaoín) (Poblacht na hÚisbéiceastáine), 2013 (I.R. Uimh. 31 de 2013).”,

(e) i gCuid 3, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír 8D:

“8E.—An tOrdú um Malartú Faisnéise a Bhaineann le Cánacha (San Mairíne), 2013 (I.R. Uimh. 29 de 2013).”,

(f) i gCuid 3, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír 9:

“9A.—An tOrdú um an gComhaontú chun Comhlíontacht Cánach a Fheabhsú agus chun Socrú a Dhéanamh maidir le Tuairisciú agus Malartú Faisnéise a bhaineann le Cúrsaí Cánach (Stáit Aontaithe Mheiriceá), 2013 (I.R. Uimh. 33 de 2013).”,

agus

(g) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh Chuid 3:

“CUID 4

ORDUITHE DE BHUN ALT 826(1C) I NDÁIL LE CÁIN A GHNÓTHÚ AGUS I NDÁIL LE NITHE EILE A BHAINNEANN LE CÁIN

An tOrdú um Chúnamh Frithpháirteach i gCúrsaí Cánach, 2013 (I.R. Uimh. 34 de 2013).”,

(2) Tá feidhm ag an alt seo ar agus ó dháta rite an Achta seo.

Leasuithe teicniúla ilghnéitheacha i ndáil le cáin.

105.—Maidir leis na hachtacháin a shonraítear i *Sceideal 2*—

(a) leasaítear iad a mhéid agus ar an modh a shonraítear i *míreanna 1 go 4* den *Sceideal sin*, agus

(b) tá feidhm acu agus tagann siad i ngníomh de réir *mhír 5* den *Sceideal sin*.

106.—(1) San alt seo—

An Cuntas
Fuascailte Seirbhísí
Caipitiúla.

tá le “seirbhísí caipitiúla” an bhrí chéanna atá leis sa phríomh-alt;

tá le “Cuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla” an bhrí chéanna atá leis sa phríomh-alt;

ciallaíonn “an seascadú blianacht bhreise” an tsuim a mhuirearófar ar an bPríomh-Chiste faoi *fho-alt (3)*;

ciallaíonn “príomh-alt” alt 22 den Acht Airgeadais, 1950.

(2) I ndáil leis na 29 mbliana airgeadais chomhleanúnacha dar tosach an bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2013, beidh éifeacht le fo-alt (3) d’alt 139 den Acht Airgeadais, 2012 ach “€80,653,198” a chur in ionad “€118,068,355”.

(3) D’fhonn iasachtaí i leith seirbhísí caipitiúla mar aon le hús ar na hiasachtaí sin a fhuascailt, déanfar suim €1,561,234 a mhuirearú go bliantúil ar an bPríomh-Chiste nó ar thoradh fáis an Chiste sin sa 30 bliain airgeadais chomhleanúnach dar tosach an bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2013.

(4) Déanfar an seascadú blianacht bhreise a íoc isteach sa Chuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla ar cibé modh agus ag cibé tráthanna sa bhliain airgeadais iomchuí a chinnfidh an tAire Airgeadais.

(5) Féadfar aon mhéid den seascadú blianacht bhreise, nach mó ná €1,200,000 in aon bhliain airgeadais, a úsáid chun an t-ús ar an bhfiach poiblí a íoc.

(6) Déanfar iarmhéid an seascadú blianacht bhreise a úsáid ar aon cheann amháin nó níos mó de na slite a shonraítear i bhfo-alt (6) den phríomh-alt.

107.—Déantar na cánacha agus na dleachtanna go léir a fhorchuirtear leis an Acht seo a chur faoi chúram agus faoi bhainistiú na gCoimisinéirí Ioncaim.

Cúram agus
bainistiú cánacha
agus dleachtanna.

108.—(1) Féadfar an tAcht Airgeadais, 2013 a ghairm den Acht seo.

Gearrtheideal,
forléiriú agus tosach
feidhme.

(2) Déanfar *Cuid I* a fhorléiriú—

- (a) a mhéid a bhaineann sí le cáin ioncaim, i dteannta na nAchtanna Cánach Ioncaim,
- (b) a mhéid a bhaineann sí le tobhach ioncaim, i dteannta Chuid 18A den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997,
- (c) a mhéid a bhaineann sí le muirear sóisialach uilíoch, i dteannta Chuid 18D den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997,
- (d) a mhéid a bhaineann sí le cáin chorparáide, i dteannta na nAchtanna Cánach Corparáide, agus
- (e) a mhéid a bhaineann sí le cáin ghnóchan caipitiúil, i dteannta na nAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil.

(3) Déanfar *Cuid 2* a fhorléiriú, a mhéid a bhaineann sí le dleachtanna máil, i dteannta na reachtanna a bhaineann leis na dleachtanna sin agus le bainistiú na ndleachtanna sin.

(4) Déanfar *Cuid 3* a fhorléiriú i dteannta na nAchtanna Cánach Breisluacha.

(5) Déanfar *Cuid 4* a fhorléiriú i dteannta an Achta Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999 agus na n-achtachán lena leasaítear nó lena leathnaítear an tAcht sin.

(6) Déanfar *Cuid 5* a fhorléiriú i dteannta an Achta Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil, 2003 agus na n-achtachán lena leasaítear nó lena leathnaítear an tAcht sin.

(7) Déanfar *Cuid 6* a fhorléiriú—

(a) a mhéid a bhaineann sí le cáin ioncaim, i dteannta na nAchtanna Cánach Ioncaim,

(b) a mhéid a bhaineann sí le tobhach ioncaim, i dteannta Chuid 18A den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997,

(c) a mhéid a bhaineann sí le muirear sóisialach uilíoch, i dteannta Chuid 18D den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997,

(d) a mhéid a bhaineann sí le cáin chorparáide, i dteannta na nAchtanna Cánach Corparáide,

(e) a mhéid a bhaineann sí le cáin ghnóchan caipitiúil, i dteannta na nAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil,

(f) a mhéid a bhaineann sí le custaim, i dteannta na nAchtanna Custam,

(g) a mhéid a bhaineann sí le dleachtanna máil, i dteannta na reachtanna a bhaineann le dleachtanna máil agus le bainistiú na ndleachtanna sin,

(h) a mhéid a bhaineann sí le cáin bhreisluacha, i dteannta na nAchtanna Cánach Breisluacha,

(i) a mhéid a bhaineann sí le dleacht stampa, i dteannta an Achta Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999 agus na n-achtachán lena leasaítear nó lena leathnaítear an tAcht sin, agus

(j) a mhéid a bhaineann sí le cáin bhronntanais nó cáin oidhreachta, i dteannta an Achta Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil, 2003 agus na n-achtachán lena leasaítear nó lena leathnaítear an tAcht sin.

(8) Ach amháin i gcás go bhforáiltear a mhalairt go sainráite i *gCuid 1*, meastar gur tháinig an Chuid sin i bhfeidhm, agus tá éifeacht léi, ar an agus ón 1 Eanáir 2013.

(9) Ach amháin i gcás go bhforáiltear a mhalairt go sainráite, i gcás go bhfuil foráil den Acht seo le teacht i ngníomh ar an Aire Airgeadais do dhéanamh ordú, tiocfaidh an fhoráil sin i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire Airgeadais i gcoitinne nó faoi threoir aon chríoch nó foráil áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

SCEIDEAL 1

Alt 92.

LEASÚ AR RIALACHA MEASÚNACHTA LENA NÁIRÍTEAR RIALACHA LE
HAGHAIDH FÉINMHEASÚNACHTA

CUID 1

LEASÚ AR CHUID 41A DEN ACHT COMHDHLÚITE CÁNACHA, 1997

Leasaítear Cuid 41A den Acht Comhdhlúite Cánacha,
1997—

- (a) in alt 959A, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhíne ar “méid cánach is inmhuirearaithe ar dhuine”:

“ciallaíonn ‘méid cánach is inmhuirearaithe’, i ndáil le duine agus le hAcht, an méid cánach is inmhuirearaithe ar an duine faoin Acht tar éis na nithe seo a leanas a chur i gcuntas—

- (a) gach liúntas, asbhaint nó faoiseamh a údaraítear leis an Acht a thabhairt don duine i gcoinne ioncaim, brabús nó gnóchan nó, de réir mar is infheidhme, gnóchain inmhuirearaithe, agus

- (b) i gcás pearsa aonair lena mbaineann Caibidil 2A de Chuid 15, aon mhéadú ar ioncam inchánach na pearsan aonair de bhua na Caibidle sin;”,

- (b) in alt 959A, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhíne ar “méid cánach is iníoctha ag duine”:

“ciallaíonn ‘méid cánach is iníoctha’, i ndáil le duine agus le hAcht, an méid cánach is iníoctha ag an duine tar éis an méid cánach is inmhuirearaithe ar an duine faoin Acht a laghdú de mhéid aon chreidmheasa cánach a údaraítear leis an Acht i ndáil leis an duine sin;”,

- (c) in alt 959A, sa mhíniú ar “forálacha sonraithe”, trí “agus (d)” a chur in ionad “agus (b)”,

- (d) in alt 959A, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhíne ar “creidmheas cánach”:

“ciallaíonn ‘creidmheas cánach’, i ndáil le duine agus le hAcht, méid a údaraítear leis an Acht a thabhairt nó a fhritháireamh in aghaidh an mhéid cánach, nó a asbhaint ón méid cánach, is inmhuirearaithe ar an duine faoin Acht;”,

- (e) in alt 959B, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

“(4) (a) Aon tagairtí sa Chuid seo do cháin is iníoctha, do cháin ab iníoctha nó do cháin a fhionnfar a bheith iníoctha, forléireofar iad de

réir an mhíithe ar ‘méid cánach is iníochta’ in alt 959A agus forléireofar aon tagairtí gaolmhara dá réir sin freisin.

(b) Beidh feidhm ag mír (a) gan féachaint don chineál cánach lena mbaineann an tagairt.”

(f) in alt 959C(4)(d), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fhomhír (ii):

“(ii) a ró-íocann an duine don tréimhse agus atá, faoi réir na nAchtanna, ar fáil lena fritháireamh nó lena haisíoc ag na Coimisinéirí Ioncaim.”

(g) in alt 959E(4)(d), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fhomhír (ii):

“(ii) a ró-íocann an duine don tréimhse agus atá, faoi réir na nAchtanna, ar fáil lena fritháireamh nó lena haisíoc ag na Coimisinéirí Ioncaim.”

(h) in alt 959E(6)(c), trí “gach” a chur in ionad “aon”,

(i) in alt 959F, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

“(3) I gcás go gcruthaítear chun sástacht na gCoimisinéirí Ioncaim go ndearnadh aon mheasúnacht dhúbailte agus go ndearnadh íocaíocht ar an dá mheasúnacht, déanfaidh siad, faoi réir alt 865B, méid na ró-íocaíochta a fhritháireamh (go hiomlán nó go páirteach, de réir mar is cuí) i gcoinne aon dliteanas eile de chuid an duine sin de réir alt 960H nó, de réir mar a bheidh, méid na ró-íocaíochta (nó a hiarmhéid tar éis aon fhritháirimh) a aisíoc leis an duine a ndearnadh an mheasúnacht dhúbailte air nó uirthi, ach sin faoi réir alt 865.”

(j) in alt 959M(b), trí “don chomhpháirtí sin” a chur isteach i ndiaidh “faoin alt sin”,

(k) in alt 959P(1), sa mhíniú ar “litir léirithe amhrais”, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (b):

“(b) ina sonraítear an t-amhras, an bonn atá leis an amhras agus an dlí is cúis leis an amhras,”

(l) in alt 959P(1), sa mhíniú ar “litir léirithe amhrais”, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (d):

“(d) ina liostaítear nó ina saináithnítear an doiciméadacht tacaíochta atá á cur faoi bhráid an chigire chuí i ndáil leis an ní, agus”,

(m) in alt 959P(2) trí “agus” a scriosadh ag deireadh mhír (i), trí “tuairisceáin, agus” a chur in ionad “tuairisceáin.” i mír (ii) agus tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (ii):

“(iii) doiciméadacht tacaíochta a chur faoi bhráid an chigire chuí i ndáil leis an ní.”

(n) in alt 959P, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

“(3) Níl feidhm ag an alt seo ach amháin más rud é—

(a) go seachadtar an tuairisceán dá dtagraítear i bhfo-alt (2) ar an Ard-Bhailitheoir, agus

(b) go seachadtar an doiciméadacht dá dtagraítear i mír (iii) den fho-alt sin ar an gcigire cúí,

ar an dáta tuairisceáin sonraithe don tréimhse innhuirearaithe lena mbaineann, nó roimhe.”,

(o) in alt 959P, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

“(3A)(a) Déanfar an doiciméadacht dá dtagraítear i bhfo-alt (3)(b) a sheachadadh trí mheán leictreonach i gcás go ndéantar an tuairisceán dá dtagraítear i bhfo-alt (2) a sheachadadh trí mheán leictreonach.

(b) Is é an meán leictreonach trína seachadfar an doiciméadacht dá dtagraítear i bhfo-alt (3)(b) cibé meán leictreonach a shonróidh na Coimisinéirí Ioncaim chun na críche sin.”,

(p) in alt 959P(6), trí mhír (a) a scriosadh agus tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (b):

“(b) go bhfuil an t-oifigeach den tuairim, ag féachaint d’aon treoirínite arna bhfoilsíú ag na Coimisinéirí Ioncaim maidir le feidhmiú an dlí in imthosca den tsamhail chéanna agus d’aon doiciméadacht tacaíochta arna seachadadh ar an gcigire cúí i ndáil leis an ní de réir fho-ailt (2) agus (3), go bhfuil an ní saor a dhóthain ó amhras le nach gá léiriú amhrais, nó”,

(q) in alt 959R(3)(d), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fhomhír (ii):

“(ii) a ró-íocann an duine don tréimhse agus atá, faoi réir na nAchtanna, ar fáil lena fritháireamh nó lena haisíoc ag na Coimisinéirí Ioncaim.”,

(r) in alt 959S, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(3) Ní bheidh feidhm ag an alt seo maidir le pearsa aonair is duine sonraithe de bhua alt 917EA a gceanglaítear air nó uirthi an tuairisceán lena mbaineann a sheachadadh trí mheán leictreonach.”,

(u) in alt 959V(1), trí “ag an duine sin” a chur in ionad “aige nó aici”,

(t) in alt 959V, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (4):

“(4)(a) Déanfar fógra faoin alt seo i ndáil le leasú ar thuairisceán agus ar fhéinmheasúnacht a thabhairt trí mheán leictreonach i gcás inar seachadadh an tuairisceán trí mheán leictreonach.

(b) Is é an meán leictreonach trína dtabharfar fógra faoin alt seo cibé meán leictreonach a shonróidh na Coimisinéirí Ioncaim chun na críche sin.”

(u) in alt 959V, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (6):

“(6)(a) Faoi réir mhír (b) agus fho-alt (7), ní fhéadfar fógra faoin alt seo i ndáil le tuairisceán agus le féinmheasúnacht a thabhairt ach amháin laistigh de thréimhse 4 bliana tar éis dheireadh na tréimhse inmhuirearaithe lena mbaineann an tuairisceán.

(b) Más rud é go bhforáiltear le foráil de na hAchtanna go gceanglaítear éileamh ar dhíolúine, liúntas, creidmheas, aisíocaíocht nó aon fhaoiseamh eile ó cháin a dhéanamh laistigh de thréimhse is giorra ná an tréimhse 4 bliana dá dtagraítear i mír (a), ansin ní dhéanfar fógra maidir le leasú faoin alt seo a thabhairt tar éis dheireadh na tréimhse sin is giorra i gcás ina mbaineann an leasú le héileamh ar dhíolúine, liúntas, creidmheas, asbhaint, aisíocaíocht nó faoiseamh eile den sórt sin a dhéanamh nó a choigeartú.”

(v) in alt 959Y—

(i) i bhfo-alt (1)(a), trí “cibé méid” a chur in ionad “cibé suim”, agus

(ii) i bhfo-alt (2), trí “measúnacht a dhéanamh ar dhuine inmhuirearaithe nó i ndáil le duine inmhuirearaithe” a chur in ionad “aon mheasúnacht a dhéanamh ar dhuine inmhuirearaithe”,

(w) in alt 959AB—

(i) i bhfo-alt (1), trí “agus alt 997” a scriosadh, agus

(ii) i bhfo-alt (2), trí “don bhliain mheasúnachta arb inmheasúnaithe na díolaíochtaí ina leith” a chur isteach i ndiaidh “seachas duine inmhuirearaithe”,

(x) in alt 959AF(1)—

(i) i mír (a), trí “de bhíthin alt 959AA, 959AC nó 959AD” a chur in ionad “de bhíthin alt 959AA”, agus

(ii) i mír (b), trí “de bhíthin alt 959AB nó 959AD” a chur in ionad “de bhíthin alt 959AB nó alt 997”,

(y) in alt 959AN, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(2A) Déanfar tagairt i bhfo-alt (2) don mhéid cánach is dóigh a thiocfaidh chun bheith iníoctha, i dtuairim an duine inmhuirearaithe, a fhorléiriú de réir an mhínithe ar ‘méid cánach is iníoctha’ in alt 959A.”,

agus

(z) i ngach foráil dá dtagraítear i *gcolún* (2) den Tábla a ghabhann leis an Sceideal seo, tá na focail nó an tagairt a leagtar amach i *gcolún* (3) den Tábla le scríosadh agus tá na focail nó an tagairt os coinne na hiontrála i *gcolún* (3), mar a leagtar amach i *gcolún* (4) den Tábla, le cur isteach.

AN TÁBLA

Ítim Uimh. (1)	An fhoráil (2)	Na focail atá le scríosadh (3)	Na focail atá le cur isteach (4)
1	alt 959AO(2)(b)	maidir leis an gcáin a shonrófar	maidir leis an méid cánach is iníoctha agus a shonrófar
2	alt 959AQ(2)	an cháin a shonrófar	an méid cánach is iníoctha agus a shonrófar
3	alt 959AR(2)(b)	maidir leis an gcáin a shonrófar	maidir leis an méid cánach is iníoctha agus a shonrófar
4	alt 959AR(4)(b)	den mhéid ab iníoctha	den mhéid cánach ab iníoctha
5	alt 959AS(3)(b)	an cháin a shonrófar	an méid cánach is iníoctha agus a shonrófar
6	alt 959AS(6)(b)	den mhéid ab iníoctha	den mhéid cánach ab iníoctha
7	alt 959AS(7)(b)	den mhéid ab iníoctha	den mhéid cánach ab iníoctha
8	alt 959AV(2)(a)	an cháin a d’íoc	an méid cánach a d’íoc
9	alt 959AV(2)(a)	den cháin a fhionntar	den mhéid cánach a fhionntar
10	alt 959AV(2)(b)	alt 958AR(3) nó alt 958AS(3)	alt 959AR(3) nó alt 959AS(3)

CUID 2

LEASUITHE EILE AR AN ACHT COMHDHLÚITE CÁNACHA, 1997

Leasaítear an tAcht Comhdhlúite Cánacha, 1997—

- (a) in alt 95(3), trí “4 bliana” a chur in ionad “10 mbliana”,
- (b) in alt 110(1), i mír (f) den mhíniú ar “cuideachta cháilitheach” trí “alt 959A” a chur in ionad “alt 950”,
- (c) in alt 304(5), trí “trí mheasúnacht nó, de réir mar a bheidh, trí leasú ar mheasúnacht ar an duine nó i ndáil leis an duine don tréimhse sin” a chur in ionad “trí mheasúnacht i dteannta aon mheasúnachta eile a bheidh le déanamh ar an duine don tréimhse sin”,
- (d) in alt 472D(9)—
 - (i) trí “i gCuid 41A nó in alt 1084” a chur in ionad “in alt 950 nó 1084”, agus
 - (ii) “chun críocha Chuid 41A” a chur in ionad “chun críocha Chuid 41”,
- (e) in alt 811(5A)(b), trí “nó 41A” a chur isteach i ndiaidh “le Cuid 41”,
- (f) in alt 825C(8)—
 - (i) trí “i gCuid 41A nó in alt 1084” a chur in ionad “in alt 950 nó 1084”, agus
 - (ii) trí “chun críocha Chuid 41A” a chur in ionad “chun críocha Chuid 41”,
- (g) in alt 932, trí “Ach amháin mar a fhoráiltear i gCuid 41A nó i gcás go n-údaraitear a mhalairt go sainráite” a chur in ionad “Ach amháin i gcás go n-údaraitear é go sainráite”,
- (h) in alt 997(1), trí “in aghaidh an mhéid cánach is inmhuirearaithe sa mheasúnacht ar an duine a measúnaíodh” a chur isteach i ndiaidh “ó na díolaíochtaí”,
- (i) in alt 997(1A), trí “Faoi réir ailt 959AB agus 959AD” a chur in ionad “D’ainneoin fho-alt (1)”, agus
- (j) in alt 997A(3), trí “in aghaidh an mhéid cánach is inmhuirearaithe in aon mheasúnacht” a chur in ionad “in aon mheasúnacht”.

SCEIDEAL 2

Alt 105.

LEASUITHE TEICNIÚLA ILGHNÉITHEACHA I NDÁIL LE CÁIN

1. Leasaítear an tAcht Comhdhlúite Cánacha, 1997—

- (a) in alt 110(1), i mír (*ba*) den mhíniú ar “cúitimh carbóin” trí “maidir le hAstaíochtaí ó Dhífhoraísiú agus ó Dhíghrádú Foraoise a Laghdú” a chur in ionad “maidir le hAstaíochtaí Laghdaithe ó Dhífhoraísiú agus ó Dhíghrádú Foraoise” agus trí “phróiseas” a chur in ionad “chlár”,
- (b) in alt 128E(6)(a) trí “for” a scriosadh sa chéad áit a bhfuil sé sa téacs Béarla,
- (c) in alt 133—
- (i) i bhfo-alt (1)(*da*)(i), trí “d’alt 443(16)” a chur in ionad “d’alt 433(16)”, agus
- (ii) i bhfo-alt (13)(*b*)(i), trí “airgeadra an Stáit” a chur in ionad “airgeadra Éireannach”,
- (d) in alt 198(1)(c)(iii)(II), trí “if” a chur isteach roimh “the person” sa téacs Béarla,
- (e) in alt 452A(1), i mír (*b*) den mhíniú ar “ús”, trí “(3)(a)” a scriosadh,
- (f) in alt 487(1)(a), sa mhíniú ar “buncháin ghrúpa”, trí “ar fhomhíreanna (IV)” a chur in ionad “ar fhomhír (IV)”
- (g) in alt 766A(3A)(a)(i), trí “faoi alt seo” a chur in ionad “faoi alt 766A”,
- (h) in alt 865(1)(b), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad chláisail (I) agus (II) d’fhomhír (i):

“(I) go mbeidh an fhaisnéis go léir sa ráiteas nó sa tuairisceán a theastóidh le réasún ó na Coimisinéirí Ioncaim chun a chumasú dóibh a chinneadh an bhfuil, agus cá mhéad atá, aisíocaíocht cánach dlite don duine don tréimhse inmhuirearaithe sin, agus

(II) maidir leis an aisíocaíocht a ndéileálfar léi mar aisíocaíocht a éilítear, má tá sí dlite—

(A) go n-éireodh sí as an measúnacht i leith cánach arna déanamh an tráth a tugadh an ráiteas nó an tuairisceán, ar scór an

ráitis nó an
tuairisceán, nó

(B) go mbeadh sí tar éis éirí as an measúnacht i leith cánach, a dhéanfaí an tráth a tugadh an ráiteas nó an tuairisceán, ar scór an ráitis nó an tuairisceáin dá ndéanfaí measúnacht i leith cánach an tráth sin,”

(i) in alt 917B(5), trí “de réir fho-alt (3)” a chur in ionad “de réir fho-alt (2)”, agus trí “i bhfo-alt (3)” a chur in ionad “i bhfo-alt (2)”,

(j) in alt 960A, trí “I gCaibidlí 1A, 1B, 1C agus 1D” a chur in ionad “I gCaibidlí 1B, 1C agus 1D”,

(k) in alt 1025(4)(d), trí “chun críocha alt 465(6)” a chur in ionad “chun críocha alt 465(5)”, agus

(l) i mír 4(5)(b) de Sceideal 24—

(i) i bhfochlásal (iv), trí “déileálfar leis chun críocha na míre sin” a chur isteach i ndiaidh “(de réir bhrí na míre sin)”,

(ii) i bhfochlásal (v), trí “déileálfar leis chun críocha na míre sin” a chur isteach i ndiaidh “(de réir bhrí na míre sin)”, agus

(iii) i bhfochlásal (vi), trí “déileálfar leis chun críocha na míre sin” a chur isteach i ndiaidh “(de réir bhrí na míre sin)”.

2. Leasaítear an tAcht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999—

(a) in alt 46(5), trí “mír (5)” a chur in ionad “mír (15)”,

(b) in alt 71—

(i) i mír (b)(ii)—

(I) trí “agus d’ainneoin alt 30(3)” a scriosadh, agus

(II) trí “agus aon pionós” a scriosadh,

agus

(ii) i mír (d), trí “agus pionós” a scriosadh,

(c) in alt 82B, trí mhír (b) d’fho-alt (3) a scriosadh,

(d) in alt 127(2), trí “de réir mar a bheidh, le haghaidh na dleachta, lena n-áirítear aon fhormhuirear arna thabhtú faoi alt 14A(3), agus le haghaidh an úis” a chur in ionad “de réir mar a bheidh” sa dara háit a bhfuil sé, agus

(e) in alt 159B(3), trí “alt 960H(4)” a chur in ionad “alt 1006A(2A)”.

3. Leasaítear an tAcht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010—

(a) in alt 17(1)(c), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fhomhír (i):

“(i) seirbhísí arb éard iad cead isteach chuig ócáid chultúir, ealaíne nó siamsaíochta nó ócáid eile den tsamhail sin, agus soláthar seirbhísí coimhdeacha a bhaineann leis an gcéanna, agus”,

(b) in alt 34(ga), trí “le cead isteach chuig ócáid” a scriosadh agus “le hócáid” a chur ina ionad,

(c) in alt 87, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (14):

“(14) (a) I gcás go ndéanann duine cuntasach mótarfheithiclí, de réir bhrí alt 60(1), a cheannach nó a fháil mar stoc trádála agus go ndearbhaíonn sé nó sí aon fheithicil den sórt sin lena clárú do na Coimisinéirí Ioncaim (de réir alt 131 den Acht Airgeadais, 1992) thar ceann an duine sin féin agus i gcás gur éiligh an duine sin inasbhainteacht de réir Chaibidil 1 de Chuid 8 i leith na mótarfheithicle sin, ansin—

(i) déileálfar leis an mótarfheithicil sin, chun críocha an Achta seo, amhail is dá mbainfí den stoc trádála í,

(ii) measfar gurb é atá sa mhótarfheithicil a bhaint den stoc trádála amhlaidh an duine sin do sholáthar na mótarfheithicle sin chun críocha alt 19(1)(f), agus

(iii) d’fhonn amhras a sheachaint, is é an méid cánach is inmhuirearaithe i leith an tsoláthair sin an méid dá dtagraítear i mír (b)(ii)(II) agus, dá réir sin, ní áirítear é in aon mhéid a bhfuil an duine sin i dteideal é a asbhaint de réir alt 59(2)(k).

(b) Maidir leis an tráth a sholáthraíonn an duine cuntasach dá dtagraítear i mír (a) mótarfheithicil do dhuine eile a mheastar a soláthraíodh roimhe sin de réir mhír (a) nó alt 12B(11)(a) den achtachán aisghairthe, ansin—

(i) measfar go bhfuair an duine cuntasach sin an mhótarfheithicil sin ar ais mar earra imeallscéime díreach roimh an soláthar don duine eile, agus

(ii) d’fhonn an corrlach brabúis i ndáil leis an soláthar sin a ríomh, measfar gurb é praghas ceannaigh na mótarfheithicle comhshuim na méideanna seo a leanas—

- (I) an méid ar a raibh cáin inmhuirearaithe ar sholáthar na mótarfeithicle sin don duine cuntasach sin,
- (II) an cháin ab inmhuirearaithe ar an soláthar dá dtagraítear i gclásal (I), agus
- (III) an cháin cláraithe feithiclí ar thug an duine cuntasach sin cuntas uirthi i leith na mótarfeithicle sin.”,

agus

- (d) i mír 6(4) de Chuid 2 de Sceideal 1, trí “in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir Uimh. 85/611/CEE” a chur in ionad “in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir Uimh. 2001/107/CE”.

4. Leasaítear an tAcht Airgeadais, 1992—

- (a) in alt 130, trí na mínithe seo a leanas a chur isteach:

“ciallaíonn ‘Treoir 2009/55/CE’ Treoir 2009/55/CE an 25 Bealtaine 2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁰ maidir le díolúintí cánach is infheidhme maidir le maoin phearsanta pearsana aonair a thabhairt isteach go buan ó Bhallstát;

ciallaíonn ‘Treoir 83/182/CEE’ Treoir 83/182/CEE an 28 Márta 1983 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹¹ maidir le díolúintí cánach laistigh den Chomhphobal le haghaidh modhanna iompair áirithe a allmhairítear go sealadach isteach i mBallstát amháin ó Bhallstát eile;”;

- (b) in alt 131(1)(i), trí “135(1)(a)” a chur in ionad “135(a)” gach áit,

- (c) in alt 134(3), trí “na Rialacháin um Thiománaithe Míchumasaithe agus Paisinéirí Míchumasaithe (Lamháltais Chánach), 1994 (I.R. Uimh. 353 de 1994)” a chur in ionad “na Rialacháin um Thiománaithe Míchumasaithe (Lamháltais Chánach), 1989 (I.R. Uimh. 340 de 1989)”, agus

- (d) in alt 141(3A), trí “Treoir 83/182/CEE an 28 Márta 1983 ón gComhairle¹² agus Treoir 2009/55/CE an 25 Bealtaine 2009 ón gComhairle¹³” a chur in ionad “Treoir 83/182/CEE an 23 Aibreán 1983 ón gComhairle¹⁴ agus Treoir 83/183/CEE an 23 Aibreán 1983 ón gComhairle¹⁵”.

5. (a) Faoi réir *fhomhíreanna* (b) agus (c), tá éifeacht le *míreanna* 1, 2, 3 agus 4 ar agus ó dháta rite an Achta seo.

- (b) Tá éifeacht le *fomhír* (h) de *mhír* 1 ar an agus ón 1 Eanáir 2013.

¹⁰IO Uimh. L145, 10.6.2009, lch. 36

¹¹IO Uimh. L105, 23.4.1983, lch. 59

¹²IO Uimh. L105, 23.4.1983, lch. 59

¹³IO Uimh. L145, 10.6.2009, lch. 36

¹⁴IO Uimh. L105, 23.4.1983, lch. 59

¹⁵IO Uimh. L105, 23.4.1983, lch. 64

[2013.] *An tAcht Airgeadais, 2013.* [Uimh. 8.] Sc.2

(c) Measfar gur tháinig *fomhíreanna (c)* agus *(d)* de *mhír 2* i bhfeidhm agus go raibh éifeacht leo maidir le hionstraimí arna bhforghníomhú den chéad uair an 7 Iúil 2012 nó dá éis.